

Luathscríbhneoirí na hAthbheochana agus Saothrú
an Phróis 1900-1916

Michelle Enright

Mórtáchtas M.A.

Roinn na Gaeilge

Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh

Stiúrthóir: An Dr. Stiofán Newman

Iúil 2017

Clár Ábhair

Dearbhú.....	i
Buíochas.....	ii
Coimriú.....	iii
Réamhrá.....	iv
Caibidil 1: Bunú Chonradh na Gaeilge agus Cothú na Nualitríochta	1
1.1 Cumainn Léinn na Gaeilge	1
1.2 An Náisiúnachas Cultúrtha	4
1.3 Conradh na Gaeilge.....	6
1.4 Saothrú Litríocht Nua-aimseartha: Na Constaicí	12
1.5 An Náisiúnachas Polaitiúil agus an Conradh.....	20
Caibidil 2: Beathaí agus Cúlraí na nÚdar	28
2.1 An tAthair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920)	28
2.2 An tAthair Pádraig Ó Duinnín (1860-1934)	34
2.3 Pádraig Ó Séaghdha ('Conán Maol') (1855-1928).....	38
2.4 Pádraig Ó Séaghdha ('Gruagach an Tobair') (1864-1955).....	40
Caibidil 3: An Léiriú ar Áit: Tírdhreach agus Oidhreacht	42
3.1 An Tírdhreach	43
3.2 Nasc idir Áit agus Mórphearsain an Traidisiúin	55
3.3 Tírdhreach i Saothar Cruthaitheach na Scríbhneoirí.....	58
Caibidil 4: Scríbhneoirí Pobail.....	62
4.1 Nósanna, Moráltacht is Luachanna na nDaoine.....	68
4.1.1 Cúrsaí Ólacháin.....	69
4.1.2 Comharsanúlacht.....	75
4.1.3 Téama an Bháis.....	78
4.2 An Imirce	80
4.3 Airgead, Ceist na Talún agus Díshealbhú na nDaoine.....	89
4.4 Téama an Oideachais	98
Caibidil 5: Scríbhneoirí Caitliceacha	103
5.1 An Náisiúnachas Cultúrtha agus An Creideamh.....	104
5.2 Scríbhneoireacht Chaitliceach	107
5.3 Dhá Úrscéal Caitliceacha: Eoghan Paor agus Séadna.....	116
Caibidil 6: Suirbhé ar Shaothar Liteartha na Scríbhneoirí	123

6.1 Canóin Liteartha na Gaeilge	124
6.2 Suirbhé ar Chlár Saothar na Scríbhneoirí	132
6.2.1 Úrscéalaíocht.....	132
6.2.2 Gearrscéalaíocht.....	133
6.2.3 Dírbheathaisnéis.....	135
6.2.4 Drámaíocht.....	135
6.2.5 Iriseoireacht.....	136
6.2.6 Eagarthóireacht/Aistriúcháin/Athinsintí	139
6.2.7 Cnuasaigh Léachtaí.....	141
6.2.8 Aiste ar Litríocht na Gaeilge.....	142
6.2.9 Stair Liteartha.....	143
6.2.10 Leabhar Staire	143
6.2.11 Litríocht agus Téacsleabhair don Aos Óg.....	144
6.2.12 Foclóireacht.....	145
Conclúid.....	148
Leabharliosta.....	153
Aguisín A: Clár Saothair.....	172
Pádraig Ó Séaghdha ‘Conán Maol’ (1855-1928): Clár Saothair	174
Pádraig Ó Séaghdha ‘Gruagach an Tobair’ (1864-1955): Clár Saothair	177
Aguisín B: Staid na Gaeilge.....	179
B.1 An Naoú hAois Déag	179
B.2 An Stát.....	181
B.3 An Gorta Mór.....	184
B.4 An Eaglais Chaitliceach	186
B.5 Líon na gCainteoirí sa Naoú hAois Déag.....	191
B.6 Oideachas agus Litearthacht.....	202
B.7 An Traidisiún Liteartha sa Naoú hAois Déag	207

Dearbhú

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atá á chur faoi bhráid Roinn na Gaeilge agam le haghaidh measúnachta don chéim MA sa Ghaeilge, agus nár tógadh aon chuid eile de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Síniú: _____

Dáta: _____

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil le mo stiúrtóir, An Dr. Stiofán Newman. Bhí sé chomh fial flaithiúil lena chuid eolais is ama agus i gcónaí ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt agus chun comhairle a thabhairt dom. Ar ndóigh, ní bheadh an saothar seo ann anois murach a chuid cabhrach, treorach, foighne agus tacaíochta. Táim go mór faoi chomaoin aige. Chomh maith leis seo, táim an-bhuíoch de Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire Gan Smál as an tacaíocht go léir a fuair mé uathu chomh maith leis na deiseanna a cuireadh ar fáil dom le linn mo chuid taighde. Ní mór dom buíochas a ghabháil le foireann na Leabharlainne Choláiste Mhuire Gan Smál, chomh maith le foireann na Leabharlainne Náisiúnta, as an gcabhair a thug siad dom teacht ar fhoinsí éagsúla le linn an tráchtais seo.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil de mo thuismitheoirí Michael agus Bernie, de mo dheartháir Conor agus de mo dheirfiúr Sarah, as an tacaíocht agus spreagadh a thug siad dom agus mé i mbun na hoibre seo le dhá bhliain anuas. Táim fíorbhuíoch de mo chairde chomh maith, Laura Mather agus Tríona Waters ach go háirithe, as ucht a gcuid tacaíochta le linn an tráchtais.

Coimriú

Is éard atá sa saothar seo ná staidéar ar cheathrar de luathscríbhneoirí na hAthbeochana. Is iad na scríbhneoirí a bheidh faoi chaibidil ná: an tAthair Peadar Ó Laoghaire; an tAthair Pádraig Ó Duinnín; Pádraig Ó Séaghdha ('Conán Maol'); agus Pádraig Ó Séaghdha ('Gruagach an Tobair'). Déanfar iniúchadh ar a bprós-scríbhneoireacht chruthaitheach. Tagrófar don cheathrar seo mar scríbhneoirí tuaithe toisc gur rugadh agus tógadh iad go léir laistigh de limistéar Shliabh Luachra. Beidh an réigiúnachas agus an litríocht phobail mar fhráma an taighde seo.

Réamhrá

Is í aidhm an tráchtais seo ná iniúchadh a dhéanamh ar phrós-scríbhneoireacht chruthaitheach cheathrar de luathscríbhneoirí na hAthbheochana. Is iad na scríbhneoirí a bheidh faoi chaibidil ná: an tAthair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920); an tAthair Pádraig Ó Duinnín (1860-1934); Pádraig Ó Séaghdha ('Conán Maol') (1855-1928) agus Pádraig Ó Séaghdha ('Gruagach an Tobair') (1864-1955). Rinne mé an cinneadh tabhairt faoi thaighde a dhéanamh agus tráchtas a scríobh ar an gceathrar seo toisc go bhfuilimse den tuairim gur grúpa suimiúil iad ó thaobh na tíreolaíochta de agus maidir lena gcuid stíle sna seánraí éagsúla a chleacht siad. Is cinnte go bhfuil Ó Laoghaire agus Ó Duinnín níos aitheanta mar scríbhneoirí agus mar dhaoine a ghlac páirt lárnach in Athbheochan na teanga is na litríochta, ach níl Conán Maol agus Gruagach an Tobair chomh aitheanta, cé go raibh siad ag scríobh sa tréimhse chéanna, agus gur tógadh i gceantair tuaithe i gCiarraí agus i gCorcaigh iad chomh maith. Beidh an fócas ar phrós-scríbhneoireacht chruthaitheach sa tráchtas seo toisc go bhfuil iliomad samplaí den phrós cruthaitheach ar fáil ó na scríbhneoirí.

Tá cuid mhaith de phrós-scríbhneoireacht chruthaitheach na scríbhneoirí áirithe seo ligthe i ndearmad anois, agus ceann de na haidhmeanna atá agam leis an tráchtas seo ná na saothair seo a chur os comhair léitheoirí nua-aimseartha arís agus fráma critice a sholáthar dóibh trína scagadh i gcomhthéacsanna éagsúla critice. Tabharfar cur síos ar chúlra na litríochta agus ar chumainn léinn na Gaeilge a cuireadh ar bun agus ar conas mar a tháinig an náisiúnachas cultúrtha ar an bhfód. Cuideoidh sé seo chun comhthéacs a fháil ar bhunú Chonradh na Gaeilge, agus faoi seach, ar shaothrú litríocht nua-aimseartha na Gaeilge, chomh maith leis na constaicí a bhain leis. Déanfar plé ansin ar theacht chun cinn an náisiúnachais pholaitiúil agus an tionchar a bhí ag seo ar phrós-

scríbhneoireacht chruthaitheach na scríbhneoirí thuasluaite. Tabharfar eolas beathaisnéiseach chun sainchúlraí na scríbhneoirí a thuiscint. Chomh maith leis seo, is mian liom anailís a dhéanamh ar chuid dá saothair maidir le stádas na scríbhneoirí i gcanóin liteartha na Gaeilge. Chuige sin, bainfear leas as lionsaí critice éagsúla mar atá, an Rómansachas, an réigiúnachas agus an scríbhneoireacht pobail, agus an Caitliceachas.

Is cinnte go bhfuil anailís criticiúil déanta ar chuid de na scríbhneoirí seo, ar Ó Laoghaire agus ar Ó Duinnín ach go háirithe, ach níl na scríbhneoirí seo pléite le chéile go sonrath in aon aonad léirmheastúil go dtí seo. Tá trácht déanta ar shaothar na scríbhneoirí tuaithe seo i leabhair thaighde a scríobhadh ag tús agus i lár an fichiú haois, cosúil le *Prós na hAoise Seo (1933)* le Shán Ó Cuív¹ agus leabhar Uí Dhroighneáin *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas (1936)*², ach níl aon mhionstaidéar déanta ar gach rud dá bhfuil scríofa acu. Déanann Ó Cuív (1933) níos mó plé ar *Séadna (1904)* ná ar aon saothar eile de chuid Uí Laoghaire, ach an rud is suntasaí faoin leabhar, dar leis, ná an bhéim a cuireadh ar chaint na ndaoine. Ní thugann sé mórán sonraí nó anailíse ar an scéal féin in aon chor, agus leantar é seo le cur síos gearr ar chúpla saothar eile dá chuid. Is mar an gcéanna atá an scéal le Ó Duinnín, le Conán Maol, agus leis an nGruagach. Is liosta saothar níos mó ná anailís a fhaightear orthu, agus ní chuirtear gach aon scríbhinn dá gcuid san áireamh. Is féidir an rud céanna a rá i gcás Uí Dhroighneáin (1936). Is cinnte gur leabhar úsáideach é mar threoir ar shaothar na scríbhneoirí, go háirithe ar shaothar iriseoireachta Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh, toisc go n-éiríonn leis liosta a sholáthar ar chuid dá scríbhinní, chomh maith le hainmneacha na n-irisleabhar ina bhfuil siad scríofa. Cuirtear cúpla léirmheas ar an saothar seo san áireamh

¹ Shán Ó Cuív *Prós na hAoise Seo (1933)*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta

² Muiris Ó Droighneáin *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 Anuas (1936)*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais

freisin. Ina dhiaidh sin féin, áfach, ní déarfai gur staidéar téamuil nó criticiúil leanúnach atá i gceist sa leabhar áirithe seo.

Phléigh Aisling Ní Dhonnchadha gearrscéalaíocht Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh in *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940 (1981)*³, ach níor phléigh sí a gcuid saothar eile. Tugtar plé suntasach ar thosnú scríobh na nualitríochta, agus ar chuid de na constaicí a bhain leis. Ina dhiaidh seo, déanann sí plé ar ghearrscéalta Chonáin Mhaoil sa leabhar *An Buaiceas (1903)*, agus ar ghearrscéalta an Ghruagaigh *Annála na Tuatha (1905, 1906, 1907)*, chomh maith le gearrscéalta a scríobh scríbhneoirí eile a linne. Is féidir a rá gur staidéar cuimsitheach a dhéanann sí ar ghearrscéalta na beirte áirithe sin, áfach, agus éiríonn léi téamaí agus gnéithe éagsúla na ngearrscéalta a phlé.

Déanann Alan Titley trácht ar na húrscéalta a scríobh na scríbhneoirí atá faoi thrácht anseo in *An tÚrscéal Gaeilge (1991)*⁴, ach níl ach comparáid ghasta déanta idir na húrscéalta seo agus an t-úrscéal caighdeánach. Pléann sé úrscéal an Duinnínigh, *Cormac Ua Conaill (1901)*, úrscéalta Uí Laoghaire *Séadna (1904)*, agus *Niamh (1907)*, agus úrscéal Chonáin Mhaoil *Eoghan Paor (1911)*. Seasamh cáinteach a ghlacann Titley i ndáiríre i leith na n-úrscéalta seo áfach. Is ag caitheamh amhrais orthu i gcomhthéacs na n-úrscéalta níos nuai atá sé ann, agus ní thógtar comhthéacs shaindhúsláin na scríbhneoirí san áireamh, ó tharla nach raibh aon mhúnla ann dóibh le leanúint d'fhoirm an úrscéil. Pléann Breandán Delap na húrscéalta stairiúla *Cormac Ua Conaill (1901)*, agus *Niamh (1907)* ina leabhar *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge (1993)*⁵ chomh maith

³ Aisling Ní Dhonnchadha *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940 (1981)*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar

⁴ Alan Titley *An tÚrscéal Gaeilge (1991)*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

⁵ Breandán Delap *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge (1993)*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

agus, arís, glacann sé seasamh cáinteach ina leith. Is é a thuairim faoin dá úrscéal seo ná:

Níor chóir dul thar fóir leis an mholadh ar úrscéal díreach cionn is gurb í an Ghaeilge teanga a scríofa. Ní mór dó seasamh ar a chonlán féin mar pháosa litríochta nuair a chuirtear le hais eiseamláirí comhaimseartha i dteangacha eile é. Sílim go dteipeann ar an dá úrscéal ar an bhonn seo. (Delap 1993, 39)

Tráchtann Philip O’Leary ar na ceathrar scríbhneoirí ina shárleabhar taighde *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921 (1994)*⁶ ach is ag tabhairt eolais gineáralta tapaidh ar na scríbhneoirí atá á phlé anseo atá sé in ionad bheith ag déanamh mionstaidéir leanúnaigh ar an saothar. Éiríonn leis tromlach a saothar a lua ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, agus, mar sin, is treoir luachmhar é an leabhair don té atá ag iarraidh teacht ar shaothar na scríbhneoirí. Chomh maith leis seo, éiríonn le O’Leary neart léirmheasanna ar shaothar na scríbhneoirí a sholáthar. Ní staidéar téamúil áirithe atá ann, áfach, ach is áis mhaith é an leabhar chun teacht ar scríbhinní liteartha na gceathrar. Baintear leas as na téarmaí ‘progressives’ agus ‘nativists’ (forásóirí agus dúchasóirí) mar fhrámaí critice sa saothar seo ach is casta an scéal é Athbheochan na Gaeilge agus saothrú an phróis, agus níor dheighilt shimplí a bhí ann, mar a mhaífead sa tráchtas. Cuireann sé síos ar sheasamh na ndúchasóirí mar sheasamh a bhí “essentialist and (pre)determinist, asserting that the answers had already been found in Ireland and had only to be rediscovered and properly understood in the light of the existing Gaelic tradition.” (O’Leary 1994, 15) I gcodarsnacht leis seo, tá seasamh na bhforásóirí:

Gaelic progressivism, on the other hand, accepted the reality of cultural discontinuity and believed that the emergent Gaelic nation would have to literally move forward, advancing both toward the future and toward the wider world from which it had so long been artificially isolated by British colonialism. (O’Leary 1994, 15-16)

⁶ Philip O’Leary *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921: Ideology and Innovation (1994)*. University Park, Pennsylvania: Pennsylvania State University.

Luann leabhar Uí Chonchubhair *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, an athbheochan agus smaointeoireacht na hEorpa (2009)*⁷ úrscéal an Duinnínigh *Cormac Ua Conaill (1901)*, ach arís ní chlúdaítear aon saothar eile de chuid na scríbhneoirí tuaithe ina staidéar. Déanann Ó Conchubhair anailís air ó thaobh an *fin de siècle* de. Is é atá i gceist ag an údar leis seo ná:

Is é a bhí in Athbheochan na Gaeilge in Éirinn mar sin ná aisfhreagra na hÉireann ar an gclaochlú seo agus is mar leagan Éireannach den *fin de siècle* a fhiosrófar Athbheochan na Gaeilge sa leabhar seo. Ba dlúthchuid den *fin de siècle* í an easpa féinmhuiníne agus an t-éadóchas. (Ó Conchubhair 2009, 8)

Is ón bpeirspictíocht seo mar sin a phléitear *Cormac Ua Conaill (1901)*. Tugtar plé cuimsitheach ar an úrscéal sa leabhar, ach ní chuirtear saothar eile an Duinnínigh san áireamh. An saothar is déanaí ina bhfuil ceann de shaothar na scríbhneoirí luaite ann ná *Irish Science Fiction (2014)* le Jack Fennell⁸. I gcomhthéacs mhéid an leabhair, ní thugtar ach cúpla leathanach ar an úrscéal *Eoghan Paor (1911)* le Conán Maol, ach is suimiúil an plé a dhéanann sé ar an úrscéal faoin teideal ‘Tradition and Realism’, a dhéanann cur síos ar an leabhar ó thaobh idé-eolaíocht agus chumacht na hEaglaise de san am ina bhfuil sé suite.

Ar an iomlán, tá iliomad saothair léirmheastúla scríofa ar shaothar Uí Laoghaire, cosúil le *Séadna (1904)*, ach is cinnte go bhfuil bearna shuntasach ann ó thaobh an taighde atá déanta ar na scríbhneoirí eile de, agus ar na seánraí éagsúla atá mar chuid dá gcorpas liteartha. Anuas air seo, is cinnte nach bhfuil na scríbhneoirí seo pléite le chéile mar scríbhneoirí tuaithe réigiúnacha go dtí seo. An nuaíocht atá ag baint leis an tráchtas seo ná an méid eolais agus méid na scríbhinní atá bailithe le chéile in aon áit amháin ar an gceathrar agus an plé níos iomláine atá déanta agam orthu. Is cinnte go bhfuil fáil ar na

⁷ Brian Ó Conchubhair *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa (2009)*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.

⁸ Jack Fennell *Irish Science Fiction (2014)*. Londain: Oxford University Press

scríbhinní seo, fé mar is léir ó na scríbhneoirí criticiúla thuasluaite, ach níl aon áit inar féidir teacht orthu go léir. Is soiléir go bhfuil an fhéiniúlacht áitiúil le sonrú ón mbailiú seo, rud a thugann tábhacht agus stádas ar leith dóibh mar scríbhneoirí agus a thugann stádas dá gceantair. Níor pléadh an ghné seo dá gcuid saothar le chéile ach oiread riamh. Chomh maith leis seo, féachfar ar an Rómánsachas i gcúpla scríbhinn na scríbhneoirí, ar scríbhinní an Duinnínigh ach go háirithe. Déanann sé plé luachmhar ar Chill Airne, cosúil le scríbhneoir taistil ag scríobh ar an áit. Is léir go raibh cur amach ag an Duinnínigh ar scríbhneoirí Béarla a tháinig chuig an áit agus a scríobh faoi, agus tá comparáid déanta idir scríbhneoir Béarla Arthur Young, agus an Duinníneach chun cosúlachtaí agus difríochta na saothar a chur in iúl. Scríobh Gerry Smyth ar scríbhinní Young, agus ar an t-oiriúnú a rinne sé, cosúil le scríbhneoirí taistil Béarla, ar an áit ina leabhar *Space and the Irish Cultural Imagination (2001)*. Teipeann air, áfach, na scríbhneoirí Gaeilge a phlé mar chuid den anailís, agus, mar sin, tá an-tábhacht ag baint leis an bplé a dhéantar sa tráchtas seo idir cur chuige scríbhneoirí Béarla ar áiteanna cosúil Cill Airne, agus cur chuige an Duinnínigh.

Cabhraíonn an bailiú seo a thaispeáint nach aon scéal amháin nó simplí é scéal na hAthbheochana. Is cinnte go raibh an scéal difriúil do dhaoine, le háiteanna dúchais na ndaoine mar chúis leis seo. Is minic a fheictear scéal na hAthbheochana curtha síos, nó trácht déanta air, ag duine ón tuath, nó ón gcathair, nó ó dhuine atá thar lear, agus is mór an difríocht a bhíonn le feiscint idir scéalta na ndaoine seo agus na scríbhneoirí atá i gceist anseo. Tá saothar na scríbhneoirí seo mar fhianaise air seo anois. Déanann siad plé áitiúil ar a dtaithe le hAthbheochan na Gaeilge, agus cuidíonn sé seo le solas a chaitheamh ar phobail tuaithe áirithe in Iardheisceart na Mumhan. Is litríocht dhifriúil í seo mar sin, agus ní hí an saghas litríochta a bhíodh á moladh ag Mac Piaras agus a leithéid. Ar ndóigh, bheadh difríocht ar leith ag baint le deiseanna na scríbhneoirí áirithe

seo agus deiseanna léithéid an Phiarsaigh nó Phádraic Uí Chonaire féin ó thaobh iliomad leibhéil de. Ar an gcéad dul síos, ní bheadh an deis chéanna acu eolas a chur ar an nualitríocht sa tslí chéanna is a bheadh ag an bPiamsach i mBaile Átha Cliath nó ag Ó Conaire i Londain, le hamharclanna, leabharlanna agus siopaí leabhair ar leac an dorais acu. Toisc nach raibh an deis ag na scríbhneoirí tuaithe teacht faoi thionchar na ndeiseanna seo, bhí a gcuid béime curtha ar an scríbhneoireacht áitiúil ar an iomlán.

Mar is eol dúinne, níl staidéar á dhéanamh ar aon téacs ón gceathrar sna hollscoileanna nó níl aon eagráin nua chaighdeánacha á gcur amach toisc nach bhfuil mórán tora orthu sa lá atá inniu ann, fé mar a deir Delap ina anailís i leith úrscéal an Duinnínigh *Cormac Ua Conaill* (1901) agus úrscéal Uí Laoghaire *Niamh* (1907):

Is maith an scéalaí an aimsir, a deirtear, agus tá siad beirt imithe as cuimhne, nach mór ag léitheoirí an lae inniu agus gan an chuma ar an scéal go bhfuil éileamh ar bith ann chun leagan caighdeánaithe dóibh a chur ar fáil. (Delap 1993, 39)

Is cinnte gur bhain an tAthair Peadar stádas canónta amach lena úrscéal mór le rá *Séadna* (1904), agus d'éirigh leis an Duinníneach an stádas céanna a bhaint amach ar bhonn gearrthéarmach lena úrscéal *Cormac Ua Conaill* (1901), ach is beag aitheantas a thugtar anois do shaothar Chonáin Mhaoil nó an Ghruagaigh. Tá sé mar aidhm agamsa sa tráchtas seo sainmhíniú a fháil ar théacs canónta, agus, ón sainmhíniú seo, iniúchadh a dhéanamh ar an bhfáth nach bhfuil an t-aitheantas céanna ag na scríbhneoirí go léir.

D'fhéadfaí trácht ar na scríbhneoirí seo mar scríbhneoirí tuaithe sa mhéid is gur rugadh agus tógadh iad i gceantair thuaithe i gCo. Chiarraí agus i gCo. Chorcaí. Úsáideann O'Leary an téarma "ruralist" chun cur síos ar scríbhneoirí a scríobh faoi ábhair agus faoi théamaí a bhaineann leis an tuath ina aiste 'Seanchuidhthe, Séadna, Sheehan, and the "Zeitgeist": Folklore and Folklife in Gaelic Fiction of the Early Revival' (1989). Úsáideann sé an téarma "veteran ruralist" chun cur síos ar an nGruagach i leabhar eile

dá chuid *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921 (1994)*. Rugadh an tAthair Peadar i Lios Carragáin i gceantar Mhaigh Chromtha, Co. Chorcaí, an Duinníneach sa Charn, ceithre mhíle siar ó dheas ón Ráth Mhór, Co. Chiarraí, Conán Maol ar an nGort Breac, Co. Chiarraí agus Gruagach an Tobair ar an gCrosaire Mór sa Ghleann Garbh, Co. Chorcaí. Is laistigh de limistéar Shliabh Luachra iad na háiteanna seo, ach amháin ceantar an Ghruagaigh. Tá An Gleann Garbh cóngarach go leor don limistéar chun bheith in ann é a chur san áireamh mar chuid den réigiún níos leithne sa staidéar seo, áfach. An téama comhchoiteann atá ann i measc na scríbhneoirí seo ná go raibh an ceathrar acu go mór i bhfách leis an tuath, agus gach ní a bhí ag baint leis.

Ní limistéar le teorainneacha daingne é Sliabh Luachra, ach tugtar Sliabh Luachra ar thalamh ard Iar-Thuaisceart Chorcaí, ar Oirthear Chiarraí agus ar theorainneacha Iardheiscirt Luimnigh. Tá iarracht déanta ag Ó Buachalla ina leabhar *Aogán Ó Rathaille (2007)*⁹ an limistéar a thaispeáint mar thriantán ar léarscáil, le Cill Airne, Oileán Chiarraí agus Sráid an Mhuilinn mar na trí phointe cúinne. Bhí Sliabh Luachra beagnach neamháitrithe go dtí an seachtú haois déag nuair a bhí na plandálacha faoi lánseol i gCúige Mumhan. Díshealbhaíodh a lán daoine sa tréimhse seo agus theith a lán de na dúchasaigh go Sliabh Luachra agus lonnigh siad ann. Bhí an caighdeán maireachtála dona go leor ann. Is é seo an cur síos a thugann beathaisnéisithe Uí Dhuinnín, Ó Conluain agus Ó Céileachair, air: “Ní raibh blianta an drochshaoil i bhfad thart agus ní raibh ach ón láimh go dtí an béal ag aoinne de ghnáthphobal Shliabh Luachra.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 32) Téann siad níos faide ná sin, ag rá: “Seo í an Chonnacht Bheag, Connacht na nDíbeartach sa deisceart, Connacht an Chruatain. Seo í Connacht na nUasal a hÍslíodh.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 51) Aithnítear an ceantar seo mar

⁹ Breandán Ó Buachalla *Aogán Ó Rathaille (2007)*. Baile Átha Cliath: Field Day Publications.

cheantar cultúrtha, ceantar a bhfuil cáil mhór air de bharr a oidhreachta ó thaobh a shaibhreas ceoil, amhránaíochta, rince is filíochta de anuas go dtí an lá inniu. Mhair traidisiún liteartha an-láidir ann. Deir O’Connell: “Sliabh Luachra was a vertable power house of creativity.” (O’Connell 1984, 1) Is san áit seo a rugadh na filí Aogán Ó Rathaille agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin.

Mar atá luaite, litríocht réigiúnach nó phobail a bhí á saothrú ag na scríbhneoirí tuaithe go príomha. Is é an cur síos a thugann Nic Eoin ar an saghas litríochta seo ná: “Go hachomair, glaoim réigiúnach ar litríocht ar bith ina dtagann ceantar áirithe, nó pearsantacht cheantair chun tosaigh níos mó ná mar a thagann tréithe nó fadhbanna an duine aonair.” (Nic Eoin 1982, 9) Níl dabht ach go bhfuil an ceantar agus pearsantacht an cheantair chun tosaigh ina gcuid saothar. Baineann mo chuid taighde lena gcuid saothar próis chruthaithigh, idir úrscéalaíocht, gearrscéalaíocht, dírbheathaisnéis, drámaíocht, iriseoireacht agus cnuasaigh léachtaí, go príomha ó 1900 anuas go 1916. In ainneoin é seo, léigh mé níos mó ná a gcuid saothar próis chruthaithigh amháin mar chuid den taighde. D’fhéach mé ar théacsleabhair scoile agus ar théacsanna a cuireadh in eagar chun teacht ar thuiscint níos iomláine ar na téamaí agus ar na gnéithe a bhí faoi chaibidil acu sa tréimhse.

Is é an léargas a fhaightear ar phobal na scríbhneoirí an rud is luachmhaire dá bhfuil le fáil óna gcuid saothar. Tá ómós áite mar chuid de bheagnach gach aon saothar atá scríofa acu agus bhí an ghne áitiúil agus an fhéiniúlacht áitiúil mar aidhm a gcuid scríbhneoireachta. Chomh maith leis an bpobal, faightear léiriú ar thírdhreach fhisiciúil an cheantair agus an áilleacht a bhaineann leis. Idéalú ar áit is ar phobal a bhíodh i gceist i leith cuid den saothar. Deir Titley an méid seo a leanas faoin úrscéal pobail:

D’fhreastail an t-úrscéal pobail ar riachtanas seo lucht páirte na Gaeilge iad féin a dhleathú is a mhóradh. I mo chora féin de, áfach, braithim gur móradh thar fóir a

deineadh ar ghnéithe áirithe den saol sin agus ach go háirithe ar an tuiscint go raibh parthas i gcónaí ann fadó nuair a bhíomar go léir soineanta agus simplí. Dá fheabhas nó dá bhaothacht an réaladh a dheintear ar an saol sin is tábhachtaí liom a thaispeáint nach raibh na pobail úd chomh dlúth ná chomh fite ná chomh horgánach is a maíodh, agus gur ródhócha gur pictiúr isteach a shealbhaigh na scríbhneoirí faoi deara dóibh na hiontais a dhathú chomh hálainn sin. (Titley 1991, 12)

Is féidir dul níos faide leis sin agus a rá go raibh an saghas rómánsaíochta seo le fáil i níos mó ná na húrscéalta pobail amháin i measc scríbhneoirí na hAthbheochana. Litríocht iarchoilíneach is ea saothar na scríbhneoirí tuaithe agus, ar ndóigh, bhí an rómánsachas seo ag teacht leis seo agus leis an mian a bhí ag scríbhneoirí na hAthbheochana dul i gcoinne na n-íomhánna tipiciúla Sasanacha den Éireannach ólta, foréigneach, amaideach, chomh maith le chur chun cinn saol na tuaithe. Deir Caitriona Torna go raibh gluaiseacht an Rómánsachais “mar fhreagra ar an nua-aoiseachas.” (Torna 2005, 20) Is fíor é seo go pointe i leith na scríbhneoirí tuaithe, ach ní ceart a rá go mbaineann ráiteas Titley lena gcuid saothar go léir áfach, óir is rfluachmhar an cuntas léirsteanach a sholáthraítear ar ghnéithe de réaltacht an tsaoil i measc mhuintir IarGhorta an cheantair. Caitheann Ó Laoghaire, mar shampla, solas ar fhadhbanna móra sóisialta a cheantair leis an bplé macánta a dhéanann sé ar fhadhb an óil sna paróistí a bhí faoina chúram ina dhírbeathaisnéis *Mo Scéal Féin* (1915). Caithfear a rá go bhfuil an Duinníneach cáinteach ar a phobal féin go pointe chomh maith. Cuireann sé an-bhéim ar chailliúint an chultúir is na teanga ina cheantar, ag cur síos ar dhánta Uí Rathaille mar “a faint murmur” i laethanta a óige sa leabhar *Filidhe Móra Chiarraidhe* (1929). Is léir go bhfuil sé dian ar imircigh a cheantair chomh maith, agus is minic a chuireann sé iad in iúl mar dhaoine mídhílse sa phlé a dhéanann sé orthu.

Ó thaobh a gcúlraí teangeolaíochta de, is cinnte go raibh an débhéascna mar chuid den léarscáil teangeolaíoch ina gceantair dhúchais agus bhí cur amach acu ar an mBéarla agus ar an nGaeilge araon dá bharr. Is é an taighde is nuaí atá déanta ar chúrsaí teanga an naoú haois déag ná *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the*

Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870 (2014) le Nicholas Wolf. Cuidíonn a thaighde lena chinntiú go raibh an dá theanga in úsáid sa tír ag an am:

While it is estimated that between one-third and one-half of all Irish speakers knew only one language in the first decades of the nineteenth century, census records indicate that by 1851 only 21 percent were monoglots, and in 1901 fewer than 4 percent spoke only Irish. (Wolf 2014, 83)

Cuidíonn an taighde mór a rinne Garret FitzGerald ar chainteoirí Gaeilge sna barúntachtaí éagsúla timpeall na tíre idir na blianta 1771-1871 dar teideal *Estimates for Baronies Minimum Level of Irish-Speaking Amongst Successive Decennial Cohorts: 1771-1781 to 1861-1871* (1984), chomh maith leis an leabhar *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois Déag* (1994) le Mairéad Nic Craith chun teacht ar thuairim faoi úsáid na Gaeilge i Sliabh Luachra chomh maith.

Tugann FitzGerald cuntas ar líon agus laghdú na gcainteoirí Gaeilge le himeacht aimsire in áiteanna áirithe. Má thógtar Cúige Mumhan mar shampla, tá an laghdú seo le sonrú le 80% den daonra ina gcainteoirí Gaeilge i 1771-81, 57% i 1831-41 agus 21% i 1861-71. (FitzGerald 1984, 127) Deir Nic Craith ó 1891 ar aghaidh gur líon beag daoine a bhí ann nach raibh Béarla acu:

Bhí dul ar aghaidh rialta á dhéanamh ag an mBéarla ina dhiaidh sin agus ba bheag é líon na nGaeilgeoirí nár thuig é faoin mbliain 1891. Ní raibh ach 7.39% de Ghaeilgeoirí Bhéarra a thug le tuiscint ná raibh sé acu ar chuma éigin an tráth úd. Gaeilge amháin de réir dealraimh a bhí ag 4.27% de Ghaeilgeoirí Iarmhúscraí trí chéile agus timpeall le 3% de Ghaeilgeoirí Bheanntaí agus Oirchairbre Thiar a bhí mar sin... Áit lán-Ghaelach nach mór ab ea an Contae ag tús na haimsire seo agus bíodh is gur fada ó bheith marbh an teanga faoin mbliain 1891, ba léir go raibh mhuintir Chorcaí ag teacht isteach go mear ar Bhéarla, an beagán nach raibh sé cheana acu. (Nic Craith 1994, 107)

Déantar trácht i mbeathaisnéis an Duinnínigh ar theanga mhuintir Shliabh Luachra chomh maith:

An mhuintir a chur fúthú i Sliabh Luachra, bhíodar ar feadh i bhfad an-chosúil le haon dream Gaeltachta a gheofá sa tír fá láthair. Bhíodar níos léannta ach níos laige.

Bhí Béarla ag cuid acu ag teacht ann dóibh, agus b'shin í an laige. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 50)

Ní foláir dúinn cuimhneamh ar am a fhoilsithe agus duine ag smaoineamh ar an bpointe seo áfach. Cé nach n-úsáidtear an focal Breac-Ghaeltacht agus na scríbhneoirí ag cur síos ar chúrsaí teanga a gceantar féin, Breac-Ghaeltacht, fé mar a thuigimid í inniu, a bhí ann i ndáiríre. Ní féidir teacht ar fhiigiúirí cruinne ar leith ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar toisc nár bharúntacht ar leith é agus, dá bharr, ní féidir ach glacadh le fiigiúirí bunaithe ar bharúntachtaí atá laistigh de chun pictiúr de Ghaeilge an cheantair a thaispeáint¹⁰

Conraitheoirí ab ea na scríbhneoirí tuaithe, agus, mar gheall air seo, bhí ról acu i scaipeadh agus i gcur chun cinn fealsúnachtaí agus cuspóirí Chonradh na Gaeilge. Bhí an náisiúnachas cultúrtha mar bhunchloch an Chonartha agus bhí cur chun cinn na Gaeilge agus a saothraithe mar chuid de: “Bhí an-tionchar go deo ag an náisiúnachas seo ar chúrsaí litríochta nuair a ghlac an Conradh athbheochan na litríochta Gaeilge mar aidhm air féin” a deir Nic Eoin. (Nic Eoin 1982, 15) Ar ndóigh, ghlac na scríbhneoirí tuaithe páirt i gcur chun cinn an náisiúnachais chultúrtha faoi seach.

Sa chéad chaibidil, tabharfar cúlra ar chumainn léinn na Gaeilge a bhí ann sular bunaíodh Conradh na Gaeilge. Cuirfear síos ar theacht chun cinn an náisiúnachais chultúrtha agus conas mar a bhí tionchar ag seo ar bhunú an Chonartha. Ina dhiaidh sin, pléifear bunú Chonradh na Gaeilge agus conas mar a tháinig an náisiúnachas cultúrtha is polaitiúil chun cinn. Tabharfar samplaí de thráchtairacht a rinne na scríbhneoirí ar an ábhar seo ina gcuid saothar. Déanfar plé ar na constaicí a bhain le saothrú litríochta nua-aimseartha chomh maith agus ar na díospóireachtaí a bhí ar bun timpeall an ábhair.

¹⁰ Féach ar Aguisín B.2 chun cur amach níos mine a fháil ar Ghaeilge na háite agus líon na gcainteoirí

Tabharfar cuntas ar chúlraí agus ar bheathaí na scríbhneoirí tuaithe sa dara caibidil. Tá beathaisnéis Uí Dhuinnín agus dírbheathaisnéis Uí Laoghaire úsáideach ó thaobh eolais a gcúlraí de, ach is níos lú an eolais atá ar fáil ar shaolta Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh. Is féidir dírbheathaisnéis Uí Laoghaire, *Mo Scéal Féin* (1915), a cháineadh chomh maith maidir leis an méid eolais a roinntear ann. Tá i bhfad níos mó plé déanta ar a shaol mar shagart agus dealraíonn sé go bhfuil deifir air lena phlé ar bhlianta a óige. Déanann beathaisnéisithe Uí Dhuinnín an pointe go raibh Ó Duinnín é féin cúramach leis an méid eolais a roinneadh sé chomh maith.

Sa triú caibidil, scagfar an léiriú a fhaightear ar thórdhreach fhisiciúil an cheantair. Beidh Cill Airne mar fhócas sa chaibidil seo. Cuirfear in iúl conas mar a tháinig Ó Duinnín, ach go háirithe, faoi anáil scríbhneoirí taistil Sasanacha agus an cur síos a rinne siad ar Chill Airne mar áit álainn. Léireofar an iarracht rómánsúil a rinne sé dul i ngleic lena gcur síosanna agus an ceantar a athghabháil trí chur chun cinn na háite ina leabhar *Cill Áirne* (1902). Chomh maith leis seo, scagfar an léiriú a thugtar ar oidhreacht na háite, sé sin saothrú na litríochta, stair, dinnseanchas agus logainmneacha na háite mar chuid den taispeántas.

Tabharfar cuntas ar an léiriú a thugtar ar phobal na scríbhneoirí sa ceathrú caibidil ó thaobh iliomad gnéithe de. Beidh an réigiúnachas mar chomhthéacs tábhachtach breise agus gheofar léargais ar na scríbhneoirí ina gcáilíocht mar scríbhneoirí pobail. Déanfar cur síos ar an léiriú a fhaightear ar nósanna, ar thréithe agus ar chomharsanúlacht na ndaoine, chomh maith leis an léiriú ar ólachán i measc na ndaoine seo. Pléifear an léiriú a thugtar ar chúrsaí imirce, ar bhás, ar cheist na talún is ar chúrsaí oideachais chomh maith ina gcuid saothar. Léireofar gur scríbhneoirí pobail ab ea an ceathrar go léir. Déanfar iniúchadh ar thriúr acu, an tAthair Peadar, an Duinníneach, agus Conán Maol mar scríbhneoirí Caitliceacha sa chuigiú caibidil. Ní bheidh an Gruagach san áireamh sa

phlé seo toisc nach bhfuil claonadh creidimh le sonrú in aon saothar dá bhfuil scríofa aige atá léite agam. Déanfar scagadh ar phríomhcharachtair chúpla leabhar agus ar conas a chuirtear iad i láthair mar fhíorChaitlicigh. Chomh maith leis seo, taispeánfar go mbíonn carachtair Chaitliceacha mar chuid de a lán scéalta, agus scagfar an íomhá a thugtar orthu ina gcuid saothar.

Déanfar plé ar an gcanón agus ar sheasamh na scríbhneoirí sa chanón san am atá caite, chomh maith lena seasamh i láthair na huaire sa chaibidil dheireanach. Cuirfear anailís criticiúil atá scríofa ar ar na scríbhneoirí san áireamh sa phlé seo. Mionscríbhneoirí is ea iad sa lá atá inniu ann agus tá tromlach a gcuid saothar ligthe i ndearmad ag léitheoirí agus ag scoláirí an lae inniu. Níl aon eagrán nua dá gcuid saothar i gcló ó shin, ach amháin *Séadna (1904)* leis an Athair Peadar, agus is é mo thuairimse gur fiú súil úr a chaitheamh ar shaothar eile de chuid na scríbhneoirí chun a dtábhacht agus a luach a thuiscint. Déanfar suirbhé ar a gcuid saothar liteartha ansin, agus beidh sé seo mar dheis chun ildánacht na scríbhneoirí a chur in iúl, go háirithe ar na saothair nach mbeidh mionstaidéar á ndéanamh orthu sa tráchtas. Cuirfear cláir shaothar Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh faoi iamh an tráchtas chomh maith mar aguisín.

Tá Aguisín B san áireamh chun léitheoirí a chur ar an eolas faoi staid na Gaeilge sa naoú haois déag, agus ar na gnéithe a chuir isteach ar a húsáid. Cuirfear síos ar chúrsaí oideachais agus litearthachta an naoú haois déag mar chuid de chun cabhrú le constaicí na scríbhneoirí tuaithe a thuiscint. Déanfar plé ar thraidisiún liteartha na Gaeilge sa naoú haois déag freisin chun a chur in iúl cé chomh lom is a bhí saothrú na litríochta sa tréimhse agus chun tuiscint agus comhthéacs a fháil ar an litríocht nua-aimseartha a bhí le teacht.

Maidir le modh taighde an tráchtais, bhí orm réimse leathan ábhar a léamh mar chuid den taighde seo, idir bhunfhoinsí agus fhoinsí tánaisteacha. Ní éasca an rud é teacht ar chuid de na bunfhoinsí seo. Tá fáil orthu sa Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath, agus tá cuid mhaith díobh ar fáil i Leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál chomh maith. Mar gheall air seo, caithfear aitheantas faoi leith a thabhairt do Leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál dá stór sárluachmhar leabhar. Bhí sé ar mo chumas teacht ar bheagnach gach leabhar dá raibh uaim ann, idir saothar próis chruthaithigh, drámaíocht, téacsanna in eagar agus téacsleabhair scoile ó aimsir na hAthbheochana, chomh maith le nuachtáin a linne cosúil leis *An Claidheamh Soluis* agus *The Freeman's Journal*.

Bhí cuid mhaith ábhar scríofa faoin tréimhse atá i gceist ó thaobh na staire de, agus ó thaobh mheath na Gaeilge agus shaothrú na nualitríochta de. Bhí orm cuid mhaith leabhair stairiúla a léamh chun comhthéacs níos leithne a fháil ar an tréimhse a bhí i gceist, chomh maith leis na constaicí a bhí ann roimh na scríbhneoirí. Chabhraigh sé liom chun na téamaí agus na hábhair a bhíodh á bplé ag na scríbhneoirí ina gcuid saothar a thuiscint. Tar éis dom eolas ginearalta a fháil ar an tréimhse, rinne mé iarracht teacht ar gach foinse dá raibh ar eolas agam ina raibh trácht ar na scríbhneoirí nó ar a gcuid saothar. D'éirigh liom níos mó eolais bheathaisnéisigh a fháil ar a gcuid saolta féin, agus chuidigh sé sin liom nasc a dhéanamh idir a gcúlraí féin ó thaobh dháileadh tíreolaíoch na scríbhneoirí de agus cé chomh cóngarach is a bhí a n-áiteanna dúchais óna chéile. Tar éis seo, chuir mé liosta a gcuid saothar le chéile le cabhair ó iliomad foinsí agus thosnaigh mé ag léamh aon rud dá raibh ar fáil dom a bhí scríofa ag na scríbhneoirí. Tar éis seo, thug mé faoi deara go raibh an réigiúnachas go láidir ina gcuid saothar go léir agus chuaigh luach na saothar go mór i gcion orm. Bhí sé soiléir, áfach, go raibh an iomarca scríofa acu chun gach rud a chur san áireamh i dtráchtas amháin, agus, mar sin,

bhí orm an cinneadh a dhéanamh díriú isteach ar sheánra ar leith. Roghnaigh mé a bprós cruthaitheach mar sin toisc go bhfuil an seánra seo mar an seánra is fearr chun ábhar agus tuairimí na scríbhneoirí a chur in iúl. Is de bharr seo atá an suirbhé léirmheastúil san áireamh sa tráchtas chun tuiscint níos leithne a fháil ar a gcuid saothar go léir agus chun réimsí staidéir poitéinsiúla eile a léiriú.

Caibidil 1: Bunú Chonradh na Gaeilge agus Cothú na Nualitríochta

Soláthrófar cuntas ar chumainn léinn na Gaeilge a cuireadh ar bun sa naoú haois déag ar dtús. Ansin, déanfar plé ar an náisiúnachas cultúrtha a d'fhorbair sa naoú haois déag agus ar na gluaiseachtaí cultúrtha is teanga a cuireadh ar bun. Ina dhiaidh seo, tabharfar léargas ar bhunú Chonradh na Gaeilge i 1893. Ba í an t-aon eagraíocht amháin ar éirigh léi athbheochan rathúil agus éifeachtach a bhaint amach. Spreag an eagraíocht daoine chun a gcuid féiniúlachta a chosaint agus a chothú trí scríobh, trí labhairt, trí theagasc agus trí chultúr na Gaeilge. Pléifear na constaicí a bhí le sárú maidir le saothrú litríochta agus na scríbhneoirí tuaithe ag soláthar ábhar ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois. Ina dhiaidh seo, pléifear ról na scríbhneoirí sa Chonradh agus tabharfar samplaí den tslí ina raibh an náisiúnachas cultúrtha agus an náisiúnachas polaitiúil mar chuid dá gcuid saothar liteartha, a chabhraigh chun seasamh na scríbhneoirí féin i leith an náisiúnachais a léiriú.

1.1 Cumainn Léinn na Gaeilge

Bhí sé soiléir sa naoú haois déag nach raibh mórán ábhar Gaeilge á shaothrú, gan trácht ar shaothrú nualitríochta. B'fhadhb í seo d'éinne a bhí ag iarraidh ábhar Gaeilge a léamh, agus ar ndóigh, rachadh an suíomh in olcas mura ndéanfaí rud éigin chun dul i ngleic leis. Níorbh iad na Gaeil amháin a bhí ag cur suime i litríocht na Gaeilge, óir bhí dream arsaíochta ar leith ag teacht ar an bhfód le beagnach dhá chéad bliain roimhe sin chomh maith a raibh spéis mhór acu in ábhar Gaeilge. Bunaíodh gluaiseachtaí léannta chun saothrú ábhar Gaeilge a chur chun cinn mar sin. Maíonn Denvir go gcaithfear féachaint ar na cumainn léannta a bunaíodh i gcomhthéacs na haimsire intleachtigh chomhaimseartha san Eoraip, agus míníonn sé cad a bhí ar siúl ann sa tréimhse seo:

The exaltation of elements relating to nationalism- local custom and landscape, folk traditions, episodes from national history, the high passion for patriotism associated with Romanticism inspired scholars and others to engage with the ancient traditions- literary, linguistic, visual- of their own countries. (Denvir 2006)

Tráchtann Crowley air seo freisin: “The first half of the nineteenth century witnessed the continuation of two modes of interest in Irish culture. The first was antiquarianism, as the Patriotic attention of Irish literature, history and language developed in a number of societies.” (Crowley 2000, 133) Ar ndóigh, cumainn ársaíochta ab ea na cumainn seo agus ní raibh a bhfócas ar sholáthar nualitríocht na Gaeilge nó ar an teanga labhartha ach oiread.

Chabhraigh bunú na gcumann leis an nGaeilge a bhogadh ó cheantair iargúlta amháin go dtí an pobal gineáralta mar ábhar léinn. Tosaíodh é seo le bunú *The Gaelic Society of Dublin* i 1807, a spreag an chéad splanc de náisiúnachas cultúrtha, le cur chun cinn traidisiúin ársa na hÉireann trí léann agus trí fhoilsiú ábhar ó na lámhscríbhinní. (Denvir 2006) Bunaíodh *The Ibero-Celtic Society* ina dhiaidh seo sa bhliain 1818 i mBaile Átha Cliath. Mhaígh siad ón tús, fé mar a bhí i gcás na gcumann eile, nach mbeadh aon bhaint ag an gcumann le díospóireachtaí creidimh nó polaitíochta agus gurbh í staidéar ábhar na lámhscríbhinní an phríomhaidhm a bhí acu. Deir Murray gur bunaíodh na cumainn seo chun éachtaint de stair na tíre a sholáthar. (Murray 2000, 8)

Leanadh é seo le bunú cumann eile cosúil le *The Society for the Revival of Ancient Irish Literature* i Luimneach (c.1820), *The Ulster Gaelic Society* (1830), *The Irish Archaeological Society* (1840), *The Celtic Society* (1845), agus *The Ossianic Society* (1853). D’fhoilsigh *The Irish Archaeological Society* (1840), *The Celtic Society* (1845), agus *The Ossianic Society* (1853) go leor téacsanna. Dhírigh *The Irish Archaeological*

Society isteach ar fhoilsiú na lámhscríbhinní agus caipéisí stairiúla dar le Murray.

Caitheann sé súil ghrinn ar an ábhar seo áfach:

One of the problems was that many of the works dealing with Ireland's past that were published during the romantic era were more concerned with giving the reader a feel for ancient Gaelic civilization than with providing an accurate account of Irish history. (Murray 2000, 8)

Tháinig *The Celtic Society* agus *The Archaeological Society* le chéile sa bhliain 1854, agus tugann Murray le fios dúinn go raibh tromlach na mball ag baint le meánaicmí sóisialta, agus á reachtáil ag daoine ó Bhaile Átha Cliath. (Murray 2000, 78) Ní dhearna na cumainn seo mórán le haghaidh athbheochan na teanga mar gheall ar an ábhar a bhíodh á shaothrú acu. Bhí tionchar ní b'fhearr ag *The Ossianic Society* (1853) áfach ar chúrsaí teanga. Bhí sé mar aidhm ag an gcumann seo díriú ar lámhscríbhinní a bhí ag baint leis na Fianna, agus ar litríocht a bhí ag baint leis an nGaeilge, rudaí gurbh fhéidir leis na tuathánaigh ionnannú leo. Bhí daoine as aicmí difriúla mar pháirt den chumann seo chomh maith. (Murray 2000, 75) Mar gheall air seo, deir Murray: "The Ossianic Society represents, therefore, the merging of the diffusion of Dublin-based concern for the future of the Irish language and Gaelic culture in general which had been predominant in the surrounding countrysides." (Murray 2000, 88)

Mar aon leis na cumainn léannta seo, bunaíodh cúpla cumann cultúrtha freisin a bhí mar chuid den iarracht chun náisiúnachas cultúrtha a mhuscailt i muintir na tíre. Bunaíodh *The Irish Harp Society* i 1808, le ceachtanna Gaeilge agus ceachtanna cláirsigh mar chuid de. Leanadh é seo le Cuideacht Gaedhilge Uladh. Bhí bunú scoileanna trí mheán na Gaeilge mar aon le foilsiú leabhar Gaeilge, agus bailiú ábhar Gaeilge mar aidhmeanna acu. (Denvir 2006) Cé gur éirigh le cumainn mar seo lámhscríbhinní Gaeilge agus píosaí den chultúr a chaomhnú, níor éirigh leo mórán moille a chur ar laghdú na gcainteoirí Gaeilge. Bhí easpa airgid na ndúchasach ag cur isteach ar chúrsaí freisin toisc nach raibh

sé ar chumas acu na saothair a bhí á gcur ar fáil a cheannach agus, i ndáiríre, ba bheag idé-eolaíocht a bhí iontu ó thaobh athbheochan na Gaeilge de.

1.2 An Náisiúnachas Cultúrtha

Bhí cúrsaí náisiúnachais chun cinn ar iliomad leibhéal sa naoú haois déag. Ar ndóigh, bhí an náisiúnachas polaitiúil agus an náisiúnachas cultúrtha go mór i ndioscúrsa an chéid. Bhí scoilt sa tír idir an dá rud. Bhí an náisiúnachas polaitiúil níos dírithe ar chúrsaí polaitíochta agus ar bhunú an stáit ar ndóigh, fad is a bhí an náisiúnachas cultúrtha níos dírithe ar chúrsaí féiniúlachta agus ar chur chun cinn agus athbheochan na Gaeilge, an chultúir agus na litríochta. Míníonn Crowley gur éirigh an difríocht idir an náisiúnachas polaitiúil agus cultúrtha soiléir sa chaidreamh a bhí idir Ó Conaill agus na hÉireannaigh Óga (1839) sna 1840í:

The Repeal of the Act of Union gave them common ground, but O’Connell’s tactics of pragmatic political nationalism, supported by the Catholic clergy and grounded in the mass support of the populace, was at odds with the romantic nationalism of the Young Irelanders. (Crowley 2000, 134)

Bhí saoirse na nGael mar phríomhchuspóir ag Ó Conaill agus bheadh an Béarla mar eochair chuige sin dar leis, fad is a bhí Thomas Davis, duine de cheannairí na nÉireannach Óg, den tuairim go mbeadh an Ghaeilge mar eochair na hathbheochana náisiúnta: “A nation with no language of its own is only half a nation.” (Kiberd 2016) D’fhorbair naimhdeas amach is amach idir na náisiúnaithe seo agus Rialtas na Breataine, agus bhí cúrsaí polaitíochta ag éirí ní ba theasaí:

The split between the cultural and political wings of nationalism which had appeared in the early to mid-nineteenth century developed further towards its end. Cultural nationalists of all shapes castigated the leaders of the Irish Parliamentary Party for their neglect of the language question in particular. (Crowley 2000, 175)

Leanadh é seo le Cogadh na Talún sa bhliain 1879, agus, faoi seach, titim Pharnáil, ceannaire Pháirtí Náisiúnaíoch na hÉireann, sa bhliain 1880. Dar le Kiberd: “The fall of

Parnell closed the door to political freedom, but cultural freedom didn't need any London Government to stamp it." (Kiberd 2016)

Bhí muintir na tíre ag éirí níos Sasanaí i ngach gné den saol. Dúirt Sir George Baden: "Ireland does not contain the necessary elements of a separate nationality- for among the inhabitants there is no unity or individuality of blood, religion, laws, occupations, sentiments, history, or even tradition." (Denvir 1997, 1) Próiseas de dhíchoilínithe is ea athbheochan teanga. Bíonn go leor iarmhairtí síceolaíochta ag baint le cailliúint teanga agus déantar dochar don phearsantacht náisiúnta mar chuid de. Míníonn Leerssen gur sa naoú haois déag a fheictear breith, fás, scaipeadh agus forbairt an náisiúnachais Éireannaigh chomhaimseartha. (Leerssen 1996, 6) Braitheann sé seo ar an tuiscint gur tír leithleach, shuntasach í Éire, atá aonarach agus discréideach ó thaobh an chultúir de agus go bhfuil féinriail polaitiúil tuillte aici dá bharr. Chun an méid sin a bhaint amach bhí ar dhaoine éirí níos eolaí faoina gcuid staire féin. Leis an náisiúnachas cultúrtha, bhí daoine ag lorg féiniúlachta náisiúnta agus go gcruthófaí féiniómhá Éireannach.

Mar fhreagra, bunaíodh cúpla cumann, cumainn a bhí neamhsheicteach agus neamhpholaitiúil, chun cosc a chur ar mheath na teanga. Bunaíodh *The Society for the Prevention of the Irish Language* i 1876 a spreag athbheochan theangeolaíoch ar leibhéal éigin i measc mhuintir na hÉireann. Ba í aidhm an chumainn seo ná litearthacht sa Ghaeilge a bhaint amach trí tabhairt isteach an Ghaeilge mar ábhar i ngach leibhéal den chóras oideachais mar aon le foilsiú na Gaeilge a bhunú. Chomh maith leis seo, soláthraíonn Crowley a bhfógra bunaidh, ag cur síos ar an aidhm a bhí acu:

To create such a tone of public feeling as will utterly banish the ignorant and unpatriotic notion (of foreign origin), that our native tongue is one which no Irishman of the present day should care to learn, or be willing to speak. (Crowley 2000, 176)

D'éirigh leo an Ghaeilge a bheith mar ábhar breise sna scoileanna i 1879, ach ní raibh na baill sásta go leor leis an aidhm seo amháin agus scaoil cuid acu ón gCumann agus bhunaigh siad *The Gaelic Union* (1880), cumann a d'fhoilsigh an nuachtán dátheangach *Irisleabhair na Gaedhilge* (1882-1909). (Crowley 2000, 176) Bunaíodh *An Gaodhal* i Meiriceá i 1881 chomh maith. (O'Leary 1994) D'oscail na nuachtáin seo slí chun litríocht na Gaeilge a chur i gcló.

Gluaiseacht chultúrtha agus dhúchais an-éifeachtach ab ea An Cumann Lúthchleas Gael a bunaíodh i 1884. Dar le Bourke: "In Ireland, the nineteenth century romantic nationalism which caused newly founded GAA to present its games as 'the fine old manly pastimes' of its members' forefathers." (Bourke 1999, 26) Dar le Lee, sheas bunú na heagraíochta do: "organisation and a sense of communal coherence." (Lee 1989, 80) Bhí an tír ag teacht níos mó faoi thionchar na Sasanach de réir mar a tugadh drochmheas do chultúr na Gaeilge. Bhí muintir na tíre ag glacadh le nósanna agus le cluichí Sasanacha diaidh ar ndiaidh toisc nár leag siad aon tábhacht ar a gcinn féin.

1.3 Conradh na Gaeilge

Ba é an Dr. Dúbhghlas de hÍde a spreag bunú na heagraíochta tar éis a léachta cáiliúla 'The Necessity for De-Anglicising Ireland' sa bhliain 1892 a thug sé os comhair an National Literary Society. Cuireann Kiberd síos uirthi mar: "Ireland's declaration of cultural independence." (Kiberd 1995, 138) Chuir an óráid seo in iúl do mhuintir na hÉireann go raibh siad ag éirí níos Sasanaí agus ag cailliúint a gcultúir agus a dtraidisiúin féin mar thoradh. Ba í an teoiric a bhí ag de hÍde ná náisiún a thógáil ar bhonn Gaelach. Mar a dúirt sé féin, bhí muintir na tíre "ceasing to be Irish without becoming English." (Ó Cadhla 2014, 1) Bhí sé ag iarraidh bród a mhúscailt i muintir na tíre d'fhonn

féiniúlacht Ghaelach a chruthú. Cuireann Kiberd síos ar an idé-eolaíocht a bhí aige chun an méid seo a bhaint amach:

He wanted to found Irish pride on something more positive and lasting than mere hatred of England... The reactive patriotism which saw Ireland as not-England would have to give way to an identity which was self constructed and existentially apt. (Kiberd 1996, 145)

Is dócha gur féidir glacadh leis an óráid seo mar ráiteas bunaidh Chonradh na Gaeilge, a bunaíodh i 1893. Ón tús, mhaígh an Conradh go mbeadh sé ina heagraíocht neamhsheicteach agus neamhpholaitiúil agus go mbeadh fáilte curtha roimh gach éinne páirt a ghlacadh ann. Bhí fíis acu aontacht a chruthú i measc na nÉireannach agus a bheith in ann gach rud Gaelach a chéiliúradh agus a chur chun cinn. É sin ráite, bhí an Eaglais Chaitliceach an-tacúil don Chonradh. Bhí líon mór sagart ina mbaill den eagraíocht. Ba hiad na príomhchuspóirí a bhí ag an gConradh ag tosnú amach ná: “1. Buanú na Gaeilge mar theanga dhúchais in Éirinn agus a leathadh i measc daoine mar urlabhra choiteann 2. Taithí agus craobhscaoileadh ar gach léann Gaeilge agus nua-léann Gaeilge do chothú.” (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981, 10) Cuireann Leerssen síos ar an meon a bheadh ag gluaiseacht athbheochana mar seo: “English cultural influence should be washed away like an unsightly stain, so as to return to a pristine state of unadulterated Gaelophone purity.” (Leerssen 1996, 197)

Dhírigh siad ar thábhacht mhúineadh agus shealbhú na Gaeilge agus ar chaomhnú na Gaeilge sna Gaeltachtaí ach go háirithe. Bhunaigh siad craobhacha den Chonradh timpeall na tíre. Sholáthair na craobhanna seo ranganna Gaeilge. Bhain siad triail as daoine fásta a fháil chun páirt a ghlacadh sa Chonradh agus chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Deir Kiberd: “Conradh na Gaeilge became a Mecca for Irish language enthusiasts but also for young people because it was non-sectarian and apolitical, it was a place to exchange ideas and produce good literature and drama.” (Kiberd 2016)

D'fhostaigh siad timirí agus múinteoirí taistil chun cur ag taisteal timpeall na gceantar a bhí faoina gcúram d'fhonn Gaeilge a theagasc do mhuintir na tíre. Míniúnn Mac Mathúna gur socraíodh air gurbh í caint na ndaoine in ionad na teanga liteartha a bheadh mar bhunchloch na hoibre teagascaí seo. (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981, 28) D'éirigh leo clár dátheangach a thabhairt isteach sna Gaeltachtaí agus tháinig méadú mór ar líon na scoileanna a bhí ag tairiscint Gaeilge mar ábhar ó 105 scoil i 1899 go 2,013 scoil i 1903. (Ó Croidheáin 2006, 141) Bhunaigh siad coláistí samhraidh i 1901 chomh maith chun Gaeilge a theagasc do mhúinteoirí cáilithe.

Chomh maith leis seo, d'eagraigh siad feiseanna, comórtais scéalaíochta agus filíochta, agus imeachtaí ceoil chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh i slite sultmhara. Sa bhliain 1897, eagraíodh féile bhliantúil chultúr na hÉireann darbh ainm an tOireachtas. Maíodh in *Irisleabhair na Gaedhilge* in Eanáir 1897:

The Oireachtas will by reason of its character and novelty, tend to fix universal public attention on the Irish Language Movement, it will make up for the creation of a modern Irish Literature; it will encourage and be a bond of union to all workers in the revival of Irish, and finally it will rally the Irish nation for the maintenance of the native tongue. (Gaedhilge 1897, 129)

D'íliomad scríbhneoirí, ba í seo an chéad áit a nochtáí a gcuid saothar liteartha. Tugann Ó Cadhain le fios dúinn, sular bunaíodh é: “ní raibh aon scríbhneoir lánaimsire aoncheirde sa Ghaeilge fós riamh.” (Ó Cadhain 1972, 57) Bhí bronnadh duaiseanna mar spreagadh acu chun daoine a chur i dtreo na scríbhneoireachta Gaeilge agus chun tírghrá a mhúscailt iontu. Ina dhiaidh sin, ba mhinic a foilsíodh na saothair rathúla i bhfoilseacháin ar nós *Irisleabhair na Gaedhilge* chun chur chun cinn breise a thabhairt do na scríbhneoirí agus chun an saothar a chur ar fáil agus os comhair phobal léitheoireachta na tíre. Ba é an tOireachtas a thug cabhair do scríbhneoirí ar nós Chonáin Mhaoil agus an Duinnínigh chun a gcuid saothar a chur os comhair mhuintir na tíre. Bhuaigh Conán Maol, mar shampla, duais san Oireachtas sa bhliain 1898 dá

ghearrscéalta ‘Eachtra Risteáird’ agus ‘Laetha Sgoile’. Foilsíodh ‘Eachtra Risteáird’ in *Irisleabhair na Gaedhilge* ansin in Iúil 1899, agus foilsíodh ‘Seaghán agus Mícheál’ (d’athraigh sé ‘Laetha Sgoile’ go dtí an t-ainm seo) ann i Meán Fomhair 1899. (Ní Dhonnchadha 1981, 25) Foilsíodh na gearrscéalta seo i bhfoirm leabhair níos déanaí le dhá ghearrscéal eile ina chnuasach *An Buaiceas (1903)*. Luann Mac Aonghusa fiú go raibh an tAthair Peadar ar dhuine de mholtóirí na chéad Oireachtas. (Mac Aonghusa 1997, 8) Sholáthair an tOireachtas agus na feiseanna ardán nua do dhrámaíocht na Gaeilge chomh maith. Tháinig bunú dhrámaíocht na Gaeilge le bunú Chonradh na Gaeilge toisc nach raibh aon drámaíocht an roimhe seo sa teanga. Arís, dar le Ní Mhuircheartaigh, bhí na drámaí seo ag tarraingt ón mbéaloideas ó thaobh phlotaí, ábhar agus na gcarachtar de. (Ní Mhuircheartaigh 2016)

Chuir an tOireachtas gach rud Gaelach chun cinn freisin, ag treisiú na béime a cuireadh ar an náisiúnachas cultúrtha, óir sa bhliain 1902, mar shampla, míníonn Ó Súilleabháin: “Socraíodh nach mbronnfaí duais mara mbeadh an t-iomaitheoir gléasta i gculaith de dhéantús Éireannach.” (Ó Súilleabháin 1984, 84) Chomh maith leis sin, sa bhliain 1905: “Socraíodh ar dhearbháin le haghaidh leabhar nó earraí de dhéantús na hÉireann a thabhairt in áit airgid do bhuaiteoirí sna comórtais do dhaoine óga.” (Ó Súilleabháin 1984, 84) Mar aon leis an litríocht nua-aimseartha, ghlac an béaloideas páirt mhór sa chomórtas, óir tuigeadh an tábhacht a bhain leis maidir le cothú na litríochta freisin.

Chuir an Conradh tábhacht faoi leith ar fhoilsiú na litríochta ionas go bhféadfaí litearthacht na Gaeilge a bhaint amach agus chun a bhfealsúnachtaí féin a scaipeadh. Míníonn Ó Háinle: “Sula n-éireodh le haon iarracht litríocht nua a sholáthar i nGaeilge; ní raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ag mórán daoine.” (Ó Háinle 1994, 750) De bharr seo, bhí próis gearr agus so-aimsithe ó thaobh chaighdeán na Gaeilge de riachtanach chun freastal ar lucht léitheoireachta na Gaeilge, cuid acu ina léitheoirí úr nua. Idir 1900 agus

1925, d'fhoilsigh an Conradh timpeall 400 saothar, ocht gcinn gach bliain ar meán. (Mac Aodha 1993, 27) Bhí a fhios ag an gConradh go raibh paipéar seachtainiúil ag teastáil chomh maith agus, leis sin, foilsíodh *Fáinne an Lae* i 1898. Dúirt Ó Cadhain gur thug Conradh na Gaeilge coimirce d'irisí agus do nuachtáin toisc gur thuig siad go mbeadh suim ag cách iontu. (Ó Cadhain 1972, 54) Leanadh é seo leis *An Claidheamh Soluis* i 1899, inar foilsíodh aistí agus ailt éagsúla ar ábhair éagsúla. D'éirigh leo a gcomhlacht foilsitheoireachta féin a bhunú i 1900 faoin ainm 'Coiste na gClódhanna', a sholáthair ábhar Gaeilge le léamh.

Bhí suim faoi leith i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na teanga le feiceáil ag deireadh an naoú haois déag. Is cinnte go raibh an borradh seo le sonrú i mBaile Átha Cliath, ach bunaíodh gluaiseachtaí in áiteanna eile timpeall na tíre, agus bhí na haidhmeanna céanna acu. Bhí sé seo le sonrú i gCorcaigh agus i gCiarraí ach go háirithe, mórcheantar dúchais na scríbhneoirí seo. Bunaíodh *Irisleabhair na Gaedhilge* sa bhliain 1882, díreach sular bunaíodh Conradh na Gaeilge, agus tugadh faoi deara go raibh formhór a léitheoirí ina gcónaí i gCo.Chorcaí: "The number of Cork subscribers to this journal is as great as the number from all the rest of Ireland." (Irisleabhair 1893) Bunaíodh an Young Men's Society agus an Cork National Society i gcathair Chorcaí, agus scaip siad go dtí na bailte mórthimpeall diaidh ar ndiaidh. Bhí William O' Brien mar uachtarán an Cork National Society, agus thug sé óráid an-chumhachtach do rang Gaeilge an chumainn ar an 13 Bealtaine 1892 mar gheall ar thábhacht chothú na Gaeilge. (Ó Ríordáin 2000, 23) Chreid O'Brien go mór i dtochaí na hÉireann, agus, dar le Róisín Ní Ghairbhí "William O' Brien must be considered as a possible seminal influence on Pearse. O'Brien's book, *Irish Ideas* (1893), was in Pearse's possession and includes essays on Gaelic culture and nationality." (Ní Ghairbhí 2008, 169) Díríonn sí aird an léitheora ar léacht eile ar leith a thug O'Brien sa bhliain 1893 dar teideal 'The Future of the Young Men of Ireland', inar

mhaígh sé a mianta i leith fhir na hÉireann. Dúirt sé nach mbeidís ag maireachtáil mar shaoránaigh den dara grád a thuilleadh, nach mbeidís mar “the slaves bowed with other men’s business, but as the future citizens, rulers and owners of their own delightful land.” (O’Brien 1893, 167)

Chomh maith leis seo, bhunaigh Conradh na Gaeilge coiste eagraithe áitiúil i gCorcaigh, agus bhí an tAthair Peadar ar dhuine de bhaill an choiste. Bhí an-ráth ag an gcoiste nuair a bunaíodh é agus chuidigh sé leis an ngluaiseacht a scaipeadh go dtí áiteanna eile sa chontae. (Ó Ríordáin 2000) Ar ndóigh, bhí cúrsaí cultúrtha ar comhchéim le tábhacht na teanga agus spreag an Conradh imeachtaí cultúrtha mar chuid dá imeachtaí chomh maith. Ba mhar a chéile a bhí sé i gCorcaigh agus eagraíodh imeachtaí cosúil le scoraíochtaí, coirmeacha ceoil, aeraíochtaí agus feiseanna. Tugann Ó Ríordáin le fios dúinne gurbh i Maigh Chromtha, áit dhúchais Uí Laoghaire, a eagraíodh an chéad fheis áitiúil laistigh de Bhaile Átha Cliath ar an 19 Márta 1898. D’éirigh sé mar fheis bhliantúil ina dhiaidh sin, feis a mheall daoine ó cheantair mhórthimpeall chun freastal uirthi. (Ó Ríordáin 2000, 99)

Bhí an tsuim chéanna le feiscint i gCiarraí. Bhíodh an tOireachtas ar siúl i mBaile Átha Cliath gach bliain, ach bhíodh daoine ag teacht ó Chiarraí agus ó Chorcaigh chun páirt a ghlacadh ann, fé mar a deir Mac Aonghusa, agus é ag trácht ar an triú Oireachtas sa bhliain 1899:

Is fiú a áireamh, leis, go dtáinig lucht na bua sna comórtais ó sheacht gcinn de na contaetha agus ó cheithre cinn de chathracha- dhá dhuine déag acu-siúd ó Chontae Chorcaí agus tús áite bainte anois acu de Chiarraí a bhí chun tosaigh sa dá Oireachtas roimhe sin. (Mac Aonghusa 1997, 23)

Reáchtáladh an tOireachtas i gCill Airne ón 26 Iúil go dtí an 31 Iúil 1914, agus b’ócáid an-rathúil í ann dar le halt Phádraig Uí Dhálaigh in *An Claidheamh Soluis* tar éis na hócáide: “It is the unanimous opinion that the Oireachtas has never been more notably

successful than it has been this year in Killarney. On that happy result the local Gaels are most cordially to be congratulated.” (Mac Aonghusa 1997, 34) Bhunaigh an tAthair Cathaoir Ó Braonáin an chéad chraobh den Chonradh i gCill Airne. Ina dhiaidh seo, bhunaigh Diarmaid Ó Súilleabháin agus an tAthair Cathaoir Ó Braonáin an iris *Loch Léin* i gCill Airne. Iris mhíosúil ab ea í a d’fheidhmigh ó 1903 go dtí 1905. (McMahon 2008, 49) Tá roinnt scríbhinní ón Athair Peadar le fáil san iris seo.

1.4 Saothrú Litríocht Nua-aimseartha: Na Constaicí

Cur chuige turgnamhach a bhí ar siúl ag na ceathrar scríbhneoirí seo ag tosnú amach, mar aon le gach scríbhneoir eile a linne. Ní raibh mórán scríofa i ngort an phróis sa tréimhse: “The writer wanting to try his hand at prose, was, then, entering an uncharted minefield, supported by little consensus concerning appropriate subject matter, style, or language.” (O’Leary 2006, 239) Is léir mar sin go raibh siad ag baint trialach as seánraí difriúla agus iad ag iarraidh traidisiún liteartha nua a bhunú agus é a chur chun cinn go rathúil, chomh maith le freastal ar shlánú na teanga. Dar le MacMathúna: “When set against the background of the time, the twin objects of restoring the spoken language and creating a new literature in Irish were indeed revolutionary.” (MacMathúna 2004, 51) Bhí a fhios acu go raibh géarghá ann le litríocht nua aimseartha Ghaeilge agus ba ag dul i ngleic leis an ngéarghá seo a bhí siad agus iad i mbun pinn. Scríobh Delap: “Fágadh gort an phróis chruthaithigh Ghaeilge, seasc, gan saothrú leis na céadta bliain. D’fhás bearna liteartha sa Ghaeilge, nárbh fhurasta a líonadh.” (Delap 1993, 15)

Is cinnte go raibh tionchar ag lucht na Gaeilge a raibh litearthacht sa teanga acu ar an litríocht a scríobhadh. Bhí brú ar na scríbhneoirí ábhar taitneamhach, cruthaitheach, comhaimseartha a shaothrú chun daoine a mhealladh i dtreo na léitheoireachta Gaeilge, ach, ag an am céanna, litríocht éifeachtach, shaibhir a sholáthar chun léitheoirí a

shásamh. Míníonn Denvir agus Ní Dhonnchadha gur mhór an luach a bhain leis na gearrscéalta a chuir na scríbhneoirí seo ar fáil in ainneoin na ndeacrachtaí liteartha is seachliteartha a bhí le sárú acu in aimsir na hAthbheochana:

Ar an leibhéal praiticiúil, thug páipéir agus irisí deis don ghearrscéalaí a shaothar a chur os comhair an phobail. San am céanna, chuidigh an saothar seo le pobal léitheoireachta Gaeilge a bhunú, a mhisniú agus a chothú, agus chuidigh soláthar chnuasach gearrscéalta gona ngluaiseanna agus a n-agusíní léirmhínte leis an méid sin. (Denvir & Ní Dhonnchadha 2000, 9)

Bhí léirmheastóireacht na Gaeilge ina hábhar cainte ó 1902 ar aghaidh chomh maith. Tugann Uí Chollatáin le fios dúinne go raibh Ó Duinnín ach go háirithe buartha faoi nua-aimsearthacht na léirmheastóireachta agus go raibh gá ann téarmaíocht a chur ar fáil chun í a fheabhsú ionas go mbeadh sé ar chumas scríbhneoirí rudaí a fhoghlaim ó léirmheastóireacht. (Uí Chollatáin 2004, 74) Dar le Ó Duinnín é féin, ní raibh a leithéid de léirmheastóireacht na Gaeilge ann: “The Irish Language, as far as I know is entirely barren in the field of critical literature.” (Ua Duinnín 1902, 5)

Ina theannta sin, ní foláir dúinn cuimhneamh ar na ceistanna a bhain le litriú, le gramadach agus le húsáid na gcanúintí maidir le nualitríocht na Gaeilge. Tráchtann Nic Eoin air seo:

Bhí cineál agus caighdeán na teanga a bheadh á saothrú ag nuascríbhneoirí na Gaeilge ina n-ábhair rialta díospóireachta agus aighnis ó thús ré na hathbheochana. Má bhí an litríocht le bheith ina huirlis thábhachtach athbheochana, bhí gá le caighdeán scríbhneoireachta a mbeifí aontaithe ina dtaobh. (Nic Eoin 2005, 50)

Caighdeán na Gaeilge Clasaicí nó ‘caint na ndaoine’ a bhí ina n-ábhair dhíospóireachta, cé go luann Nic Eoin go raibh siad go léir aontaithe le chéile maidir le “mórtionchar an Bhéarla a sheachaint agus litríocht Ghaeilge a chothú a bheadh dúchasach, neamhdhíorthach.” (Nic Eoin 2005, 51) Bhí an tAthair Risteárd de hIndeberg mar cheannródaí maidir leis an nGaeilge Chlasaiceach a bheith mar chaighdeán do

nualitríocht na Gaeilge. Gaeilge Chéitinn ab ea an meán seo, a bhíodh á chleachtadh sa seachtú haois deág. Dar le O’Leary, ba í an tuairim a bhí ag de hIndeberg ná:

If the past two centuries had seen the steady degradation of Irish as a literary medium, the effects of those two centuries would have to be cancelled out and the link re-established between the spoken language of 1900 and the cultivated literary language of 1700 and before. (O’Leary 2006, 235)

Níor cheap de hIndeberg go raibh mórán tábhachta nó luach ag baint le caint na ndaoine, agus nach raibh sé oiriúnach mar mheán liteartha:

Irish lost its mainstay when, after centuries of activity ceased to be written and fell entirely under the feeble guardianship of oral transmission to suffer the rapid wearing process fated to all rude tongues lacking the backbone of a fixed literary canon. (Henebry 1892, 142)

Bhí dream ann a d’aontaigh le de hIndeberg, dream a bhí ina mionlaigh, ach caint na ndaoine mar mheán liteartha a bhí ó thromlach an dreama eile:

For these writers, any new prose that was to have a chance of gaining an audience among either native speakers or learners of the language had to be rooted in the language as spoken by those for whom it was their first language. (O’Leary 2006, 236)

Ar ndóigh, bheadh fadhbanna ag baint le caint na ndaoine ó thaobh na gcanúintí difriúla de, ach bhí scríbhneoirí ag iarraidh a bheith dílis dá gcanúintí féin. Chreid na scríbhneoirí tuaithe, chomh maith le tromlach na scríbhneoirí eile ag an am, gur chóir go mbunófaí an nualitríocht ar chaint na ndaoine, caint a muintire agus a gceantar féin. Tá saothair na scríbhneoirí tuaithe féin go léir bunaithe ar chaint na ndaoine. Ceannródaí maidir le cur chun cinn chaint na ndaoine ab ea Ó Laoghaire. Is é a deir sé faoi ag an am ná: “To build a literature without laying its foundations on the actual living speech of the people is like building your house commencing at the chimney.” (Ua Laoghaire 1900) Deir Ó Donnchadha: “Is don Athair Peadar a théann a bhuíochas, prós na Nua-Ghaeilge do bhunú go daingean ar ghnáthchaint na ndaoine.” (Ó Donnchadha 1939, 38) Tharraing na scríbhneoirí tuaithe ón dtraidisiún béil chomh maith mar fhoinsé inspioráide dá gcuid

saothar. Litríocht phobail, réigiúnach a shaothraigh siad go príomha mar sin. Fé mar a d'éirigh an Conradh níos fairsinge, áfach, bhí díospóireacht na gcanúintí ag éirí níos fadhbaí. De bharr seo, tosnaíodh ar bhunú irisí a d'fhreastalódh ar na canúintí difriúla, agus bhí cuid mhaith irisí ann a d'fhreastail ar Ghaeilge na Mumhan, canúint na scríbhneoirí tuaithe:

A good number of journals were founded in the first thirty or so years of the Revival to meet the new and growing interest in the language generated by the Gaelic League... Munster Irish was at various times to be catered for by *Banba*, *Loch Léin*, *Glór na Ly*, *An Lóchrann*, *An Muimhneach* and *Birín Beo*. (O'Leary 2006, 237)

Bhí Craobh an Chéitinnigh ar cheann de na craobhacha ba rathúla a bhí ag Conradh na Gaeilge, fé mar a deir Mac Aonghusa:

Ní raibh an oiread trácht ar chraobh seo na gConnachtach is a bhí ar chraobh a d'fhreastail go speisialta ar Mhuimhnigh san Ard-Chathair. Sin Craobh an Chéitinnigh... Is cinnte go raibh tionchar thar na bearta ag Craobh an Chéitinnigh ní hamháin ar an gConradh féin ach ar an tír ar fad. (Mac Aonghusa 1993, 131)

Bhí a n-iris féin ag an gcraobh seo darbh ainm *Banba*, agus scríobh Ó Duinnín, Conán Maol agus Gruagach an Tobair ann. Beidh samplaí den saothar seo á chíoradh níos déanaí. Bealach amháin nó bealach eile, bhí an dá mhúnla liteartha réabhlóideach sa mhéid is nach raibh aon rud mar sin scríofa riamh.

Bhí tábhacht faoi leith ag baint le caomhnú chaint na ndaoine, áfach, go háirithe ó thaobh an cheangail idir scéal na teanga agus scéal chothú na litríochta de, agus bhí sé seo ar eolas ag de hÍde chomh maith, fé mar a mhínigh Ó Gramhnaigh i 1895:

Dr. Hyde has calculated that while an ordinary English-speaking person uses no more than 3,000 words in ordinary conversation, an Irish-speaking peasant woman uses no less than 5,000 or perhaps 6,000. Now, hundreds of these old words, phrases, idioms etc., which have belonged for ages to the Gaelic race, have never been recorded and if not noted down while Gaelic is a spoken tongue, they must be lost forever. (O'Growney 1895)

Molann Mac Aonghusa caint na ndaoine agus is í a thuairim go raibh maitheas ar leith ag baint léi:

Don chéad uair riamh i stair na hÉireann tugadh seasamh agus stádas don tuathánach bocht arbh í an Ghaeilge a phríomhtheanga. Is amhlaidh a bhí an Gaeilgeoir dúchas leis na céadta bliain roimhe seo: ‘ní raibh réim ná céim aige, ná ag a theanga, de réir dlí ná gnáis’. (Mac Aonghusa 1972, 77)

Creideann Titley gur mhór an chéim chun tosaigh é an cinneadh a dhéanamh chun caint na ndaoine a úsáid mar mheán liteartha, toisc gur thug sé tábhacht agus aitheantas ar ais don ghnáthdhuine, rud nach ndéanfadh an Ghaeilge Chlasaiceach:

Bronnadh an dínit ba dhual dó ar ais ar chaint an ghnáthdhuine, agus dá bhrí sin ar an ngnáthdhuine féin, dínit a bhí ceilte air ag caisleán, ag teach mór, ag rialtas, ag eaglais, ag cách a chéile cumhachtach concasach le tréimhse dhó-áirithe roimhe seo. (Titley 1991, 227)

Téann Titley ar aghaidh leis an bpointe seo, ag tabhairt ardmholta dó:

Ní scríobhfaí riamh an saothar seo, ná formhór na saothar atá faoi chaibidil ann, murach caint na ndaoine agus uaisliú na muintire a d’iompair í. Ní bréag ná áibhéil ar bith a rá gurb í caint na ndaoine an chloch úrláir, an fhuaimint fhothaitheach, an foras feasa, an mhótarmháthair ar a bhfuil prós na Gaeilge na haoise seo tógtha, is í ár leaba shíl. (Titley 1991, 228)

An dara rud a bhí ina ábhar díospóireachta ná na múnlaíthe ar chóir glacadh leo sa litríocht. Bhí Pádraic Ó Conaire agus Pádraig Mac Piarais ar aon intinn lena chéile, gur cheart nualitríocht na Gaeilge a mhúnlú ar litríocht na hEorpa. Míníonn Denvir agus Ní Dhonnchadha an suíomh seo ó thaobh an ghearrscéil de:

Tháinig an gearrscéal chun cinn i gcéadúair san Eoraip, go háirithe sa Rúis agus sa Fhrainc, agus i Meiriceá mar shaingenre liteartha ar leith i lár an naoú haois déag... Fágann sin nach mórán de thús a bhí ag muintir an tsaoil mhóir fré chéile ar lucht na Gaeilge nuair a thug siadsan faoin bhfoirm áirithe scéalaíochta seo mar chuid den Athbheochan liteartha ag deireadh an naoú haois déag... Thuig nua-aoiseoirí forásacha mar Phádraig Mac Piarais agus Pádraic Ó Conaire ag an am go gcaithfí nualitríocht na Gaeilge a shuíomh i gcomhthéacs litríocht idirnáisiúnta comhaimseartha na linne. (Denvir & Ní Dhonnchadha 2000, 8)

Luaigh Mac Piarais é féin sa *Claidheamh Soluis* i 1906:

We would have our literature modern not only in the sense of freely borrowing every modern from which it does not possess and which it is capable of assimilating, but also in texture, tone and outlook. This is the twentieth century, and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century. (Mac Piarais 1906, 6)

Míníonn Ní Chionnaith seasamh Uí Chonaire freisin:

Bhí sé i ndiaidh nuascríbhinní an Bhéarla, na Fraince agus na Rúise a léamh agus bhí sé ag iarraidh modh nua smaointe agus scríofa a thabhairt isteach i litríocht na Gaeilge. Ba chéasadh intinne dó an chaoi a raibh lucht na hathbheochana ag ceangal na litríochta le scéalta seanchaite agus scéalta simplí i gcóir leanaí in ionad bheith ag tabhairt faoi cheisteanna doimhne tábhachtacha. Litríocht bhríomhar aibí a bhí ag teastáil uaidh. (Ní Chionnaith 1995, 304-305)

Ar ndóigh, bhí díospóireachtaí maidir leis an scéal béaloidis chomh maith mar mhúnla liteartha. Bhí na scríbhneoirí tuaithe atá faoi thrácht anseo den tuairim gur cheart go mbunófaí an litríocht ar ábhar a bhaineann leis an nGaeltacht agus leis an tuath, litríocht gurbh fhéidir le cainteoirí ionannú léi. Ba hiad na múnlaí idirnáisiúnta a theastaigh ó scríbhneoirí na gcathracha agus na mbailte móra áfach: “For other Revivalists, mostly town- and city-bred learners, the novel in Irish should, as a thoroughly European genre, confront contemporary Irish life in all its complexities as it was actually lived by the majority of the Irish people.” (O’Leary 2006, 252) Ar an iomlán, ghlac na scríbhneoirí tuaithe leis na múnlaí idirnáisiúnta, cé gur úsáid siad caint na ndaoine mar theanga a gcuid saothar. Scríobh siad úrscéalta agus gearrscéalta, chomh maith le scéalta béaloideas agus seanchais. Níor ghlac an Piarasach leis an scéal béaloidis mar iarracht fhiúntach litríochta áfach:

We hold the folk tale to be a beautiful and gracious thing only in its own time and place... literature *cannot* (and if it could), should not be built on the folktale. The folktale is an echo of old mythologies: literature is a deliberate criticism of actual life... Why impose the folk attitude of mind, the folk conventions of form on the makers of literature? (Mac Piarais 1906, 6)

Níorbh í ceist na teanga agus na múnlaí amháin a bhí ina n-ábhair dhíospóireachta, óir streachail na scríbhneoirí le buanna na scéalaíochta traidisiúnta agus éileamh na nualitríochta a láimhseáil chomh maith. Deir Ní Dhonnchadha i leith luathscríbhneoirí na hAthbheochana go gineáralta:

Ó thaobh na scéalaíochta féin de, is léir go raibh an dá shraith ann ar feadh na tréimhse uile, is é sin, saothar na gcaomhnóirí agus saothar na ‘gcumadóirí’. Ar thaobh amháin bhí na daoine a chleacht *rôle* an tseanchaí liteartha. Ba gheall leo bheith ag eachtraíocht ar a suaimhneas agus a fhios acu go raibh caitheamh aimsire á sholáthar acu do phobal muinteartha báúil... Ar an taobh eile bhí an dream a chaith dua le ceardaíocht na litríochta. D’fhéach an chuid ab fhearr agus ba choinsiasaí díobh le spiorad na nualitríochta a chur in iúl trí mheán na scéalaíochta. (Ní Dhonnchadha 1981, 9)

Ag cur na scríbhneoirí tuaithe san áireamh, is féidir a áiteamh go raibh an dá rud ar siúl acu ar shlí. Bhí siad ina gcumadóirí toisc go bhfuil mórán saothar cruthaitheach scríofa acu, idir phrós agus dhrámaíocht. É sin ráite, bhíodh an seanchas mar chuid de thiomlath an tsaothair chruthaithigh seo chomh maith, ag freastal ar a ndualgas mar chaomhnóirí dá bharr. Mar gheall air seo, ní féidir aontú go huile is go hiomlán le ráiteas Ní Dhonnchadha anseo, sa mhéid is go ndeir sí go raibh an dá dhream scartha óna chéile. Is féidir a rá go bhfuil sé seo fíor i leith cúpla scríbhneoir b’fhéidir, ach is ró-leathan an ráiteas é chun é a chur in oiriúint do gach aon scríbhneoir sa tréimhse, na scríbhneoirí tuaithe ach go háirithe. Má thógtar an t-úrscéal *Séadna* (1904) leis an Athair Peadar mar shampla, is úrscéal é, ach is scéal béaloidis atá ann i ndáiríre, ina dtagann an eachtraíocht agus ceardaíocht na litríochta le chéile. Bhí Ó Laoghaire ag iarraidh freastal ar an dá rud agus é ag scríobh an leabhair seo. Scríobh Mac Piarais:

The appearance of *Séadna* marks an epoch, for with it Ireland has once again become creative... in thought, and speech, and form, “*Séadna*” is so entirely original and characteristic, so much the product of an tAthair Peadar’s individuality, that it is, in the highest sense, a creation. (Mac Piarais 1904, 8)

Cuireann Nic Eoin leis an méid a deir Ní Dhonnchadha maidir leis na dúshláin a bhí ag na scríbhneoirí, ag míniú dúinn:

Ba é an mhórfhadhb a bhí le sárú ag nuascríbhneoireacht na Gaeilge, áfach, ná an bhearna idir réaltacht fhíorúil na litríochta agus réaltacht fhírinneach an tsaoil a bhí á chaitheamh ag an bpobal teanga a bhí ar chúl na litríochta céanna. (Nic Eoin 2005, 14)

Is cinnte go raibh seanfhilí an ochtú haois déag ina múnlaí dóibh freisin, filí cosúil le hAogán Ó Rathaille agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin, do Ó Duinnín ach go háirithe, toisc go mbíonn trácht orthu go minic ina chuid saothair. Ghlac Ó Conaire, mar shampla, le seánra na húrscéalaíochta is na gearrscéalaíochta go príomha agus é i mbun pinn, ach lean na scríbhneoirí tuaithe ar aghaidh le seánraí difriúla. Is cosúil mar sin go raibh siad teorainneach sa mhéid is nach mbeidís in ann gach aon phíosa saothair a d'fhoilsigh siad a thabhairt chun foirfeachta. Agus duine ag cáineadh agus ag tabhairt breithiúnais ar a gcuid saothar liteartha, áfach, b'éigean dó é seo a aithint.

Dá mhéid laigí a bhain lena gcuid saothar, ní féidir a shéanadh go bhfuil saibhreas agus luach ag baint leo freisin, go háirithe maidir leis an léargas a sholáthair siad ar an saol sa tréimhse, agus ar mheon na ndaoine i gcás iliomad cúrsaí; seasamh na ndaoine i gcúrsaí teanga is cultúrtha, chomh maith lena ngrá agus a ndílseacht féin dá gceantar dúchais, go fisiciúil is go maoithneach. Tagann sé seo leis an méid a deir Nic Eoin thuas, agus is cinnte gur éirigh leo cuid den réaltacht fhírinneach seo a bhaint amach ina gcuid saothar. Murach scríbhneoirí na hAthbheochana, ní bheadh aon spreagadh soláthraithe don dream a tháinig ar an bhfód ina ndiaidh peann a chur le pár, nó ní bheadh aon bhuncloch leagtha mar threoir dóibh. Maíonn Ní Dhonnchadha gur fiú staidéar a dhéanamh ar shaothar na ngearrscéalaithe, idir mhórscríbhneoirí agus mhionscríbhneoirí chun:

An comhthéacs liteartha agus cultúrtha as ar eascair scéalaíocht Mhic Phiarais, Uí Chonaire, mhuintir Mhic Grianna, Uí Rinn, Mhic Liammóir agus Uí Fharacháin (gan ach ainmneacha dornán údar a lua) a fheiscint, agus chun tuiscint níos beaichte a fháil ar an tírdhreach liteartha i gcoitinne, ar na constaicí a bhí le sárú ag na scríbhneoirí agus ar an dul chun cinn a deineadh. (Ní Dhonnchadha 1981, 10)

Tá Nic Eoin ar aon fhocal léi: “Is féidir breathnú ar nualitricht na Gaeilge mar chineál ar leith litrichta iarchoilíní- litricht pobail atá mionlaithe ina dtír féin agus a n-eascraíonn a sainléargas sóisialta óna dtaithe dhíreach ar phróisis an dfláithrithe agus an

imeallaithe.” (Nic Eoin 2005, 15) Is mór an tábhacht a bhaineann leis an ráiteas seo i gcomhthéacs litríocht na scríbhneoirí tuaithe. Bhí na scríbhneoirí mar fhinnéithe ar an bpobal iarchoilíneach seo. Bheadh taithí acu le mórán de phróiseas an choilíneachais, laghdú na teanga mar shampla ar an gcéim is bunúsaí. Caitheann na scríbhneoirí solas ar áiteanna imeallacha, a n-áiteanna dúchais féin, agus ar an tionchar agus an rian a d’fhág an iarchoilíneachas ar an tsochaí go háitiúil, is go náisiúnta.

1.5 An Náisiúnachas Polaitiúil agus an Conradh

Ar ndóigh, cé gur thosnaigh an Conradh amach mar ghluaiseacht neamhpholaitiúil agus neamhsheicteach, ba rud doshéanta é ar deireadh go n-éireodh leis an ngluaiseacht é seo a bhaint amach go fadtéarmach. D’áitigh Ó hEigceartaigh i 1918:

When the founders of the Gaelic League decreed that it should be non-political they made use of a somewhat misleading expression, what they had in their minds was being non-party... Politics have, however, a very real connection with the fortunes of the language, and as it was political changes which banished the language, so it is political changes which will ultimately create the conditions which will restore it. And in the broad sense, the language is, and it always has been, political... while remaining non-party. (Ó hEigceartaigh 1918)

Bhí cuid de na baill den tuairim gur cheart athbheochan na teanga a bhaint amach trí mheán cultúrtha, ach, bhí sé ag éirí soiléire, ar an gcéad dul síos nach mbainfí é seo amach go neamhpholaitiúil, agus, ar an dara dul síos, bhí níos mó ná athbheochan teanga amháin ag teastáil uathu. Bhí cuid acu ag éirí níos polaitiúla agus bhí siad ag iarraidh stát nua a bhunú sa tír, rud a bhí ag dul in aghaidh smaointeoireacht an Chonartha. Bhí éabhlóid an náisiúnachais lárnach san eagraíocht ach bhí an creideamh agus an pholaitíocht ag fáil an lámh in uachtar. Deir Kiberd:

It was, however, the unworldliness of Hyde’s analysis which led to the confrontation with radical Leaguers led by Pearse, who insisted that Ireland should be not merely free but Gaelic, not merely Gaelic but free, and that the two aspirations were inter-dependent. (Kiberd 1996, 152)

Ar ndóigh, bhí cuid mhaith de bhaill an Chonartha ina scríbhneoirí, ina n-eagarthóirí agus ina n-iriseoirí, fé mar atá i gcás Uí Laoghaire, Uí Dhuinnín, Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh. Bhí sé seo ag teacht le soláthar na litríochta Gaeilge, ach ag an am céanna, bheadh toradh ag ábhar a gcuid saothar ar a gcuid léitheoirí faoi seach. Is amhlaidh go raibh Ó Duinnín agus Conán Maol ní ba pholaitiúla ná na scríbhneoirí eile ón gceathrar. Dá bharr, bhí tionchar ag scríbhneoirí cosúil leis seo i bhfás polaitiúil an Chonartha.

Déanann Ó Duinnín trácht ar thacú na tionsclaíochta Éireannaí i *Saoghal i nÉirinn (1903)* agus tá sé polaitiúil go leor sa chaint a thugann sé air. Is é a bharúil go bhfuil easpa aontachta ann i leith na gné seo, nach mbíonn daoine ag tabhairt tacaíochta suntasaigh do tháirgí Éireannacha:

Ní chlaoidhmíd le chéile mar ba chóir dúinn. B’fheárr linn rud a cheannach ó Shasannach ná ó dhuine dár gcuid fola is feola féin... Annso ‘sa bhaile b’fheárr leo bróga lobhtha do cheannach ó fhear ó Líds, nó ó Northampton, ‘na bróga maithe, láidre do thógaint ó fhear bhocht dá sloinne féin, go mbeadh muirighean mhór air, agus é go lag-lámhach, gábhatarach. (Ua Duinnín 1903, 33)

Chuir Ó Duinnín aguisín lena leabhar *Native History in National Schools (1905)* chomh maith, a chuireann béim ar thionsclaíocht Éireannach arís. Scríobh ceathrar baill de Chumann Gaelach na Múinteoirí Náisiúnta an aiste seo, ina dtugann siad treoracha maidir leis na hábhair gur cheart a úsáid mar ábhar múinteoireachta sa seomra ranga, ag teacht leis an méid a dúirt Ó Duinnín thuas:

The Cumann desires that the teacher should give his object lessons mainly on the national products of the country, her industries and resources; and should, as far as possible, use in the school-room none other than Irish manufactured goods, from the school desk to the copybook, and teach the force and reasoning of these actions to the pupils. (Cumann Gaedhealach na Múinteoirí Náisiúnta 1905, iii)

Bhí gá ann tacaíocht a thabhairt do thionsclaíocht sa tír. Dá dtabharfaí tacaíocht di, sholathrófaí níos mó post sa tír, agus chosnófaí na cinn a bhí anseo cheana. Bhí daoine

den tuairim dá gceannódh duine rudaí eachtrannacha go raibh siad ag tabhairt droim láimhe lena ndaoine féin agus le slite beatha mhuintir na tíre agus ag tacú le tíortha eile. Bhí soláthar tairgí Éireannacha lárnach i rath an náisiúnachais chultúrtha toisc go mbeadh níos lú cleithiúnas ar thairgí eachtrannacha.

Is é barúil Uí Dhuinnín in *Lectures of the Irish Language Movement (1904)* gur cheart don rialtas tacaíocht airgeadais a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt d'athbheochan na Gaeilge, agus ní mó ná sásta atá sé le hiarrachtaí an rialtais go dtí seo:

The preservation of the Irish language as a living speech. This work, which in a normal condition of things, should occupy the attention of statesmen, and should be liberally subsidized by the public purse, is left to the zeal and energy of a private organization like the Gaelic League. (Ua Duinnín 1904, 32)

Tá guth an náisiúnachais chultúrtha go mór le brath ó *Lectures on the Irish Language Movement (1904)*. Cnuasach aistí atá sa leabhar seo a thug Ó Duinnín féin do chraobhacha Chonradh na Gaeilge mar fhoinsé inspioráide chun daoine a chur chun gnímh. Tá cosúlachtaí móra idir an Duinníneach sa tsraith seo agus óráid chumhachtach de hÍde i 1882 maidir lena dtóir ar charachtar náisiúnta. Téann athbheochan na Gaeilge lámh ar lámh le hathbheochan an chultúir. Maíonn sé:

With the cultivation of the language there is associated an effort to revive Irish games and pastimes, Irish manners and customs, as well as Irish industries. The language is the root on which all the other elements are grafted, and it is the language in its living state, and not the language as found in books and manuscripts, that is the true basis of this general national revival... It is the living word, and the living word alone, that possesses the spell that is powerful enough to call back the nation as a whole from the degrading life of foreign imitation, and give it strength and nerve to develop a native civilization... It must be made the vehicle of education, it must be used for all purposes of civilized life, it must be cultivated to the point of spontaneous literary expression, it must produce a literature, an audience of Irish readers must be created sufficient to ensure a reasonable circulation for Irish books and newspapers and magazines, and the Irish-reading public must be of sufficiently wide range to ensure a healthy diversity to the literary output. (Ua Duinnín 1904, 7)

Luaigh Nic Eoin i leith an leabhair seo: “Shamhlaigh an Duinníneach aidhmeanna polaitiúla leis an litríocht.” (Nic Eoin 1982, 21) An rud is suntasaí agus is soiléire ón

genuasach agus ó phlé an Duinnínigh ann ná an mhian áirithe atá aige carachtar náisiúnta a chruthú ionas go mbeadh sé ar chumas na nÉireannach iad féin a scaradh ó gach aon tír agus cine eile. Tá cúrsaí féiniúlachta go mór mór chun tosaigh agus cuireann sé an-tábhacht ar chruthú agus ar chun chun cinn na féiniúlachta seo:

The energy, the self-discipline, the courage, the heroism which are being called forth by that resolve, and which will continue to be called forth, are certain to brace up powerfully the entire race, to deepen the national characteristics that distinguish us from other peoples. (Ua Duinnín 1904, 23)

Luann sé cúrsaí sláinte na tíre agus go nglacann an teanga agus an cultúr páirt mhór ann: “The formation of national character, then, its development and its perpetuation is one of the most important of those problems on whose solution depends a nation’s well-being.” (Ua Duinnín 1904, 11) Déanann sé pearsantú ar an nGaeilge, ag tagairt di mar phearsa a chuir suas le cruatan is le daorsmacht fisiciúil: “It exhibits symptoms which its enemies pronounce to be the effect of old age, but which its friends know to be the effect of confinement, of torture, of privation, of starvation, of exclusion from the light of day.” (Ua Duinnín 1904, 18) Is cosúil leis an Éireannach é féin í an Ghaeilge sa mhéid is gur cuireadh síos í freisin agus gur baineadh a fuinneamh agus a croíúlacht di. Is foinse shaibhir í chomh maith, áfach, dar leis, agus cuireann sé an bhéim ar an tábhacht a bhaineann leis an teanga agus ar an ról atá aici sa saol: “It is the nurse of piety, of love of home and country, of every social and domestic virtue.” (Ua Duinnín 1904, 12)

Tá seasamh Chonáin Mhaoil i gcúrsaí náisiúnachais polaitiúla an-soiléir chomh maith, go háirithe ina úrscéal *Eoghan Paor* (1911). Luaigh Shán Ó Cuív fiú:

Má tá locht ar leabhraibh “Chónain Mhaoil” mar shaothar leiteardha, is é locht é ná go bhfuil an iomad gríosaithe polaitíochta ionnta agus go múchann an gríosadh san uaireanta smaointe eile atá nochtaithe aige, smaointe a bhaineann le háilneacht na tuatha agus le tréithibh fear agus ban... Ní dócha gur ag cuimhneamh ar an leitríocht a bhí an t-ughdar, ach ar an nGaedhilg do sgrí agus a smaointe féin ar chúrsaí na hÉireann do nochtadh d’fhonn daoine eile do spreagadh chun machnaimh agus chun gnímh ar son na tíre. (Ó Cuív 1933, 39)

Dá nascfaí an ráiteas seo lena leabhar *Eoghan Paor (1911)* is cinnte go bhfaighfí baint leis an méid a dúirt Ó Cuív. Cé gur féidir an leabhar a léamh ar chúpla leibhéal, níl aon dul as ach go bhfuil an leabhar breac le tagairtí polaitiúla, tagairtí atá i bhfad níos láidre, níos soiléire agus i bhfad níos spreagúla ná an méid a bhí á rá ag scríbhneoirí eile a linne. Is follasach go raibh aidhm pholaitiúil ag Conán Maol agus é ag scríobh an leabhair seo. Is féidir féachaint ar Chonán mar fhíorthírghráthóir sa leabhar. Tá íomhá de shaoirse is d'fhéiniúlacht na nGael á léiriú anseo, an smaoineamh ar leordhóthain na nÉireannach i suíomh lán-Ghaelach, gan éinne ag cur isteach orthu: “Ní chuirfimid isteach ar éinne agus ná cuireadh éinne isteach orainn. Beidh ceárduighthe ár ndóithin againn agus cothughadh dhúinn féin agus gan brath ná beann againn ar aon daoine eile.” (Ó Séaghdha 1911, 116) Is í an fhís atá ag Gobnait ná cnoic na tíre a cheannach agus daoine a chur ag cónaí orthu:

Ar fhéachais riamh ar Chnoc Tuirc agus ar cheapais leat féin go mbeathóchadh céad fear iad féin ar an gcnoc soin... Fá mar a dhéanfaidhe ar Chnoc Tuirc dhéanfaidhe ar chnocaibh eile na hÉireann. Sé a chuirfinn romham ‘ná Cumann Cnoc a chur ar bun-do cheapfá go bhfuil breis ia ár ndoithin Cumann againn cheana féin- acht mar sin féin, chuirfinn-se an Cumann so áirithe leo agus cheannóchainn na cnuic ar fad glan amach... Is amhlaidh a thógfainn na fir na mná i gcomhair seilbh na gcnoc sain a ghlacadh agus ní thógfainn aon duine ná beadh Gaedhilge aige. (Ó Séaghdha 1911, 91-92)

Rithfeadh dán W.B. Yeats, *The Lake Isle of Innisfree (1890)* leat nuair a scagtar mian Chonáin Mhaoil anseo sa mhéid is go raibh an bheirt acu ina gcónaí i Londain ag iarraidh filleadh abhaile, agus ba mhaith le Yeats filleadh ar ais go hÉirinn freisin, ag trácht ar an noiséan de leordhóthain chomh maith: “I will arise and go now/ and go to Innisfree, And a small cabin build there, of clay and wattles made/ Nine bean-rows will I have there, a hive for the honey-bee/ And live alone in the bee-loud glade.” (Yeats 1890, 1-4) Tá an ghné den teanga áfach lárnach i mian Chonáin Mhaoil i gcodarsnacht le Yeats. Feicimid Gobnait, an príomhcharachtar, ag cur ranganna Gaeilge ar fáil i Londain agus í, chomh maith le hiliomad daoine eile, ag freastal orthu. Measann Gobnait go

bhféadfadh sí agus Eoghan Paor filleadh ar ais go hÉirinn agus go mbeidís in ann Éire a shábháil le ceannach na dtalún i gCiarraí diaidh ar ndiaidh go dtí go gcuirfí an ruaig iomlán ar na Sasanaigh agus ar na tiarnaí talún sa tír.

Tá leid pholaitiúil shoiléir sa leabhar chomh maith chun daoine a chur chun gnímh. Maíonn Conán Maol ann gur cheart do dhaoine rudaí a dhéanamh as a stuaim féin in ionad a bheith ag fanacht timpeall do dhaoine eile aghaidh a thabhairt ar rudaí. Deir sé é seo i gcomhthéacs aincheist Eoghain agus Ghobnait sa scéal: “Is beag an bhrígh bheith ag brath ar chabhair dhaoine eile chum ár ngnótha a dhéanamh dúinn.” (Ó Séaghdha 1911, 91) Is féidir é seo a léamh go gceapann sé gur chóir do na hÉireannaigh freagracht a ghlacadh agus athrú a bhaint amach sa tír, ag dul i dtreo mhian an náisiúnachais pholaitiúla. An rud is suntasaí faoin leabhar is ea go n-úsáidtear Gobnait mar mheafar d’Éire. Seasann a fuinneamh agus a cumas don tír, fé mar a mhaígh Ó Cuív ina leith: “Samhla nó allegory is ea é ‘na nochtann an t-ughdar a aigne féin i dtaobh saoirse na hÉireann agus comhlacht na nGall. Do shamhlaigh sé Éire i riocht mná óige i gCill Airne.” (Ó Cuív 1933, 38)

Deirtear rud suimiúil faoi na hÉireannaigh sa leabhar freisin, mar gheall ar an gcion a thaispeánann siad do rudaí áirithe sa saol:

Bíonn cion aca ar a dteaghlach féin nó ar a bhfeirm, agus is cuma leo cad imtheochaidh ar an gcuid eile dhe’n tír. Ní cóir cine-shearc nó tír-ghrádh a thabhairt ar a leithéid sin de cion. Is cosmhail é le cion an mhadraidh dhá theinteán féin. (Ó Séaghdha 1911, 117)

Is é atá á rá aige anseo ná go bhfuil aontacht agus aire níos leithne ag teastáil ó mhuintir na tíre, agus gur chóir dóibh a n-aire a dhíriú ar rudaí níos faide ó bhaile. Is é a thuairim ná dá mbeadh an tsuim chéanna acu i gcúrsaí na tíre agus i gcur chun cinn an náisiúnachais chultúrtha ná mar atá acu ina gcuid feirmeacha, ní bheadh aon fhadhb agus

d'Éireodh leis an tír í féin a atógáil. Is focail láidre iad na focail seo, sa mhéid is go gcuireann Conán Maol cion na nÉireannach dá dtír i gcomparáid le cion mhadra.

Rinne O'Leary trácht ar an ngné seo i saothar Chonáin Mhaoil, é ina cheannródaí ar shaothar stairiúil na Gaeilge dar leis, ach is féidir an tagairt seo a nascadh le scríbhinní Uí Dhuinnín chomh maith:

The revivalists' creative works set in the Irish past contributed significantly to the liberation of the new Gaelic literature from a paralyzing reliance on contemporary rural subjects and themes, and established a tradition of historical fiction and drama that continues to the present. None of the historical works of our period are aesthetically successful, most are factually flawed and ideologically muddled, but all contributed to that sense of a proud national identity that was perhaps the chief legacy of the "harmless cultural nationalists" of the early Gaelic League... contemporary readers and audiences saw a half-forgotten, half-suppressed hidden Ireland restored to life, dignity, and relevance. (O' Leary 1994, 220)

Ní chuirfí síos ar an Athair Peadar mar dhuine polaitiúil óna chuid scríbhinní, ach is cinnte gur féidir a áiteamh go raibh a bhaint le Cumann na Talún mar fhianaise ar thaobh níos réabhlóidí agus níos polaitiúla dá shaol. Nochtar a bhaint leis an gCumann seo ina dhírbheathaisnéis, *Mo Scéal Féin (1915)*. Bhí baint aige leis An Cumann Frith-Imirceach chomh maith, rud nach bhfuil luaite aige sa leabhar. Déanfar plé níos leithne air seo níos déanaí sa tráchtas.

Is léir ón méid seo an tionchar ollmhór a bhí ag Conradh na Gaeilge ar chúrsaí teanga agus chultúrtha na tíre. Bhí obair fhiúntach ar siúl faoi dheireadh chun dul i ngleic leis an easpa litríochta, chomh maith le forbairt an charachtair náisiúnta. Bhí bród agus féiniúlacht á athmhúscailt i muintir na tíre. Ar ndóigh, bhí an náisiúnachas polaitiúil ag tabhairt chun críche i measc Chonraitheoirí na Gaeilge chomh maith, rud a bhí ag réiteach an bhealaigh do ghníomhartha níos réabhlóidí. Bhí Éire Ghaelach á lorg ag bail an Chonartha, ach bhí Éire shaor á lorg freisin, fé mar is léir ó pháosa de scríbhinní na scríbhneoirí tuaithe. Is cinnte go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint le scríbhinní na

scríbhneoirí tuaithe chomh maith, toisc go dtaispeánann siad a seasamh, seasamh Uí Dhuinnín agus Chonáin Mhaoil ach go háirithe, i gcúrsaí náisiúnachais chultúrtha agus polaitiúla na linne.

Caibidil 2: Beathaí agus Cúlraí na nÚdar

Sa chaibidil seo, soláthrófar cuntas ar bheathaí agus ar chúlraí na n-údar atá á staidéar agam sa tráchtas seo. Is iad an tAthair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920), an tAthair Pádraig Ó Duinnín (1860-1934), Pádraig Ó Séaghdha (Conán Maol) (1855-1928) agus Pádraig Ó Séaghdha (Gruagach an Tobair) (1864-1955) na húdair a bheidh faoi chaibidil. Déanfar plé ar chúlraí na scríbhneoirí, mar aon lena mbeathaí ó thaobh a gcuid oideachais agus a slite beatha de. Tá níos mó eolais bheathaisnéisigh le fáil ar an Athair Peadar de bharr a dhírbheathaisnéise *Mo Scéal Féin* (1915), agus ar an Duinníneach de bharr a bheathaisnéise *An Duinníneach: A Shaol, a Shaothar agus an Ré inar mhair sé* (1958). Is níos lú an eolais atá ar fáil ar Chonán Maol agus ar Ghrugach an Tobair araon áfach, toisc nach bhfuil a leithéid scríofa fúthu. Tá eolas beathaisnéiseach ar Chonán Maol agus ar an nGruagach ar fáil ó thuairiscí comhaimseartha atá againn ó lucht aitheantais agus tá eolas ar fáil sna leabhair *Beathaisnéis: 1882-1982; Vol 1* (1986) agus *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 Anuas* (1936) ach níl an t-eolas seo chomh faisnéiseach is atá eolas beathaisnéiseach Uí Laoghaire agus Uí Dhuinnín.

2.1 An tAthair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920)

Rugadh é ar an 30ú Aibreán 1839 i Lios Carragáin i gceantar Mhaigh Chromtha, Co. Chorcaí. Is mór an buntáiste é a dhírbheathaisnéis *Mo Scéal Féin* (1915) ó thaobh a eolais bheathaisnéisigh de, cé nach luaitear mórán faoi bhlianta luatha a óige ann. Cur síos ar a shaol mar ógánach, mar mhac léinn, mar shagart, mar Chonraitheoir agus mar dhíograiseoir atá sa leabhar. Fuair Torna locht ar mhacántacht an leabhair, áfach:

Ba mhaith an cuimhneamh ag an Athair Peadar scéal a bheatha d'fhágaint ag Gaedhealaibh, ach níor thug sé leath de sgéal a bheatha insan leabhar san. Níl ann ach iarracht chun na ndaoine a bhíodh á ghríosadh chuige do shásamh. (Ó Donnchadha 1939, 17)

Déanann Ó Céirín an pointe seo chomh maith, maidir le macántacht agus cruinneas an eolais a thugtar: “Ní mórán muiníne a bheadh agat as an leabhar mar chuntas fíorasach.” (Ó Céirín 1973, 22)

Teaghlach tuaithe tipiciúil a bhí ann. B’fheirmeoir é a athair, cosúil le tromlach an phobail sa cheantar ag an am. Cuireann sé in iúl dúinn sna chéad leathanaigh gur shíolraigh sé ó phór uasal¹¹, ag teacht le ráiteas Uí Chéirín ina leith: “Cheap daoine go raibh sé caolaigeanta agus go raibh postúlacht ag baint leis.” (Ó Céirín 1973, 5) Cuirtear ar an eolas muid nach raibh an t-uafás airgid acu, agus nach raibh siad ach ag maireachtáil chun íoc as an gcíos. Tógadh é i lár an Ghorta Mhóir, ag míniú an fhátha nach raibh airgead nó bia go flúirseach acu, cé go n-admhaíonn sé chomh maith go raibh daoine ann a bhí i bhfad níos measa ó thaobh bia agus airgid de.¹² Cuimhníonn sé daoine ag teacht chuig a theach féin sa bhaile ag iarraidh déirce agus é ina pháiste óg:

Tháinig buachaill an doras isteach. Chonaic mé an aghaidh a bhí air agus an scéin a bhí ina dhá shúil, scéin ocras. Tá an aghaidh sin agus an dá shúil sin os comhair m’aigne anois chomh soiléir agus a bhí siad an lá sin... Thug duine éigin canta aráin dó... Sháigh sé an t-arán ina bhéal, agus dhírigh sé ar an arán a ithe le hairc, i dtreo gur dhóigh leat go dtachtfadh sé é féin. (Ua Laoghaire 1915, 34)

Is cinnte go raibh traidisiún na scéalaíochta go láidir ina cheantar. Tugann sé cúpla scéilín sa leabhar ar dhaoine agus iad ag insint scéalta sa teach. Luann sé bean dárbh ainm Peig, agus insítear dúinn gurbh uaithi a chuala sé an scéal *Séadna*, scéal a bhí mar fhoinsé an leabhair a d’fhoilsigh sé blianta ina dhiaidh sin. (Ua Laoghaire 1915, 17) Cuireann sé síos ar fhear eile, seanDhiarmaid Ó Laoghaire, a thagadh chuig an teach ag insint scéalta freisin: “Thagadh sé féin agus an gadhar go minic mar sin chugainn, nuair

¹¹ Féach ar na lgh. 7-14 i *Mo Scéal Féin (1915)*

¹² Féach ar na lgh. 32-42 i *Mo Scéal Féin (1915)* agus na cur síosanna a thugann sé ar fhulaingt an phobail le linn an Ghorta.

a bhíodh na hoícheanta fada ann, agus thugadh sé tamall de thosach na hoíche ag caint agus ag insint seanscéalta.” (Ua Laoghaire 1915, 25)

Ó thaobh chúrsaí oideachais de, is cinnte go bhfuair sé caighdeán maith oideachais. Ba sa bhaile go dtí aois a trí déag a bhfuair sé a chuid oideachais, óna mháthair, toisc go raibh an scoil áitiúil “cúig mhíle móra” uathu. (Ua Laoghaire 1915, 31) Bean an-oilte ab ea í. Fuair sí a cuid oideachais i gCill Airne agus ina dhiaidh sin chuaigh sí go scoil a dearthár i gCeann Toirc chun Béarla agus Fraincis a mhúineadh ann. Insíonn Peadar dúinn gur thosnaigh sí ag múineadh Béarla dó chomh luath agus a bhí sé in ann é a shealbhú, agus thosnaigh sí ar an bhFraincis leis ina dhiaidh sin. (Ua Laoghaire 1915, 30) Tá a fhios againn chomh maith ón gcéad chaibidil den tráchtas go raibh cur amach maith aige ar an nGaeilge ó aois óg. Bhí buntáiste ag Peadar mar gheall ar an mBéarla a múineadh dó. Dar leis, bhí Béarla breá ag a mháthair, i bhfad ní b’fhearr ná caighdeán an Bhéarla sna scoileanna: “Bhí an Béarla go bríomhar aici, ní b’fhearr go mór agus ní ba chruinne, agus ní ba chuirte, ná aon Bhéarla a mhúintí sna scoileanna.” (Ua Laoghaire 1915, 31) D’oibríodh sé amuigh ar an bhfeirm i rith an lae agus um oíche mhúineadh a mháthair ceachtanna dá páistí. (Ua Laoghaire 1915, 43) Lean é seo go dtí go raibh Peadar trí bliana déag. Ba ag an aois seo a cuireadh ar scoil é, agus faoin am seo bhí leabhair Bhéarla ar nós Shakespeare, Milton agus de Rudeki de ghlanmheabhair aige.

Thosnaigh Peadar ar scoil i gCarraig an Ime, agus tugtar le fios dúinn go raibh neamhchinnteacht ann i dtosach maidir le cén rang ina gcuirfí é de bharr an mhéid eolais a bhí aige roimh ré. Ba mhinic a bhíodh sé ag múineadh rudaí do na buachaillí eile ina rang fiú. Luann sé go raibh Gaeilge bhreá ag na buachaillí go léir ina rang agus ag a mhúinteoir scoile freisin. Mar aon leis seo, ba Ghaeilge amháin a labhraítí sa séipéal le linn an Teagaisc Chríostaí a d’fhaighidís ar scoil. Cuireann sé leis seo, ag rá gur mhinic a théidís chuig an séipéal sin ar an Domhnach chun éisteacht leis an tseanmóir bhreá

Ghaeilge a bhíodh ag an sagart. (Ua Laoghaire 1915, 43-46) Rud suimiúil atá luaite aige is ea gur cuireadh ar scoil i Maigh Chromtha é cúpla bliain ina dhiaidh toisc go raibh ard-cháil uirthi. Smaoineamh a athar ab ea é an t-athrú seo a dhéanamh, toisc go raibh dúil aige sa léann, rud nach raibh ró-choitianta ag feirmeoirí beaga tuaithe na laethanta sin. Chaith sé seal ann go dtí go gcuirtear ar an eolas muid go ndúirt an múinteoir ann leis nach raibh a thuilleadh le múineadh dó. Is cinnte gurbh fhear an-eirimiúil é agus d'aithin an múinteoir an tréith sin ann. Labhair an múinteoir le hathair Pheadair chun a chinntiú nach gcoimeádfaí sa bhaile é agus gur chóir é a chur go Maigh Nuad. D'fhreastail Peadar ar scoil Laidine i Maigh Cromtha agus ansin chuaigh sé go dtí scoil mhór le rá, Coláiste Cholmáin, ar feadh bliana. Thosnaigh sé i Maigh Nuad i 1861. Luann sé ag tús an leabhair gurbh é seo an tslí bheatha ar theastaigh uaidh tabhairt faoi i gcónaí:

Chomh luath agus a bhíonn aon chiall ag teacht do leanbh, is gnách daoine a bheith ag cur na ceiste chuige cad í an ghairm bheatha a bheadh aige nuair a bheadh sé mór. Is cuimhin liom go maith an cheist sin a bheith á cur chugam féin go fórmhínic. Ní cuimhin liom go raibh aon fhreagra riamh agam le tabhairt ar an gceist ach an t-aon fhreagra amháin, .i. gur i mo shagart a bheinn. (Ua Laoghaire 1915, 32)

Ba sa choláiste a thug sé an baol a bhí ar an nGaeilge faoi deara. Agus é sa bhaile i gCorcaigh, deir sé nach bhfaca sé aon bhaol ina leith.¹³ Ba í an mhalairt a bhí fíor i measc na mbuachaillí i Maigh Nuad áfach. Ní raibh focal Gaeilge ag cuid acu fiú. Bhí sé meáite ar a chuid Gaeilge féin a choimeád, gan mhórán cabhrach ó Mhaigh Nuad. Thosnaigh sé ag léamh leabhar Gaeilge le linn a thréimhse ann: “An chuid ba mhó de na buachaillí eile, nuair a d’fheicidís an obair a bhíodh ar siúl agam, ní dhéanaidís ach a gceann a chroitheadh agus gáire a dhéanamh agus scaoileadh liom.” (Ua Laoghaire 1915, 88) Le linn an ama seo, bhí thréimhse ann a cheap sé gur chur amú ama é a chuid staidéir Gaeilge

¹³ Nuair a bhí sé ina shagart níos déanaí áfach, thug sé faoi deara nach raibh focal Gaeilge ag na múinteoirí náisiúnta i gCill Sheanaigh: “Bhí ceithre scoil “náisiúnta” sa pharóiste, agus ní raibh oiread agus aon fhocal amháin Gaeilge ag aon duine de na múinteoirí a bhí ag múineadh sna scoileanna sin” (Ua Laoghaire 1915, 121).

toisc gur thuig sé go raibh sí ag fáil bháis ar aon nós agus nach mbeadh sé mar bhuntáiste dó mar sin í a bheith sealbhaithe aige. D’fhorbair sé a ghrá di tamall ina dhiaidh sin, áfach, de bharr rath aiste a scríobh sé.¹⁴ Thosnaigh sé ar leabhair Ghaeilge a léamh agus ar bhailiú amhrán is seannathanna Gaeilge óna chuid comharsan sa bhaile ansin.

Oirníodh é mar shagart sa bhliain 1867 agus cuireadh go paróiste Chill Sheanaigh, Co. Chorcaí é. D’fhan sé ann ar feadh thart ar bhliain amháin. Cuireadh go Cill Uird é ansin ar feadh ceithre bliana. Níor ghnó sagairt amháin a bhíodh ar siúl aige agus é lonnaithe ann. Fear gníomhach i measc na bparóisteach ab ea é. Le linn a thréimhse ann, thug sé fadhb an ólacháin sa cheantar faoi deara.¹⁵ Chomh maith leis seo, d’éirigh sé soiléir dó go mbíodh drochfhúadar faoi na buachaillí óga ann toisc nach raibh a lán rudaí le déanamh san áit. Shocraigh sé air go dtiocfadh sé ar réiteach chun an dá fhadhb seo a chloí. Rinne sé iarracht staonadh ón alcól a chur i bhfeidhm sa cheantar agus bhunaigh sé leabharlann sa bhaile chun dul i ngleic le hiompar na mbuachaillí óga. Saghas institiúid léinn ab ea an leabharlann seo ina dtugadh na buachaillí faoi léitheoireacht Ghaeilge is Bhéarla. Slí ab ea an leabharlann sin chun iad a ghríosadh i dtreo an staonta chomh maith.

Chuaigh sé go Ráth Chormaic ina dhiaidh sin ar feadh dhá bhliain. Bhíodh an obair chéanna ar siúl aige ann chomh maith, ach ní raibh aon Ghaeilge á labhairt ar an tsráid sa bhaile seo. De bharr sin, thosnaigh sé ag múineadh Gaeilge do na buachaillí a bhfreastalaíodh ar an leabharlann. Thug sé bua an cheoil faoi deara i gcuid acu agus rinne sé a dhícheall chun é seo a fhorbairt freisin. (Ua Laoghaire 1915, 127) Cuireadh é go Maigh Chromtha ansin agus bhí an-éileamh ar fhoghlaim na Gaeilge ann de bharr

¹⁴ Tá Ó Céirín in amhras faoi seo, áfach. Deir sé ina leabhar *An tOilithreach Gaelach; Treoir don leabhar 'Mo Scéal Féin' (1973)*: “Is cosúil go ndéantar leasú ar an bhfírinne fhíorasach i *Mo Scéal Féin* mar shampla ní seisean a bhuaigh an duais aonair i gColáiste Mhá Nuat.” (lgh. 90-91)

¹⁵ Féach ar an bplé a dhéantar ar chúrsaí ólacháin i gCaibidil 4 den tráchtas

litreach a tháinig ó Bhaile Átha Cliath faoi chumann a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a choimeád beo. Níor mhaith leis an sagart paróiste an obair seo a bhíodh ar siúl ag Peadar sa cheantar, áfach, agus níorbh fhada gur tháinig litir ón Easpag ag iarraidh ar Pheadar bogadh ón áit arís. Lonnaigh sé é féin sa Ráth dá bharr agus bhunaigh sé scoil Laidine ann. Bhí staonadh an ólacháin i bhfeidhm ann freisin.

Tá rian an Ghorta agus na ndíshealbhuithe fós le sonrú i saol Pheadair agus pléann sé cúrsaí talún agus íocaíocht an chíos freisin. Bhíodh an-bhrú ar dhaoine ó thaobh íocaíocht an chíos de. Chuir siad ceisteanna ar na tiarnaí an cíos a ísliú chun cabhrú leo ach níor aontaigh siad le lacáiste a thabhairt agus bhí eagla ar Pheadar ansin nach seasfaidís a bhfód. Bunaíodh Cumann na Talún sa bhliain 1879. Tugann Hull le fios gur bunaíodh an cumann seo chun cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí tionóntacha chun a gcuid talún féin a shealbhú agus chun deireadh a chur le córas na dtiarnaí talún sa tír. (Hull 1931) Bhí Peadar ina Chathaoirleach ar Chumann na Rátha. De bharr na ndíospóireachtaí a bhíodh ar siúl mar gheall ar phraghas an chíos, cuireadh cúpla duine i bpriosún ón Ráth de bharr a n-iompair foréignigh. Thosnaigh Peadar ag bailiú airgid d'fhonn iad a scaoileadh. Rud neamhchoitianta do shagart a linne bheith ag glacadh páirte i ndíospóireachtaí mar seo ab ea é.

Ina dhiaidh seo, cuireadh go Cill Uird é arís nuair nach raibh an tEaspag sásta leis an iompar a bhí ar siúl aige sa Ráth. Thosnaigh a shláinte ag cur isteach air sna blianta ina dhiaidh sin agus thug sé an obair scoile suas dá bharr chun díriú ar a chúraimí sagairt amháin. Chaith sé tréimhsí i mBaile an Mhistéalaigh, i nDún ar Aill agus i gCaisleán Ó Liatháin. Timpeall na bliana 1893, thosnaigh sé ag obair ar son na Gaeilge go poiblí i mBaile Átha Cliath toisc gur tuigeadh dó go raibh 'caint na ndaoine' i mbaol agus nach raibh mórán ábhar léitheoireachta Gaeilge ar fáil. Dar le Ó Raghallaigh:

Crann os coill ba ea an tAthair Peadar i measc lucht na hAthbheochana ar mhórán slite, ach cuimhnítear go háirithe ar an obair éachtach a rinne sé chun caint bheo na ndaoine a shaothrú mar mheán sofaisticiúil do theanga scríofa na Gaeilge. (Ó Raghallaigh 2015, 5)

Ó thosach, bhí sé den tuairim go raibh cinniúint na Gaeilge ag brath ar an aos óg agus, mar gheall air sin, bheartaigh sé ar leabhar oiriúnach a scríobh dóibh, le caint a mbeadh so-aitheanta dóibh. Ba ón smaoinemh seo a tháinig *Séadna (1904)* amach. Is cinnte gurbh fhear mór é i saol na Gaeilge ó thús *Séadna (1904)* go dtí deireadh a shaoil. Ba mhór an pháirt a ghlac sé i ndíospóireachtaí a bhain leis an nGaeilge agus leis na fadhbanna a bhain le cúrsaí teanga go ginearálta. Dar le Tadhg Ó Donnchadha: “ní féidir a shéanadh nach é an tAthair Peadar do chuir tosach ar an nua-litríocht atá againn sa Ghaedhilg.” (Ó Donnchadha 1939, 5) De bharr an mhéid oibre ar éirigh leis a bhaint amach ar mhaithe na Gaeilge, bronnadh saoirse chathair Bhaile Átha Cliath air sa bhliain 1912, agus bronnadh saoirse chathair Chorcaí air blianta ina dhiaidh sin. Sna cúig bliana is fiche deiridh dá shaol, d’éirigh leis breis is daichead leabhar d’uile cineál a chur amach. (Breathnach & Ní Mhurchú 1990, 120) D’éag sé ar an 20ú Márta 1920. Cuireann Ó Donnchadha an dearcadh a bhí ag muintir na tíre ina leith in iúl dúinn:

Na Gaedhil go raibh aithne mhaith acu ar an Athair Peadar, agus a dhein coidreamh leis ‘na thigh féin, táid go léir ar aon fhocal ‘na thaobh so: gur shagart cráibhtheach, démhóideach é; gurbh’ fhear séimh, gealgháiriteach, ag a raibh éirim aigne agus géire inntleachta thar an gciotchiantacht, ach san am chéadna chomh simplidhe le leanbh. (Ó Donnchadha 1939, 31)

2.2 An tAthair Pádraig Ó Duinnín (1860-1934)

Rugadh an tAthair Pádraig Ó Duinnín ar an 25ú Nollaig 1860, sa Charn, ceithre mhíle siar ó dheas ón Ráth Mhór, Co. Chiarraí. Bhí sé ina chúigiú páiste de sheachtar buachaillí agus de thriúr cailíní. (Breathnach & Ní Mhurchú 1992, 96) Pobal tuaithe ab ea a mhuintir dúchais agus níorbh ach móinteán i dtromlach an talaimh a bhí ag a theaghlach féin sa bhaile. Bean fhíorchráifeach ab ea a mháthair, chomh thar fóir leis uaireanta gur chuir an taobh sin di isteach ar ghnáthchúrsaí an teaghlaigh, fé mar a insíonn a

bheathaisnéisithe dúinn: “Tríd is tríd, idir an díshealbhú agus an bochtanas agus róchráifeacht na máthar, ní raibh saol tinteáin na nDuinníneach óg le maíomh orthu. Ba mhí-oiriúnach an t-ullmhúchán don ghnáthshaol é.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 38) Tugtar le fios dúinn ina bheathaisnéis go raibh sé de nós aici dul go dtí an baile mór agus leabhair bheaga spioradálta nó leabhair dhéabhóideacha a fháil mar ábhar léitheoireachta dá paistí. Ba é seo tús an léinn a bhí ag Ó Duinnín agus ag páistí eile na clainne. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 38) Féadtar a rá gur cosúil go bhfuair an Duinníneach a dhúil sa chreideamh óna mháthair. Bheartaigh sé ar dhul leis an sagartóireacht. Deir a bheathaisnéisithe: “is ar éigean a d’fhéadfaí aon phobal eile a lua a sholáthraíonn a oiread sagart i gcomparáid le líon na ndaoine.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 55)

Dar le Ó Conluain agus Ó Céileachair, is féidir scagadh a dhéanamh ar an Duinníneach ar chúpla leibhéal:

Bhí ceathrar Duinníneach éagsúla ar a laghad ann sa bhreis is seachtó bliain dár mhair sé- an Ciarraíoch i Sliabh Luachra, an tÍosánach, an Conrathóir, an cadhan aonraic, agus go leor eile a mbeadh sé deacair aon lipéad aitheantais ar leith a chur leo... mar aon le Duinnínigh na litríochta agus na scoláireachta. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 25)

Fear intleachtúil, díograiseach, léannta ab ea é. Ba scoláire diongbháilte agus Conraitheoir gníomhach é chomh maith. Luaitear ina bheathaisnéis gur dheacair do dhaoine aithne iomlán a chur air. Dar leo, ní nochtar mórán dá scéal nó dá aigne ina shaothar próis nó filíochta ach an oiread: “Scríobh sé roinnt éigin filíochta a cuireadh i gcló ach ba dheacair a rá, tar éis duit a léamh, cén sórt duine a scríobh í.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 80) Bhí rúndiamhracht ag baint leis, agus níor theastaigh uaidh mórán eolais a roinnt i leith a shaoil príobháidigh. Bhí greannmhaireacht ag baint leis chomh maith, fé mar a scríobh Béaslaí síos air in *The Leader*:

Bhí pearsantacht aige a bhí chomh láidir, chomh neamhghnáthach, chomh feiniúil agus chomh inspéise a bhí ag Pádraic Ó Conaire... B'fhurasta labhairt ar a aistíl phearsanta, an nós a bhí aige bheith ag caint leis féin sa Leabharlann Náisiúnta nó in Acadamh Ríoga na hÉireann. (Béaslaí 1941)

Sa bhliain 1880, chuaigh Ó Duinnín isteach sa Nóibhíseacht i mBaile Átha Cliath. Bhí se ina Íosánach ar feadh fiche bliain. Deirtear, áfach, gur chaith sé cuid mhaith den am sin breoite, lena bheathaisnéisithe ag maíomh gurbh í breoiteacht aigne a bhí ag cur isteach air, an t-amhras a bhí air i leith a oiriúnachta don Chumann. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 81) Scar sé ón gCumann i 1900. Chláraigh sé mar mhac léinn matamaitice i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath, agus bhí bua na matamaitice aige. Bhain sé BA agus MA amach, agus chaith sé tréimhse ag múineadh chomh maith go dtí gur chríochnaigh sé a chúrsa diagachta. Bhain sé céim amach sa Bhéarla agus sa Laidin freisin. Mar thoradh air seo, bheadh go leor ábhar Béarla léite aige timpeall an ama sin, agus maítear gurbh fhéidir tionchar a staidéir ar litríocht an Bhéarla a fheiscint ina chuid saothar níos déanaí. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 98)

Mhúscaíl an tAthair Eoin Cathmhaolach Mac Fhir Léinn suim Uí Dhuinnín sa Ghaeilge. Ba mhinic a bhuaíl siad le chéile agus théidís chuig an leabharlann i Maigh Nuad le chéile gach Domhnach chun féachaint ar na lámhscríbhinní a bhí ann. Bhíodh an Ghaeilge ina hábhar comhrá acu agus iad ar an aistear ann in éineacht lena chéile. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 103) Go nuige sin, níor thaispeáin an Duinníneach mórán suime sa Ghaeilge, ach níor thúisce é ina chomhluadar agus iad ag obair ar ábhar Gaeilge, gur bheartaigh sé go raibh sé “virtually obligated to reveal his hoard to an unsuspecting and unknowing country.” (O'Connell 1984, 3) Chreid an Duinníneach go mór i gcás na Gaeilge don mheánoideachas. Chreid sé gurbh ábhar ar leith í agus gurbh fhiú í a chur ar chomhchéim leis an bhFraincis agus le teangacha iasachta eile sa mheánoideachas. Ghlac Ó Duinnín páirt sna díospóireachtaí sin ina leith.

Bhí baint mhór ag an Duinníneach le Conradh na Gaeilge idir an tréimhse 1900–1909. Bhí sé ina cheannaire ar Chraobh an Chéitinnigh, agus bhí sé ina bhall den Choiste Gnó agus de na fochoistí a raibh cúraimí an litrithe, an oideachais, na timireachta agus na bhfoilseachán orthu. Tugann Breathnach le fios dúinn gur leag an chraobh seo níos mó béime ar chaint na ndaoine: “The Keating branch wished to place greater emphasis on the native speaker, and on the principle that travelling teachers in Gaeltacht areas, not organisers, should have priority.” (Breathnach 2005, 7)

Tar éis dó an Cumann Íosa a fhágaint, bhí an t-am aige a chuid iarrachtaí a dhíriú ar an nGaeilge agus freastal ar ráchairt na léitheoireachta Gaeilge. Ba thimpeall na bliana 1899 a thosnaigh suim an Duinnínigh i saothrú na Gaeilge. Thosnaigh sé ag bailiú dánta Aogáin Uí Rathaille agus cuireadh a chéad saothar i gcló sa bhliain chéanna. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 120) Sheoladh sé ábhar isteach chuig Coiste na bhFoilseachán, agus níorbh fhada go raibh sé ina mhórphearsa i saol na Gaeilge: “as the century closed, Dineen was in a ferment of zeal and activity for the Irish language.” (O’Connell 1984, 3) Ba mhínic a thug sé léachtaí ar ghnéithe éagsúla ar chúrsaí Gaeilge, agus stiúraigh sé ranganna Gaeilge agus staire do bhaill an Chonartha. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 150) Ar ndóigh, tá an cháil is mó air de bharr a obair foclóireachta. Is féidir tionchar an domhain IarGhorta a aithint ar Ó Duinnín chomh maith sa tslí is go raibh dúil ar leith aige i gcúrsaí airgid, go háirithe agus é i mbun shaothar a fhoclóra: “Dineen’s financial requirements greatly exceeded all initial estimates. The final cost of the publication was about £900 of which £500 was for the editor and his assistants”, cé nár thug sé ach méid suarach dóibh dá n-iarrachtaí sa deireadh. (Ó Riain 2005, xii)

Bhí sé ar an eolas faoi mheath Ghaeilge na Gaeltachta agus bhíodh sé de shíor ag iarraidh dul i ngleic leis an bhfadhb. Leag sé tábhacht ar an nGaeltacht agus ar ról an chainteora dúchais i gcaomhnú na Gaeilge mar aon le páirt na Gaeilge sa náisiúnachas cultúrtha.

Tacaíonn an ráiteas seo uaidh i 1902 leis an tábhacht a leag sé ar chaint na ndaoine agus ar an traidisiún scéalaíochta. Cheap sé gurbh fhiú tarraingt astu mar mhúnlaí d'fhonn nuaphróis a shaothrú:

Níl uainn féin i dtosach na haoise seo chun nua-phrós d'abaidhiughadh acht smuinte ársa, neamh-choitianta a shnaidhmeadh leis an soiléireacht is leis an bhinneas atá le sinsearaibh mar dhúthchas againn, atá le fáil go flúirseach ins na scéalta chleachtadar ár n-aithreacha ós na ciantaibh. (Ua Duinnín 1902, 100)

Ní dhearna sé dearmad ariamh gur shagart ab ea é agus mar gheall air sin, bhí sé imchoimeádach agus roghnach leis na nithe a luadh ina chuid saothair. Fuair sé bás ar an 29ú Meán Fomhair 1934 ag aois a 74 bliain, agus d'fhág sé £2,600 ina dhiaidh. (Breathnach & Ní Mhurchú 1992, 98)

2.3 Pádraig Ó Séaghdha ('Conán Maol') (1855-1928)

Rugadh 'Conán Maol' ar an nGort Breac idir Neidín agus Cill Airne sa bhliain 1855. Teaghlach tuaithe a bhí ann. Feirmeoir ab ea a athair agus ba chainteoirí dúchais é agus máthair Chonáin Mhaoil. (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 103) Is cinnte go raibh cur amach aige ar an mBéarla mar aon leis an nGaeilge agus é ag fás aníos. Lítearthacht sa Bhéarla amháin a bhí aige, áfach, toisc gur fhreastail sé ar an Scoil Náisiúnta áitiúil.

'Conán Maol' is ea an t-ainm cleite a d'úsáid sé agus é i mbun pinn toisc go raibh sé maol ó bhí sé tríocha bliain d'aois. (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 103) Ní fios gur léargas ar a phearsantacht féin is ea 'Conán' ach bhí air é féin a idirdhealú ó scríbhneoirí eile toisc go raibh triúr Pádraig Ó Séaghdha ag saothrú ábhar Gaeilge timpeall na tréimhse céanna- é féin, Gruagach an Tobair (1864-1955) agus 'Pádraig na Léime' (1880-1921). Luann Breathnach agus Ní Mhurchú gurbh é an duine ba thábhachtaí den triúr seo: "Is dóigh gurbh é an fear ba mhó tábhacht é den triúr darbh ainm Pádraig Ó Séaghdha." (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 103)

Rinneadh monatóir de Chonán agus é ag freastal ar an scoil áitiúil. Ba é máistir na scoile sin a spreag sé chun dul isteach san oifig chustaim agus mháil agus nuair a d'éirigh leis post a fháil leo, cuireadh go Cardiff é. Is suimiúil gurbh ann a thosnaigh sé ag foghlaim léamh agus scríobh na Gaeilge, agus ba ann a scríobh sé a chnuasach gearrscéalta *An Buaiceas* (1903) chomh maith. Ní raibh ach labhairt na Gaeilge aige go dtí sin. Dá bharr, dar le Ó Droighneáin agus é ag labhairt faoina chuid scríbhinní liteartha: “ní hiongnadh, dá bhrígh sin, go raibh an dúthchas agus an nua-aimsearach ionnta.” (Ó Droighneáin 1936, 114) Thosnaigh sé ar staidéar ar an litríocht Chlasaiceach trí aistriúcháin a léamh agus bhí iriseoireacht ar siúl aige ann leis an *Western Mail* agus leis an *Cardiff Mail*. (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 104) ‘John Desmond’ ab ea an t-ainm cleite a d’úsáid sé do na nuachtáin seo. Níor thosnaigh sé ag scríobh i nGaeilge go dtí 1897 agus sholáthair an tOireachtas deis dó na scríbhinní seo a chur chun cinn ar stáitse poiblí.

Phós sé Nora James ann, náisiúnaí Breatnach ab ea í. Bhí beirt pháistí acu. Sa bhliain 1892, aistríodh go Béal Feirste é agus ba ann a chuir sé tús le ranganna Gaeilge. Tugann P. S. Ó hÉigearthaigh pictiúr dúinn ar Chonán agus é i mbun ranga. Is léir go raibh dúil ar leith aige sa Ghaeilge:

Agus mé im shuí ansin sa rang ba léir dom nach sa mhúinteoireacht a bhí a spéis ach sa teanga féin. Stopadh sé agus dhéanadh sé trácht dada mion ar chiall, ar bhunús agus ar dhéanamh an fhocail. Nuair a bhíodh sé ag iarraidh brí a scéil a chur abhaile orainn bhuaileadh sé a dhorn anuas ar bhos na láimhe clé. Ba é Conán Maol é, agus é ag tarraingt ar a mheánaois, é fuinniúil aighneasach; dúil an tsaoil aige sa Ghaeilge agus i ngach ar bhain léi, agus an spéis is dual d’fhear na tuaithe aige i gcailíní dathúla an ranga. É ina mháistir ar an nGaeilge dhúchasach, bua iontach focal aige, agus é in ann próis bríomhar a scríobh. (Ó hÉigearthaigh 1944)

Sa bhliain 1902, chuaigh sé go Londain, agus le linn dó a bheith ann, bhí sé ina chomhfhreagóir ag an *Manchester Guardian*.¹⁶ D’fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1908 agus faoin mbliain 1913 bhí sé ar choiste Chraobh Chualann. Bhí sé ina léachtóir le stair

¹⁶ Rinne mé iarracht teacht ar scríbhinní Béarla Chonáin Mhaoil ach níor éirigh liom aon cheann díobh a aimsiú.

anseo. Sula ndeachaigh Conán Maol amach ar pinsean bhí sé i gceannas ar an oifig chustaim agus máil i mBaile Átha Cliath.

Sa bhliain 1925 bhí timpiste mhór ag Conán Maol. Thit sé dá rothar agus d'fhág an timpiste seo é i riocht pairilise. Chaill sé cuid mhaith dá chumas urlabhra agus fuair sé bás ar an 21ú Márta 1928.

2.4 Pádraig Ó Séaghdha ('Gruagach an Tobair') (1864-1955)

Rugadh Gruagach an Tobair ar an gCrosaire Mhór sa Ghleann Garbh, Co Chorcaí sa bhliain 1864. Feirmeoir beag ab ea a athair agus d'Arrachtánaigh 'Bhána' na háite ab ea a mháthair. (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 104) Teaghlach mór a bhí ann. Bhí cúigear deirfiúracha agus triúr deartháireacha aige. Bhí cónaí air i bhfad ón scoil áitiúil, agus dá bharr is cois teallaigh a fuair sé a chuid oideachais go dtí go raibh sé deich mbliana d'aois. Thosnaigh sé ag dul go dtí an scoil sa Ghleann Garbh ansin agus ag aois a ceathair déag, rinneadh monatóir de sa scoil. Chaith sé bliain amháin i gcoláiste oiliúna i mBaile Átha Cliath. Faoin mbliain 1882, d'éirigh leis bheith ina mháistir scoile i scoil an Neidín agus d'fhill sé ar ais chuig an nGleann Garbh cúig bliana ina dhiaidh, agus is ansin a chaith sé a shaol múinteoireachta.

Tugann Breathnach agus Ní Mhurchú le fios go raibh sé ar an mbeagán múinteoirí a mhúineadh Gaeilge sna scoileanna sular bunaíodh Conradh na Gaeilge. (Breathnach & Ní Mhurchú 1986, 105) Is féidir a áiteamh chomh maith nach raibh tionchar an-mhór ag Córas na Scoileanna Náisiúnta air, toisc nár chaith sé tréimhse an-fhada faoina chúram. Ón mbliain 1902 amach, bhí baint aige le cúrsaí Gaeilge i mBéal Átha an Ghaorthaidh, coláiste múinteoireachta a bunaíodh chun cúrsaí oiliúna a sholáthar do mhúinteoirí Gaeilge. Bhí níos mó suime ag an nGruagach i bhfreastal ar fhoghlaimoirí na teanga agus is cinnte go raibh sé sin ag teacht lena phost mar mhúinteoir. An saothar is aitheanta

atá saothraithe aige is ea a chnuasach gearrscéalta *Annála na Tuatha (1905-1907)* agus tá ‘caint na ndaoine’ go smior sa saothar seo, chomh maith le saothar liteartha eile an Ghruagaigh. Phós an Gruagach múinteoir scoile, Eibhlín Ní Shúilleabháin, as Co. Chiarraí. Bhí cúigear páistí acu. Tháinig a mhac i gcomharbacht air mar phríomhoide sa Ghleann Garbh, agus bhí mac eile dá chuid ina shagart. D’éag sé ar an 9ú Feabhra 1955.

Caibidil 3: An Léiriú ar Áit: Tírdhreach agus Oidhreach

Tabharfar cuntas sa chaibidil seo ar an léiriú a fhaightear ar tírdhreach agus ar oidhreach na háite i saothair liteartha Uí Dhuinnín, Uí Laoghaire, agus Chonáin Mhaoil. Déanfar iniúchadh ar *Cormac Ua Conaill (1901)*, *Eoghan Ruaidh Uí Shúilleabháin (1902)*, *Cill Airne (1902)* agus *Aistidhe Gaedhilge le haghaidh an aosa óig, Cuid I (1905)* leis an Athair Pádraig Ó Duinnín, ar *Mac Fínghín Dubh (1903)*, *An Buaiceas (1903)*, *Eoghan Paor (1911)* agus ar an aiste ‘Faitchíos Phádraig’ i *Banba (1903)* le Conán Maol, chomh maith le *Séadna (1904)* agus *Mo Scéal Féin (1915)* leis an Athair Peadar Ó Laoghaire.

Tá ómós áite go huile is go hiomlán chun tosaigh sna cur síosanna a thugtar sna téacsanna seo. Léiriú ar Shliabh Luachra agus ar an dúiche mórthimpeall, ceantair dhúchais na scríbhneoirí, atá le fáil iontu. Ní féidir a shéanadh, áfach, go dtugtar tús áite do Chill Airne. Léirítear í mar áit lárnach an cheantair. Áit a bhí i maos le traidisiún agus le cultúr na ndaoine ab ea Cill Airne tráth, agus b’fhoinsé cruthaitheachta agus spreagtha í a háilleacht d’iarrachtaí cruthaitheacha scríbhneoirí agus fhilí na háite. Tá áilleacht na háite fós mar inspioráid do na scríbhneoirí tuaithe, agus theastaigh uathu í a léiriú don phobal i slí dhearfach. Beidh *Cill Airne (1902)* mar an príomhleabhar a mbeifear ag díriú air anseo.

Ar dtús, pléifear ómós áite agus an bhaint láidir atá aige le litríocht na Gaeilge. Ansin, déanfar iniúchadh ar théacsanna ina bhfuil léiriú ar an tírdhreach fhisiciúil le fáil. Tá na cur síosanna ar an tírdhreach fhisiciúil an-rómánsúil. Tá áilleacht na háite á táispeáint agus is cinnte go raibh na scríbhneoirí faoi thionchar an rómánsachais agus iad ag scríobh. Pléifear an ghné seo dá gcuid saothar. Ansin, déanfar plé ar an scríbhneoir Edmund Burke, agus ar conas a rinne sé codarsnacht idir an “sublime” agus “beautiful”.

Tháinig mórán scríbhneoirí taistil faoina thionchar ó thaobh na tuisceana ar an “sublime”, nó an fiántas diamhair de. Pléifear Arthur Young, duine d’iomaí scríbhneoir taistil a tháinig ar cuairt go hÉirinn san ochtú agus sa naoú haois déag, agus a chuir síos ar thírdhreach fhisiciúil na tíre. Tháinig sé faoi anáil Burke ina chur síosanna ar Chill Airne ach go háirithe, agus tabharfar samplaí de seo. Dá scagfaí an leabhar *Cill Áirne* (1902) leis an Duinníneach, is cinnte go bhféadfaí a fheiscint gur tháinig sé faoina anáil freisin agus tá an-chosúlachtaí idir scríbhinní Young agus Uí Dhuinnín ar thírdhreach Chill Airne. Bhíodh sé de nós ag scríbhneoirí taistil Sasanacha ach go háirithe, an áit a chur in iúl mar a gceantar féin. Is léir go raibh na cuntais seo léite ag Ó Duinnín, agus tá sé ag iarraidh an áit a athghábhail. Tabharfar cuntas ar an ngné seo.

Tar éis seo, tabharfar cuntas ar an gcaoi a nasctar an áit le mórphearsain an traidisiúin, leis na filí Eoghan Rua Ó Súilleabháin agus Aogán Ó Rathaille mar shampla, agus conas a chuirtear oidhreacht na háite chun cinn. Déantar céiliúradh ar stair, ar chultúr, ar fhilíocht, ar cheol agus ar scéalaíocht na háite, mar aon le caointeoireacht ar cé chomh saibhir is a bhídís san áit tráth. Idéalú a bhíonn i gceist uaireanta nuair a phléitear an oidhreacht seo ar an saol atá imithe, agus bíonn cumha ar na scríbhneoirí i ndiaidh an tsaoil seo. Faoi dheireadh, déanfar plé ar an tírdhreach i saothar cruthaitheach na scríbhneoirí. Bíonn trácht ar dhinnseanchas agus ar logainmneacha na háite mar chuid den saothar. Scagfar ról na scéalaíochta ó thaobh an cheantair de agus an mhian a bhí ag na scríbhneoirí iad seo a léiriú.

3.1 An Tírdhreach

Bíonn cuntais fhisiciúla ar an áit agus ar thírdhreach na háite le sonrú go minic. Taispeántas ar an áit a bhíonn mar chuid de na scéalta, agus bíonn béim ar áilleacht aeistéitiúil i gcónaí. Is iomaí scéal, dráma agus aiste atá suite i Sliabh Luachra nó gar

den limistéar chomh maith. Tagann sé seo le hómós áite. Dar le Ó Tuama, tá rian an ómóis áite le feiscint ar iliomad scríbhneoirí, ní hamháin ar na scríbhneoirí Gaeilge:

Is dócha go bhfuil ómós don bhaile dúchais le fáil a bheag nó a mhór i ngach cultúr ar domhan, agus gur fhág sin rian ar líon do-áirithe scríbhneoirí cáiliúla. An-mhinic - ag filí go háirithe - is Parthas, dar leo, an áit ar chaith siad a n-óige; Parthas a lorgaíonn siad ar ais gan sos i rith a saoil. (Ó Tuama 1992, 176)

Deir Ó Tuama, áfach, go bhfuil baint faoi leith aige le litríocht na Gaeilge:

Is deacair a chreidiúint, áfach, go bhfuil téama an bhaile dhúchais/an cheantair dhúchais neadaithe chomh domhain in aon chultúr IarEorpach eile is atá i gcultúr na hÉireann. Tá a rian le fáil i ngach ré de litríocht na hÉireann ó ré na Sean-Ghaeilge i leith. Is gnách sa litríocht thraidisiúnta gur baile fearainn nó paróiste tuaithe a bhíonn i gceist leis an mbaile dúchais - Cill na Dromad murab ionann is baile mór Chill Áirne, 'paróiste' Uíbh Laoghaire murab ionann is cathair Chorcaí. (Ó Tuama 1992, 176)

Tapáíonn na scríbhneoirí gach deis, Ó Duinnín ach go háirithe i *Cill Áirne (1902)*, gach gné fhisiciúil a mhóradh. Bíonn suaimhneas na háite á chéiliúradh freisin, sa mhéid is go bhféadfadh duine teacht faoi dhraíocht ag an áilleacht. Cuirtear í i gcomparáid le Dia nó le haingil go rialta. Tagann sé seo leis an méid a scríobhann Ó Tuama, agus is cinnte gur féidir leis an ráiteas seo a nascadh leis na scríbhneoirí tuaithe:

Ní don áit dhúchais amháin a thugtar aitheantas faoi leith i litríocht na Gaeilge ach d'áiteanna stairiúla - go háirithe d'áiteanna a bhain leis na seanmhiotais réamhchríostaí - agus d'áiteanna áille sceirdiúla i gcoitinne: ceantair na loch, na ngleannta, na sléibhte is na farraige mar a mbeadh fáil ar dhaimh, ar sheabhaic, ar loin, ar mhíolta... Is beag cnoc agus is beag fód den talamh nár mórúradh, nach raibh scéal le haithris ina thaobh, nach raibh Dia nó banDia nó laoch nasctha leis, agus ainm an loig sin le buanú de réir. (Ó Tuama 1992, 179)

Is minic a thagraítear do ghrá na scríbhneoirí seo don tuath agus léirmheastóir ag cur síos ar pháosa saothair uathu. Scríobh Tadhg Ó Donnchadha, mar shampla, ar dhílseacht

Chonáin Mhaoil don tuath in *Irisleabhair na Gaedhilge*:

Tugaidh ós ár gcomhair gnáthshaol na tuaithe fé mar dob eol dúinn féin é. Gheibhmíd iontu an lá breá samhraidh, an dubh-oíche dhorcha gheimhridh, an bhantracht ag crú na mbó, na fir ag obair ins na páirceanna, an tine móna agus na comharsan bailithe 'na timcheall ag scoruidheacht, agus 'na dteannta cúrsaí na gaoithe, 'na stoirm

úathbhásaigh nó ‘na leoithne fhionn-fhuar i gceanntar álainn Locha Léin. Sé buadh Chonáin a dhílseacht don tuaith. (Ó Droighneáin 1936, 114)

Luann Ní Dhonnchadha an rud céanna i leith a ghrá don tuath agus an bua a bhí aige leas a bhaint as a háilleacht ina chuid scríbhneoireachta:

Is minic a théann áilleacht agus diamhracht an dúlra i bhfeidhm orainn agus sinn ag gábháil do scéalta ‘Conán Maol’. Is fíor-éifeachtach an tslí a dhéanann an t-údar na tagairtí don dúlra a fhí isteach i ngréasán gluaiseachta na scéalta. (Ní Dhonnchadha 1981, 32)

Iarracht is ea na cur síosanna seo cuimhní dearfacha na léitheoirí i leith na háite a dhúiseacht, toisc go dtaispeánann a háilleacht an fáth a raibh an oiread cáil ar an áit tráth.

An leabhar is mó a thugann cur síos cuimsitheach ar tírdhreach fhisiciúil an cheantair is ea *Cill Airne (1902)* leis an Duinníneach. Is é atá sa leabhar seo ná cur síos ar na radhairc timpeall Chill Airne agus ar an tírdhreach timpeall air. Is cosúil le turas fíorúil a fhaighimid ann, leis an Duinníneach mar an treoraí agus é ag cur síos ar na nithe atá timpeall an limistéir, cosúil leis an rud a dhéanadh na scríbhneoirí taistil. Lámhleabhair na háite is ea é i ndáiríre agus is soiléir go bhfuil Ó Duinnín an-eolach ar an áit agus go bhfuil dáimh mhór aige léi. Chomh maith le camchuairt na radharc áfach, tugtar eolas stairiúil freisin, ag cur in iúl dúinn go bhfuil níos mó taobh thiar den áit ná an tírdhreach amháin. Seo rud sa bhreis atá ag Ó Duinnín chomh maith, rud nach bhfuil ag na scríbhneoirí taistil a scríobh faoin áit. Tosnaíonn an Duinníneach amach ag cur síos ar Loch Léin, agus insítear seanscéal leis, ag cur síos ar na cumhachtaí draíochta a chreidtear a bhaineann leis an loch. Insíonn sé scéal faoi fhear a chodail ar thobar a bhíodh sa ghleann, tobar a raibh leac i gcónaí air. Níor chreid an fear seo sna cumhachtaí draíochta a bhí ag baint leis an loch. Scéith an tobar seo thar oíche áfach, agus níl tasc ar an bhfear seo ó shin. Deirtear go bhfuil sé fós faoin uisce agus go dtagann sé thar uisce ar dhroim chapail gach seachtú bliain. Tá an scéal seo inste sa leabhar *Aistí Gaeilge le haghaidh an aosa óig Cuid II (1905)* chomh maith.

Tráchtar ar Eas Uí Shúilleabháin i *Cill Airne* (1902) agus ar na sléibhte timpeall uirthi, Sléibhte Tuath Mis ina measc. Cuirtear síos ar an nádúr atá timpeall na háite agus Ó Duinnín ag dul ó ghné amháin go dtí gné eile. Sampla de seo is ea an chaibidil a thugann sé do Loch Léin, agus é ag cur síos ar chuid de speiceas na gcrann atá lonnaithe ann, ag taispeáint cé chomh mion is a théann sé le gach cur síos, agus cé chomh eolach is a bhí Ó Duinnín ar an áit:

Nach glas é duilleabhar na gcraobh is a dtor d'fhásann ar chiumharaibh na n-oileán úd síos go bárr an uisce 'na shlamraidhibh dathamhala! Tá an chaithe annsúd, is an raitheach le n-a duilleógaibh ada borba, tá an cuileann le n-a chuailibh díreacha ag lonnradh go húr-ghlas i measc crann is drisleach. (Ua Duinnín 1902, 7)

Is cosúil le tuairisc eolaíoch í an ceann sin a thugann sé agus is cosúil le luibheolaí é Ó Duinnín le méid a chuid eolais anseo. I measc radharc na háite, tá sléibhte Mhic Giolla Coda, gné a léiríonn fíoráilleacht Chill Airne: “As an ard so chítear úr-mhór do Chonntae Chiarraidhe is an fairrge mór-dtimpeall ó Bhéara go bruach na Sionann...Ní'l conntae i nÉirinn chomh hálainn le Ciarraidhe.” (Ua Duinnín 1902, 32)

Luaitear an sliabh An Mhangarta chomh maith, agus na radhairc áille atá le feiceáil óna mhullach. Tugtar cur síos cuimsitheach ar gach rud a bhíonn le feiscint ar an tslí go dtí barr an chnoic. Fiú nuair a thug an Duinníneach faoi leabhair a scríobh do pháistí, ní dhearna sé fáillí ar an áit, ag maíomh ina leabhar *Aistidhe Gaedhilge le haghaidh an aosa óig, Cuid I* (1905) go bhfuil na radhairc is breátha in Éirinn le fáil i gCill Airne agus tráchtann sé ansin ar ghnéithe na háite, ar ndóigh i dtéarmaí níos simplí ná mar atá sa leabhar thuasluaite.

Tugann an tAthair Peadar cur síos ar chuairt a thug sé féin ar an Mangarta chomh maith ina dhírbheathaisnéis *Mo Scéal Féin* (1915). Tugann sé le fios dúinn ann go ndúradh leis tráth go bhféadfaí Éire go léir a fheiscint ón mullach dá mbeadh lá glan ann. (Ua Laoghaire 1915, 69) Agus é ann, maíonn sé:

Ní fhaca mé riamh roimhe sin, agus ní fhaca mé riamh ó shin, radharc chomh breá leis an radharc a bhí leata faoi mo shúile nuair a bhí mé ag féachaint siar agus ó thuaidh agus soir ar an dúiche sin, agus an bhreacarnach sin, scátha agus solais, ar leathadh air. (Ua Laoghaire 1915, 79)

Pléann Ó Cuív an turas seo chomh maith, ag rá gur féidir a rá ón gcuntas: “Do thaithn an tuath agus áilneacht na tuatha go seoigh leis an Athar Peadar.” (Ó Cuív 1933, 22)

Tugann Ó Duinnín an chaibidil dheireanach de *Cill Áirne* (1902) do thuras ar Iarthar Chiarraí- is é sin ó Chill Orgláin, go Cathair Saidhbhín is go Neidín. Molann sé an áit seo go láidir freisin, ag rá “ní dóigh go bhfuil duthaigh níos iongantaighe fá luighe na gréine.” (Ua Duinnín 1902, 79) Cuirtear in iúl dúinn gur áit shaibhir is ea í seo ó thaobh na hoidhreachta de chomh maith:

Is bríoghmhar seasmhach buan na daoine chomhnuigheann i nGleann Beithe fá láthair. Tá amhráin is ceol is rinnce, deagh-bhéas is togha-nós, sean-scéalta seanchuidheacht is sean-teanga na hÉireann chomh flúirseach, fíor-ghlan ‘na measc indiu leis an ngainimh i dtráigh an Ruis i n-aice leó. (Ua Duinnín 1902, 80)

Arís agus arís eile, feictear go nasctar áilleacht na háite le spás intinne agus machnaimh an duine agus is amhlaidh go bhféachann scríbhneoirí, Ó Duinnín ach go háirithe, ar a n-áiteanna dúchais mar thearmainn intinne. Is díol suime é go luann Ó Duinnín Dia i leith áilleacht na háite i *Cill Áirne* (1902) mar is amhlaidh go bhféachann sé ar Dhia mar chruthaitheoir na háilleachta seo agus gur obair Dé is ea an áit go léir, ag teacht lena shaol mar shagart is dócha. Níl gné na spioradáltachta Críostaí léirithe ag na scríbhneoirí taistil ach oiread. Is é thuairim Uí Dhuinnín, agus é ag cur síos ar Loch Uachtarach, gur saghas tearmann í an áit do dhianmhachnamh an tsaoil: “Is áit í chum smuaineadh ar mhór-oibreachaibh Dé.” (Ua Duinnín 1902, 39) Is minic a thagraítear don áit i dtéarmaí creidimh, mar shampla, cuirtear foirfeacht na háite i gcomparáid leis na flaithis níos mó ná uair amháin sa leabhar. Agus an Duinníneach ag cur síos ar Mhainistir Loch Léin, is léir go bhfuil sé faoi dhraíocht ag an áilleacht. Deir sé ar dtús gur áit shíochánta í, áit a bhfuil cosúlachtaí idir í agus na flaithis: “Áit chum machtnaimh, áit ciúinis, áit

foluighthe ó'n saoghal, áit do chuireadh áthas is suaimhneas aignidh ar dhuine le n-a fíor-bhreághthacht, áit ba chosmhail leis na flaithis i maise is i mórdhacht.” (Ua Duinnín 1902, 18) Leantar cur síos an locha le cuntas ar na hoileáin scaipthe gar den loch, ceann díobh ina oileán is aoibhne ar domhan, Inis Faithlinn: “ba dhóigh leat gur áit comhnuighthe d’ainglibh é.” (Ua Duinnín 1902, 11) Sampla eile de seo is ea an chuairt a thug sé ar Inse Geimhleach is ar Ghuagán Barra tar éis dó an traein a fháil ó Chill Airne go Maigh Chromtha. Tugann sé cur síos dúinn arís ar an radharc a bhí le feiscint agus é ag barr an chnoic, agus is i dtéarmaí an chreidimh a chuirtear síos ar shíocháin agus ar shuaimhneas na háite:

Do bhí an Loch ‘na luighe go huaigheach ag bun na ngarbhchnoc is an t-oileán beag úr úd go taiscighthe ‘na brollach chomh breágh chomh ciúin chomh niamhrach gur dhóigh leat gur ionad comhnuighthe d’ainglibh na bhflaitheas é- acht go raibh an Loch ‘na thimcheall is na sléibhte ró uaigneach d’ainglibh. (Ua Duinnín 1902, 51)

Ar ndóigh, bhí an rómánsachas a bhain le cur síosanna na scríbhneoirí tuaithe ag teacht le borradh na rómánsaíochta i dtíortha eile sa naoú haois déag, i Sasana agus sa Fhrainc ach go háirithe, agus is cinnte gur tháinig na scríbhneoirí Gaeilge faoi thionchar na ngluaiseachtaí rómánsaíochta freisin. Scríobh Rafroidi i leith na scríbhneoirí Béarla: “There is no doubt imitation flourished in Romantic Ireland.” (Rafroidi 1980, 203) Dar le Wright: “Generally the Romantic is held to signify the daemonic, subjective, personal, irrational, and emotional.” (Wright 1986, xi) Leis an mbéim a cuireadh ar shamhlaíocht agus ar mhothúcháin, bhíodh an nádúr á chur in iúl mar chumhacht dhosmachtaithe i litríocht rómánsach, agus cuireadh a áilleacht go mór chun cinn. An rud is sonraíche faoi gach aon chur síos a thugann na scríbhneoirí tuaithe ná an t-atmaisféar rómánsúil, idéalach a chruthaítear timpeall gach gné fhisiciúil. Bíonn gach ní ina áit cheart, beagnach foirfe. Scríobh Wright ar fhilíocht Bhéarla na tréimhse:

Roughly speaking, where earlier poets- like Shakespeare or, say, Chaucer- accept and enjoy, Romantics elegize and idealize. Nature is seen by Romantics to be consoling

or morally uplifting; a kind of spiritual healer. Mountains and wilderness are admired rather than the evidences of fertility, usefulness, or human cultivation. Nature is invested with personality; human moods and moral impulses are seen reflected from it. Romantics see nature through lenses of emotion, usually coloured with melancholy, nostalgia, regret. The favourite season is Autumn. (Wright 1986, xv)

D'fhéadfaí é seo a nascadh le scríbhneoireacht Uí Dhuinnín- i dtaca leis an tslí a n-
imíonn Cormac leis go Cill Airne ar "lá breágh fóghmhair" agus áilleacht na háite ina
thimpeall i *Cormac Ua Conaill (1901)*, nó leis an tslí a chuir sé Cill Airne in iúl mar áit
chun dianmhachnamh a dhéanamh ina leabhar *Cill Áirne (1902)*. Baintear úsáid as
teanga fháthchiallach sa leabhar chomh maith. Taisealbhan sé tréithe daonna do
ghnéithe fisiciúla na háite go rialta, ag teacht leis an ráiteas thuas chomh maith. Cuireann
sé síos ar na lochanna agus ar na cnoic mar ghnéithe uaigneacha, agus cuireann sé síos
ar an tslí a dhéanann na gnéithe éagsúla seo cumarsáid lena chéile. Is cur síos an-fhileata
agus rómánsúil é seo:

Dá labharfadh an árd-charraig seo is iomdha scéal iongantach d'aithrisfeadh sí ar na
neithibh do thuit amach ó cruthadh an domhan. Acht b'fhéidir go labhrann; téidhmís
ar an dtaobh thall don abhann is árdúghimís ár nguth, glao dhaimís chúice is ní
baoghal ná go bhfaghaimíd freagra, is ní haon fhreagra amháin é leis, mar ba dhóigh
leat go bhfuil teanga ag gach aill sléibhte id thimcheall is go bhfuil siad go léir ag
screadaigh is ag éigheamh i ndiaidh a chéile ort, nó go bhfuil siad ag labhairt le na
chéile i mórfhoclaibh ceolmhara ar éachtaibh an tsaoghail. Seinntear trúmpa, is
láithreach ritheann an guth binn sin ó aill go cumar is ó chumar arís go haille, anois a
dtuaidh aniar tagann gach noiment an ceol aoibhinn úd ag dul i laige is i réime, ag
filleadh ó mhullach go mullach gan sos gan staonadh. Annsan déarfá ná fuil na cnuic
chomh huaigneach chomh doirbh is adeirid daoine, is go bhfuil athaigh bhinn-
ghlóracha caradamhla éigin dod agallamh 'na measc. (Ua Duinnín 1902, 41-42)

Is iomaí sampla eile de seo sa leabhar: "ritheann sruth mear binn-ghlórach" (Ua Duinnín
1902, 26); "'san ghleann sain, atá locháin dubha doirbhe uaigneacha annso is annsúd"
(Ua Duinnín 1902, 29); "na cnuic reamhara." (Ua Duinnín 1902, 39) Cuidíonn a úsáid
de theicníc d'fhallás na truamhéala a ghrá dá cheantar a threisiú agus nádúr an cheantair
a chur chun cinn.

Dar le Short, tá caidreamh idir rómánsaithe agus áiteanna atá iargúlta, nó an "sublime":

Outside of society, wilderness is something to be feared, an area of waste and desolation. It is human society which gives meaning and social significance to the world. For the romantics, in contrast, untouched spaces have the greatest significance; they have purity which human contact tends to sully and degrade. Wilderness for the romantics is a place to be revered, a place of deep spiritual significance and a symbol of an earthly paradise. (Short 1991, 6)

Chuir Edmund Burke an ‘sublime’ i láthair nuair a foilsíodh a leabhar *A Philosophical Enquiry into the Origin of Our Ideas of the Sublime and the Beautiful* sa bhliain 1757, leabhar a dhéanann plé ar aeistéitic. Rinne sé plé ar an diamhair agus ar áilleacht agus conas mar a thagann an dá rud le chéile. Deir Smyth:

The notion of the sublime had received its official British debut in the year before Pococke’s tour, with Edmund Burke’s ‘Philosophical Enquiry’, a book which as John Wilson Foster points out, stimulated a new generation of landscapers, who sought the picturesque qualities of roughness, irregularity and surprise. Within a few years, Burke’s distinction between the sublime and the beautiful- and the different orders of pleasure afforded by each- had taken hold on the British imagination. (Smyth 2001, 29)

Dar le Burke é féin, is é atá i gceist leis an ‘sublime’ ná:

Whatever is fitted in any sort to excite the ideas of pain, and danger, that is to say, whatever is in any sort terrible, or is conversant about terrible objects, or operates in a manner analogous to terror, is a source of the sublime; that is, it is productive of the strongest emotion which the mind is capable of feeling. (Burke 1987, 39)

Cuireann sé síos ar áilleacht chomh maith: “It is my design to consider beauty as distinguished from the sublime... By beauty I mean that quality or those qualities in bodies by which they cause love, or some passion similar to it.” (Burke 1987, 91)

Déanann Boulton achoimre ar an tuiscint seo, ag rá: “Whatever arouses ‘delight’, therefore, is sublime; whatever excites ‘love’ is beautiful.” (Boulton 1987, xiii)

Pléann Guyer scríbhneoir Gearmánach, Immanuel Kant, scríbhneoir a tháinig faoi thionchar Burke agus a bhfuil a thionchar le sonrú i scríbhinní Kant agus a thuiscint ar an ‘sublime’. Deir Guyer:

First he says that: “Nature, considered in the aesthetic judgement as might that has no force over us, is dynamically-sublime.” Next he says that we call threatening

rocks, thunder clouds, volcanoes, and the boundless ocean “sublime”, because they elevate the strengths of the soul above their common average and let us discover a power to resist within us of quite another sort, which gives us the courage to measure ourselves against the apparent omnipotence of nature. (Guyer 2005, 228)

Pléann Smyth an scríbhneoir Young chomh maith. Ar ndóigh, tháinig mórán scríbhneoirí taistil Gallda chuig an tír, agus thug siad cuairt ar Chill Airne mar chuid dá gcuartheanna, agus scríobh siad faoi na rudaí a chonaic siad timpeall na háite. Sampla de scríbhneoir seo is ea Arthur Young. Rugadh Arthur Young i Londain sa bhliain 1741, agus tháinig sé ar cuairt chun dul ag taisteal timpeall na hÉireann sa bhliain 1776. D’fhoilsigh sé an leabhar *Tour in Ireland* sa bhliain 1780. D’athfhoilsigh Arthur Hutton an leabhar sa bhliain 1892 arís dar teideal *Arthur Young’s Tour in Ireland 1776-1779*. Is cinnte gur tháinig Young faoi thionchar Burke, agus is léir é seo óna chuid scríbhinní. Pléann Smyth an tráchtairacht a rinne Young ar an gcodarsnacht idir an bhfiántas diamhair agus áilleacht Chill Airne nuair a thug sé cuairt ar an áit:

Killarney did not have to wait long for the sublime. Like many before and since, Arthur Young was struck by the beauty of the area on his tour of 1776, and he employed the familiar battery of adjectives to describe it. Alongside and interspersed with ‘beautiful’, however, he found a scenery that was not beautiful but that nevertheless commanded his respect as a viewing subject... The beautiful- that which is pleasing and has been improved from nature- exists alongside the sublime- that which through sheer magnitude surpasses human comprehension. (Smyth 2001, 29)

Is soiléir an chodarsnacht a dhéanann Young anseo, idir an tírdhreach charraigeach, dhiamhair a chuirfeadh scéin ort, agus áilleacht na radharc timpeall air:

Soon entered the wildest and most romantic country I had any where seen; a region of steep rocks and mountains, which continued for nine or ten miles, till I came in view of Mucross. There is something magnificently wild in this stupendous scenery, formed to impress the mind with a certain species of terror. All this tract has a rude and savage air, but parts of it are strikingly interesting; the mountains are bare and rocky, and of a great magnitude; the vales are rocky glens, where a mountain-stream tumbles along the roughest bed imaginable, and receives many torrents, pouring from clefts, hang overhung with shrubby wood; some of these streams are seen, and the roar of others heard, but hid by fast masses of rock. (Young 1892, 388)

Sampla eile de seo ó Young is ea an cur síos a thugann sé ar ‘Glená’:

Look full on the mountain Glená, which rises in a very bold manner, the hanging woods spread half way, and are of great extent, and uncommonly beautiful. Two very pleasing scenes succeed, that to the left is a small bay, hemmed in by a neck of land in front; the immediate shore rocks, which are in a picturesque stile, and crowned entirely with arbutus, and other wood; a pretty retired scene, where a variety of objects give no fatigue to the eye. The other is an admirable mixture of the beautiful and sublime: a bare rock, of an almost regular figure, projects from a headland into the lake, which with much wood and high land, forms one side of the scene, the other is wood from a rising ground only; the lake open between, in a sheet of no great extent, but in front is the hanging wood of Glená, which appears in full glory. (Young 1892, 352)

Bhíodh sé de nós ag scríbhneoirí Gallda iarracht a dhéanamh ina gcuid scríbhinní áiteanna a chur in iúl mar a gceantair féin agus seilbh iomlán a ghlacadh dóibh. Scríobh Smyth an leabhar *Space and the Irish Cultural Imagination* (2001), leabhar a dhéanann anailís ar an ngné den spás i stair cultúrtha na hÉireann. Scríobhann Smyth ar an oiriúnú a rinne na scríbhneoirí taistil ar an áit ina gcuid scríbhinní chomh maith, an t-oiriúnú a cháineann Ó Duinnín is dócha:

The British gaze upon the exotic landscape of Killarney thus involves what Michael Cronin calls an intellectual and emotional act of translation, ‘converting the experiences of the other place and people into the traveller’s own native currency’... Pratt calls this act of translation a ‘relation of mastery’, a moment in which the landscape is simultaneously evaluated and constructed, judged for its beauty (in terms of contemporary British tastes) and reproduced for the implied British reader. (Smyth 2001, 27)

Fianaise eile ar an meon seo is ea an leabhar *Ireland in 1804* (c.1980), a dtráchtann Smyth air chomh maith:

Anon. enjoys his tour in Ireland, but it is clear that the island he depicts exists only in terms of its relation to the larger island to the east, and only as an effect of his consciousness of the differences in power and knowledge enabled that relation. (Smyth 2001, 28)

Ón gcéad leathanach ar aghaidh den leabhar *Cill Áirne* (1902) leis an Duinníneach, is léir dúinne gur bhuairt intinne ab ea an rud a chuir iallach air an leabhar seo a scríobh. Cúis inní ab ea rian na nGall a bhí le sonrú san áit dó, rud a chuirfeadh isteach ar chúrsaí féiniúlachta na háite. Maíonn sé sa réamhrá:

Tá an oiread soin ráiméise scríobhtha ar Chill Áirne ag Gallaibh i mBéarla gur dhóigh leat gur leo féin ar fad an áit is ná fuil ins na hÉireannachaibh- go mór-mhór an dream díobh labhras Gaedhealg- acht sclábhuidhthe éigin curtha ar an saoghal chum sult is seleíp do dhéanamh do lucht siubhail ó Shacsana. Ní fhanann d’ainm ar na cnocaibh ná ar na gleanntaibh acht ainmneacha gránna Gallda... Adearadh deoradh ó America nó ó Roinn na hEorpa nach linn i n-aonchor an áit seo. Acht ‘na dhiaidh sin is linn ar fad í... Is cóir dúinn cúnntas éigin do bheith againn ortha i n-ar dteangain dúthchais féin, ins an teangain úd i n-ar labhair Fionn is Diarmuid, i n-ar chan Aodhagán is Eoghan Ruadh, i n-ar múscladh an macalla as gleann is cumar le na mílte bliadhain. (Ua Duinnín 1902, v-vi)

Is amhlaidh gur ag tagairt do na scríbhneoirí taistil atá Ó Duinnín sa ráiteas seo thuas, scríbhneoirí cosúil le Young, cé go dteipeann air iad a ainmniú sa leabhar. Dealraíonn sé gur freagra is ea an leabhar ar na scríbhneoirí Gallda, agus go bhfuil Ó Duinnín ag troid ar ais agus é tar éis na cuntais Ghallda a léamh.

Ar ndóigh, tá an tráchtareacht a dhéanann Ó Duinnín ag teacht leis an litríocht iarchoilíneach, agus is cinnte go bhfuil tionchar ag seo ar an bhfáth gur scríobh Ó Duinnín an leabhar freisin. Dealraíonn sé go bhfuil Ó Duinnín ag iarraidh an áit a athghabháil. Tá an rud céanna i gceist ag Conán Maol sa leabhar *Eoghan Paor (1911)*, agus a mhian chun talamh a shealbhú i bhfad ó thionchar na Sasanach.

Cé go raibh Ó Duinnín ag iarraidh scríobh i gcoinne na scríbhneoirí Gallda seo a bhí ag iarraidh Cill Airne a chur in iúl mar a n-áit féin, ní féidir a shéanadh go bhfuil cosúlachtaí móra idir scríbhinní Young agus an méid a scríobh Ó Duinnín i *Cill Áirne (1902)* chomh maith. Is cinnte gur tháinig Ó Duinnín faoi thionchar Burke agus a leithéid de scríbhneoir a scríobh faoin ‘sublime’. Sampla den chodarsnacht idir an bhfiántas diamhair agus áilleacht na háite is ea an tagairt seo a dhéanann sé do Dhubh-Loch, a mhánlacht ag rith os cionn na mór-charraigeacha:

Loch an-bheag chomh huaigneach chomh dorcha chomh doirbh is tá le faghbháil i n-aon-bhall. Tá na haill ar gach taobh de dá shíor-fhuithiniughadh i dtreo ná tagann méiscen ar a aghaidh. Ba dhóigh leat go bhfuil draoidheacht ar an linn chiar-dhubh úd thíos fút, ná corruigheann i rith na bliadhna acht síorraidhe ‘na chodladh go sámh. Ag fágbháil an locha so dhi ritheann an abhainn ba dhóigh leat fá thalamh agus is ar

éigin d'aireóchthá a glór fút thíos. Acht is géarr go dtigeann sí chum talmhan arís ag siosmadh go fuaimenteamhail leis na mór-chairrghidhibh atá na slíghidh. (Ua Duinnín 1902, 27)

Luann sé an focal fiántas fiú sa chéad cúpla leathanach agus é ag trácht ar an tír:

Ní bhfuil ar fhód an domhain uile tír ná críoch n-a bhfuil an oiread sain maise is mórdhachta an oiread san aitis is fiadhantais an oiread sin binnis is garbh-ghlóir taobh le taobh no measctha tré n-a chéile nó ag síor-iomaidh i ndlíúiththuirse coimheascair i gcuan 's i gcumar nó tré shleasaibh na gceo-chnoc. Cá 'r bhfeacaís riamh le chéile an oiread san do chnocaibh scéimheamhla ró-chúmtha, an Mhangarta- cíodh go ndeirid daoine go bhfuil sí gránna- an Torc is, i bhfad siar, na Cruacha "ná scaoiltear," is iad sain uile clúduighthe i bhfraoch riabhach, is ag féachaint anuas ar choilltibh is ar chaoltaibh na nEóghanacht. (Ua Duinnín 1902, 6)

Sampla den chosúlacht idir saothar Uí Dhuinnín agus Young maidir lena bplé ar an bhfiántas diamhair agus áilleacht Chill Airne is ea an ceann seo a leanas agus é ag cur síos ar an Loch Uachtrach:

Ní'l ball eile i n-a bhfuil na cnuic chomh garbh sain na carraigeacha chomh mór chomh nochtaighthe is chomh bagarach, na gleannta chomh haoibhinn is na srotháin chomh heitealach... Is borb iad na coillte ar mhullachaibh na gcnoc, is mór iad na clais atá doimhin-treabhtha ag srothánaibh tré leacanaibh na sléibhte, is garbh iad na carraigeacha, agus is árd iad na haille, i dtreó go líontar an croidhe le hiongnadh is le háthas is go luigheann an t-aigheadh ar dhian-mhachnamh. (Ua Duinnín 1902, 39)

Is féidir an chosúlacht a fheiscint idir Ó Duinnín anseo, agus an cur síos a thug Young ar leathanach 388 ina leabhar, ar thagair mé dó níos luaithe, sa mhéid is go dtráchtann Ó Duinnín ar ghairbhe na gcarraigeacha, ach go gcuirfeadh an áilleacht áthas ort, ag athlua phíosa Young.

Soláthraíonn Ó Duinnín cur síos eile chomh maith atá an-chosúil le ceann Young ar leathanach 352 ar an sliabh céanna, agus ar an duilliúr ina thimpeall:

Suidhte le n-a' ais atá Gleann Atha- le ceart aon sliabh amháin is eadh iad araon. Ag déanamh siar duit ortha, ar an Loch, is fíor-álainn le feiscint na sléibhte seo ag éirge go ríoghdha ós cionn an uisce. Tá a mbun ar feadh a bhfad clúduighthe le coilltibh glasa niamhracha is a n-uachtair nochtaighthe gus na carraigeachaibh nó fá dhíon fraoich do bhorb-fhásann 'na lomraidhibh riabhacha garbha, is claisidhe doimhne obraighthe tríotha le síor-thuitim abhann. (Ua Duinnín 1902, 13)

Tá aiste Chonáin Mhaoil, ‘Faithíos Phádraig’ (1903) a scríobh sé i *Banba*, mar shampla den trácht ar thírdhreach na háite i dtréimhseacháin na linne. Insítear scéal faoi fhear óg, Pádraig, agus é ar a shlí abhaile ó Neidín. Cuireann an t-údar síos ar cé chomh hálainn is atá an bóthar idir Cill Airne agus Neidín, agus is féidir a fheiscint anseo go ndéanann Conán Maol rud cosúil le Ó Duinnín sa mhéid is go gcuireann sé an fiántas diamhair, “na coille tíúgha”, i gcodarsnacht le háilleacht na háite:

Is binn bheith annsúd lá samhraidh nuair a bhíonn an ghrian ag scoltadh na gcrann, an colúr ag coracughadh istigh i lár na coille tíúgha, caisidhe an chnuic ag crónán ar na hardánaibh is ag cogarnaigh go bog binn ar éalódh dhóibh go mall síos chum an locha thré chaidhséaraibh an bhóthair. (Ó Séaghdha 1903, 140)

3.2 Nasc idir Áit agus Mórphearsain an Traidisiúin

Ar ndóigh, ní hamháin go raibh na scríbhneoirí ag iarraidh na scéalta a úsáid mar mheán chun a n-áiteanna dúchais a thaispeáint, bhí siad ag iarraidh a gcuid grá don Ghaeilge agus d’oidhreacht shaibhir na háite a léiriú chomh maith. Bhí muintir na hÉireann ag éirí níos Gallda, ina gcuid nósanna, ina n-iompar agus ina gcuid traidisiún. Ba chúis inní é seo do chuid de scríbhneoirí na hAthbheochana, agus bhí rian an Ghallda seo le feiscint i gceantar Shliabh Luachra, le muintir an cheantair seo ag teacht salach ar a gcuid ceoil, ar a gcuid filíochta agus ar thraidisiún na háite go gineárta.

Nochtann Ó Duinnín an inní a bhí air maidir leis an ábhar seo sa leabhar *Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* (1902). Cuntas ar Shliabh Luachra atá ann leis an Duinníneach ag cur síos ar sheanghnásanna na ndaoine i ré Uí Shúilleabháin agus ag tabhairt léargais ar an gcultúr a mhair tráth. Tá sé ag caoineadh chás na Gaeilge is a saothraithe. Tá rian náire, feirge agus searbhais le brath óna chuntas ar na gnéithe seo uaireanta, sa mhéid is gur tugadh droim láimhe le hoidhreacht an cheantair. Is amhlaidh go mbíonn níos mó measa aige ar an dream atá imithe ar shlí na fírinne rompu ná ar a ghlúin féin nó ar an dream a tháinig ina dhiaidh. Tugann sé léiriú dúinne ar a mhuintir féin, agus ar an

gcodarsnacht atá le sonrú anois, agus a mhíshásacht leo: “Inniu, níl an Ghaeilge dá labhairt, níl ranna dá mhúscailt ag óg ná críonna, níl meas ar shaothar na bhfilí, ná ar sheanchas na tíre, ná ar scéalta na bhFianna.” (Ua Duinnín 1902, 18)

Fianaise ar chion an Duinnínigh ar sheanfhillí na háite is ea an leabhar seo, go háirithe a ghrá d’Eoghan Rua Ó Súilleabháin.¹⁷ Bhí bród thar cuimse air dóibh. Bhí cáil mhór ar an áit seo de bharr na bhfilí cumasacha ar chuir fúthu san áit agus mar gheall ar an saothar fileata a bhíodh á shaothrú acu. Soláthraítear íomhá de bheocht an chultúir: “Gach Domhnach agus lá Saoire bhíodh píopaire go dícheallach ag seinm is rinceoirí ag gluaiseacht ag na crósbóithre... Bhíodh comórtas iománaíochta is filíochta ar siúl.” (Ua Duinnín 1902, 9-10)

Is léir murach na filí seo go gcaillfeadh cuid d’oidhreacht an cheantair. Is amhlaidh a sholáthair siad a lán siamsaíochta in aimsir dhorcha, chrua, agus gur chabhraigh siad le meanman na nGael a chothú trí thréimhsí dúshlanacha na tíre. Tá an teachtaireacht chéanna le tuiscint ón leabhar *Filidhe Móra Chiarraighe (1929)*, a scríobh an Duinníneach chomh maith. Dírítear ar sheanfhillí Shliabh Luachra, Aogan Ó Rathaille, Eoghan Rua Ó Súilleabháin, Piaras Feiritéar agus Diarmaid Ó Sé, ann. Mínítear arís anseo gurbh fhoinsí faoisimh iad a ndánta do na dúchasaigh i rith tréimhsí gruama: “Their poetical effusions did much to lighten the burthen of oppression, to cheer those in bondage, and to turn wailing and sorrow into contentment and joy.” (Ua Duinnín 1929, 3) Is léir go raibh ráchairt mhór ar amhráin is dánta na bhfilí:

(They) had a profound influence on the social and political outlook of the people. They found their way into the dwellings of rich and poor, in valleys and uplands, bringing with them the balm of melody for wounded souls and the comforts of a

¹⁷ Chuir an Duinníneach filíocht Uí Rathaille in eagar chomh maith. Féach ar *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille (1900)*.

seer's prevision of deliverance for the degraded and oppressed. (Ua Duinnín 1929, 25)

Tugann Ó Duinnín ardmholadh dóibh arís i *Cill Áirne* (1902) sa chaibidil dar teideal 'Filidhe Locha Léin.' Deir sé go bhfuil filí na háite, filí ar nós Eoghan Rua, Aogán Ó Rathaille agus Piaras Feiritéar, freagrach as cáil na háite. Is é a thuairim go bhfuil meas agus aitheantas tuillte acu, agus gur chóir cuimhneamh orthu de bharr na hoibre shuntasaigh atá bainte amach acu:

'San mbaile againn féin i gCill Áirne tá an bhreághthacht tar bhárr agus táid na filidhe leis ann- filidhe do chaith a saoghal dealbh cráidte ar bhruachaibh na loch is atá anois 'n-a sámh-chodhladh síoraidhé i Mainistir Locha Léin... Is iad do chongaibh na daoine i ndóchas 'nuair do bhí an "dlíghtheadh nuadh" dá ruagairt chum fáin is dá mbascadh gan taise gan truaighmhéil. Is iad do chongaibh le chéile cibé méid seanchais is staire d'fhanann againn indiu. Is iad do thug suas na daoine tháinig romhainn i bhfoghlaim. Is iomdha croidhe scólta cráidhte dár thugadar solás is suaimhneas le greann is le gliocas a mbriathar. (Ua Duinnín 1902, 55-56)

Is cosúil go raibh an traidisiún seo ag dul i ndísc in óige an Duinnínigh, fé mar is léir óna chuntas ar a thaithí féin leis na seanfhilí i *Filidhe Móra Chiarraighe* (1929):

In the days of my youth, the splendid O'Rahilly tradition which had delighted generation after generation for one hundred and fifty years had subsided to a faint murmur. Persecution, eviction, famine, emigration, the inrush of a foreign language, had almost obliterated his matchless melodies from the popular memory. (Ua Duinnín 1929, 20)

Feictear é ag teacht salach air féin áfach i *Cill Áirne* (1902) chomh maith, sa mhéid is go ndeir sé go bhfuil an traidisiún agus an Ghaeilge fós láidir i gCiarraí, cé gur chuir sé é i gcomparáid le "faint murmur" sa tagairt thuas:

Táid na Ciarraidhigh fós lán do chalmacht is do mheanmain, tá brígh na bhfocal is fuinneamh i dturrainn a lámha is a gcuid dóchais ag éirighe i rith na mbliadhan. Níor chailleadar riamh a gceideamh na a dteanga dhúthchais... Ní'l Conntae i n-Éirinn 'n-ar hoileadh an oiread sain do fhilidhibh oirdhearca, ná do choimhead an oiread solais léighinn is seanchais 'na lasadh tré an doircheacht is na dubhscamallaibh le n-ar dalladh sinn ag Gallaibh. (Ua Duinnín 1902, 33-34)

Is díol suime é go gceanglaíonn sé saothar na bhfilí le háilleacht na háite mar chabhraíonn sé leis an toil a bhí aige na filí seo a chur chun cinn a dhéanamh, agus,

chomh maith leis seo, a thaispeáint cé chomh insporáideach agus cumhachtach is a bhí áilleacht na háite. Léiríonn an tagairt seo ó Ó Duinnín go ndeachaigh cúrsaí oidhreachta lámh ar lámh le háilleacht fhisiciúil an cheantair:

Is léir gur las an áilneacht sin aigeadh na bhfileadh, is gur ghríosaigh leo iad chun labhartha i mbréithribh deársnacha táithte i n-uaim cirt. Ní dóigh gur buaidheadh riamh ar na filidhibh do hoileadh i ngar do Loch Léin- ar Aodhagán Ua Rathaille ar Shéafradh an Ghleanna ar Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin ar Fhinnghín bhocht Ua Scannail féin- ní dóigh gur buaidheadh riamh ortha i mbinneas, i n-uaim, i bhfuinneamh is i milseacht a ndán, ní abraim amháin i nÉirinn acht ‘san domhan uile. Ní miste a rádh go bhfuair an chláirseach sain a huaim cheart is a fuaimneant is a milseacht ó’n mhórghaoith atá ag binn-séideadh treasna dúr-éadan na leathan-chnoc is ós na heasaibh dá radadh féin le fánaidh le ceol ná múchtar is le binneas síorraidhe. (Ua Duinnín 1902, 5)

Is deacair teacht ar thuairim chruinn faoi cé chomh saibhir is a bhí scéalaíocht agus traidisiún na háite agus mar sin ní fhaightear léiriú ar thóir an traidisiúin dúchais ó thaobh an cheoil, na filíochta, nó nósanna na ndaoine de. Mar is eol dúinn, an t-aon dírbheathaisnéis atá againn ná ceann Uí Laoghaire *Mo Scéal Féin* (1915) ach is beag plé a rinne sé ar chúrsaí cultúrtha agus é ina bhuachaill óg. Insíonn sé dúinn gur mhinic a d’inisíodh seanbhean Peig, a luaigh mé níos luaithe, scéalta dóibh agus é óg. Teipeann air filí cosúil le hAogán a lua áfach, agus ní dhéanann sé aon trácht ar cheol nó ar amhránaíocht na háite ach oiread, ag fágaint dúinne ag tabhairt buille faoi thuairim nár ghlac siad páirt mhór ina shaol nó ina cheantar.

3.3 Tírdhreach i Saothar Cruthaitheach na Scríbhneoirí

Ní hamháin go soláthraíonn na scéalta seo eolas fisiciúil ar an áit, tá ról acu i gcur chun cinn logainmneacha is dinnseanchais na háite freisin. Is minic a thráchtar ar logainmneacha na háite agus eachtra nó scéal ar siúl, nó luaitear logainmneacha agus radhairc álainne agus duine ag dul ó áit go háit, agus is i slí rómánsúil a dhéantar é seo. Mar aon leis seo, bíonn an chuid is mó dá gcuid saothar lonnaithe san áit freisin. Bhunaigh Conán Maol a scéalta ina chnuasach gearrscéalta *An Buaiceas* (1903) san áit,

agus tugann Ní Dhonnchadha moladh d'iarrachtaí Chonáin Mhaoil sa chnuasach seo, ag rá: “Ba é bua ‘Conán Maol’ ná gur bhain sé leas as an dúchas.” (Ní Dhonnchadha 1981, 30) Maidir le saothar an Athar Peadar, is iomaí scéal atá suite san áit. Má thógtar a úrscéal stairiúil *Niamh (1907)*, is cuntas atá ann ar thuras Bhriain Bóraithe agus na Lochlannach ag dul ó Luimneach go Cath Chluain Tarbh. Is é an rud céanna atá fíor maidir lena leabhar *Séadna (1904)*. Ta an scéal seo lonnaithe i gceantar Shliabh Luachra. Téann *Séadna* é féin suas cnoc darbh ainm Carraig na Madraí agus tapaíonn sé an deis a bhaint le dinnseanchas agus le fiannaíocht na hÉireann a lua:

Chuaigh sé isteach i bpluais sa chnoc san. Leaba Dhiarmada ainm na pluaise. Bhí pluais eile ar aghaidh na pluaise sin anonn gurbh ainm di Leaba Gráinne. D’fhan sé sa phluais ar feadh tamaill mhaith, ag cuimhneamh ar ar airigh sé riamh de scéalta breátha Fiannaíochta, ar Dhiarmaid agus ar Ghráinne agus ar Fhionn agus ar an bhFéinn agus ar a ngnóthaíbh go léir. (Ua Laoghaire 2011, 214)¹⁸

Tá radharc ag an Athair Peadar ar an dúthaigh ar feadh fiche míle óna mhullach. Is anseo a thagraíonn sé do logainmneacha Chorcaí, chomh maith le trácht ar Loch Léin agus na radhairc ina thimpeall:

B’shiúd iad thoir Cnoc Ráithín, agus Muisire Beag, agus Muisire Mór, agus Meall na hEornan, agus Muine Fliuch, agus an Doire Liath, agus an Chabhrach. B’shiúd í theas Carraig an Ghiolla, agus thoir theas arís an Sléibhín, in aice Maigh Chromtha, agus fiche míle soir uaidh sin, an ceo os cionn cathair Chorcaí...Bhí sé ag féachaint ina thimpeall orthu ar feadh tamaill, á n-aithint agus á n-áireamh, agus á chuimhneamh gur bheag má bhí radharc eile fé luí na gréine chomh breá leis an radharc san a bhí leata amach os comhair a shuí féin an mhaidean shamhraidh sin. (Ua Laoghaire 2011, 219-220)

Is léir ón gcuntas seo go raibh Ó Laoghaire ag iarraidh logainmneacha na háite a chur san áireamh ina phlé sa leabhar, cosúil le dinnsheanchaí beagnach agus é ag clúdach gach treoir ó mhullach an chnoic.

¹⁸ Déanann Ó Duinnín nasc cosúil leis seo maidir leis na scéalta Fiannaíochta i *Cill Áirne (1902)*. Deir sé gurbh áit lárnach í Cill Airne agus an tírdhreach ina timpeall sna scéalta Fiannaíochta agus sna seanleabhair agus soláthraíonn sé cúpla tagairt ó na scéalta seo sa chéad chúpla leathanach i bhfianaise air sin, *Tóraíocht Dhiarmada agus Gráinne* ina measc.

Úrscéalta eachtraíochta, stairiúla is ea *Cormac Ua Conaill* (1901) leis an Duinníneach agus *Mac Fínghín Dubh* (1903) le Conán Maol. Tá an ghné áitiúil mar dhlúthchuid an scéil i *Cormac Ua Conaill* (1901). D'fhéadfaí a áiteamh fiú gur bhain Ó Duinnín úsáid as an scéal chun an tírdhreach agus an áit a léiriú ó thaobh pheirspictíocht an laoch de. Bhí an-chumhacht ag baint leis na laochra i scéalta cosúil leis seo, agus faoi seach, bheadh tábhacht agus cumhacht ag baint leis an tírdhreach agus leis an gcur síos air dá mbeadh laoch ag déanamh cur síos air. Buaileann Cormac le seanfhear ar an mbóthar idir Cill Airne agus Caisleán na Mainge agus é ar a shlí abhaile ón scoil, agus is é an fear seo a chuireann Cormac chun gnímh. Tá Cormac eolach ar sheanchas a dhúchais. Feictear é seo nuair a chuireann Cormac ceisteanna crua ar Sheaghán an Gearaltach faoina phlean chun an ruaig a chur ar na Sasanaigh: “Bhí ionghadh mór ar Sheaghán ‘nuair d’airigh sé buachaill chomh h-óg soin ag cur ceisteanna gcruaidh air leis an oiread soin dá ríribh.” (Ua Duinnín 1901, 7) Bíonn trácht ar logainmneacha na háite mar chuid den leabhar agus Cormac, nó carachtair eile an úrscéil, ag taisteal timpeall na tuaithe, go háirithe tráchtanna ciontanacha ar áiteanna ar nós Chill Airne:

’Nuair ghluaiseadar ar aon ó Chaisleán na Mainge. Bhí a shlighe le hais sléibhte is coillte is loch áluinn Cille hÁirne; do las an ghrian fhóghmhair go lonnrach leacain na ngarbh-chnoc is uisgidhe na leathan-loch; bhí breacadh niamhrach, dathamhail, ag teacht ar dhuilleabhar na gcrann is na dtor is do líon guth na n-éan an spéir mór-dtimpeall le binneas ceóil. Bhí árd-sgáil na mór-shléibhte, nadh dhóigh leat, ag snámh ar an dtalamh íochtarach, nó ag leaghadh i measg réidh-thonnta Locha Léin...Ba radharc é do líonfadh an croidhe le háthas is do ghríosfadh an aigneadh chum dianmhachtnaimh. (Ua Duinnín 1901, 13-14)

Tá an-chosúlacht anseo idir é seo agus an cur síos a thugann Ó Duinnín ar Chill Airne sa leabhar *Cill Áirne* (1902). Is beagnach mar an gcéanna é an líne dheireanach thuas agus an líne as *Cill Áirne* (1902) ar leathanach 39 a luaigh mé níos luaithe. Tugtar aisling san úrscéal chomh maith dar teideal ‘Aisling Chormaic Uí Chonaill: Radharc ar Chill Áirne’ agus é ag cur síos ar Chill Airne i slí an-rómánsúil. Tá an-idéalachas ag baint leis an aisling. (Ua Duinnín 1901, 55-57)

Leabhar faoi thionchar na bPléindlíthe is ea *Mac Fínghín Dubh (1903)*. Pléann Conán Maol Taoiseach Uí Shúilleabháin ann. Tugtar síos ar shaighdiúirí ag teacht ó Shasana agus ón bhFrainc chun dul ag troid in aghaidh Mhic Fhínghín Dhuibh. Titeann eachtraí amach i gCo. Chiarraí sa leabhar seo, gar do Neidín, agus tá an scéal breac le trácht ar logainmneacha agus ar ghnéithe fisiciúla na háite. Is léir é seo ó líne oscailte an leabhair: “Chuir Sléibhte Dúbha Cheachainn a gcaipíní ortha i gcómhair na h-oidhche. Shéid an ghaoth ghlan-fhuar earraigh trasna an ghabhailín mara fá bhun an Doirín.” (Ó Séaghdha 1903, 3) Tosnaíonn an scéal amach le beirt fhear agus iad ar a slí go Doirín. Luaitear “Caisleán Áird Aodha”, agus labhraíonn siad faoin bhfear ó Loch Léin a thagann ar Mhullach Leacain chun féachaint ar an gcaisleán gach Lá Bhealtaine. (Ó Séaghdha 1903, 5)

Caithfear mian na scríbhneoirí, Ó Duinnín ach go háirithe, cuntas a thabhairt ar áilleacht fhisiciúil a gceantar a admháil. Níl aon dul as ach go bhfuil ómós áite go huile is go hiomlán chun tosaigh. Cuirtear Cill Airne go mór chun cinn agus tá rian doshéanta na rómánsaíochta le feiscint sna cur síosanna seo. Caithfear aitheantas faoi leith a thabhairt don Duinníneach de bharr thobar a chuid eolais ar gach gné den áit. Is soiléir go raibh sé mar aidhm aige scríobh i gcoinne na scríbhneoirí taistil a tháinig chuig an áit agus chun an áit a athghabháil arís. Chomh maith leis seo, is léir gur thapaigh na scríbhneoirí gach deis chun taispeántas ar an áit a thabhairt, cé nach mbaineann sé go dlúth le bunábhar an scéil.

Caibidil 4: Scríbhneoirí Pobail

Sa chaibidil seo díreofar ar an léiriú a thugtar ar phobal comhaimseartha na scríbhneoirí ina gcuid saothar. Pobal a dtáinig as domhan IarGhorta is ea an pobal seo. Baineann sé seo leis an léiriú ar ghné na háite a bhíonn sonrath ina gcuid saothar liteartha. Is iomaí gné a bhaineann leis an bpobal a chuirtear os ár gcomhair. Scagfar an léiriú a fhaightear ar nósanna, iompar, béasa agus moráltacht na ndaoine. Chomh maith leis seo, taispeánfar an léiriú a bhíonn le fáil ar imirce, ar cheist na talún, ar na díshealbhuithe agus ar oideachas is cúrsaí scoile. Is cinnte go mbíonn níos mó plé ag scríbhneoirí áirithe ná ag scríbhneoirí eile ar na gnéithe seo áfach. Ar dtús, tabharfar cuntas ar an léargas ginearálta a thugadh scríbhneoirí na tréimhse ar phobal comhaimseartha na tíre agus ansin díreofar ar shaothar áirithe.

Scagfar *Saoghal i nÉirinn (1903)*, *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal (1905)*, *Native History in National Schools (1905)*, na drámaí *An Tobar Draoidheachta (1902)* agus *Gírle Guairle (1904)*, agus na haistí ‘Scoil Ghaedhealach’ (1903) in *Leabhráin an Irisleabhair III* agus ‘Filleadh na Féile’ (1901) i *Banba* leis an Athair Pádraig Ó Duinnín, *Mo Scéal Fein (1915)* leis an Athair Peadar Ó Laoghaire, *Annála na Tuatha Cuid II agus Cuid III (1906, 1907)*, agus na haistí ‘Ceist na Talmhan’ (1903) i *Banba* agus ‘Cuirtear Corc sa Bhairile feasta, a Uaisle’ (1903) i *Leabhráin an Irisleabhair III* le Gruagach an Tobair, agus *An Buaiceas (1903)*, *Eoghan Paor (1911)*, na haistí ‘An Síc Córa’ (1902), ‘Indé is Indiu’ (1903), ‘An Imirce as Éirinn’ (1904) i *Banba*, ‘Scoil Ghaedhealach’ (1903) i *Leabhráin an Irisleabhair III* agus ‘Cogarnaigh’ (1903) in *An Claidheamh Soluis* le Conán Maol. Daoine bochta, tuatha ab ea an pobal seo ar an iomlán, agus bhí an chuid ba mhó díobh ina bhfeirmeoirí beaga.

Is é ceann de na ceisteanna is mó a bhaineann leis an íomhá pobail sa saothar ná: an fíorléiriú nó léiriú rómánsúil a fhaightear sa litríocht seo ar na dúchasaigh? Mar is eol dúinn, ó bhunú Chonradh na Gaeilge, bhí sé mar aidhm acu caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge a bhaint amach. Ar ndóigh, bhí ról ag na cainteoirí dúchais i rath an chuspóra seo agus, mar sin, is féidir a rá go raibh claonadh na rómánsaíochta chun tosaigh i gcuid de chur síosanna na scríbhneoirí ar a bpobal comhaimseartha, fé mar a mhíníonn Nic Eoin: “Is ar mhuintir na tuaithe agus ar chultúr an tuathánaigh a tarraingíodh aird an phobail. Rinneadh idéalú ar mhuintir na Gaeltachta mar ba leo fós oidhreacht ár sean agus ár sinsir- an teanga agus an béaloideas.” (Nic Eoin 1982, 15)

Ní pobal lán-Ghaeilge atá i gceist leis na scríbhneoirí tuaithe, ag dul ó Shliabh Luachra go Gougane Barra, áfach, agus ba gheall le BreacGhaeltacht é an ceantar i ndáiríre. Bhí an débheascna ar siúl, ach ba cheantar é a bhí lán-Ghaelach tráth. Bhí Árainn saor ó thionchar na nGall go pointe, agus is mar gheall air seo a chas scríbhneoirí na hAthbheochana ar an áit. Theastaigh ó na scríbhneoirí tuaithe a muintir a chur chun cinn cosúil leis na scríbhneoirí Gaeltachta. Caithfear a thuiscint go raibh fealsúnachtaí agus aidhmeanna an Chonartha á neartú acu freisin. Mar thoradh air seo, theastaigh uathu íomhá faoi leith dá bpobail a nochtadh dá léitheoirí. Tagraíonn Titley do thóir an phictiúir íon, ghlain seo:

Dá fheabhas nó dá bhaothacht an réaladh a dheintear ar an saol sin is tábhachtaí liom a thaispeáint nach raibh na pobail úd chomh dlúth ná chomh fite ná chomh hórganach is a maíodh, agus gur ródhócha gur pictiúr isteach a shealbhaigh na scríbhneoirí faoi deara dóibh na hiontais a dhathú chomh hálainn sin. (Titley 1991, 12)

Bhí sé de nós ag scríbhneoirí na hAthbheochana muintir na Gaeltachta agus gach ní a bhí ag baint leo a chur chun cinn agus a chéiliúradh: “Le meas thar an gcoitiantacht á léiriú ar chaint na ndaoine rinneadh saol na Gaeltachta, ina ainnise agus ina bhochtanas,

a adhradh.” (Nic Eoin 1982, 36) Tá sé seo fíor ó thaobh na scríbhneoirí Gaeilge is Angla-Éireannacha de a thug cuairteanna ar na háiteanna seo.

Má thógtar scríbhinní Úna Ní Fhaircheallaigh, mar shampla, chuir sí Oileáin Árann agus muintir na n-oileán i láthair i dtéarmaí fíordhearfacha agus rómánsúla. Bhí sí den tuairim gurbh iontach, spéisiúil an áit í agus gur dhaoine fíor-chráifeacha, fíor-Ghaelacha ab ea na dúchasaigh. Míníonn Nic Congáil an chúis leis seo:

De dheasca na hathghiniúna seo a tháinig fás agus forbairt ar ghluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha in Éirinn i rith an fin de siècle agus lig sí do leasaitheoirí sóisialta, fearacht Úna, fíis nua de thír idéalach a mhúnlú díreach in am don bhfichiú haois. (Nic Congáil 2010)

Bhí Útóipeachas á chur chun cinn ag Úna anseo, agus luann Nic Congáil go raibh útóipeachas mar spreagadh samhlaíochta do roinnt scríbhneoirí na hAthbheochana: “Ag tús an fhichiú haois agus ag deireadh an naoú haois déag, bhí idé-eolaíocht an útóipeachais agus an náisiúnachais fite fuaite lena chéile in Éirinn.” (Nic Congáil 2010) Caithfear a thabhairt chun cuimhne, áfach, nár tógadh í le Gaeilge nó i gceantar Gaeltachta. Foghlaimeoir na Gaeilge ab ea í agus chaitheadh sí sealanna ar Oileáin Árann i measc mhuintir na háite. Mar sin, bheadh seans ann go mbeadh a cur síosanna ar an áit agus ar mhuintir na háite níos rómánsúla. Choimeád Úna dialann de chuairt áirithe a thug sí ar Árainn, agus foilsíodh í níos déanaí mar dhialann taistil, *Smaointe ar Árainn* (1902). Scríobh Ríona Nic Congáil faoi chuntas áirithe atá sa dialann seo:

I *Smaointe ar Árainn* tá suntas ag baint le cuntais an údair ar theacht le chéile na n-oileánach, bíodh an pósadh nó an tórramh i gceist- déanann sí cur síos an-ghairid orthu agus iad curtha ar imeall na dialainne aici. Bhí nósanna dá gcuid féin ag na hoileánaigh maidir leis an gcleamhnas agus leis an bpósadh- ‘a commercial bargain’ seachas ‘an affair of the heart’ a bhí sa phósadh ar Oileáin Árann- thuig na hoileánaigh tábhacht an tsaibhris, fiú mura raibh mórán airgid acu. (Nic Congáil 2010)

Pádraig Mac Piarais ab ea scríbhneoir eile a chuir Conamara chun cinn. Bhíodh teach saoire aige i Ros Muc agus d’fhanadh sé ann agus é ar a shaoire san áit. Chuaigh an áit

go mór i gcion air agus is iomaí cuntas a choimeád sé ar a thaithí leis an áit. Tráchtann sé ar chúrsaí teanga na ndaoine i gcuntas a scríobh sé ar chuairt áirithe a thug sé ar Árann agus é óg:

Chaith mé lá agus mí in Árann agus ar feadh an scaithimh sin níor labhair mé ach Gaeilge le muintir na n-oileán. Thaitin sin go rímhaith leo. Níl náire ar bith ar mhuintir Árann faoi Ghaeilge a labhairt. Nílím á rá nach mian leo Béarla a bheith acu freisin. Is mian gan amhras, agus is beag an náire sin dóibh. Nílím á rá nach bhfuil an iomarca Béarla ag na páistí i gCill Rónáin. Tá a fhios agam go bhfuil. Ach i ngach aon áit eile ar fud na n-oileán níl focal ach Gaeilge. Is minic a bhí mé ag caint le gasúir bheaga agus le cailíní beaga agus iad gan focal Béarla. Gaeilge ar fad acu. Sílim nach bhfuil aon fhuaim le cloisteáil ar dhroim an domhain chomh binn milis leis an nGaeilge agus í ag teacht ó bhéal páiste. Nach deas iad, na páistí sin, bail ó Dhia orthu? (Mac Piarais 1898, 154)

Is féidir a áiteamh go raibh siad ag feiceáil mil ar chuisseogach uaireanta sna háiteanna seo agus is cuntais níos claonta mar sin a fhaighimid ó shaothar den chineál seo. Bíonn an saol útóipeach Gaelach le sonrú go minic. Scríobhadh sa *Weekly Freeman*:

Ba mhó an difríocht idir an gcaoi rómánsach agus misticiúil ar chuir siadsan síos ar na hoileáin mar áiteanna saibhre spioradálta is cultúrtha, agus tuairiscí rialta na nuachtán náisiúnta, a thug léargas ar bhochtaineacht agus ar fhulaingt na n-oileánach. Bádh iascairí go minic ann, rud coitianta a bhí sa ghorta agus díshealbhaíodh daoine sna hoileáin ó am go chéile. (Freeman 1894, 6)

Ón méid seo, is cinnte go raibh roghnaíocht i gceist agus scríbhneoirí ag plé cúrsaí na ndaoine seo. De ghnáth, níor theastaigh uathu aon rud a chuirfeadh isteach ar an íomhá ion díobh a léiriú, agus bhí sé seo ag teacht le smaointeoireacht an Chonartha chomh maith. Bhíodh an ghné d'idealú pobail láidir i saothar cosúil leis seo. Bhíodh meon Victeoireach ag scríbhneoirí i ndáiríre. Cé go raibh na scríbhneoirí seo ag scríobh in aghaidh mheon áirithe Sasanach, bhí gné den mheon Victeoireach acu.

Ní féidir a rá, áfach, gur thug Ó Conaire faoin saghas scríbhneoireachta seo, agus is scríbhneoir níos macánta agus oscailte é ina chur síosanna. Níor aontaigh sé leis an saghas litríochta a bhíodh á cur ar fáil. Scríobh sé:

Dá mbeadh sé de mhí-ádh nó de mhisneach aige focal a chur isteach ina chuid scríbhneoireachta nach mbeadh taitneamhach don Chaitliceach phiúratánach, dá mbeadh smaoineamh ina leabhar a chuirfeadh luiscne i leiceann maighdine, ní amháin nach léifí an leabhar sin dá n-éireadh leis é a chur faoi chló ar a chostas féin, ach bheadh amhras ar an scríbhneoir sin go deireadh aimsire... Mar gheall ar dhoicheadh an Chonartha roimh smaointe nua, ní chuirfí i gcló saothar aon údair a nochtadh saol aisteach aimhréidh a linne, agus ní bhíodh súil leis an léitheoir Gaeilge go n-ionsófaí ceist mhór ar bith sna leabhair Ghaeilge. (Ó Conaire 1978, 166,61)

Má thógtar a scéal *Nóra Mharcais Bhig (1907)* mar shampla, is scéal níos oscailte agus neamhchlaonta é, ag cur síos ar chailín óg, diongbháilte, Nóra, a théann go Londain agus an tslí a chasann sí ar an ól ann sula bhfilleann sí abhaile arís. Deir Ní Chionnaith: “Chonacthas dó go raibh go leor daoine ag cur síos ar dhea-thréithe na ndaoine ag an am agus shocraigh sé, is cosúil, ar léargas níos iomláine ná sin a thabhairt.” (Ní Chionnaith 1995, 320)

D’fhéadfaí an rud céanna a rá i leith na scríbhneoirí tuaithe agus roinnt de na cur síosanna a thugann siad ar a muintir féin. Scríbhneoirí a tógadh i gceantair le Gaeilge ab ea iad, áfach, agus mar sin bhí taithí phearsanta acu ar shaolta agus ar mhuintir na n-áiteanna seo. Finnéithe ab ea iad ar an saol seo agus luaitear go minic fiú go raibh an-aithne acu ar a bpobal féin. Dúirt Ó Cuív agus é ag trácht ar an Athair Peadar: “Ins na daoine is ea is mó a chuir sé suim.” (Ó Cuív 1933, 22) Bíonn plé ar ré órga na háite, áit an-shaibhir ab ea í ó thaobh na hoidhreachta agus na teanga de, agus bíonn cumha follasach ar na scríbhneoirí agus iad ag smaoineamh siar ar na laethanta sin. Chomh maith leis an ré seo, déantar plé ar a linne féin ó thaobh iliomad gnéithe an phobail de.

Gné de litríocht iarchoilíneach is ea dul i gcoinne na Sasanach. Tá an ghné seo le fáil i saothar Uí Dhuinnín ach go háirithe. Is amhlaidh go raibh dearcadh na Sasanach i leith na nGael léite aige agus feictear uaireanta go mbíonn sé ag iarraidh freagra a thabhairt ar ais ar an íomhá thipiciúil. Deir Nic Eoin: “Is féidir breathnú ar nualitríocht na Gaeilge mar chineál ar leith litríochta iarchoilíní- litríocht pobail atá mionlaithe ina dtír féin agus

a n-eascaíonn a sainléargas sóisialta óna dtaithí dhíreach ar phróisis an díláithrithe agus an imeallaithe.” (Nic Eoin 2005, 15) De ghnáth, thagraíodh na Sasanaigh ar na hÉireannaigh mar dhaoine leisciúla, garbha agus is í an mhalairt a deir Ó Duinnín fúthu.

Cuireann Curtis síos ar an dearcadh comónta a bhí ann i leith na nGael:

Whether seen from a scientific, social, or cultural perspective, the Victorian images of the Irish as “white Negro” and simian Celt, or a combination of the two, derived much of its force and inspiration from physiognomical beliefs... Intermittent rebellions and chronic agrarian unrest in Ireland, combined with the disorderly behaviour of some Irishmen in Britain, seemed to confirm the notion that the Irish Celts were a subrace or people with habits antithetically opposed to English norms of thought and behaviour... Every abortive rebellion and every agrarian outrage helped to confirm the stereotype of Paddy as the ignorant and superstitious dupe of crafty leaders sworn to drive the “vile Sassenach” from the land by terrorist methods. (Curtis 1971, 13-21)

Déanann Ó Duinnín iarracht an mhalairt den cliché a bhí ag na Sasanaigh ar na hÉireannaigh a chur in iúl, sé sin na hÉireannaigh ólta, i *Saoghal i nÉirinn (1903)*. Cáineann sé na Sasanaigh, nó “na bodaigh”, fé mar a thráchtann sé féin orthu. Bíonn siad ag insint bréige faoi na Gaeil dar leis, ag iarraidh droch-chlú a chur orthu agus iad a chur i láthair mar alcólaithe amaideacha: ““Tír bhreágh í seo,” a deir mo bhodach, tír álainn ar fad is eadh í, acht go bhfuil na daoine chomh díomhaoin sin, ní’l fonn ortha aon nídh a dhéanamh, acht bheith ag ól is ag bruighean le chéile.” (Ua Duinnín 1903, 23)

Ní fíor, áfach, go raibh na scríbhneoirí tuaithe chomh claonta is a cheaptar uaireanta, fé mar a thaispeánfar níos déanaí, agus bhí siad macánta go leor i gcuid dá gcuntais ar a bpobal freisin. Tá an réalachas sóisialta le sonrú in iomaí plé a dhéantar ar chogadh na talún agus ar fhadhb an óil mar shampla, rud nach mbeadh luaite i saothar na scríbhneoirí Gaeltachta. Mar aon leis seo, nuair a deirtear go bhfaightear léiriú ar a bpobal comhaimseartha agus ar chúrsaí an tsaoil, ní foláir dúinn cuimhneamh nach féidir a bheith cinnte gur léiriú cruinn is ea é i gcónaí. *Mo Scéal Féin (1915)* leis an Athair Peadar

Ó Laoghaire is ea an t-aon dírbheathaisnéis ó na ceathrair scríbhneoirí, agus cáinte an leabhar seo fiú ó thaobh chruinneas an eolais de a roinntear ann: “An tAthair Peadar’s *Mo Sgéil Féin* (1915) is a memoir of the public man” a deir Liam MacMathúna faoi. (MacMathúna 2004, 55). Deir Ó Céirín ina leith: “Gael den 19ú aois ab ea an tAthair Peadar agus dar liom bhí sé ‘ró-Ghaelach’ chun a leithéidí siúd a cheapadh.” (Ó Céirín 1973, 6) É sin ráite, is cinnte go bhfuil an-luach ag baint leis an leabhar seo, chomh maith leis an saothar eile a sholáthraíonn léiriú ar an bpobal seo. Pobal iarchoilíneach is ea an pobal seo, agus is de bharr na gcuntas a thugann na scríbhneoirí a fhaighimid tuiscint níos doimhne ar an rian a d’fhág sé seo ar an bpobal, chomh maith lena ndearcthaí i leith cúrsaí éagsúla.

4.1 Nósanna, Moráltacht is Luachanna na nDaoine

Molann Ó Duinnín tréithe an phobail ar an iomlán i *Saoghal i nÉirinn* (1903). Dealraíonn sé go bhfuil sé den tuairim gur daoine gan locht beagnach is ea na hÉireannaigh agus go bhfuil dea-thréithe le fáil i ngach aon duine den phobal: “Is mian liom trácht ar mhuintir na hÉireann, is ar a dtréithibh- ar a gcneastacht, ar a mándacht, ar a mbéasaibh, ar a sólas aignidh.” (Ua Duinnín 1903, 18) Chomh maith leis sin, bíonn obair an phobail á móradh aige, sa mhéid is gur daoine an-díograiseacha is ea iad a noibríonn go dian dícheallach chun airgead suarach a thuilleamh. Is cosúil go bhfuil an Duinníneach ag iarraidh dul i ngleic le dearcadh na nGall i leith na nÉireannach, gur ionsaí is ea an aiste seo ar a gcuid tuairimí: “Tabhair fá ndeara an obair sin, agus tabhair fá ndeara a gcuid foidhne, a gcneastacht is a mándacht, agus abair annsan go bhfuil na daoine seo díomhaoin, beag-mhaitheasach, fuar, faillighteach!” (Ua Duinnín 1903, 22) Tugann Ó Duinnín aiste áirithe sa chnuasach dar teideal ‘Lochtaidhe na nÉireannach’ ach ní cuntas macánta é i ndáiríre. Is é an locht is mó atá orthu, dar leis, ná:

Bíonn lochtaidhe is lochtaidhe ann, agus dar liom-sa is é an locht is mó atá ar an tÉireannach ná é bheith ró bhog, ró fhurasta le sásamh, ró fhurasta é mhealladh, go ngéilleann sé do phlámás is do bhréagaibh, is ná mothuigheann sé an chealg a bhíonn fútha. Is dóigh leis go bhfuil gach n-aon chomh mácanta leis féin. (Ua Duinnín 1903, 30)

Cuireann sé leis seo freisin, ag rá go bhfuil cuid de na hÉireannaigh “béal-scaoilteach” agus go mbíonn an iomarca spéise acu i ngnó daoine eile. (Ua Duinnín 1903, 31-32) Is cinnte go bhfaighfí lochtanna níos measa ná seo orthu, áfach, dá mbeadh duine le níos lú claonta ag tabhairt breithiúnais orthu, ach is i bhfad ó dhearcadh na Sasanach é an léiriú a thugann Ó Duinnín orthu.

Tráchtann O’Leary ar an ngné seo de shaothar na scríbhneoirí, sa mhéid is go mbíodh a dtreithe á móradh go minic:

Readers of Gaelic fiction might well have objected that, judging from the rhapsodic descriptions of the Irish countryside and the consistent idealization of the proud character and communal lifestyle of the Irish-speaking peasantry in the work of Ua Laoghaire and his fellow ruralists, it would be hard to imagine that hills could be much greener. Nevertheless, the ruralists' depiction of country life does retain some contact with reality... None of the ruralists went so far to create genuinely mean characters, but all were close enough to country life to know of its occasional pettiness and worse... Yet never in the country stories do these brief references to personal failings evolve into a more profound analysis of the human condition in a rural setting. (O’ Leary 1989, 66)

É sin ráite, ní fíor go bhfuil O’Leary go huile is go hiomlán i gceart. Cé go bhfuil rian na rómánsaíochta agus na claontachta le feiscint i gcuid dá saothair, tá Ó Laoghaire, mar shampla, an-réadúil ina chur síosanna ina dhírbheathaisnéis ar a phobal féin maidir le fadhb an óil agus an t-aighneas a bhí ag titim amach de bharr na talún.

4.1.1 Cúrsaí Ólacháin

Tá saol tipiciúil an ghnáthdhuine le fáil i *Mo Scéal Féin* (1915) leis an Athair Peadar. Mhol Ó Droighneáin an taobh seo den leabhar: “Tá an suaimhneas duthchais sin, an saoghal osgailte, simplidhe réidh le fagháil i sgríbhinní an Athar Peadar- treithe a bhí ag baint le saoghal an ughdair, leis, mar is eol do léightheoirí ‘Mo Scéal Féin’.” (Ó

Droighneáin 1936, 127) Dúirt Ó Céirín: “Ní cheileann Peadar an bród a bhí air as a mhuintir, as daoine bochta na hÉireann agus as a thír dhúchais.” (Ó Céirín 1973, 6) Cé go bhfuil bród Pheadair follasach ina leabhar, ní ligeann sé sin dó claonadh na rómánsaíochta a chur i bhfeidhm. Is cuntas macánta go leor é ar a phobal i ndáiríre, ó chúrsaí scoile, go dtí streachailt na ndaoine le linn agus tar éis an Ghorta, agus ar éagóir na talún is na dlíthe.

Sampla de thréithe agus d’iompar na ndaoine agus den chuntas macánta a sholathraíonn sé orthu is ea an chaibidil dar teideal ‘An Staonadh ón Ólachán’. Dá bhféachfaí ar shaothar ó scríbhneoirí eile na tréimhse, bíonn an tromlach díobh ag iarraidh an taobh seo den phobal a cheilt agus iad a chur i láthair mar dhaoine morálta, cráifeacha, nach mbeadh aon iompar ainrianta ar siúl acu. Is cinnte go raibh an dearg-ghráin ag Peadar don ól agus ba mhinic a nascadh cúrsaí óil le muintir na tuaithe. Cuireann Peadar síos ar an taithí phearsanta a bhí aige ar thionchar diúltach an óil ar mhuintir na tíre, i measc na bhfear ach go háirithe:

Chonaic mé an ceardaí sáite i dteach an tábhairne gach aon tráthnóna Dé Sathairn, agus é ag fanacht ann go dtí go mbíodh pá na seachtaine imithe, nó an chuid ba mhó de, agus an bhean agus an chlann sa bhaile gan béile na hoíche acu, gan, b’fhéidir, balcais éadaigh ar aon slacht; ansin, an fear sin ar a leaba ar maidin Dé Domhnaigh agus gan é ábalta ar éirí ná ar dhul faoi dhéin aon Aifrinn. Chonaic mé an bhean agus a meabhair bainte di ó bheith ag iarraidh aire a thabhairt don fhear sin agus dá chlann agus dá theach, agus gan an t-airgead aici chuige, í féin leath lomnacht agus an chlann leath lomnacht agus an tinteán fuar folamh, gan tine ná ábhar tine, gan teas gan chompord. Chonaic mé an feirmeoir ag teacht abhaile ar meisce ón aonach nó ón margadh, agus é féin agus a chapall i gcontúirt titim i ndíog an bhóthair agus a bheith báite nó basctha, agus an t-airgead ba cheart dó a thabhairt leis abhaile fágtha aige sna tithe tábhairne a bhí ar na crosairí roimhe... Chonaic mé na hoilc sin go léir agus na mílte olc eile ina dteannta. (Ó Laoghaire 1915, 117-118)

Shocraigh Peadar féin ar iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an bhfadhb fhorleathan seo. Staonadh ón alcól ab ea an freagra dar leis. Thosnaigh sé leis féin, agus diaidh ar ndiaidh, le pobal an cheantair. Tagann sé seo leis an Réabhlóid Dheabhóideach chomh maith agus ar an tionchar a bhí ag an gcléir i laghdú an ólacháin sa tír. Is suimiúil go

bpléann Ó Laoghaire an ghné seo, agus ligeann sé sin dúinne a rá nach raibh sé go huile is go hiomlán ag cur chun cinn na ndaoine i ngach aon rud ar bhain leo. Is i bhfad ón meon Victeoireach atá scríofa sa tagairt thuas.

Cosúil le stad na Gaeilge, thosnaigh Peadar le haos óg an cheantair, is dócha ag glacadh leis go mbeadh tionchar acu ar an gcuid eile den phobal agus go bhféadfaí fadhb an ólacháin a shárú dá mbeidís chun an t-alcól a sheachaint. Mar chúiteamh don staonadh seo, sholáthair Peadar oideachas dóibh, ach bhí orthu gealltanais a thabhairt: “Mar shásamh i mo pheacaí, agus chun gach peaca a sheachaint feasta, le cúnaimh Dé, agus in onóir do Bhríd Naofa, staonfaidh mé ó gach deoch mheisciúil.” (Ó Laoghaire 1915, 120) Leanann sé ar aghaidh chomh maith ag rá gur chloígh cuid acu leis ar feadh cuid mhaith ama agus gur chloígh an chuid eile acu leis an ngealltanais ar feadh a saolta go léir. Rinne Peadar iarracht staonadh ón ólachán a chur i bhfeidhm i gCill Uird, i Ráth Chormaic agus i Maigh Chromtha, ag cur in iúl dúinne go raibh an scéal mar an gcéanna i gceantair éagsúla an chontae.

Ba é Peadar a thug an cur síos is mine dúinn maidir le cúrsaí óil, agus is cinnte nach ndeachaigh na scríbhneoirí eile thar fóir lena gcur síosanna, fiú má bhí aon chur síos acu in aon chor timpeall an ábhair. Sampla de scríbhneoir a bhí ag iarraidh íomhá an ólacháin i measc na nGael a dhiúltú ab ea an tAthair Pádraig Ó Duinnín. Tá sé seo follasach ina aiste ‘Tréithe na nÉireannach’ ina leabhar *Saoghal i nÉirinn* (1903). Nuair a thráchtann sé ar chúrsaí óil, déanann sé a bheag de, ag rá gur ráflaí na Sasanach is ea iad agus nach bhfuil aon fhírinne ag baint leo. Seo an mhalairt den mhéid a bhí á rá ag Ó Laoghaire, agus mar sin, is féidir a rá go raibh níos mó rómánsachais ag baint le roinnt de chur síosanna Uí Dhuinnín i leith a phobail féin agus an t-ól. Rud atá an-suimiúil is ea go nglacann sé leis go mbíonn fadhb an ólacháin le sonrú i measc na nGael thar lear, agus faoi seach, foréigean ar siúl acu freisin, ach sin de bharr thionchar na nGall:

Is minic, leis a luigheann na hÉireannaigh ar ól, is ar a gcuid a chaitheamh go bog, is dá dhruim sin caillid cibé slighe bheathadh bhíonn aca... Bíonn siad ag bruighean is ag eachrann, is ní hannamh i ngreamannaibh an dlighe iad, agus is minic a thugaid náire dá gcine le n-a ghníomharthaibh aithise. Dá bhfanfaidís sin i nÉirinn is deallramhach go mbeadh a mhalairt de scéal aca. (Ua Duinnín 1903, 38)

Is é atá á rá aige ná mura bhfágfaidís an tír ní bheadh a leithéid sin d’iompar ar siúl acu. Cheapfá ón ráiteas seo nach raibh aon ólachán nó foréigean le haimsiú sa tír seo, ach, ar ndóigh, ní fíor é sin.

Luann beathaisnéisithe Uí Dhuinnín áfach go raibh ceann dá chéad aiste a d’fhoilsigh sé sa *Claidheamh Soluis* bunaithe ar an ólachán. ‘Neartú is Speisiú na Sráid-Bhailte chun Sonais na Tíre’ ab ea teideal na haiste. Thapaigh sé an deis anseo labhairt faoin ól agus faoi na fadbhanna a bhí ag baint leis. Phléigh sé na tithe tábhairne agus go mbíodh na fir óga ag teacht amach go déanach san oíche ar meisce agus fonn troda orthu. Ba é an réiteach a bhí aige ná leabharlanna a chur ar bun timpeall na tíre chun na daoine seo a choimeád as na tithe tábhairne. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 244) Ar ndóigh, bhí sé seo ar siúl ag Ó Laoghaire sular fhoilsigh Ó Duinnín an aiste seo ar an gcéad dul síos.

Tugann Ó Duinnín caibidil faoi leith dar teideal ‘Droich-Thréithe na nDaoine’ sa leabhar *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal (1905)* chomh maith. Déanann sé trácht ar chúrsaí óil anseo, agus cuireann sé an locht ar an ólachán do dhrochiompar na ndaoine ó am go ham: “Ní miste a rádh ná go mbíodh lucht meisce i gcomhnuidhe ann, agus gur mór an díoghbháil a ghníodh ólachán do lucht na tuaithe is na mbailte mór. Mar a mbeadh an t-ól ní bheadh bruighean ná eachrann eatortha.” (Ua Duinnín 1905, 70) Is cosúil leis an méid atá ráite ag Ó Laoghaire é an cuntas seo, gurb ionann an t-alcól agus an diabhal beagnach. Cuirtear an locht iomlán ar an ól de bharr na ndrochthréithe seo. Is cosúil go mbíonn siad ag iarraidh an drochiompar seo a cheilt chun pobal a dtuaithe féin a chur chun cinn, sa mhéid is nach mbeadh an foréigean iontu go nádúrtha

murach an t-ól. É sin ráite, tá an aiste agus an leabhar seo ag teacht salach ar an bplé a rinne sé i *Saoghal i nÉirinn (1903)* atá luaite agam ar an ábhar céanna.

Cé nach ndéanann Conán Maol an iomarca plé ar chúrsaí óil, tráchtann sé ar Ó Laoghaire agus ar a thuairimí i leith an ólacháin ina aiste ‘An Síc Córa’ i *Banba (1902)*. Tá an aiste bunaithe ar an ‘Síc Córa’, agus tá Conán Maol féin ina charachtar san aiste. Cónaíonn an bheirt acu i Londain, agus tá Conán ag tabhairt litreach don Síc Córa seo sa scéal. Is i slí indéreach a thráchtann an Síc Córa ar chúrsaí óil agus é ag caint le Conán:

Nuair d’fhillfir ar n-ais go hÉirinn déin do dhícheall ar Bhuidhin Chéille i gcoinnibh an óil do cheangal le gach craoibh de Chonnradh na Gaedhilge. Tá an fhírinne gheal ag an Athair Peadar gurab é an fear sprideamhail tighé an tábhairne- fear spriúnlaithe an teaghlaigh. (Ó Séaghdha 1902, 66)

Ní luann Conán Maol é, ar ndóigh, ach is féidir an cheist a chur, an raibh sé ag baint úsáide as an gcarachtar seo, an Síc Córa, chun a thuairimí féin maidir le cúrsaí óil a nochtadh go hindéreach? Dealraíonn sé go n-aontaíonn sé leis an Athair Peadar sa mhéid is go bhfulaingíonn a lán teaghlaigh go diúltach de bharr fhadhb an óil, agus tá seans ann go bhfuil toradh na faidhbe seo feicthe ag Conán Maol é féin ina cheantar féin freisin.

Gné lárnach d’aon ócáid an phobail ab ea an t-ólachán agus feictear nárbh aon eisceacht iad na bainiseacha. Tugann an plé a dhéantar ar lá an phósadh in *Eoghan Paor (1911)* nod dúinne go raibh go leor ólta ag mórán daoine a bhí i láthair: “Bhí togha bídh is dighe aca. I n-a measg bhí saor cloiche go raibh dúil ‘sa bhraon aige” (Ó Séaghdha 1911, 1) Tosnaíonn achrann idir an bhfear seo agus an fear nuaphósta, le cabhair ón alcól. Nochtar an taobh seo den bhainis sa scéal ‘An Spioraid’ in *Annála na Tuatha Cuid III (1907)* leis an nGruagach freisin. Deir Ó Cuív agus é ag trácht ar an gcnuasach seo: “D’éirigh leis cuid de ghnáthshaol na ndaoine a chur in iúl do chách.” (Ó Cuív 1912, 1) Luaitear sa scéal go mbíodh go leor dí ar fáil ann, ach déanann an Gruagach iarracht beag is fiú a

dhéanamh den achrann a théadh leis seo. Cuimhníonn sean-Eibhlín, carachtar sa scéal, ar bhainiseacha fadó agus an t-iompar a bhíodh ar siúl, ach deirtear nach mbíonn an fonn troda céanna sin ar dhaoine na tréimhse seo in aon chor, rud nach bhfuil fíor, ar ndóigh:

Níl sé d'anam sa chuid is fearr aca anois éin-nídh is cruadha do bhriseadh 'ná plaosg uibh nó cos ganndail. Is minic do bhíos-sa ar phósaidheachaibh, — agus b'iúd iad na pósaidheacha gur bh'fhiú pósaidheacha do thabhairt ortha, — ná feadair duine de sna fearaibh ar maidin cé'ca ba mhó d'fhuil ná de bhiotáille do bhíodh óltha i rith na hoidhche aige. (Ó Séaghdha 1907, 39)

Faightear léargas ar nósanna na ndaoine tríd an mbainis seo i mBéarra. Feicimid gach duine ag teacht chuig teach na mná óige: “Ní raibh an féasta ar siúl ann ach is é gnás na háite an t-ógánach agus formhór na cóisire dul go tigh na mná óige ar maidin agus iad a bheith mar gharda aici ag dul chun an tséipéil.” (Ó Séaghdha 1907, 41) Fad is atá daoine ag teacht chuig an teach an mhaidin seo, feictear deartháir fhear an tí ag tabhairt amach biotáillí do gach duine a bhí ag teacht isteach: “Ba mheidhreach croidheamhail bhí gach éinne timpeall an tí an mhaidin sin.” (Ó Séaghdha 1907, 42) Bhí an pósadh seo gar go leor d'áit dhúchais an Ghruagaigh agus is cosúil go mbíodh na nósanna seo mar chuid de nósanna gach éinne timpeall an cheantair ar lá pósta. Cuireann sé le fiúntas an chuntais chomh maith, ag rá: “Ní phóstar daoine san áit seo tar éis a dó a chlog agus an dinnéar ithe acu faoi thitim na hoíche.” (Ó Séaghdha 1907, 50) Mar aon leis seo, faightear amach ó chomhrá fir éigin gur cleamhnas atá i gceist idir an lánúin:

Bhí áthas orainn uile,” ar sé, “nuair chualamair go raibh cleamhnas réidh eatortha; bhí áthas orainn ag dul dá dtionnlac sa Bhonán indiu, mar ar cuireadh i gcuíng cléire le chéile iad; tá áthas orainn bheith ag ithe agus ag ól 'n-a gcuideachtain annso anocht. (Ó Séaghdha 1907, 52)

Cosúil leis na bainiseacha, bhíodh baint ag an ól leis na sochraidí chomh maith, agus mar sin is cinnte go raibh troideanna agus achrann mar chuid díobh siúd freisin. Deir Ó Súilleabháin:

Gnáthghné den tórramh sa seansaol ab ea bia a bheith le n-ithe ann, agus deochanna meisciúla le n-ól... Toisc go raibh leann an-ghann fadó- agus gan é ar fáil in aon chor ina lán áiteanna- uisce beatha is mó d'óladh na fir; bhíodh poitín á ól sna ceantair a ndéantaí é. Pé ach nach raibh fulaingt ró-mhór ag cuid acu ar an uisce beatha ná ar an bpoitín nó go mbíodh an iomarca den bhraon cruaidh láidir le n-ól ar na tórraimh, is áirithe, ar fhianaise na leabhar agus ar an gcuimhne atá ag na seandaoine ar na cúrsaí sin, gur mhinic daoine ar meisce orthu sa tseansaol. (Ó Súilleabháin 1961, 5)

Is suimiúil go seachnaíonn Ó Duinnín an léiriú seo, áfach, ina leabhar *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-shaoghal (1905)*. Tugann sé caibidil ar leith ar phlé ar thórramh na marbh, ach bíonn siad go huile is go hiomlán gan trioblóid, agus ní bhíonn ach taobh morálta agus cráifeach na ndaoine á gcur chun cinn aige sa chuntas:

Is minic airighthear daoine ag labhairt i gcoinnibh tórramh i nÉirinn agus ‘gá rádh ná bíonn ionnta acht cruinnughadh an aosa óig chum spóirt is toirmisc is droch-ghníomhartha, agus gan amhras ní hannamh a chleachtar droich-bhéasa ar thórramhaibh i n-áitibh áirithe ar fuaid na dúithche. An tórramh, ámthach, fá mar chleachtaidhe i gCiarraidhe é, ní dóigh liom go bhfacathas riamh ar an saoghal so sollamhantacht dhiadha taobh amuigh d’fhallaidhibh na heaglaise, d’fhéadfaidhe a chur i gcomórtas leis. (Ua Duinnín 1905, 62)

Dá mbeadh duine chun glacadh leis an méid seo atá ráite ag Ó Duinnín, bheadh sé den tuairim nach féidir teacht ar dhaoine ní ba mhorálta ná muintir Chiarraí. Is cliste an rud é nach bhfuil sé ag caint faoi gach duine, mar is ar a mhuintir féin amháin a dtagraíonn sé dóibh sa phíosá seo. Admhaíonn sé go mbíonn achrann ann uaireanta le linn na socraidí, ach ní bhíonn sé seo ag baint leis an ól: “Ar uairibh bhíodh bruighean is eachrann le linn na sochraide. Badh mhian le muinntir an chuirp é chur i reilig an Chnuic Reimhir, is ní shásóchadh aon nídh muinntear a chéile acht é bhreith go dtí an Seanbhaile.” (Ua Duinnín 1905, 65)

4.1.2 Comharsanúlacht

Cuireann Ó Duinnín láidreachta na comharsúlachta chun cinn ina leabhar *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal (1905)*. Cuireann sé in iúl dúinn an aontacht láidir a bhíodh ann i measc an phobail sa tréimhse seo agus go mbídís ag tacú lena chéile an t-am ar fad. Má bhíodh aon rud ó dhuine, bheifeá cinnte go dtabharfadh na

comharsana cabhair dóibh dá mbeidís in ann í a sholáthar. Tagann sé sin le fláithiúlacht na ndaoine a luaitear go minic mar cheann de na tréithe is fearr agus is mó a bhaineann leis an bpobal seo: “Ní cleachtar i n-aon-bhall, ámhthach, comharsantacht chómh dflis chómh dúthrachtach, chómh oscailteach, is mar chleachtar i mbailtibh beaga na tuaithe, agus budh dheacair an chraobh do bhreith ó mhuintir Chiarraidhe ar dhílse is ar oscailteacht.” (Ua Duinnín 1905, 51) Mar chuid den chomharsanúlacht seo ar ndóigh, bhí an traidisiún scéalaíochta, agus luann Ó Duinnín an ghné seo freisin:

Gach compórd os sólás atá le fagháil i líon tige, méaduighthear iad le caidreamh na gcomharsan. Mar leathann ar gcroidhe ionainn nuair a thagann comharsa scléipeach, ghreannmhar, gheal-gháireach, isteach an doras chugainn agus fonn air suidhe ag an dteine is scéal d’aithris is caitheamh aimsire do dhéanamh dúinn ó thuitim oidhe go ham codlata! (Ua Duinnín 1905, 52)

Bhí níos mó ná caitheamh aimsire ag baint leis an gcomharsanúlacht chomh maith, fé mar a léiríonn Ó Duinnín sa líne: “Ní raghthá isteach i dtigh do chomharsan gan teacht as lán de mheisneach is de dhóchas. Dá mbeadh brón ort luigheadóchaidhe é. Dá mbeadh áthas ort is amhlaidh do mhéadóchaidhe é.” (Ua Duinnín 1905, 52)

Cáintear muintir na tuaithe in aiste an Duinnínigh, áfach, dar teideal ‘Filleadh na Féile’ i *Banba* (1901). Tá Ó Duinnín ag caoineadh fhláithiúlacht na ndaoine a bhíodh go smior iontu tráth, go háirithe roimh an nGorta, fé mar a phléann sé thuas. Cuireann sé síos ar cé chomh fláithiúil is a bhídís le bia má bhíodh duine ag siúl na mbóithre, agus ar an gcarthanacht a bhíodh mar chuid de seo. Deir sé san aiste, áfach, nach bhfuil na deathréithe seo chomh soiléir iontu anois, agus go bhfuil a ndúil san airgead ag scriosadh an phobail, go háirithe i leith a bhflaithiúlachta don lucht siúil:

Tá atharrughadh mór tagaighthe ar na daoineibh. Tá sainnt is doicheall ag iadhadh suas a gcroidhthe. Ní’l uatha anois acht airgead do bhailiughadh... Is measa an t-aos óg ná na sean daoine féin. Tá gach saoghal ag dul i n-olcas is ní mór ná fuil doicheall ar an inghean roimh a máthair féin. (Ua Duinnín 1901, 10-11)

Tagann sé seo leis an tslí inar athraigh an saol agus daoine tar éis an Ghorta. Is cinnte go bhfuil sé seo mar gheall ar thionchar na ndíshealbhuithe agus na talún, nár rud buan é an t-airgead nó talamh, agus mar sin chuirfeadh sé sin isteach ar cé chomh flaithiúil is a bheadh daoine leo.

Is suimiúil an méid a deir sé ina dhiaidh seo freisin. De ghnáth, bhaineadh flaithiúlacht agus daonnacht le muintir na Gaeltachta, nó le daoine a bhíodh ina gcónaí in áiteanna ina labhraítí an Ghaeilge ar bhonn laethúil. Bhíodh scríbhneoirí Éireannacha, cosúil le hÚna Ní Fhaircheallaigh, i gcónaí ag cur chun cinn deathréithe agus flaithiúlacht na ndaoine, ach dearbhaíonn Ó Duinnín nárbh é seo an cás: “Acht b’fhéidir go ndéarfá: “...acht ina na háiteannaibh Gaedhealacha mar a labhartar an tsean-theanga tá féile is daonnacht fós ar mairthean go lán-abaidh.” Adeirim-se na fuil.” (Ua Duinnín 1901, 11) Seo drochthréithe a bhaintí le muintir na gcathracha, ach, dar le Ó Duinnín, tá siad le sonrú i muintir na tuaithe anois. Is mór an t-athrú atá feicthe aige idir tréithe na seandaoine agus tréithe na ndaoine tar éis an Ghorta Mhóir ar aghaidh. Tá a leithéid seo de smaoineamh le sonrú sa bhéaloideas chomh maith.

Feicimid an taobh scéalaíochta sa phobal chomh maith i *Mo Scéal Féin* (1915), le scéilín Pheadair ar Pheig agus ar insint na scéalta. Sampla is ea é seo den chomharsanúlacht a bhíodh go láidir i measc mhuintir na tuaithe agus ba chuid de chaitheamh aimsire na ndaoine é an scéalaíocht: “Peig Labhris a thugtaí uirthi. Ní raibh aon fhocal Béarla aici, ná ag a hathair. Sin í an cailín beag a bhíodh ag insint na scéalta dúinn. Is í a d’inis an scéal sin Shéadna dúinn.” (Ó Laoghaire 1915, 17) Tá an chomharsanúlacht seo soiléir chomh maith nuair a fheictear muintir an cheantair ag teacht le chéile in am an ghátair. Cuireann Peadar síos ar lá a raibh baol ann go méadófaí cíós na talún, agus luann sé gur tháinig na fir go léir le chéile chun labhairt faoin bhfadhb seo sular tháinig an máistir chun caint leo. (Ó Laoghaire 1915, 22)

Tagann tréithe dearfacha an phobail chun solais sa scéal ‘Míol Mara do Leag Cíos’ in *An Buaiceas (1903)* le Conán Maol. Tugann an báille cuairt ar theach na lánúine, ach faigheann sé bás sula bhfágann sé. Cuirtear deathréithe na ndaoine in iúl tríd an mbás seo, áfach, sa mhéid is go bhfeictear iad ag guí i ndiaidh a bháis: “Do bhuail Máire Ní Bhroin a dá bais go dubhrónach is do chaoin is do mhol an corp.” (Ó Séaghdha 1903, 38) Déanann sé iarracht carthanacht, trócaire is creideamh na ndaoine a léiriú go soiléir sa phíos seo. Daoine is ea iad seo a bhí faoi smacht is faoi thoil an bháille, ach is cosúil go ndéanann siad dearmad air seo agus ar a dhrochthréithe nuair a fhaigheann sé bás. Cuirtear leis seo nuair a luaitear go gcuireann siad airneán is sochraid ar siúl dó. Tagann sé seo le ráiteas Ní Dhonnchadha i leith mhuintir an phobail sa scéal: “Carachtair dhubha nó bhána atá sa phictiúr seo. Tá na Gaeil carthanach muinteartha déirciúil cráifeach fad is atá lucht na gcóras talún agus dlí mínáireach cealgach neamhscrupalach.” (Ní Dhonnchadha 1981, 33)

4.1.3 Téama an Bháis

Úsáideadh na sochraidí i scéalta na scríbhneoirí mar shlí eile chun a bpobal a chur in iúl dúinn. Deir Ó Súilleabháin:

Níorbh ócáidí ciúine sollúnta na tórraimh a bhíodh in Éirinn anuas go dtí tuairim agus leathchéad bliain ó shin... Ba mhó go mór de chaitheamh aimsire a bhíodh ar na tórraimh sa saol úd ná mar a bhíodh ar bhainiseacha. (Ó Súilleabháin 1961, 13)

Ócáidí ab ea iad inar tháinig an pobal go léir le chéile i dteach an mharbháin. Is cinnte go raibh páirt ollmhór ag an ól sna hócáidí seo sa tír ach níorbh é an t-ól amháin a bhíodh mar chuid de na tórraimh, óir ba mhinic a bhíodh cluichí, amhránaíocht is scéalaíocht ar siúl sa teach agus daoine an cheantair bailithe ann. Míníonn Ó Súilleabháin:

I dtosach na hoíche, ar an tórramh, ba ghnách leis na daoine a bheadh ina suí sa chistin an t-am a chur isteach ag caint ar chúrsaí an lae, ar imeachtaí sa pharóiste, ar aon nuacht mhór le rá, agus ar na nithe a bhain le polaitíocht nó a leithéid. Tharraingídis

anuas chucu féin eachtraí beag grinn i dtaobh duine éigin sa cheantar a bhaineadh smutaíl gháirí as an méid a bheadh ag éisteacht. (Ó Súilleabháin 1961, 14)

Tá gné na scéalaíochta le sonrú in *Annála na Tuatha Cuid II (1906)* sa scéal ‘Ar Thórramh Sheana-Shéamuis’. Cuireann an Gruagach síos ar thórramh áitiúil sa bhaile agus ar cad a bhí ar siúl i dtigh an chorpáin, Dómhnall. Deir sé gur thosnaigh siad ag guí ar son an mharbháin agus ansin thosnaigh duine ag insint scéalta don dream a bhí ann chun fanacht suas leis an gcorp: “Innis sgéal nó rud éigin a chuirfidh an oidhche i ngearracht do sna comhursain” (Ó Séaghdha 1906, 3) a deir mac an mharbháin le fear sa tigh. Cuireann an Gruagach síos ar an scéal a insíonn sé dóibh faoi chath a bhí ag fear le cat fiáin. Leantar é seo le scéal eile faoi bhean dárbh ainm Peig agus í ag díol poitín, rud a thugann misneach d’fhear a bhí ag ól sa tigh léi mac tíre a chloí. Insíonn fear eile scéal bunaithe ar a laethanta scoile, agus an foréigean a thaispeáin an máistir scoile dó, agus tugtar scéal eile ar chapall a ceannaíodh ag aonach ach nach n-aithníonn a ainm nuair a ghlaotar air as Gaeilge, toisc nár labhraíodh Gaeilge leis riamh.

Tugtar blas eile de na sochraidí sa scéal ‘Seaghán agus Mícheál’ in *An Buaiceas (1903)*. Fad is atá Seaghán ag cuimhneamh siar ar a laethanta scoile, luann sé lá amháin agus iad amuigh sa chlós ag súgradh. Bhí sochraid ar siúl in aice na scoile, agus feicimid go raibh orthu dul isteach sa seomra ranga go dtí an máistir mar bheadh sé drochbhéasach dá bhfanfaidís amuigh: “Is mór an náire dhúinn bheith chómh easumhal.” (Ó Séaghdha 1903, 80) Seo sampla den tábhacht a baineadh leis na corpáin agus cé chomh tábhachtach is a bhí sé meas a bheith á thaispeáint acu ar an tsochraid.

Críochnaíonn an scéal ar nóta brónach le bás an chailín óig, Nóra, a bhí i rang Sheagháin. Tugann sé seo léargas dúinn ar chúrsaí mortlaíochta na linne, agus is cinnte go raibh bás an duine óig mar chuid rialta den tsochaí ag an am. Tugtar pictiúr de Sheaghán agus é ar a shlí chun cuairt a thabhairt ar thigh Nóra i lár na hoíche sula bhfaigheann sí bás. Ón

gcuart seo, faightear léargas thipiciúil ar an bpobal traidisiúnta agus Seaghán ag iarraidh tigh Nóra a aimsiú. Tá sé ina aonar ag iarraidh teacht ar an tigh, agus nochtann sé nach raibh aon eagla air, ní raibh a oiread “eagla púca” (Ó Séaghdha 1903, 95) air fiú, ag léiriú go mbíodh scéalta faoi phúcaí agus a leithéid á n-insint sna tithe san oíche. Léiriú eile ar a bpobal traidisiúnta agus ar cé chomh i dtiúin leis an nádúr is a bhí siad ná an píosa seo ó Sheaghán: “d’fhéach mé suas chun an spéir chun an t-am a fháil.” (Ó Séaghdha 1903, 96) Tagann sé seo le ráiteas Uí Ghiolláin i leith am na dtuathánach sa tréimhse seo. Dúirt sé go mbíodh: “am na tuaithe ceangailte le ‘clog na gréine agus na ráithí’.” (Ó Giolláin 2005, 19) Cé go bhfuil rian den phobal comhaimseartha le fáil sa leabhar is sa scéal seo ach go háirithe, faigheann Ní Dhonnchadha locht air, toisc go bhfuil claonadh na rómánsaíochta le brath uaidh:

B’fhéidir go ndéarfaí go bhfuil claonadh rómhór chun rómánsachais sna scéalta agus go bhfuil róbhéim ar uaisleacht meoin na nGael ionas nach gcuirtear pictiúr réalaióch go leor den duine gona shuáillí agus a dhuaileí os ár gcomhair... Níor léiriú ar leochaileacht ná ar ghuagacht nádúr an duine ba chúram do scríbhneoirí na Gaeilge i dtrátha an ama sin. (Ní Dhonnchadha 1981, 41)

4.2 An Imirce

Is cinnte go raibh drochmheas ag na scríbhneoirí ar chuid dá bpobal féin de bharr thréigean na teanga sa cheantar. Cuireann Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin síos ar an meon a bhí ag daoine i leith na himirce:

Gné thábhachtach de léiriú na himirce i nuascríbhneoireacht na Gaeilge ba ea an chaoi a n-úsáidte an saothar ficseanúil d’aon oghaim uaireanta le teachtaireachtaí frithimirce a chur abhaile... Meon láidir náisiúnaíoch a bhí taobh thiar den chineál seo léirithe ag tús an fichiú haois, chomh maith leis an dearcadh gur bhaol do mhoráltacht an Éireannaigh óig Chaitlicigh é nó í a bheith ar strae i dtír nó i gcathair choimhthíoch. (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin 2008, 10)

Téama láidir ina gcuid saothar liteartha is ea an imirce agus bíonn a ndrochmheas seo le feiscint in iomaí díospóireacht a dhéantar ar an ábhar. Deir Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin: “Is téama tábhachtach í an imirce in iliomad drámaí, gearrscéalta agus dánta ó

údair Ghaeilge éagsúla ó aimsir na hathbheochana i leith.” (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin 2008, 9) Bhí an Gorta Mór mar thoradh ar thromlach na himirce seo, ag fágaint daoine ar an ngannchuid, ach bhí ról ag eacnamaíocht lag na tíre agus ag foroinnt na talún inti chomh maith. Ba é seo an scéal timpeall na tíre, agus níorbh aon eisceacht é Sliabh Luachra. Tugann Moynihan le fios dúinn:

The Great Famine of 1845 was so widespread that it took its toll on the inhabitants of Sliabh Luachra as it did elsewhere throughout the country. The resultant rate of mortality and forced emigration denuded the population of Sliabh Luachra to roughly the same extent of one fifth as it generally countrywide. (Moynihan 2003, v)

Is díol suime é, áfach, an rud a luann Moynihan faoi chúrsaí imirce i Sliabh Luachra, rud a cheistíonn leithscéal an Ghorta maidir le meath na Gaeilge sa cheantar seo. Cé go raibh sé mar chuid den saol ag an am, luann sé: “Emigration was one way to escape the horrors of the famine, for those who could afford it. For the vast majority of the inhabitants of Sliabh Luachra this was not a possibility.” (Moynihan 2003, 93) Ar úsáideadh an Gorta mar leithscéal i bhfad rómhinic mar mhíniú ar an scéal? Is téama an-choitianta í an imirce, i saothar an Duinnínigh, ach go háirithe. Deir O’Leary i leith na scríbhneoirí tuaithe: “they found nothing at all humorous in the fourth and most significant of their principal concerns: emigration, particularly the flight from the Gaeltacht.” (O’Leary 1994, 141)

Bhí polasaithe curtha i bhfeidhm ag an gConradh i gcoinne na himirce toisc go raibh siad ag iarraidh í a mhaolú. Scríobhadh in *An Claidheamh Soluis* go raibh sé de dhualgas ag gach Conraitheoir “to discourage emigration amongst Gaels.” (1908, 1) Fianaise air seo is ea an méid a deir Nic Congáil faoi na Conraitheoirí a chuaigh go hInis Meáin chun íonghlaineacht an oileáin a leathnú: “Tá rian de chaomhnaitheacht le feiceáil i bpolasáí na gconraitheoirí agus iad ag iarraidh útóipe Ghaelach a chruthú ar Inis Meáin. D’impigh siad ar mhuintir an oileáin fanacht sa bhaile in áit dul ar imirce.” (Nic Congáil 2010)

Bunaíodh ‘An Cumann Frith-Imirceach’ i mBaile Átha Cliath chun cabhrú le maolú na himirce freisin. (Nic Congáil 2010) Is díol suime é go raibh baint ag Ó Laoghaire leis ‘An Cumann Frith-Imirceach’ i mBaile Átha Cliath i 1903 ach go dteipeann air é seo a lua ina dhírbeathaisnéis. Feachtas frithimirceach a bhíodh ar siúl ag an gCumann chun seasamh in aghaidh imirce na tíre, go háirithe in aghaidh na himirce ó cheantair a raibh an Ghaeilge labhartha iontu. Is féidir a áiteamh anseo go raibh sé ag iarraidh ligean air féin linn nach raibh a muintir féin ina muintir mídhílse nó ina bhfealltóirí. Ní fios dúinn ach is ait an rud é nach luann sé an ghné seo ag an am céanna.

Cnuasach aistí atá sa leabhar *Saoghal i nÉirinn (1903)*. Pléann an Duinníneach an saol in Éirinn, fé mar a fheiceann sé é, agus daoine ag fágaint na tíre. Is cinnte go raibh a fhios ag Ó Duinnín an fáth a raibh siad ag fágaint, ach níl sé chun an fáth seo a nochtadh dá léitheoirí. Dealraíonn sé go ligean sé air féin nach dtuigeann sé an fáth go bhfágfadh aon duine an tír fhoirfe seo. In ionad cur síos a dhéanamh ar réalachas an tsaoil do mhórán daoine, déanann sé idéalú ar an tír agus ar a muintir, ag tabhairt freagra ar na daoine a chreideann nach bhfuil sult ná slí bheatha le fáil sa tír:

Ní chreidfínn ó’n saoghal go bhfuil tír ‘san domhan uile chomh breágh, chomh aoibhinn, chomh séanmhar, chomh sonarach, chomh nádúrtha, chomh toramhail le tír na hÉireann. Ní chreidfínn ó’n saoghal go bhfuil daoine ar fód an domhain chomh cneasta, chomh sultmhar, chomh múinte, chomh béasach, chomh rathmhar, chomh deagh-aigeantach le n-ar muintir féin. (Ua Duinnín 1903, 6)

Cuireann sé leis seo, ag rá go mbíonn muintir na tíre i gcónaí á gcur faoi chois agus go mbíonn claonadh ann beag is fiú a dhéanamh de gach gné a bhaineann leo: “Tá sé mar béas ag na Sasannachaibh bheith go síorruidhe ag tromaidheacht orainn féin agus ar gach nídh a bhaineann linn, ar ar dtír, ar ar ndaoineibh, ar ar mbéasaibh.” (Ua Duinnín 1903, 6) Is amhlaidh go bhfuil Ó Duinnín ag impí ar mhuintir na tíre fanacht sa tír, agus gan a dtír dhúchais a thréigean. Bíonn buairt fhollasach le brath ón leabhar dá rachadh daoine

ar imirce go laghdófaí a dtírghrá agus go mbeidís ag glacadh le nósanna eachtrannacha, ag tabhairt droim láimhe lena gcultúr diaidh ar ndiaidh:

Fá dheireadh géilleann a lán againn féin do dheoraidhthibh de'n tsaghas sain, agus dá bhrígh sin ní fhanann aon mheas againn ar ar dtír féin ná ar ar ndaoineibh féin, ná ar aon nídh bhaineann le n-ar dtír ná le n-ar ndaoineibh. (Ua Duinnín 1903, 7)

Is léir ag an am céanna go raibh fadhb na himirce go forleathan sa cheantar agus tugann Ó Duinnín le fios dúinn go gceapfaí go raibh galar tógálach ag na dúchasaigh de bharr ráta mór na himirce: “Ní fhágann sain gur ceart d’ar n-aos óg, beagnach ar fad, teicheadh leo féin thar lear, fé mar bheadh pláigh ar an ndúthaigh.” (Ua Duinnín 1903, 35) Dealraíonn sé go bhfuil teaghlaigh sa cheantar á ndíothú de bharr na himirce: “Ní haoinne amháin as tigh a théidheann anonn, acht iad uile go léir i ndiaidh a chéile.” (Ua Duinnín 1903, 36) Tá toradh an mhalartú teanga cosúil le toradh na himirce, sa mhéid is go mbíonn daoine ag fulaingt go síceolaíoch, nó go mbíonn tionchar diúltach aici ar a dtréithe is ar a bpearsantachtaí: “Ní fhanann an spioraid chéadna ionnta. Caillid a gcuid anamamhalachta, a gcuid meidhreach, a dtréithe caoine, uaisle.” (Ua Duinnín 1903, 37)

An rud is suntasaí, afách, is ea an chaibidil dar teideal ‘An Fíor-Éireannaigh na daoine théidheann tar fairrge agus a sliocht?’ An bhfuil meas ag dul dóibh chun trácht orthu mar Éireannaigh? Is cinnte go bhfuil Ó Duinnín ag tabhairt a lán breithiúnais do na daoine a théann ar imirce agus go bhfuil tuairimí láidre aige timpeall an ábhair. Ceist eile a thagann chun solais ón dteideal seo is ea, cad go díreach é ‘Fíor-Éireannach’? An bhféadfaí trácht ar Ó Duinnín é féin mar Fhíor-Éireannach fiú? Ní thugann Ó Duinnín aon mhíniú ar an bhfrása seo san aiste, ach is é a thuairimse nach fíor-Éireannaigh iad na daoine a théann ar imirce ar aon chaoi:

Éireannaigh is eadh iad gan amhras, acht ní d’Éirinn oibrighid. Ní hí Éire acht tír éigin iasachta fhaghann toradh a gcuid sláinte. Ní hí Éire a bhuaidhfidh le n-a gcáil is le n-a n-ainm; ní hí Éire acht tír iasachta a neartuighid... Agus clainn na

ndeoidhthe sin, an Éireannaigh iad sain? Ní dóigh liom gur b'eadh. (Ua Duinnín 1903, 50-51)

Tá an chuma ar an Duinníneach go bhfuil sé den tuairim go dtéann cailliúint na féiniúlachta Gaelaí lámh ar lámh leis an imirce. Is é atá mar aidhm aige anseo ná daoine a chur ó dhoras na himirce agus chun iad a chuibhriú sa tír.

Is fíor gur rud fíordhiúltach í an imirce de réir aon tírghráthóir, agus tapaíonn an Duinníneach an deis chun an brón agus an t-uaigneas a bhíonn le brath i ndiaidh na n-imirceach a chur in iúl chomh maith. Is próiseas an-mhothúchánach í do theaghlaigh an cheantair:

Is iomdha tinnteán fágtha go doilbh, uaigneach ag an luíng sin. Is iomdha muirighean fágtha dealbh, lag-lámhach aici, is iomdha máthair ag gol is ag caoi 'na diaidh. Is iomdha dearbhráthair is dearbhshiúr go dtógann sí solas a mbeathadh uatha, is d'fhágann sí go dubhach, deorach ar feadh a saoghail. (Ua Duinnín 1903, 54)

Deir Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin: “Is mar chinniúint thragóideach a shamhlaítear an imirce i gcuntais liteartha áirithe. Ba gheall le bás é an imirce go Meiriceá i mblianta deireanacha an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois.” (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin 2008, 11) Tráchtann Ó Duinnín ar an teaghlach a fhanann sa tír ina ndiaidh mar “clann dílis” (Ua Duinnín 1903, 56), ag tabhairt leide gur daoine mídhfílise iad na daoine a fhágann an tír. Is cosúil le ráiteas Mhic Phiarais i 1903 é a ráiteas i leith na n-imirceach chomh maith:

Let us plainly tell the emigrant that he is a traitor to the Irish State, and, if he knew but all, a fool into the bargain... We believe, moreover, that in a vast number of instances the emigrant, far from being a martyr, is a mere weakling and coward who emigrates mainly because he is too lazy or proud to do what he regards as 'menial' work at home- on the far side of the Atlantic he is much less squeemish. (Mac Piaras 1903, 4)

Bíonn an rud céanna le rá ag Ó Duinnín i *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal* (1905). Déanann sé tagairt arís d'imirce, is go mbíonn teaghlaigh fágtha in umar na haimléise:

'Sé truagh an scéil é go bhfuil an t-aos óg ag imtheacht leo féin ar fhairrgidhibh fuara gach lá bheireann orainn agus go bhfágann sain go dealbh, doilbh na teinteáin ag a muinntir, is go n-imthigheann sult is scléip is caitheamh aimsire leo, is ná fuil de chúram ar a bhfuil ag éirghe suas acht iad féin d'ullmhughadh chum teichte leo féin chómh liath i nÉirinn is béaraidh ar an oiread airgid is bhéaraidh tar lear iad. (Ua Duinnín 1905, 2)

Tugann sé le fios sa leabhar seo chomh maith go ndearna an imirce a lán damáiste don áit agus gurbh í an t-aon rud a bhíodh i ndán do dhaoine ón lá a rugadh iad. Rud a bhíodh i gcónaí i mbéal an phobail ab ea í agus shealbhaigh sí cuid mhór de shaolta an phobail sin:

Is mór an díoghbháil a ghníodh imirce go hAmerica do mhuintir Chiarriadhe. Ní bhíodh de chomhradh cois na teineadh istoidhche aca acht í, is í bhíodh i gcuimhne na n-aosa óig ó'n gcéad lá théidhidís ar scoil. Ní bhíodh uatha acht iad féin d'ullmhughadh chum dul tar lear. (Ua Duinnín 1905, 57)

Ba mhinic a théadh páiste amháin ar imirce ar dtús agus chuiridís airgead abhaile chun tacaíocht a thabhairt don teaghlach agus chun an chéad pháiste eile a chur chucu:

I dtosach na haoise nuair bhíodh airgead gann agus gan mórán tuillimh le fagháil bhí sé air ag cuid aca an oiread airgid do sholáthar is bhéaradh anonn iad. Acht tar éis dul anonn dóibh is obair d'fagháil badh gheárr an mhoill ortha breith ar an oiread is bhéaradh a ndearbhráithreacha is a ndeirbhshéathracha anonn, leis... Badh bhreágh an rud litir d'fagháil ó Éamonn i gcomhair na Nodlag agus seic deich bpúnt fillte, taiscidhthe innte. Ní miste a rádh go gcuirfeadh seic de'n tsaghas sain meisneach ar an athair is ar an mháthair chum a thuilleadh dá gclainn do leighean uatha. (Ua Duinnín 1905, 54-55)

Pléann Conán Maol gné na himirce freisin, ag déanamh cur síos ar na Gaeil i Londain ina úrscéal *Eoghan Paor (1911)*. Is fiú cuimhneamh air go raibh Conán Maol é féin ina chónaí i Londain ar feadh cúpla bliain agus, mar sin, shamhlófá go mbeadh sé ag labhairt óna thaithí féin go pointe agus é i mbun an leabhair seo. Cuireann Eoghan Paor ceist ar Ghobnait maidir le Galldú na n-imirceach: “An dóich leat ná héalóchaidh béasa agus tréithe na Sasanach isteach i n-inchinn na nGaedheal so diaidh ar ndiaidh?” Freagraíonn sí air: “Gan amhras, beidh clann a gcloinne Gallda.” (Ó Séaghdha 1911, 89) Rud atá an-

suimiúil is ea go gcuirtear na hÉireannaigh i gcomparáid leis na Giúdaigh sa mhéid is go n-éiríonn siad as a nósanna:

Ní chongaibhídh a dteanga dhúthchais ná a nós féin leathismuich fá mar a ghnídheann na Giúdaigh agus beidh a rian air... Tá banaltra ‘san Ósbuidéal lem’ cois agus cé gur bh’a Gaedhil a hathair ‘s a máthair níor dhóich leat go raibh baint riamh ag éinne bhain léi le hÉirinn... Taisbeánann sé dhom go bhfuil clann na nGaedheal le n-a dtoil féin ag leigeán do threabhachaibh eile an lámh uachtair d’fhagháil ortha agus a n-ainm ‘s a sloinneadh a chuimilt amach ar chinídheachaibh an tsaoghail. (Ó Séaghdha 1911, 98-99)

Bhíodh drochmheas ag daoine ar na Giúdaigh sa tréimhse seo toisc gur creideadh gur mharaigh siad Íosa Chríost. Is sampla é an tagairt béaloidis seo ar an drochmheas:

Thugtaí bia faoi leith do gach ainmhí ach amháin don chapall, mar nuair a bhíonn gach ainmhí ag éirí ó bheith ina luí téann siad ar a nglúinibh, ach amháin an capall; éiríonn sé sin na cosa tosaigh ar dtúis. Adhrann gach ainmhí Dia ach amháin an capall, mar deiridís gur ós na Giúdaigh a tháinig sé ar dtúis. (Newman 2016, 64)

Is spéisiúil an rud é mar sin go n-úsáideann Conán Maol an chomparáid seo chun a chuid míshásachta a chur in iúl agus, mar sin, is trácht an-mhaslach é i leith na nÉireannach. Is amhlaidh go bhféachtar ar na himircigh mar dhaoine lagintinneacha, ag ligean dóibh féin teacht faoi anáil nósanna eachtrannacha, in ionad bheith ag díriú ar a gcuid nósanna féin a chothú. Cuireann Conán Maol na himircigh i gcomparáid leis na Gearmánaigh in aiste eile dá chuid, sa mhéid is nach mbíonn fonn orthu fáil réidh lena dteanga dhúchais ná lena nósanna nuair a fhágann siad a dtír dhúchais. Ní hionann an scéal do na hÉireannaigh. Tráchtann sé air seo ina aiste ‘Indé is Indiu’ (1903):

An méid áirimh do ghnídheas, fuaireas amach go bhfuil maoin shaoghalta na nGearmánach thall sé uaire níos mó ná maoin na nÉireannach... Congbhuighid na Gearmánaigh greim docht ar a dteangain a nósaihb féin, ní hail leo aithris do dhéanadh ar chách. (Ó Séaghdha 1903, 186)

Ní hálainn an léargas a thugann Conán Maol ar shaol i Londain ina úrscéal *Eoghan Paor* (1911), áfach, agus is léir go gceapann sé go mbeadh saol i gCill Airne i bhfad níos fearr is níos taitneamhaí:

Ná beadh aer glan folláin agam seachas an múrabhán so, ná beadh mo chuid ime is bainne féin agam, ná beadh mo chaora nó dó agam agus a lomra le n-a shníomh ag banfhóirseach: ná cuirfínn an dlúith is an t-inneach chum an fhighdeora agus ná beadh mo bhréidín féin le n-a chur umam agam. (Ó Séaghdha 1911, 12)

Cuireann sé Londain in iúl mar áit mhíchairdiúil, choimhthíoch agus shalach, agus nach bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir í agus tuath na hÉireann:

Is duairc an áit í. Tá sí mór go leór, mar leath sí í fein amach fá dhein na mbailtí mbeaga salacha bhí ar a teorannaibh... B'fheárr liom na bailtí beaga go mbeadh na daoine go deas compórdach, ceannsa le chéile ionnta 'ná cathair uaigneach mar Lúnduin ná feicfeá an fear a bheadh 'n-a chómhnuidhe i mbéal do dhoruis ó cheann ceann dhe'n bhliadhain. (Ó Séaghdha 1911, 5-6)

Ar ndóigh, is íomhá an-idéalach í seo ar an áit, agus is cinnte dá mbeadh an saol sa bhaile chomh foirfe sin ní rachadh daoine ar imirce ar an gcéad dul síos. Teipeann air fíorchruatan agus streachailt an tsaol sa bhaile a chur i láthair, rudaí a bhí ina bhfírinne lom do thromlach an phobail ag an am.

Is spéisiúil an íomhá a chruthaíonn Conán Maol d'Eoghan Paor sa leabhar. Milliúnaí is ea é tar éis sciaranna a dhíoladh. Is deoraí é Eoghan ó Chiarraí agus feictear é ina chónaí i Londain. Tá an-nua-aimsearthacht ag baint leis seo, agus is cinnte gurbh íomhá neamhchoitianta í ag am a fhoilsithe. Feictear an taobh eile de shaol na deoraíochta i Londain, áfach, tríd na carachtair Pud agus Prógras, fear céile Ghobnait, agus iad ag streachailt le hairgead a thuilleamh ann agus iad ag tosnú amach. Is comparáid dhomhain í seo.

Ní raibh gach aon rud ar sheol na braiche ag Gobnait ag tosnú amach i Londain ach oiread. Thug sí aghaidh ar Londain nuair a tháinig na báillí chun a teach a athshealbhú tar éis dá fear céile a chuid airgid go léir a chailliúint sa stocmhargadh i Londain. Ba ansin a fuair sí amach go raibh Prógras i Londain, agus go raibh a fear céile i mbéal a bháis. Bhuail sí leis sula raibh an t-am istigh, ach d'fhág Prógras a lán billí ina dhiaidh. Bhí ar Ghobnait íoc astu. Tar éis di íoc as na billí chomh maith le hÍoc as sochraid

Phógrais, ní raibh ach cúpla punt fágtha aici. (Ó Séaghdha 1911, 37). Is de bharr seo atá Gobnait í féin ar an ngannchuid i Londain gan áit ar bith aici le dul. Ceannaíonn sí bosca ceoil, agus feictear í ag dul ó dhoras go doras sa tsúil go bhfaigheadh sí airgead ó dhaoine, ag cur in iúl réalachas na himirce. Ar ndóigh, tá an t-ádh ag Gobnait agus éiríonn léi an-dul chun cinn a dhéanamh le linn a cuid ama ann. Buaileann sí le fear agus í ag seinm ar thairseacha. Éireannach is ea é, agus duine de lucht stiúrtha ospidéal is ea é freisin. Cuireann Gobnait in iúl dó gurbh aoibhinn léi a bheith ina banaltra agus faigheann sé post di san ospidéal. Feictear go n-éiríonn go han-mhaith léi sa phost seo agus go bhfuil sí ina dochtúir sula i bhfad. Ar ndóigh, is cás eisceachtúil agus áibhéalach é seo, a bhfuil beagáinín idéalachais ag baint leis.

Neartaíonn Ó Duinnín an teachtaireacht idéalach den saol sa bhaile ar thagair Conán Maol di chomh maith i *Saoghal i nÉirinn* (1903), ag iarraidh a chur in iúl dá léitheoirí nach ‘glas iad na cnoic i bhfad uainn’:

Is minic nach maoidhte a saoghal ortha, mar is minic a bhídh gan duine muinnteartha chabhróchadh leo ‘na gcruadhtan, is thiubharfadh chomhairle a leasa dhóibh. Ní bhíonn ‘na ngaor ná ‘n-a gcomharsanacht acht daoine iasachta go bhfuil gráin aca ortha féin is ar a gcine is ar a greideamh... Tá ná hÉireannaigh ró-bhóg, ró-shimplidhe, ró-mhacánta do na daoineibh seo, agus ní thuigid an feall atá ‘n-a gcroidhthibh. (Ua Duinnín 1903, 38)

Scríobh Conán Maol aiste ar an imirce chomh maith, dar teideal ‘An Imirce as Éirinn’ (1904). Scríobh sé an aiste seo fad is a bhí sé i Londain, agus is cosúil go raibh sé ag labhairt faoina thaithí féin ann. Pléann sé na himircigh i Londain. Dealraíonn sé nach bhfuil Conán Maol chomh dian is atá Ó Duinnín orthu, ach is dócha go mbeadh sé ag teacht salach ar a ghníomhachtaí féin agus go mbeadh sé fimíneach dó dá mbeadh sé chun an iomarca breithiúnais a thabhairt dóibh. Is é a deir sé ag tús na haiste ná: “Má labhraim-se ar an imirce mhíltigh sin atá ag súghadh na fola as Éirinn ní le fonn chum locht d’fhághail ar dhaoineibh mó thíre féin atáim.” (Ó Séaghdha 1904, 300) Cuireann sé

síos ar réalachas na himirce do na hÉireannaigh ann, nach n-éiríonn go maith le gach duine a fhágann an tír do Londain: “Tá an iomad d’ár ndaoineibh ins an gcathair mhóir seo Lúndainn cuid aca ag cur díobh maith go leor, a thuilleadh aca chomheasach, mórán aca i ngábhatar agus mórán ag dul ar aimhleas.” (Ó Séaghdha 1904, 300)

Ón méid seo, is soiléir go raibh an imirce go forleathan roimh agus i ndiaidh an Ghorta. Is díol suime é, áfach, nach bpléann Ó Laoghaire gné na himirce ar chor ar bith ina dhírbheathaisnéis *Mo Scéal Féin* (1915) mar níl aon cheist ach go raibh an imirce ar siúl i gceantar Uí Laoghaire. Teipeann air labhairt faoin ábhar áfach. Tagraíonn sé don easpa bia agus do líon na mbásanna sa cheantar in aimsir an Ghorta ach ní bhaineann an imirce leis an scéal. Is mór an trua é seo ar ndóigh, toisc gurbh é an tAthair Peadar an duine ba shine de na scríbhneoirí atá á staidéar agam agus ba dhóigh leat go mbeadh an chuimhne agus an taithí ab fhearr aige maidir le cur amach pearsanta na tréimhse.

4.3 Airgead, Ceist na Talún agus Díshealbhú na nDaoine

Pléann Ó Laoghaire cúrsaí airgid agus ceist na talún ina dhírbheathaisnéis *Mo Scéal Féin* (1915). Is léir ón leabhar gurbh fheirmeoirí iad tromlach a phobail, a theaghlach féin san áireamh. Tugann sé le fios dúinn gur roinneadh feirm a sheanathar idir ceathrar agus nach raibh ach “féar seacht mbó ag an duine acu.” (Ó Laoghaire 1915, 15) Ar ndóigh, bhí siad ag iarraidh íoc as an gcíos agus iad ag obair ar na feirmeacha seo. Is ar éigean a bhí mórán teaghlaigh a linne in ann teacht i dtír le praghas an chíosa agus is cinnte go mbíodh daoine faoi bhrú ó thaobh an airgid de. Ní raibh aon só-earraí acu sa tréimhse, agus tugann sé le fios go ndeachaigh daoine gan rudaí bunúsacha go minic: “Ní bhíodh bróga ar aon leanbh an uair sin, ná ar aon daoine óga.” (Ó Laoghaire 1915, 21)

Tá cuimhne ag an Athair Peadar ar streachailt leanúnach an chíosa, fé mar a léiríonn a scéilín ar chuairt a thug duine uasal ar a theach sa bhaile ag iarraidh an cíosa a ardú.

Theastaigh ó na tiarnaí talún daoine a chur faoi chois agus iad a chur ag streachailt. Chuir an fear uasal ceist ar Pheadar óg faoin uair dheireanach a d'ith sé feoil toisc gur chomhartha saibhris ab ea é an uair sin dá mbeadh sí á hithe ag teaghlaigh go minic:

Nuair a chuir sé chugamsa an cheist i dtaobh na feola, is amhlaidh a bhí sé ag lorg leithscéil. Dá ndéarfainnse gur ith mé feoil an mhaidin sin, nó inné roimhe sin, nó seachtain roimhe sin, bheadh an leithscéal a bhí uaidh aige. D'fhéadfadh sé a rá, 'Bíonn feoil le n-ithe agaibhse gach aon seachtain. Taispeánann sin go bhfuil mo chuid talaimhse agaibh róshaor'. (Ó Laoghaire 1915, 23)

B'fhada an lá ó d'ith sé feoil ar aon chuma. Ní raibh a lán airgid ag teaghlach Pheadair, ach is cinnte go raibh teaghlaigh sa cheantar a raibh i bhfad ní ba bhoichte ná iad. Tugann Peadar le fios dúinn gur theastaigh uaidh a bheith ina shagart ó aois óg, ach ní raibh an t-airgead ag a athair dó chun tabhairt faoi. (Ó Laoghaire 1915, 32) Bhí tionchar an-mhór ag an nGorta ar chúrsaí airgid sa cheantar. Tréimhse neamhthorthúil ab ea í d'fheirmeoirí, agus faoi seach, díothaíodh a bhfoinse bia is airgid. Luann Peadar gur chuir an Gorta isteach ar fheirmeoirí móra an cheantair níos mó ná ar na feirmeoirí nach raibh ach cúpla bó acu toisc nach raibh an méid céanna le cailliúint acu, agus go raibh taithí níos fearr acu ar mhaireachtáil suarach. Éiríonn go maith le Peadar réalachas an tsaoil le linn an Ghorta a chur in iúl agus níl aon dul as ach go bhfágfadh cuimhní den chineál seo drochiarmhairt ar Pheadar féin níos déanaí sa saol. Níl aon rómánsaíocht le sonrú ina chur síosanna i leith na hócáide seo agus is í an fhírinne lom a fhaightear ar an tréimhse.

D'éirigh Peadar é féin níos gníomhaí maidir le ceist na talún agus le daorsmacht an phobail nuair a bhí sé ina shagart. Is léir go raibh an-suim aige sa chás agus gur chuir sé go mór isteach air: "Bhíodh ag machnamh sin ag baint codladh na hoíche díom... Bhí eagla orm nach mbeadh sé de mhisneach ag na tionóntaí an fód a sheasamh." (Ó Laoghaire 1915, 137-138) Is óna thaithí féin leis a fhaighimid léargas ar an bpobal ó thaobh cheist na talún de. Ní raibh íocaíocht an chíosa ag éirí níos éasca do na

tionóntaithe agus bhí siad ag iarraidh lacáiste a fháil ó na tiarnaí chun faoiseamh de shaghas éigin a thabhairt dóibh. Diúltaíodh don iarratas seo agus díshealbhaíodh a lán daoine nuair a thosnaigh siad ag loiceadh ar a n-íocaíocht an chíosa. Ní raibh daoine sásta teacht slán tríd an uafás a thuilleadh agus bhí misneach ag teacht orthu an suíomh a athrú dóibh féin. Cuireadh Cumann na Talún ar bun mar thoradh ar an bhfonn athraithe. B'fhadhb fhorleathan í an scanradh agus an fhulaingt, agus ba léir é seo do Pheadar. Rud an-suntasach is ea gur ghlac roinnt mhaith sagart páirt sa phlé timpeall cheist na talún áfach, an tAthair Peadar féin san áireamh, agus d'fhéadfaí a áiteamh go bhfaca an Eaglais an fonn díoltais seo mar dheis chun níos mó stádais a ghiniúint di féin. Deir Peadar:

Nuair a chonaic na daoine an brú sagart thuas ar an ardán agus gach aon sagart acu, faoi mar a labhraíodh sé, ag labhairt ní ba dhána agus ní ba dhásachtaí ná an té a labhair roimhe, thosaigh an ghruaim agus an eagla agus an droch-iontaoibh ar imeacht as na gnúiseanna. D'fhéad mé a léamh in aghaidh gach duine acu, chomh soiléir díreach agus dá labhródh sé liom, an chaint seo: “Sea! Fad atá na sagairt sin go léir ansiúd thuair ar an ardán ní baol dúinn!” Chonaic mé an méid sin agus bhí áthas mór orm, agus bhí mé an-bhuíoch de na sagairt. (Ó Laoghaire 1915, 142)

Cuireann Moynihan in iúl dúinn áfach, gur ghnáth don chléir bheith páirteach sna díospóireachtaí timpeall na talún: “By the end of 1886 the National League had enlisted 120 branches, with the vast bulk of the Land Leagues members joining it and Catholic clergy playing a very dominant role in it.” (Moynihan 2003, 102) Bunaíodh craobh den Chumann sa Ráth. Bhí an tAthair Peadar ina chathaoirleach ar an gcraobh seo, agus tugtar íomhá den phobal ag teacht le chéile, iad go léir ag diúltú d'íocaíocht an chíosa ina hiomlán. Ba chúis áthais í seo do Pheadar go raibh muintir an cheantair ag éirí níos misniúla agus go raibh dóchas ann go sárófaí iad ón gclampar dlí faoi dheireadh. Bhí feabhas ag teacht ar a saolta de bharr a gcuid aontachta is a gcuid buanseasmhachta dar leis: “Ghabh mé buíochas ó chroí le Dia na Glóire a bhreith i mo bheatha orm go bhfaca mé an t-athrú aimsire sin, agus an sceimhle sin agus an briseadh catha sin tagtha ar na

bithiúnaigh.” (Ó Laoghaire 1915, 144) Bhí sé seo ar cheann de na chéad uaire a chonacthas na feirmeoirí ag troid ar ais ar son a gcearta féin.

Ní raibh na hiarrachtaí gan foréigean áfach. Bhí cuid mhaith rudaí le sárú ag na feirmeoirí, agus faoi dheireadh b'éigean dóibh dul i muinín an fhoréigin chun a gcuid cearta féin a bhaint amach: “Faoi dheireadh gortaíodh daoine. Ansin maraíodh daoine.” (Ó Laoghaire 1915, 52) Sin an méid tráchtairachta a dhéanann sé ar an bhforéigean a bhí ar siúl in aghaidh na dlíthe áfach. Ní nochtann sé aon sonraí faoi líon na mbásanna a bhí mar thoradh air nó cé chomh forleathan is chomh rialta is a bhí an foréigean. Tugann Moynihan le fios dúinn gur thréimhse fhoréigneach ab ea an tréimhse seo sa cheantar agus go raibh muintir an cheantair ag éirí ní b'fhoréigní agus ní ba ghníomhaí. Pléann Moynihan frithghníomhú an phobail sa Ráth Mhór, áit dhúchais Uí Dhuinnín: “With the refusal of any abatement and the arrest of the Rathmore tenants, an intense period of agrarian violence swept through Sliabh Luachra in 1881.” (Moynihan 2003, 101)

Is cinnte gur chreid an pobal go mór sa chás agus go raibh aontacht an phobail ag teastáil chun a gcuid aidhmeanna a bhaint amach; d'fhulaing éinne a chuaigh i gcoinne na n-aidhmeanna seo, fé mar a léiríonn cuntas a scríobhadh i 1881: “In November 1881 three tenants from the Rathmore area were shot in the legs for having paid their rents behind the backs of their neighbours.” (Sentinel 1881) Déanann Ó Laoghaire trácht ar na príosúnaigh seo. Rinne sé iarracht airgead a bhailiú dóibh fiú “chun é a chur ag triall ar na fir.” (Ó Laoghaire 1915, 154)

Tagraíonn Conán Maol d'íocaíocht an chíosa ina scéal ‘Míol Mara do Leag Cíos’, an dara scéal sa chnuasach gearrscéalta *An Buaiocas* (1903). Feictear pobal cráite sa scéal seo arís, pobal cosúil le pobal Uí Laoghaire i *Mo Scéal Féin* (1915). Cuirtear síos ar

chath na ndaoine maidir leis an gcíos agus ar cé chomh dian is a bhí na dlíthe a bhí i réim. Is léir nach raibh bagairt na ndíshealbhuithe i bhfad ó aigne na ndaoine ag an am.

Is é a deir Ní Dhonnchadha faoi ná:

Tá scéal laistigh de scéal againn agus ceangal ó thaobh téama de eatarthu.i. díbirt an oilc is na héagóra ionas go bhfuil an rath ar an macántacht is an ionracas. Deartar pictiúr ina bhfeicimid anró agus bochtaineacht na muintire agus iad faoi dhoirse ag córas na dtiarnaí talún. (Ní Dhonnchadha 1981, 33)

Cuirtear dhá thaobh an dlí i láthair sa scéal seo, sa mhéid is go bhfeictear muintir na tuaithe ar an ngannchuid agus neamhshuim na dtiarnaí talún ina leith. Tuigimid ón scéal gur ‘Préachán na Drochaimsire’ is ea an t-ainm a thugann an pobal ar an mbáille. Is léir don bháille an saghas dearcaidh a bhíonn ag daoine ina leith, ach ní dhealraíonn sé ró-imníoch faoi. Tugann an báille cuairt ar thigh Dhómhnaill is Mháire sa scéal, ach ní ag lorg cíosa atá sé an uair seo. Cuireann an báille síos air féin nuair a thagann sé, cur síos a dtabharfadh na fir eile sa tigh dó dar leis, cur síos a bheadh ag mórán daoine eile an phobail ina leith:

Chím cad tá i nbhar n-intinn... Deirthí, “tá dronn air is draid air, is pluic bhuidhe air, is dhá shúilín ghorma aige, sgéan ionnta, is fiar ionnta ag faire ar a chuinnceín sróna chum í chonghabháil ceangailte le n-a chlár-éadainín smeartha. Táim bacach is manntach, dar libh, is cluasa capaill orm, is spága caola cama fúm; tá salachar i n-achrann díom, dar libh, sunnaidhe ar mo bhrághaid, seilidhe ar mo smeigín is smugaidhe ar mo shróin-”. (Ó Séaghdha 1903, 32)

Ní deas an cur síos é seo, agus is dócha gur ag cur tuairimí a phobail féin in iúl a bhí Conán Maol trí chur síos an charachtair seo. Seo tuairim d’aon ghuth a bhí ag a phobal i leith na mbáillí, agus ní hionadh ach oiread. Luaigh an tAthair Peadar fiú ina dhírbeathaisnéis *Mo Scéal Féin (1915)* na saghas daoine ab ea na tiarnaí: “Sin mar a bhíodh na tiarnaí, mín agus garbh, cneasta agus dothíosach.” (Ó Laoghaire 1915, 162)

Pléann Ó Duinnín tréithe na dtiarnaí talún, fé mar a rinne Conán Maol freisin sa tagairt thuas in *An Buaiceas (1903)*, agus ar cé chomh dian is a bhí siad ar mhuintir na tuaithe

sa leabhar *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal* (1905). Bhí an tsaint go smior iontu agus ba bheag a mbeann ar na tionóntaí dar leis. Míníonn sé go ndearna an pobal seo a ndícheall chun an talamh a choimeád ina seilbh ach níorbh aon chabhair iad na tiarnaí talún dóibh:

Bhí a n-urmhór go neamh-thruaighmhéileach is go holc... Nuair a bhíodh easbhaidh airgid ortha is amhlaidh d'árduighidís an cíos. Agus dá bhfeicidís leasughadh déanta ar an dtalamh nó daingniughadh ar na páirceannaibh nó brat nuadh dín ar an dtigh nó éadach dathamhail ar an mnaoi nó ar an gclainn bheadh árdach ar an gcíos láithreach... Níor thuigeadar a chás agus dá dtuigfidís féin ní raibh truaighmhéil ná scrupall 'n-a gcroidhe. Ní raibh uatha acht airgead agus budh chuma cá bhfuighfidhe dhóibh é. (Ua Duinnín 1905, 31)

Is léir ón ráiteas seo nach mbíodh an pobal in ann aon chomhartha saibhris nó airgid a thaispeáint, ag teacht le scéilín Uí Laoghaire níos luaithe agus cuairt an tiarna talún chuig a theach. Bhí siad i gcónaí ag iarraidh iad a bheith faoi leatrom. Tráchtann sé ar éagóir an dlí freisin. Luann sé: “Bhí an dlighe ar thaobh an mháighistir ó thúis go deireadh.” (Ua Duinnín 1905, 37) Déanann sé an trácht seo agus é ag plé chumhacht na dtiarnaí talún sa mhéid is go mbídís in ann na daoine a chaitheamh amach as a gcuid talún pé uair ba mhian leo.

Is díol suime é, áfach, go bhfaigheann Conán Maol locht ar na feirmeoirí móra sa cheantar ina aiste ‘Cogarnaigh’ (1903) in *An Claidheamh Soluis*, mar de ghnáth ba ar na tiarnaí talún amháin a cuireadh an locht. Tá siad beagnach ar chomhchéim leis na tiarnaí talún dar leis, sa mhéid is go mbíonn ról acu i gcúrsaí bochtanais is imirce an cheantair. Tá sé den tuairim gurbh fhéidir leo a gcuid talún a roinnt leis na daoine sa cheantar ionas go mbeidís in ann slite beatha a dhéanamh. Is amhlaidh go bhfuil sé ag iarraidh réiteach a sholáthar anseo. Tá ionsaí soiléir san aiste ar na feirmeoirí agus is léir gur beag an meas atá ag Conán Maol orthu:

Is dócha má léigheann aon fheirmeoir an giota so, agus má oireann an caipín dó go mbeidh seanabhlas aige orm. Machtnuigheadh sé go maith, ámh, ar dtúis, féachaint

an bhfuil an ceart agam. Tá muinntir na mbailtí móra ag obair ar son na hÉireann go leath-lámhach. Is dóich leis an bhfeirmeoir gurab é féin Éire, agus nach bhfuil ag muinntir na mbailtí móra acht a gcuid airgid agus a gcuid aimsire do thabhairt ar a shon. Is mithid dó dúiseacht agus an fhírinne do chlos. (Ó Séaghdha 1903)

Phléigh an Gruagach cúrsaí díshealbhaithe in aiste a scríobh sé i *Banba* sa bhliain 1903 dar teideal ‘Ceist na Talmhan’. Tráchtann sé ar an éagóir a bhíonn sa tír de bharr na talún agus go mba chóir don Rialtas rud éigin a dhéanamh faoin suíomh. Dealraíonn sé go bhfuil sé ag iarraidh teacht ar réiteach na faidhbe chomh maith, cosúil le Conán Maol san aiste thuas. Is é a bharúil gur chóir Coiste Talmhan a chun ar bun i mBaile Átha Cliath chun an achrann timpeall an ábhair a chloí agus soláthraíonn sé ocht moladh chun cabhrú leis. Cuireann sé an cheist “Cé leis talamh na hÉireann le ceart? Déarfaidh an tighearna gur leis féin é, ⁊ déarfaidh an tionóintí gur leis-sean é.” (Ó Séaghdha 1903, 132) Baineann sé seo le cúrsaí talún ag deireadh an naoú haois déag, nuair a tugadh isteach reachtaíocht chun seasmhacht a sholáthar do thionóntaithe na tíre. Ní thuigeann an Gruagach an fáth go bhfuil an Rialtas, ar thóg talamh ó mhuintir na tíre, chun é a thabhairt ar ais dóibh arís:

Cuireadh na Gaodhail ar seilbh an tailmh le lámh-láidir, gan díolaidheacht- gur dheineadh creach ⁊ éirleach ⁊ scrios ortha, i g-cás go rabhadar beo bocht ‘n-a ndúthaigh féin; agus anois le linn imtheachta do’n aicme eile, i n-ionad an chóiriúghadh céadna a thabhairt dóibh, is amhlaidh atáthar ag cimilt bhaise díobh- ag cur meala fútha, - ⁊ málaidhe óir le fágáil aca nuair tabharfaidh siad suas an talamh do fuair a sínsear gan phádh gan phunnan fadó. (Ó Séaghdha 1903, 132)

Ar ndóigh, bheadh tionchar ollmhór ag na dlíthe seo agus ag an achrann a bhíodh ar siúl i leith íocaíocht an chórsa agus na ndíshealbhuithé ar dhaoine ó thaobh chúrsaí airgid de. Seo téama eile a thagann chun cinn i mórán dá gcuid saothar liteartha. Ba ina dhrámaí a chuir Ó Duinnín béim ar chúrsaí airgid níos mó ná ina scéalta. Deir Diarmuid Breathnach go raibh pearsantacht neamaiteach ag Ó Duinnín, agus gur cosúil go raibh sé seo mar thréith comónta i measc mhuintir na tuaithe i ngach áit de bharr tionchar na

ndíshealbhuithe. Téann sé ar aghaidh ag rá i leith an Duinnínigh: “money had to be a preoccupation with him.” (Breathnach 2005, 12)

Tá a dhráma *An Tobar Draoidheachta* (1902) bunaithe ar scéal béaloidis, ach is cinnte go bhfuil cuid d’ábhar an dráma mar léiriú ar ghnáthphobail Uí Dhuinnín chomh maith. Fianaise ar cé chomh tógtha is a bhí daoine sa tréimhse sin le hairgead is ea an cleamhnas. Chuir Nic Congáil síos air níos luaithe mar ‘a commercial bargain’. Cuireann Ó Duinnín bean darbh ainm Eibhlín os ár gcomhair, agus í ag cur síos ar a míshásachta lena fear céile. Cuirtear in iúl dúinne go ndealraíonn sé go bhfuil gach rud aici, agus is léir nach dtuigtear an fáth go bhfuil sí míshásta. B’fhearr leis an pobal seo rudaí saolta agus airgead ná grá nó sonas: “Cad éan mío-ágh ort mar sin? Ná fuil treo is slacht ort is gach nídh dá fheabhas?” (Ua Duinnín 1902, 9) Pléitear a híníon sa dráma freisin, Nuala, agus is soiléir nach bhfuil Eibhlín sásta leis an bhfear a bhfuil sí i ngrá leis toisc nach fear saibhir é. Teastaíonn ón máthair go bpósfadh sí feirmeoir Tomás Breac. Seanfhear breoite, gránna is ea é, ach an rud is tábhachtaí di ná go bhfuil talamh, airgead is seasmhacht aige: “Pós Tomás Breac is beidh saoghal breágh socair oll-mhaitheasach agat.” (Ua Duinnín 1902, 22)

Is ionann an scéal sa leabhar *Eoghan Paor* (1911) le Conán Maol, ag cur in iúl dúinn go raibh tábhacht an airgid go smior i muintir Chonáin Mhaoil freisin. Tugtar le fios dúinn go bhfuil Gobnait i ngrá le hEoghan Paor, ach níl a teaghlach sásta leis agus cuireann siad é faoi cheilt nuair a dhéanann sé iarracht dul i dteangmháil léi. Tá fear eile roghnaithe acu di, seanfhear dárbh ainm Prógras, toisc go bhfuil feirm aige gar do Chill Airne, ach is léir nach bhfuil fonn uirthi é a phósadh. Ní thuigeann a teaghlach é seo, cé nár labhair sí leis riamh. Is é a shíltear ná: “Ná beidh aimsir go leór chum comhráidh aca d’éis pósda.” (Ó Séaghdha 1911, 32) Feictear réalachas an chleamhnais sa líne: “Ní fhuil

aon deifir idir chleamhnas an lae indiu agus díolaidheacht ba is capall. (Ó Séaghdha 1911, 32)

Is léir ó thús an scéil go bhfuil Prógras gafa le hairgead freisin. Insítear dúinn go bhfuil sé ag súil le spré maith do Ghobnait sula bpósann sé í, cé go bhfuil go leor airgid aige cheana, ag léiriú go raibh níos mó dúile aige san airgead ná bheith pósta le Gobnait:

Bhí feirm bheag thalmhan aige darab ainm an Cúil bhán leathistear do Chill Áirne. Bhí an fheirm bheag saor aige ámh agus dá dheasgaibh sin, dubharthas go raibh aidhm air chum a phósta, agus bhí súil aige féin fur bh'fhiú spré mhaith é. (Ó Séaghdha 1911, 1)

Treisítear saint an fhir nuair a theitheann sé go Sasana gan focal a rá le héinne- tá an spré ina phóca aige áfach: “Níor mhachtuigh sé i n-aon chor ar a mhnaoi nua-phósta mar na raibh pioc grádh aige dhi agus ní mó ‘ná san bhí aicisin dó. Bhí spré na mná ‘n-a phoca aige.” (Ó Séaghdha 1911, 3)

Ní dhearna an Gruagach fáillí ar chúrsaí airgid ach oiread, agus tá an téama seo chun tosaigh ina scéal ‘An Tromluighe’ sa leabhar *Annála na Tuatha III (1907)*. Tá an scéal seo bunaithe ar lánúin mheánaosta, Máire agus Tadhg, a chónaíonn béal dorais leis an nGruagach. Ní fios dúinn an scéalta fíora nó bréagacha iad ach is féidir glacadh leis go bhfuil fírinne éigin ag baint leo. Dealraíonn sé gur lánúin ait go leor is ea iad agus nach bhfuil siad ró-shásta sa phósadh. Luann an Gruagach:

Mheasainn féin ar uairibh leis go mbeadh Tadhg níos sásta 'na aigne faid bhíodh Máire ar an margadh is é féin i bhfeidhil an bhaile dá mbeadh a fhios aige ná raibh a pluic chomh cruinn is chomh dearg is do bhíodar. (Ó Séaghdha 1907, 2)

Ní deirtear é, ach seans go raibh cleamhnas i gceist i leith na lánúine seo. Tagann cúrsaí airgid isteach sa scéal nuair a fheictear Tadhg agus é buartha faoi airgead. Luann an Gruagach gur fear saibhir é, ach an rud atá ag déanamh buartha dó is ea a chuid airgid agus cad a tharlódh dó dá mbeadh sé chun bás a fháil roimh Mháire:

Do bhí mórán airgid aige, agus do bhí an bheag 's an mhór de le fágáil ag Máire d'éis a bháis; acht do thigeadh tocht ar a chroidhe nuair dho mhachtnuigheadh sé go mbeadh cos ar a chuid ag sean-duine éigin eile sa chúinne 'na dhiaidh. (Ó Séaghdha 1907, 2)

Tugann an ráiteas seo nod dúinn chomh maith go mbíonn sé buartha go bhfaigheadh Máire páirtí eile tar éis a bháis agus go ndéanfaí éagóir uirthi:

Tá a fhios agat leis go bhfuil an fhághaltas so ar breis — cuid de thall agus cuid de i bhfus. Is minic do bhíonn so ag déanamh buadhartha dhom go ndéanfar calaois ar Mháire 'na thaoibh, má glaohtar roimpi orm, agus go mb'fhéidir di bheith beo bocht im' dhiaidh. (Ó Séaghdha 1907, 5)

Insíonn sé don Ghruagach gur minic a bhíonn sé sin ag cur isteach air. Dealraíonn sé go raibh sé seo mar chúis dá thromluí an oíche roimhe sin. Tugann sé sin le fios go mbíonn airgead agus sealbha na ndaoine, agus cad a tharlódh dóibh tar éis a mbáis, tábhachtach dóibh chomh maith. Is cosúil go gcuirfeadh an smaoinreamh ar dhaoine eile a bheith i seilbh gach rud dá bhfuil aige isteach go mór air freisin, ag teacht le dúil an phobail san airgead is sna huachtanna.

4.4 Téama an Oideachais

Ar an iomlán, ní dearfach an taithí a bhíodh ag daoine sna scoileanna náisiúnta in aimsir na scríbhneoirí agus, mar is eol dúinn, bhíodh an foréigean mar chuid de phionós na múinteoirí. Bhí a fhios ag tuismitheoirí gurbh é an t-oideachas an t-aon rud a bhrisfeadh bochtanas a dteaghlach, fiú dá mbeadh orthu a gcuid páistí a oiliúint i scoileanna Béarla, rud a bhí ina ábhar conspóide go minic. Bhí ardú céime ag teastáil uathu dá gcuid páistí toisc nár theastaigh uathu go bhfulaingeoidís ó thaobh an airgid de cosúil lena dtuismitheoirí féin. É sin ráite, fáinne fí ab ea é toisc nach raibh an t-oideachas seo á sholáthar tríd an máthair teanga. Bhí na scríbhneoirí atá faoi chaibidil agam in uachtar sa mhéid is go bhfuair siad go léir oideachas ardleibhéal, ach ar ndóigh, ní raibh an t-airgead ag gach duine sa phobal sin chun a bpáistí a oiliúint.

Pléitear cúrsaí scoile agus oideachais ar chúpla leibhéal i saothar na scríbhneoirí. Luaigh O’Leary, agus é ag ple téamaí comóna na scríbhneoirí tuaithe: “The third common theme of the ruralists, the injustice of imposing the English language and its ethos on Irish-speaking children, an injustice whose psychic repercussions on young minds denied more wholesome native inspiration.” (O’ Leary 1989, 60) Glacann Conán Maol an pháirt mar reacaire ina scéal ‘Seaghán agus Mícheál’ sa chnuasach *An Buaiceas (1903)* agus é ag cur síos ar chuimhní cinn Sheagháin agus é ag machnamh ar a chéad lá ag dul isteach, go neirbhíseach, go dtí an scoil náisiúnta áitiúil lena mháthair. Scéal réadúil, inaitheanta is ea an scéal seo, a phléann an suíomh coitianta a bhíodh ag baint le pobal a linne. Mhaígh Ní Dhonnchadha ina leith: “Cé gur scéal simplí maoithneach é is léir go bhfuiltear ag iarraidh aird a tharraingt ar éagóir an chórais oideachais. Is furasta searbhas an údair a bhrath.” (Ní Dhonnchadha 1981, 38)

Ní hamháin go bhfaightear léargas ar chúrsaí scoile sa scéal, ach tugtar éachtaint ar chúrsaí teanga na háite freisin ón gcumarsáid idir an mháthair agus an múinteoir, agus aineolas na máthar ar an mBéarla. Leantar é seo le caoineadh na mná ón náire agus í ag impí ar an múinteoir oideachas a sholáthar dá mac. Cuireann an píosa seo in iúl dúinn cé chomh tábhachtach is a bhí oideachas di chun ardú céime a bhaint amach. Ní léirítear seoladh an pháiste go scoil Bhéarla mar rud náireach sa scéal áirithe seo, áfach, ach is ag cur in iúl éadóchas an tuismitheóra atá Conán Maol agus í ag iarraidh saol níos fearr a bhaint amach dá páiste: “Ní fhuil foghlaim agam, a dhuine uasail, agus is dócha nach thuigim thú, acht teasduigheann léigheann ó Sheagháinín, agus fuilngeóhad aon tsaghas easonóra ar a shon.” (Ó Séaghdha 1903, 78)

Ní hé sin an t-aon léargas a fhaighimid ar an bpobal ón scéal óir cuirtear saol tipiciúil na scoile i láthair dúinne freisin. Tráchtann O’Leary ar bhua an scéil ag tráth a fhoilsithe:

Rural writers detailed their scarifying experiences, particularly those of their first day, in the local national school. Thus as early as Conán Maol's "Seaghán agus Mícheál", a story that won a 1898 Oireachtas prize for "scéal faoi shaoghal na scoile", the principle elements of the pattern were already in place: scorn for the Irish language and its culture; physical abuse by a cruel English-speaking master; the intellectual and personal deficiencies of that master, especially alcoholism; and the arrogance towards both master and students of the educational inspector, the dreaded "cigire". (O' Leary 1994, 60)

Nochtar foréigean an mháistir nuair a thaispeántar é ag bualadh an bhuachalla nuair a insíonn sé dó a bhas a shíneadh amach: "Thóg sé suas an tslat... Rith pian éigin suas mo righthé, suas m'uille, agus síos caol mo dhroma... Arís agus arís do bhuaíl sé an bhas so." (Ó Séaghdha 1903, 82) Cuimhníonn sé ar lá eile ar scoil agus é ag iarraidh litreacha a scríobh. Ní éiríonn leis iad a scríobh i gceart agus tugtar batráil dó mar phionós arís: "Leis sin do bhuaíl sé lán-bhuille trasna na ruitíní orm. Ropas m'órdóg im' bhéal, agus phreabas im' shuidhe le teinneas. Bhí an órdóg leónta, acht níor chuir an méid sin cosg le Mícheál." (Ó Séaghdha 1903, 84-85) Fianaise ar cé chomh dian is a bhí an batráil is ea an cuntas a leanann an píosa seo. Brúidiúlacht an mháistir atá chun tosaigh: "Tháinig dorchadas im' radharc; b'fhéidir gur thuit saghas ligheacht' nó fanntaise orm, mar ba gheárr 'na dhiaidh súd gur mhothuigheas Dómhnall Ó Cróinín is Nóra Ní Fháilbhe ag stealladh uisge orm as sruthán do bhí in gar do'n sgoil." (Ó Séaghdha 1903, 85)

Is suimiúil an plé a dhéantar ar chúrsaí oideachais in *Eoghan Paor (1911)* chomh maith. Cuirtear Gobnait os ár gcomhair mar bhean oilte, agus is é an t-oideachas sin a thugann cumhacht di. Is í cumhacht na mná atá á cur chun cinn tríd an gearachtar seo freisin, ag cur in iúl gurb ionann an t-oideachas agus ardú céime nó deis cumhachta sa tsochaí. Príomhcharachtar an scéil is ea í, agus ní rómhinic a bhíonn bean ina príomhcharachtair i scéalta na scríbhneoirí. Léirítear í mar bhean ardaigeanta, cheandhána, sheiftiúil agus tá sí láidir is muiníneach ina cuid smaointe. Tá sé ar chumas Ghobnait obair as a stuaim féin agus is léir go bhfuil a meon féin aici. Is bean an-léannta í. Feicimid í sa leabhar ag fáil ceachtanna ó dheartháir Liam, Diarmuid, atá tar éis teacht abhaile ó na Stáit

Aontaithe, áit ar oibrigh sé mar shagart, agus é ag cur tábhacht na foghlama in iúl di: “Creidim d’eisi sin... go bhfuil maith éigin i bhfoghlaim; ní fholáir ná go múineann sí foidhne dho dhuine.” (Ó Séaghdha 1911, 27) Níos déanaí sa leabhar, feicimid í ag dul go Sasana, áit ina bhfaigheann sí oiliúint agus oibríonn sí mar dhochtúir ann.

Pléann Ó Laoghaire cúrsaí oideachais ina leabhar *Mo Scéal Féin* (1915). Is cuntas é seo ar a thaithí phearsanta leis an oideachas. Fuair Ó Laoghaire a chuid oideachais óna mháthair féin sa bhaile go dtí aois a trí bliana déag. Ar ndóigh, bhí an t-ádh leis go raibh dea-Ghaeilge ag a mháthair, mar aon le Béarla agus Fraincis. Deir sé: “Chomh luath agus a bhí mise ábalta ar aon mhúineadh a ghlacadh thosaigh sí ar Bhéarla a mhúineadh dom, agus ansin ar an bhFraincis a mhúineadh dom.” (Ó Laoghaire 1915, 30) Ní thugtar aon sonraí ar na céimeanna a tógadh chun páistí a oiliúint sa bhaile, nó fiú ar aon chuairt a tugadh ar an teach chun a chinntiú go raibh oideachas sásúil á sholáthar dó, cé go bhfuil sé ar eolas againne go raibh caighdeán maith á sholáthar do Pheadar é féin. Déanann sé tagairt don scoil i gCarraig an Ime, agus don rud a thug sé faoi deara ann:

Sa scoil sin a chonaic mé, an chéad uair riamh, rud a chuir ionadh mo chroí orm, daoine óga ag foghlaim focal, agus á léamh, agus á labhairt, agus á insint cad é an bhrí a bhíodh leo, agus gan phioc dá fhios acu cad é an bhrí a bhíodh leis na focail ná leis an mbrí. (Ó Laoghaire 1915, 44)

Seo sampla den chaoi inar chuir an bac teanga isteach ar fhoghlaim na bpáistí scoile na laethanta sin, ag foghlaim trí theanga nár thuig siad, agus is cinnte go bhfágfadh sé sin rian ar a gcuid cumais féin forbairt oideachais a bhaint amach. Luann sé gur thug sé an fhadhb chéanna faoi deara nuair a bhog sé go dtí scoil i Maigh Chromtha ina dhiaidh sin. An rud ba choitianta sa tréimhse sin ab ea oideachas bunúsach a fháil agus ansin fanacht sa bhaile chun cabhrú ar an bhfeirm. D’aontaigh athair Pheadair go gcuirfeadh sé é go scoil Laidine agus ba mhór an cinneadh é seo na laethanta sin, fé mar a mhíníonn Peadar:

Tuig i d'aighe, a léitheoir, go raibh an saol an-chrua an uair sin ar mhuintir na hÉireann. An té a mbíodh feirm talaimh aige chaitheadh sé bheith ag obair ó dhubh go dubh chun an cíos a dhéanamh, agus chun é féin agus pé muirín a bhíodh air a chothú agus a chlúdach ar chuma éigin. An fear a bheartaíodh tabhairt suas a chur ar mhac leis, chaitheadh sé dúbailt oibre a bhaint as féin agus as an gcuid eile den chlann chun an t-aon duine amháin sin a chur chun cinn. (Ó Laoghaire 1915, 60)

Is léir chomh maith nuair a chuaigh sé go Maigh Nuad nach raibh áit ag an nGaeilge san oideachas ann in aon chor, díreach cosúil leis na scoileanna náisiúnta. Bheartaigh Peadar ar a chuid Gaeilge a choimeád agus a fhorbairt le linn a ama féin ann, ach bhí sé beagnach ina aonar san obair seo:

An chuid ba mhó de na buachaillí eile, nuair a d'fheicidís an obair a bhíodh ar siúl agam, ní dhéanaidís ach a gceann a chroitheadh agus gáire a dhéanamh agus scaoileadh liom... D'fheicfínn gach duine ag iarraidh é féin a chur ar aghaidh agus a bheachtú in eolas agus i gclisteacht agus i gcumas ar an mBéarla. (Ó Laoghaire 1915, 88)

Caithfear a thabhairt chun cuimhne gur sa bhliain 1861 a thosnaigh Peadar i Maigh Nuad. Tugann sé sin le fios dúinne go raibh an Ghaeilge ag dul i ndísc i measc oiliúint na cléire.

Is ríshoiléir ón méid seo an léiriú cuimsitheach a thugtar ar phobal na scríbhneoirí tuaithe seo. Pléitear gach rud ó nósanna na ndaoine go dtí ceist na talún agus oideachas ina gcuid saothar. Cé go bhfuil rómánsachas ag baint le cuid de na cur síosanna, is cinnte go bhfuil réalachas ag baint leo chomh maith, agus gur féidir leis an léitheoir léargas a fháil ar phobal ar leith roimh agus le linn an Ghorta, chomh maith le léargas a fháil ar an rian a d'fhág an Gorta ar an bpobal freisin. Cuidíonn sé seo linn pictiúr leathan a fháil ar iliomad gnéithe den ghnáthphobal seo. Is mór an luach a bhaineann leis na cur síosanna seo chun éachtaint a fháil ar fhadhbanna sóisialta, chomh maith le caitheamh aimsire phobal tuaithe ar leith ó thréimhse an-suntasach i stair na tíre.

Caibidil 5: Scríbhneoirí Caitliceacha

Is í an aidhm atá agam sa chaibidil seo ná plé a dhéanamh ar thriúr de na scríbhneoirí tuaithe, ar an Athair Peadar, ar an Duinníneach, agus ar Chonán Maol, mar scríbhneoirí Caitliceacha. Cé gur thosnaigh Conradh na Gaeilge amach mar eagraíocht neamhsheicteach, ba rud dodhéanta é go bhfanfadh sé mar seo. Bhí tromlach na mball ina gCaitlicigh, nó ina sagairt fiú, fé mar is fíor do na scríbhneoirí tuaithe seo, agus, mar gheall air seo, theastaigh uathu an Caitliceachas a chur chun cinn. D'úsáid siad a gcuid scríbhinní féin go minic chun an aidhm seo a bhaint amach. Ní hamháin go dtugann siad léiriú ar an gCaitliceachas, ach chloígh siad go dlúth le múineadh na hEaglaise chomh maith ina gcuid scríbhinní, Ó Duinnín agus Ó Laoghaire ach go háirithe, toisc gur shagairt iad. Caitlicigh dhíograiseacha ab ea Ó Duinnín, Ó Laoghaire agus Conán Maol, agus níor cheil siad é seo ina gcuid scríbhinní ar chor ar bith. Nílím chun plé a dhéanamh ar an nGruagach mar scríbhneoir Caitliceach toisc nach bhfuil claonadh creidimh mar chuid dá chuid saothair.

Léirítear an Caitliceachas mar ghné lárnach den chultúr traidisiúnta Gaelach. Bhí dlúthbhaint ag an nGaeilge leis an gCaitliceachas agus chreid an chléir fiú go raibh an Ghaeilge riachtanach chun cumhacht na hEaglaise a chaomhnú. Tá éagsúlacht ann maidir leis an léiriú ar chreideamh a fhaightear i saothar na scríbhneoirí, an Caitliceachas agus a ndearcthaí i leith an Phrotastúnachais araon. Léirítear an creideamh go stairiúil i *Cormac Ua Conaill (1901)*, *Creideamh agus Gorta (1901)*, *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal (1905)* agus *Teachtair ó Dhia (1922)* leis an Duinníneach, agus san aiste 'Indé is Indiu', *Banba (1903)* le Conán Maol. Tá léiriú níos comhaimseartha air in *Eoghan Paor (1911)* le Conán Maol agus i *Mo Scéal Féin (1915)* agus *Séadna (1904)* leis an Athair Peadar. Ar ndóigh, is léiriú níos pearsanta a fhaightear i *Mo Scéal Féin (1915)* ar an gCaitliceachas toisc go bhfuil Peadar ag caint óna thaithí

féin ann. Tráchtar ar an gCaitliceachas i slí níos tuairisciúla in *Lectures on the Irish Language Movement (1904)* agus san aiste ‘The Gaelic League and Non-Sectarianism’, *The Irish Rosary (1907)* leis an Duinníneach, agus is iontu a fheictear an iarracht a bhí ar siúl chun é a nascadh leis an náisiúnachas cultúrtha.

5.1 An Náisiúnachas Cultúrtha agus An Creideamh

Is minic a bhíodh an Caitliceachas, an náisiúnachas agus Gaelachas fite fuaite lena chéile in aon phlé a dhéanadh ar chúrsaí náisiúnachais chultúrtha. Míníonn Garvin go raibh sé deacair an Caitliceachas a sheachaint sa Chonradh: “For many clerical revivalists the religious element was predictably of prime importance. Despite its sincere commitment to nonsectarianism and the visibility and official prominence of Protestants like Douglas Hyde... the Gaelic League was an overwhelmingly Catholic organisation.” (Garvin 1986) Ba dheis é an Conradh do na sagairt seo an Caitliceachas a chur chun cinn, ag cuimhneamh air go raibh Réabhlóid Dheabhóideach fós ar siúl, agus cuireadh an Caitliceachas chun cinn mar chuid den fhéiniúlacht Ghaelach.

Caithfidimid a thabhairt chun cuimhne go raibh ar Ó Duinnín cloí le múineadh na hEaglaise go pointe chomh maith ina chuid smaointe agus ina chuid gníomhachtaí toisc gur shagart é. Bheadh sé seo lárnach in aon phlé a rinne sé, nó aon sagart eile a linne, ina chuid saothar agus chuir sé seo leis an bhfáth go raibh Ó Duinnín ach go háirithe chomh himchoimeádach agus roghnach uaireanta, fé mar a luann O’Leary: “Dineen’s literary tastes were not only conservative but often Catholic in a strictly confessional sense.” (O’ Leary 1994, 69) Is cinnte nach mbeadh an saoirse cainte céanna ag an scríbhneoir seo don chúis chéanna, agus d’fhéadfaí a thuairimiú gur chuir an taobh seo isteach ar a chuid scríbhinní agus ar a mhacántacht ina phlé agus ina chur síosanna ar ábhair éagsúla. Deir Ó Donnchadha an rud céanna i leith Uí Laoghaire: “Gheilleadh sé go humhal d’údarás na hEaglaise.” (Ó Donnchadha 1939, 33) Cuireann Ryan in iúl

dúinn gur Chaitliceach dúthrachtach ab ea Conán Maol agus nach raibh aon amhras faoina chreideamh in aon chor:

There was no doubt of "Conán's" Catholicity, and he was a popular personality. He had published Irish history and stories whose style was stronger, sterner, more individual, more reserved than that of most of the new writers; it seemed the style of one who brooded and talked to himself of austere, uncommon, or trying things rather than spoke out his heart to an audience. And as a public speaker his virility was varied by a humour strangely compounded of acidity, raciness, and frivolity. This time, however, he was ill deadly earnest. (Ryan 1912, 167)

Cuireann O'Leary síos ar an Duinníneach mar "clerical revivalist". Is é atá i gceist aige leis an téarma seo ná duine le " 'progressive views' on individual issues within the Revival while remaining conservative and even reactionary on other questions." (O'Leary 1994, 15) Tá sé luaite ag Ryan chomh maith go raibh Ó Duinnín ag iarraidh an Conradh a choimeád Caitliceach, in ainneoin mianta de hÍde, toisc go raibh eagla air roimh an gCaitliceachas liobrálach:

He is a perfervid champion of ecclesiasticism, and sees enmity and danger to the Church in the straight and strong assertion of the rights of laymen. He has long been troubled on the score of liberal Catholicism in Ireland. I used to remind him that real Catholicism was always understood to be liberal, but he would not answer; he credited me with a constant desire to provoke him into controversy. He did not much care for the association of Protestants and Catholics in the Gaelic League; at one stage he suggested in a magazine published by the Dominicans, that it might be necessary to establish a strictly Catholic Gaelic League. (Ryan 1912, 125-126)

Faigheann O'Leary locht ar an ráiteas seo áfach, agus is cosúil go bhfuil sé ag trácht ar an gceann seo ó Ryan nuair a deir sé: "Dineen did not, as has been claimed elsewhere, advocate the creation of an explicitly and exclusively Catholic Gaelic League." (O'Leary 1994, 25) Tagraíonn sé d'aiste an Duinnínigh dar teideal 'The Gaelic League and Non-Sectarianism', aiste a léiríonn nach bhfuil aon fhírinne ag baint leis: "...it's attitude must be one of neutrality on questions of religion and on questions closely connected with religion." (Ua Duinnín 1907) Is deacair a rá cé acu atá fíor, óir tá sé soiléir ó shaothar eile an Duinnínigh atá pléite agam go dtagann cuid dá shaothar salach ar a

chéile anseo is ansiúd. Sampla den tslí inar phléigh Ó Duinnín an Caitliceachas laistigh de phlé ar chúrsaí teanga agus athbheochana ná *Lectures on the Irish Language Movement (1904)*. Mhaígh sé, agus é ag labhairt faoin gcarachtar náisiúnta: “Among these institutions it is obvious that religion holds a foremost place, and it is equally obvious that the national language is of far-reaching importance.” (Ua Duinnín 1904, 11)

Sula bpléifear saothar cruthaitheach na scríbhneoirí agus an léiriú a bhíonn iontu ar chreideamh, is tábhachtach an rud é saothar Uí Laoghaire, agus an tionchar a bhí ag an gCaitliceachas air, a thaispeáint. Tá iliomad ábhair chráifeacha curtha in eagar agus aistrithe ag an Athair Peadar, an Bíobla Naofa ina measc, chomh maith le hathinsintí ar sheanscéalta. Maidir leis na leaganacha de na seanscéalta atá curtha le chéile aige, luann Ó Céirín go bhfuil siad: “gan aon aor frithchléireach ann agus leaganacha ‘deasa’ de sheanscéalta garbha collacha.” (Ó Céirín 1973, 19) Níl aon amhras ach nár lig sé do na leabhair aon teachtaireachtaí mímhórála a bheith mar chuid díobh agus tagann an chinsireacht seo lena shaol mar shagart. Scríobhann Ní Dhonnchadha píosa an-suimiúil faoin gcinsireacht a bhíodh ar siúl aige agus méid na cinsireachta atá le sonrú sna saothair seo:

Sagart tréadach agus scríbhneoir teagascúil ab ea an tAthair Peadar a raibh moráltacht agus íonacht na muintire ar a aigne. Dealraíonn nár ghoill sé air an greann raibiléiseach a mhaolú nó a dhíbirt, nó babhdarail a dhéanamh ar na seanscéalta chun go bhfónfaidís mar ábhar léitheoireachta don náisiún. Is ceart locht a fháil air mar gheall ar chinsireacht den saghas seo a dhéanamh ar na seanscéalta, ach san am céanna is fuirist a aithint go raibh lucht a chomhaimsire á dhéanamh sin go minic, na scoláirí a chuir eagar ar na seanscéalta ina measc... Ach dhein sé cinsireacht níos tromchúisí ná é seo, ar an leibhéal liteartha ach go háirithe, ar sheanscéalta faoi leith: d’athraigh sé ó bhonn iad, chun go n-iompóidís teachtaireacht dá chuid féin. (Ní Dhonnchadha 2015, 144)

Bhí an rud céanna i gceist mar gheall ar a leabhair chráifeacha, agus sholáthair sé leaganacha Gaeilge de leabhair urnaithe agus de theagaisc Críostaí. Is díol suime é,

áfach, an rud a luann Ó Céirín faoin úsáid a bhain Ó Laoghaire as an nGaeilge chun an Caitliceachas a chur chun cinn freisin. Ar ndóigh, bhí an Ghaeilge tábhachtach do Pheadar, ach thapaigh sé an deis go mbeadh an obair seo de bhuntáiste ag an gCaitliceachas chomh maith: “Tuigeadh don Athair Peadar go raibh mianach sa Ghaeilge a d’fhéadfadh taca a thabhairt don Chríostaíocht (don chreideamh Caitliceach) a bheadh bhábhún i gcoinne an aindiachais agus freisin i gcoinne na saoltachta.” (Ó Céirín 1973, 20) Ní féidir a shéanadh go raibh grá agus díograis ar leith ag Ó Laoghaire don Ghaeilge, agus go raibh sé soiléir ina smaointe i leith na nGall. Scríobh sé ina dhírbheathaisnéis: “Bhí fuath fíochmhar agam do mhuintir Shasana” agus ní cuimhin leis riamh gan an fuath sin a bheith ar lasadh ina chroí. (Ó Laoghaire 1915, 100)

Ag cur é seo san áireamh, is cinnte go raibh buntáistí ag baint leis an nGaeilge ó thaobh an Chaitliceachais de freisin agus thapaigh Ó Laoghaire an deis chun é seo a bhaint amach. Tá Ó Donnchadha ar aonintinn le Ó Céirín leis an bpointe seo freisin, gur bhain sé leas as an nGaeilge mar fhoinsé tacaíochta don Chaitliceachas: “Thuig sé an dlúthbhaint a bhí idir an teanga agus an creideamh- cumhacht doathraithe sa Ghaeilge mar thaca don chreideamh.” (Ó Donnchadha 1939, 185) Téann sé ar aghaidh ag cur in iúl dúinn gurb é an rosc catha a bhíodh ag Ó Laoghaire agus é ag iarraidh an bheirt acu a chur chun cinn ná: “Tá lámh Dé san obair.” (Ó Donnchadha 1939, 186) Níorbh é an tAthair Peadar amháin a bhí den tuairim seo i leith cheangal na Gaeilge leis an gCaitliceachas, óir scríobhadh i *Leabhar an Athar Eoghan (1904)* le hÚna Ní Fhaircheallaigh gurb í an Ghaeilge: “an sgiath cosanta is treise a bhí againn ar an gcreideamh lasmuigh de ghrásta Dé féin.” (O’Farrelly 1904, 52)

5.2 Scríbhneoireacht Chaitliceach

Is féidir trácht ar chuid de shaothar na scríbhneoirí mar scríbhneoireacht Chaitliceach, sa mhéid is go mbíonn an Caitliceachas á chur chun cinn ina gcuid saothar. Bíonn sagairt

ina gearachtair sna scéalta go minic fiú, nó bíonn laochra nó príomhcharachtair na scéalta ina gCaitlicigh chráifeacha. Bíonn níos mó fócais ar an ngné seo i scéalta áirithe áfach. Is cinnte gur theastaigh ó na scríbhneoirí íomhá faoi leith den Chaitliceachas a chur in iúl. Íomhá dhearfach amháin a bhí ina gcuid saothar agus iad ag tabhairt léiriú ar an gCaitliceachas nó ar na sagairt féin. Chuireadh na sagairt i láthair mar dhaoine cineálta, cabhracha, morálta agus bíonn na tréithe seo le feiscint sna sagairt a bhíonn mar charachtair sna scéalta. De ghnáth, ní bhaineann na sagairt leis an mbunscéal, ach, fós féin, thapaigh na scríbhneoirí gach deis na sagairt nó an Caitliceachas a léiriú.

Sampla de scéal ina bhfuil sé seo le sonrú ná ‘Bean an Leasa’ sa chnuasach gearrscéalta *An Buaiceas (1903)* le Conán Maol. Feictear Bean an Leasa sa scéal i gcruachás toisc go bhfuil an locht á chur uirthi do dhúnmharú a tharla sa Spáinn. Buaileann sí le fear dárbh ainm Seaghán fad is atá sí ina cónaí i gCo. Chiarraí, agus tugann sé cabhair di an áit a fhágaint agus dul ar ais go dtí an Spáinn chun a hainm a ghlanadh. Bunaítear an scéal timpeall na haincheiste seo, ach cuirtear an sagart i láthair sna leathanaigh dheireanacha, cé nach bhfuil ról faoi leith aige i gcomhthéacs an scéil. Buaileann an lánúin leis agus iad ag teitheadh ón áit. Insíonn Bean an Leasa a scéal dó agus is léir nach dtugann an sagart aon bhreithiúnas di. Is é an freagra a thugann sé di ná: “Caidé mo leigheas-sa ort, a bhean uasal?” (Ó Séaghdha 1903, 25) Pósann sé an lánúin ag an deireadh.

Séadna (1904) is ea sampla eile de scéal ina bhfuil sagart mar charachtar. Beidh plé níos leithne déanta ar an leabhar seo sa chéad fhochaibidil eile, ach feictear arís go bhfuil an ról céanna ag an sagart sa scéal seo, cé nach mbaineann sé go dlúth le creatlach an scéil. Tá beirt chailíní ag iarraidh cleamhnas a dhéanamh le Séadna ach níl fonn pósta air. Feictear é sa scéal ag tabhairt cuairte ar an sagart chun comhairle a fháil uaidh faoin gcleamhnas: “Is é rud a thug anois chun cainte leat mé ná mé a bheith i gcruachás.” (Ua

Laoghaire 2011, 73) Ní thuigeann an sagart an fáth a bhfuil Séadna i gcoinne an chleamhnais nó an fáth a gceapann Séadna gurbh fhearr don chailín bás a fháil ná é a phósadh. Deir an sagart: “Tá aithne mhaith agam ort le fada... Dealbh ná saibhir, níor airíos duine riamh á rá go bhfeaca sé thú ag teacht abhaile ar meisce, sáite i mbruín, ná i gcomhlúadar le drochchuideachtáin.” (Ua Laoghaire 2011, 75) Seo éachtaint ar na rudaí ba thábhachtaí don sagart, agus léiriú ar mhoráltacht na hEaglaise sa tsochaí seo. Feictear aithreacha na gcailíní ina dhiaidh seo ag dul chuig an sagart chomh maith chun a fháil amach cén fáth nach mbeadh an cleamhnas ag dul ar aghaidh agus tá siad ag súil go dtiocfadh an sagart ar réiteach. Arís, is chun cabhair a sholáthar atá an sagart seo sa scéal freisin, ag nochtadh é mar dhuine tacúil agus ciallmhar.

Níorbh iad na scríbhneoirí tuaithe amháin a bhain úsáid as sagairt mar charachtair ina gcuid scéalta sa tréimhse seo. Is féidir é seo a rá i leith *Eoghainín na nÉan* (1900), gearrscéal faoi bhuachaill óg atá ag fáil bháis ón eitinn, le Pádraig Mac Piarais. Tugann an sagart cuairt ar thigh Eoghainín, agus feictear é ag labhairt le máthair Eoghainín agus ag tabhairt sólais di. Chomh maith leis seo, tá comhrá aige le hEoghainín, agus is ón gcomhrá seo a nochtar íomhá den sagart tuisceanach, cineálta. Tá an rud céanna i gceist leis an ngearrscéal *Nóra Mharcais Bhig* (1909) le Pádraic Ó Conaire. Tá Nóra tugtha don ól tar éis imeacht go Londain agus ní éiríonn go maith léi ann dá bharr. Feictear an sagart ag éisteacht léi agus ag tabhairt comhairle di nuair a théann sí isteach chuig séipéal oíche amháin tar éis blianta a chaitheamh den chineál saoil seo. Arís, léirítear an íomhá den sagart cabhrach, neamhbhreithiúnach sa scéal. Tá nasc anseo idir an dá scéal seo agus ‘Bean an Leasa’ in *An Buaiceas* (1903) le Conán Maol agus *Séadna* (1904) leis an Athair Peadar maidir leis an íomhá a nochtar de na sagairt iontu. Bíonn an ról céanna ag na sagairt sna scéalta seo, sé sin chun cabhair a thabhairt. Is díol suime é nach nochtar

aon íomhá dhiúltach de na sagairt in aon chor, mar is íomha í seo ar tháinig athrú uirthi blianta níos déanaí.

Baintear úsáid as Caitliceachas an laoi chun íomhá dhearfach den Chaitliceachas a chur chun cinn san úrscéal stairiúil *Cormac Ua Conaill (1901)* leis an Duinníneach. Cé gur úrscéal stairiúil é, baintear feidhm chomhaimseartha as chun íomhá faoi leith den Chaitliceachas a chur i láthair. Léirítear Cormac mar laoch ollmhór sa scéal, agus is léir go bhfuil creideamh láidir aige. Mar thoradh air seo, tugann sé seo stádas láithreach don Chaitliceachas nuair a fheictear Cormac ag déanamh tráchta air. Tá an Duinníneach ag iarraidh a thaispeáint anseo chomh maith go raibh an Caitliceachas ag ár sinsear, agus ag laochra i stair na tíre. Creideann Cormac gur cheart muinín a chur i nDia, agus go gcothódh sé é agus Éamonn, buachaill atá in éineacht leis, ó bhaol nuair atá an bheirt acu ag teitheadh ón mbás sa scéal. Deir Cormac le hÉamonn: “Bíodh foighneach, tá Dia láidir, cumhachtach, daonnachtach agus eolach dó an cuma ina bhfuilimid... Bíodh ár muinín i nDia.” (Ua Duinnín 1901, 13) Is cosúil nuair a bhíonn na carachtair in am an ghátair go socraíonn siad ar a muinín a chur i nDia. Saghas scian cosanta ab ea é dóibh, go háirithe agus iad ar thuras chun suíomh na nGael a fheabhsú. Tagann sé seo leis an méid a deir Delap: “Tá blas mhórtas cine maíteach ré na hathbheochana le sonrú go mór san insint. Is ionann cúis an náisiúin agus cúis an chreidimh.” (Delap 1993, 37) Scríobh Ó Duinnín i réamhrá an eagráin a chuir sé amach i 1952 an méid seo a leanas:

Mheasas, leis, nár mhór cuspóir oireamhnach don aos scoile d’fhighe go dlúth san scéal, agus nár mhór an cuspóir sin do cheapadh do réir spiorad staire na nGaedheal, cuspóir go n-oirfeadh a thréithe do gach tráth den stair, agus go mórmór do shaoghal an lae sin, fíorGhaedheal ina intinn, ina éirim, ina uaisleacht, ina chródhacht, ina dhúthracht ar son tíre is creidimh. (Ua Duinnín 1952, viii)

Tá áit lárnach ag an gcreideamh i ndrámáí an Duinnínigh *Creideamh agus Gorta (1901)* agus *Teachtair ó Dhia (1922)*. Tá an Gorta Mór mar théama na chéad dhráma seo agus faightear léargas ar mheon agus ar streachailt na ndaoine sa tréimhse, chomh maith le

neart a gCaitliceachais agus iad i gcruachás. Feictear clann Phrotastúnach ag teacht i dtír ar na teaghlaigh Chaitliceacha atá ag fulaingt ó ocras timpeall Iarthuaisceart Chiarraí. Tairgeann na Protastúnaigh anraith do na teaghlaigh seo ar son athrú creidimh, go huile is go hiomlán ag tabhairt dúshláin do neart a gcreidimh. Tugtar éachtaint ar láidreacht Chaitliceachas na ndaoine, áfach, nuair a deir an Protastúnach nach mbíonn a lán tóra ar an anraith: “b’fhearr leis an chuid is mó aca bás d’fhágháil ná braon dár gcuid anbhruithe do bhlaiseadh.” (Ua Duinnín 1901, 10) Is é an téarma a úsáidtear chun chur síos ar na daoine a ghlacann leis an anraith ná “souters”. Feicimid Cáit, bean Chaitliceach agus máthair, de shíor ag paidreoireacht sa dráma, cosúil le máthair Uí Dhuinnín, ag iarraidh cabhair a fháil ó Dhia dá clann lag, stiúgtha. Tá réaltacht an Ghorta an-soiléir, agus is ábhar casta é an ráiteas a thugtar mar gheall ar thuairim na bProtastúnach i leith fheidhm an Ghorta. Is amhlaidh go gceapann siad gur tharla an Gorta ionas go mbeadh Dia in ann na Caitlicigh a smachtú trí ocras chun béasa a mhúineadh dóibh. Tá an Protastúnach seo ag gabháil buíochas le Dia as an deis sin a sholáthar dóibh:

Bheirim buidheachas leat, a Dhia na gcumhacht, mar is mór é do ghrádh dos na daoinibh bochta dala so. Do chuiris id mhór-thrócaire gorta is pláigh chuca d’fhonn iad do shaoradh ó dhoircheacht is ó sgáil an bháis. (Ua Duinnín 1901, 12)

Tá Cáit á tástáil sa dráma nuair a thugtar deis di an t-anraith a fháil agus deireadh a chur lena hocras, chomh maith le hocras a páistí. Ní ghéilleann sí dóibh áfach, agus is é a deir sí ná: “B’fhearr liom an ceann a bhaint díom, is mo chuid clainne do chur chun báis os mo chomhair ná a leithéid sin do ghníomh a dhéanamh.” (Ua Duinnín 1901, 23-24) Is cinnte gur féidir aontú le O’Leary agus a anailís ar an dráma seo: “Dineen presented the agony of the Famine in almost purely religious, or rather, sectarian, terms.” (O’Leary 1994, 195)

Tá deireadh an-tréan leis an dráma nuair a fheictear a clann go léir ag fáil bháis timpeall uirthi agus í ag canadh. Déanann O’Leary trácht ar an deireadh seo chomh maith, ag rá:

“the chorus of angels to bring the souls of the starved Catholic children to their eternal reward, focused more on the spiritual compensations for earthly suffering than on the political and economic system that caused it.” (O' Leary 1994, 195) Dealraíonn sé go bhfaigheann Ó Duinnín locht mór ar na Protastúnaigh in aimsir an Ghorta agus gur chuir siad go mór le fulaingt na ndaoine. Is féidir a áiteamh anseo go bhfuil seicteachas i gceist, go raibh Ó Duinnín ag baint úsáide as na Protastúnaigh sa dráma chun iad a mhaslú agus chun solas a chaitheamh ar an taobh gránna díobh, fad is a chuireann sé an Caitliceachas chun cinn. Is amhlaidh go bhfuil an Duinníneach ag dul chomh fada is go ndéanann sé drochdhaoine de na Protastúnaigh sa dráma seo. Dealraíonn sé go bhfuil sé ag caitheamh leo uilig mar aon aicme amháin ina chur síosanna orthu agus is cinnte nach raibh an tuairim sin ag gach duine.

Ta an meon seo follasach ina leabhar *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal (1905)* freisin. Tugann sé caibidil ar leith dar teideal ‘Creideamh agus Gorta’. Deir O’Leary i leith na caibidle seo: “Dineen seems to see the Famine primarily as a test of Irish Catholic faith.” (O' Leary 1994, 195 (n)) Is cinnte go bhfuil an ceart aige anseo, agus is féidir a fheiscint ón leabhar go bhfuil Ó Duinnín den tuairim go raibh na Protastúnaigh ag déanamh a ndíchill teacht i dtír ar shuíomh uafásach na nGael:

‘Sé bhí uatha ná na daoine ocracha do mhealladh le biadh is éadach is airgead, is a leanbhaidhe do thógaint uatha is do chur ar scoil mar a bheadh an bíobla Gallda dá mhúineadh. Do dhein a leithéididhe díoghbháil mhór gan amhras, acht, buidheachas le Dia, níor thug urmhór na ndaoine mbocht aon ghéilleadh dhóibh, cé go raibh ocras is galar dá milleadh is a bpáistidhe ag tuitim ar an úrlár le fuacht is lagachas. A Dhia na cruinne, is ar éigean a bhí teinteán bocht dealbh i n-iarthar na Conntae nár tugadh iarracht ar mhargadh do dhéanamh ann, margadh na hanspioraide ‘n-a ndíolfaidhe anma na ndaoine ar fheoil is ar anbruith; is ar éigean a bhí tigh ná bothán deataigh nár thug na teachtairidhe diablaidhe seo turas air ag iarraidh eascáirdeas do chur idir Dhia is dhaoineibh, ag iarraidh grása na bhFlaitheas do scriosadh as anam na bpáistidhe lag-bhrígheach is dóchas is carthannacht do mhúchadh ‘n-a gcroidhe. (Ua Duinnín 1905, 92)

Measann sé go raibh na Protastúnaigh ag déanamh níos mó dochair ná an Gorta é féin: “Badh mheasa an bhuidhean sain ‘ná pláigh is ‘ná galar.” (Ua Duinnín 1905, 92) Níl fianaise de sheicteachas nó de bheith anuas ar na Protastúnaigh áfach in aon saothar eile dá chuid lasmuigh de thréimhse an Ghorta.

Tá téama an Ghorta mar chuid de *Teachtair ó Dhia* (1922) freisin, bunaithe ar fheirmeoir agus ar a bhean fhíorchráifeach. Tá go leor bia acu, ach tá an tsaint go smior san fhear agus ní theastaíonn uaidh aon bhia a roinnt leis na daoine atá ag fulaingt timpeall air. Is í barúil na mná, Eibhlín, gur teachtaireacht ó Dhia is ea í cabhair a thabhairt do na daoine bochta. Is léir nach bhfuil an dúil chéanna i rudaí saolta aici, ag tabhairt gach ní dá bhfuil aici do na bochtáin. Is duine an-charthanach agus Críostúil í: “ní leigfeadh teachtaire Dé folamh uaim an fhaid is bheidh aon ní agam le tabhairt uaim.” (Ua Duinnín 1922, 18) Léiriú is ea an tagairt seo chomh maith ar an muinín atá aici ann. Nuair a thagann a fear abhaile tá sí buartha toisc nach bhfuil aon rud le hithe fágtha aici sa seomra bainne. Tagann carachtar darbh ainm Brighid isteach sa dráma chun cabhair a thabhairt dóibh nuair a theipeann orthu doras an tseomra a oscailt. Tosnaíonn sí agus Eibhlín ag guí, agus nuair a éiríonn leo an doras a oscailt, feiceann siad seomra lán le bia. Deirtear gur Naomh Bríd is ea an bhean seo, agus gur míorúilt atá i gceist sa deireadh, a bhfuil le trócaireacht agus flaitiúlacht Eibhlíne. Tagann an dráma seo le ráiteas O’Leary chomh maith níos luaithe faoi chur i láthair an Ghorta i dtéarmaí an chreidimh.

Tráchtann Ó Duinnín ar chreideamh mhuintir Chiarraí roimh an nGorta freisin sa chaibidil ‘Creideamh agus Gorta’ i *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-Shaoghal* (1905). Deir sé go mbíodh daoine ní ba chráifí agus ní ba dhúthrachtaí. Is amhlaidh go raibh daoine fós cráifeach le linn an Ghorta, ach má chuimhnímid gur scríobhadh an

leabhar seo sa bhliain 1905, is dócha go raibh athruithe feicthe ag an Duinníneach i leith a gcráifeachta freisin idir na blianta sin. Deir sé:

Níor tháinig i n-aigheadh aoinne labhairt i gcoinnibh an chreidimh ná i gcoinnibh na hEaglaise, acht chómh beag is labharfadh sé i gcoinnibh a mháthar nó a athar. Ní aireochthá ó cheann na bliadhna maslughadh ar Dhia ná ar na naomhaibh. (Ua Duinnín 1905, 13)

Cuireann sé síos ar cé chomh naofa ia a bhí muintir Chiarraí agus ar cé chomh minic is bhídís ag paidreoireacht:

Is beag nach ar a nglúnaibh bhíodh na seanmhná i gcomhnuidhe. Cúpla uair an chluig ar maidin agus an oiread eile istoidhche, agus mo ghraidhin iad is neamh-thuirseach a bhídís ag éirghe dá nglúnaibh dóibh. Ní mór ná go raibh na fir chomh maith leo... Istoidhche adeirtheidhe an Choróin Pháirteach ins gach aon tigh nach mór, le linn an charghais go háirithe. Acht bhíodh na paidreacha adeirtear 'san gCoróin Pháirtigh ar siubhal aca ó mhaidin go hoidhche. Agus ní hamháin paidreacha de'n tsaghas sainpaidreacha a múintear do'n aos óg i bhfocair an Teagaisc Chríostaidhe, agus atá rianta amach dúinn ag an Eaglais- ní amháin paidreacha de'n tsaghas sain a bhíodh 'n-a mbéal aca, bhíodh paidreacha eile, leis, aca do chumaidís féin nó thagadh chucha ó bhéal a sinsir. (Ua Duinnín 1905, 17)

Is féidir a léamh ó na ráitis seo go gceapann sé nach bhfuil daoine chomh dílis nó chomh soineanta nó chomh dúthrachtach don Eaglais fé mar a bhídís. Tá leid sa mhéid seo chomh maith nuair a thráchtann sé ar dhaoine ag labhairt amach i gcoinne an Chaitliceachais. Cuireann sé cuid den mhilleán ar thionchar tíortha eile maidir leis na heachtrannaigh ag filleadh ar ais. Tá a fhios againn go raibh Ó Duinnín go mór i gcoinne na himirce áfach, agus go dtapaíonn sé an deis an locht a chur uirthi d'iomaí locht a bhaineann leis na hÉireannaigh chomh maith.

Glacann Conán Maol seasamh cáinteach ina aiste 'Indé is Inniu', *Banba (1903)* maidir le cúrsaí teanga agus an Caitliceachas. Déanann sé comparáid idir Gaeil an lae inniu agus na seanGhaeil fadó sa tír. Deir sé: "Dubhairt cheana go raibh muinighín againn asainn féin, deirim 'na theannta soin go bhfuil dóchas againn i nDia mar tá sé dínge thesteach im' aigne-se go bhfuil Dia ar thaobh na Gaedhilge." (Ó Séaghdha 1903, 183)

Arís, is féidir a fheiscint anseo an nasc a bhíodh á chur leis an gCaitliceachas agus le

cúrsaí teanga, go raibh Dia i bhfábhar na Gaeilge. Tagann sé seo leis an méid a scríobh Crowley sa *Freeman's Journal* i leith na Gaeilge agus a caidreamh leis an gCaitliceachas: “One supposed feature of the Irish language in particular, that the devil could not speak it (and hence that Irish and holiness were, conversely, linked).” (Crowley 1877, 23) Mar aon leis seo, luann Wolf: “Reports from the nineteenth century sources that locals believed that Saint Patrick himself had rendered the devil incapable of speaking Irish, that the Irish saints had all spoken the language.” (Wolf 2014, 38) Is fianaise í an méid seo ar an léiriú ar an gCaitliceachas a bhí á thaispeáint sna scríbhinní, ag déanamh iarrachta é a nascadh le daoine móra, cumhachta, cráifeacha.

Is suimiúil mar sin go gcáineann Conán Maol an chléir freisin san aiste, rud nach bhfuil luaite ag an Duinníneach ar chor ar bith, sa mhéid is nach mbíonn siad ag soláthar go leor tacaíochta do chás na Gaeilge:

Tá fhios ag gach duine gur fiú leis an t-éolas d'fhághail gurabh iad na sagairt do chongaibh an Bhóithéimis nó an Trec ar a bonnaibh. Is iad na sagairt, leis, atá ag leathadh na Póilise... Ní'l a leithéid sin de chongnamh ag na Gaedhealaibh. Is oth liom ná fuil, mar d'á mbeadh níor ghabhadh dhúinn Connradh na Gaedhilge do chur ar bun, 'ná an saothar trom tuirseamhail atá ar lámh againn do chur ar aghaidh. (Ó Séaghdha 1903, 184)

Is cur síos ar thromlach a shaoil mar shagart a fhaightear i ndírbeathaisnéis Uí Laoghaire *Mo Scéal Fein* (1915). Dar le Ó Céirín, thug an tAthair Peadar faoin dírbheathaisnéis chun teagasc a sholáthar agus gurb é “feabhsú morálta, tógáil meanman is misnigh a bhí uaidh.... Thug sé faoi Nua-Éire a chruthú, Éire a bheadh Críostaí agus Gaelach, is é sin náisiún, mar a tuigeadh dó é.” (Ó Céirín 1973, 13) D'fhéach sé ar an nGaeilge mar rud a bhí ar aontábacht le cur chun cinn an Chaitliceachais: “Bhí cúis an chreidimh agus cúis na Gaeilge snaidhmthe le chéile i gcroí is in aigne an Athar Peadar.” (Ó Céirín 1973, 40) Is amhlaidh gur cheap Ó Laoghaire go mbeadh daoine ní ba naofa dá mbeadh an Ghaeilge á labhairt acu. Tugann sé píosa ar leith sa leabhar agus é ag caint

faoin uair a chuireadh sé an Ola Dhéanach ar na seandaoine agus iad gar don bhás. Dealraíonn sé go gceapann sé go mbídís ní ba naofa an uair sin, toisc go mbíodh a gcuid cainte i nGaeilge. Luann sé nuair a chuireadh sé an ola sin orthu gurb é an freagra a d’fhaigheadh sé uathu ná: “Mó ghrá mo Thiarna Íosa Críost! Mo ghrá go daingean É!” (Ó Laoghaire 1915, 121) Is léir óna phlé air seo go gcuireadh sé an-áthas air an méid seo a chlos agus go raibh sé an-cheanúil ar na daoine seo de bharr a gcreidimh:

Stadadh m’anáil orm agus thagadh luas croí orm agus scinneadh deora ó mo shúile i dtreo go n-iompaínn i leataobh beagán. Sin í an chaint a raibh an creideamh inti. Sin iad na saghas daoine naofa a bhí in Éirinn an uair sin agus roimhe sin, agus gan aon fhocal Béarla acu. Ba bhaoth an gnó don namhaid ag iarraidh a chur iallach orthu siúd an creideamh a shéanadh. (Ó Laoghaire 1915, 121)

5.3 Dhá Úrscéal Caitliceacha: *Eoghan Paor* agus *Séadna*

Is féidir trácht ar *Séadna* (1904) leis an Athair Peadar, agus *Eoghan Paor* (1911) le Conán Maol, mar úrscéalta Caitliceacha. Tá an Caitliceachas láidir ó thús deireadh *Eoghan Paor* (1911). Deir Fennell: “Middle-class Catholic ideology drives this novel.” (Fennell 2014, 90) Is bean fhíorchráifeach í an príomhcharachtar Gobnait, agus is codarsnacht shuimiúil í an difríocht atá ann idir neart a creidimh agus Eoghan Paor. Is náisiúnaí é Eoghan Paor agus is duine gan mhórán creidimh é ag tús an scéil, ach le linn an scéil, bogann sé i dtreo an chreidimh arís. Cuirtear síos ar chomhrá idir Eoghan agus Griebert agus iad ag plé cúrsaí an tsaoil i ndiaidh an tsaoil seo. Is soiléir nach bhfuil siad ró-chinnteach faoi cad a tharlóidh dóibh, ach ag an am céanna, is léir go bhfuil creideamh de shaghas éigin ag Eoghan:

Budh chóir dhom a rádh ámh nách fear creidimh mé, mar sin féin tá creideamh liom féin agam, agus tá a fhios agam go bhfuil anam ionnam, tá meabhair agam is cuimhne agam, tá fhios agam go rabhas im’ leanbh agus má mhairim leis go mbeadh im’ sheandhuine. (Ó Séaghdha 1911, 71)

Is léir go gcuireann easpa chreideamh Eoghain isteach air uaireanta áfach:

Is baoghlach gur beag é mo chreideamh. Cúpla uair, nuair a bhí an bhuaidhirt sin ag cur orm mheasas gur tháinig mar a bheadh solus éigin im’ inchinn. Ar mhachtnuighis

riamh ar an Maighdin Muire, a Ghriber?... Mar ní rugadh riamh is ní bhéarfar choidhche, aon bhean eile í siúd. Cuireann a hainm i gcuimhne dhom luibhneacha meala is bláthanna cúmhra ar mhóinfhéaraibh. Is gile í ‘ná an sneachta, is mílse í ‘ná an chíormheala, is breághdha a súil ‘ná réaltann, is taithneamhaighe a sgáil ‘ná an gath gréine. (Ó Séaghdha 1911, 71-72)

Is léir ón bpíosa seo go bhfuil cur amach aige ar an Maighdean Mhuire, agus is cinnte go bhfuil seanmóireacht i gceist le Conán Maol anseo maidir leis an tslí ina chuireann sé síos uirthi. Cuireann Eoghan a easpa creidimh in iúl do Ghobnait níos déanaí ach cuireann sí é ar a shuaimhneas ag rá leis nach bhfuil sé ró-dhéanach dó éirí níos cráifí. Leis sin, tosnaíonn sí ag múineadh paidreacha dó agus molann sí dó iad a rá go minic: “Abair go minic í a Eoghain a chroidhe.” (Ó Séaghdha 1911, 83)

Tá sé an-soiléir go bhfuil an-chreideamh ag Gobnait agus is féidir é seo a fheiscint nuair a bhíonn sí ag iarraidh Eoghan a chur i dtreo an Chaitliceachais agus i dtreo Dé sa scéal, go háirithe nuair a bhíonn buairt air, ag léiriú an Chaitliceachais agus Dé mar fhoinse faoisimh. Tá Gobnait í féin ina bean rialta faoi dheireadh an leabhair chomh maith, toisc gur shocraigh sí ar a saol a thabhairt ag obair ar son Dé sular bhuail sí le hEoghan arís agus níl sí chun dul i gcoinne an ghealltanais seo.¹⁹ Deir sí: “Nach mór an mí-ádh dhómhsa agus dhuitse nár gheallais mise dhi. Táim geallta dho Dhia ó imthigh Dómnall uaim lá mo phósda!” (Ó Séaghdha 1911, 113)

Amhail is go mbíonn beagáinín seanmóireachta ar siúl ag Gobnait gach uair a fhaigheann sí an deis chun an Caitliceachas a chur chun cinn. Tá sé seo le feiceáil chomh maith agus Gobnait ag tabhairt aire d'Eoghan agus é ar leaba a bháis. Tá sí ag cur is ag cúiteamh léi féin agus í in amhras go mbeadh sí in ann cabhair cheart a thabhairt d'Eoghan. Deir sí léi féin: “Má sgaoileann sé uaidh mé le n-a thoil féin cúiteóchaidh Dia

¹⁹ Bhuail sí le hEoghan ag tús an leabhair agus bhí an bheirt acu i ngrá lena chéile. Níor ghlac a teaghlach leis áfach agus phós sí Prógras, seanfhear ó Chill Airne. Nochtar sa leabhar go mbíodh Eoghan fós ag scríobh litreacha di ag iarraidh caidreamh a choimeád léi, ach coimeádadh na litreacha seo uaithe i ngan fhios di agus cheap Gobnait nach raibh aon tsuim ag Eoghan inti mar sin.

leis é agus cabhróchaidh grásta Dé linn araon mar is treise grásta Dé ‘ná an grádha daonnda.” (Ó Séaghdha 1911, 133) Is cinnte nach bhfuil Eoghan ró-shásta leis seo agus feicimid go bhfuil sé ina Chaitliceach faoi dheireadh an scéil, ag léiriú dúinne gur tháinig sé faoi thionchar na mná nuair a impíonn sé ar Dhia cabhair a fháil uaidh chun Gobnait a choimeád: “A Íosa Críost, tabhair dhúinn araon do ghrásta! A Mhaighdean Mhuire, cabhruigh linn!” (Ó Séaghdha 1911, 147) Tagann sé seo leis an léiriú a bhíonn ann ar Dhia mar chúntóir is an tslí ar chas daoine air nuair a bhí siad i ngátar. Sampla eile de seo is ea nuair a théann Gobnait ar ais go Cill Airne chun dul isteach sna mná rialta. Téann Eoghan ar ais léi agus is léir go bhfuil sé croíbhriste nuair a fhágann Gobnait é don uair dheireanach. Feictear é ag dul isteach sa reilig ina bhfuil a thuismitheoirí curtha, agus suíonn sé ar a n-uaigneanna ar feadh i bhfad ag machnamh agus ag iarraidh paidreacha a rá chun sólás a thabhairt dó féin. (Ó Séaghdha 1911, 150)

Nasctar cúrsaí teanga agus an Caitliceachas sa scéal freisin, ag iarraidh a thaispeáint go bhfuil an bheirt acu ar aonábhacht lena chéile. Deir Eoghan:

Féach ar Éirinn ‘n-a hiomlán; tá an dá chómhartha dh’ár ndeighilt ó Shasana- an creideamh Caitlicighe agus an teanga Ghaedhealach, - agus go mba buan an dá thabharthas, pé olc maith le héinne é, mar is iad cómharthaidhe ár sinnsear iad. (Ó Séaghdha 1911, 120)

Tá leid den náisiúnachas polaitiúil ag druidim le deireadh an leabhair freisin, agus Eoghan ag glacadh leis nach mbeidh sé in ann a shaol a chaitheamh le Gobnait. Tá sé ag caoineadh an phlean a bhí acu chun Éire a shábháil agus déanann sé nasc idir é seo agus Dia, go gcabhródh Dia leis an méid seo a bhaint amach: “Stiúraigh sí ar an mbóthar gceart mé leis chum Éire do shaoradh agus go gcúitigidh Dia léi é.” (Ó Séaghdha 1911, 146)

Is fíor go bhfuil dlúthbhaint ag an gCaitliceachas leis an úrscéal *Séadna* (1904) freisin. Dar le Delap agus é ag caint faoi Ó Laoghaire: “Is léir óna chuid saothar agus ó *Séadna*

ach go háirithe, gurbh annamh a lig sé an fhaill thairis chun píosa beag seanmóireachta faoin mhoráltacht nó faoi chúrsaí creidimh i gcoitinne a dhíriú ar an aos óg.” (Delap 1993, 32) Tá a fhios againn gur scríobhadh *Séadna* i dtús báire chun caint na ndaoine a chur ar shaothar liteartha Gaeilge, agus foilsíodh é níos déanaí mar leabhar. Is scéal béaloidis é mar sin agus tá struchtúr an úrscéil scríofa mar seo. Tá an scéal féin roinnte suas i gcaibidlí agus ag tús gach caibidil bíonn comhrá ar siúl idir an scéalaí Peig agus na héisteoirí Nóra, Gobnait, Síle bheag agus Cáit Ní Bhuachalla. Bíonn siad ag cur is ag cúiteamh faoi na rudaí a thiteann amach i ngach caibidil agus cuireann sé seo leis an scéal. Deir MacMathúna:

Tá dlúthcheangal sa saothar idir *Séadna*, laoch an scéil, na comharsana ar chaith sé a shaol ina measc, agus an lucht éisteachta óg a dhein a gcuid féin d’insint Pheig ar an gcoimhlint idir *Séadna* is an bhean chosnochtaithe agus an Fear Dubh, idir an mhaith agus an t-olc. (MacMathúna 2011, ix)

Tá buneachtra an scéil bunaithe ar ghréasaí bocht a dhíolann a anam leis an diabhal. Bíonn an scéal seo faoi dhuine a dhéanann margadh leis an diabhal an-choitianta sa litríocht timpeall an domhain. Cuirtear síos air mar an ‘Faustian Pact’, ag trácht ar scéal Faust a scríobhadh sa Ghearmáin sa bhliain 1587.²⁰ Is léir go bhfuil trócaireacht agus cineáltas ag baint le *Séadna* nuair a fheicimid é ag tabhairt a airgid go léir do dhaoine atá ar an ngannchuid agus é ar a shlí chun leathair a cheannach, cé go bhfuil sé ag streachailt é féin. Cuireann Ó Tuama síos air mar: “gréasaí bocht tuaithe a dhéanann beart mí-stuama agus a n-éiríonn leis an bhFear Dubh a chrúcaí a chur ann dá dheasca.” (Ó Tuama 1981, 149) Buaileann sé le duine ar nós aingil ar an mbóthar tar éis dó cabhair a thabhairt do na daoine a bhí ar an ngannchuid agus níl aon airgead aige ag an bpointe seo. Ar ndóigh, níorbh fhíordhaoine iad agus cuireann an t-aingéal é féin i láthair mar

²⁰ Féach ar *Faust through Four Centuries: Retrospect and Analysis* (1989) le Peter Boerner agus Sidney Johnson

an triú duine ar thug Séadna cabhair dó. Tairgeann an t-aingeal trí achainí do Shéadna ach insíonn sé dó gur chóir trócaire a fháil ó Dhia:

A Shéadna, tá Dia baoch díot, Aingeal is ea mise. Is mé an triú haingeal gur thugais déirc dó inniu ar son an tSlánaitheora. Agus anois tá trí ghuí agat le fáil ó Dhia na glóire. Iarr ar Dhia aon trí ghuí is toil leat, agus geobhair iad. Ach tá aon chomhairle amháin agamsa le tabhairt duit. Ná dearmhaid an Trócaire. (Ua Laoghaire 2011, 3)

Ní bhaineann sé leas ciallmhar as na hachainíocha seo áfach. Ní bhacann sé le comhairle an aingil, agus fágtar é gan airgead.

Buaileann sé le fear eile ina dhiaidh seo, agus is amhlaidh gurb é an diabhal é. Tógann an fear cruth mistéireach, cruth an-neamhdhaonna:

San áit ina raibh an t-aingeal, fear fada caol, dubh, agus é ag ginniúint air, agus an tine chreasa ag teacht as a dhá shúil ina sprachaibh nimhe. Bhí dhá adhairc air mar a bheadh ar phocán gabhair; agus meigeall fada liathghorm garbh air, eireaball mar a bheadh ar mhadra rua, agus crúb ar chois leis mar chrúb thairbh. (Ua Laoghaire 2011, 4-5)

Cuirtear é i láthair mar fhigiúr fíochmhar agus scanrúil, an íomhá thipiciúil a thugtar ar an diabhal. Cuireann Peig síos ar Shéadna agus é ag féachaint isteach i súile an diabhail: “Ní fheaca sé riamh roimhe sin aon dá shúil ba mheasa ná iad, aon fhéachaint ba mhallaithe ná an fhéachaint do bhí acu, aon chlár éadain chomh dúr. Chomh drochaigeanta leis an gclár éasain do bhí os a cionn.” (Ua Laoghaire 2011, 7)

Déanann sé margadh leis, agus geallann sé airgead, leathair, agus gach ní eile dá bhfuil uaidh dó má aontaíonn sé teacht leis an diabhal tar éis trí bliana déag. Aontaíonn Séadna, agus rinne siad margadh go mbeadh ar Shéadna dul leis an bhfear seo tar éis trí bliana déag. Tá Séadna flaithiúil lena chuid airgid le linn na mblianta seo agus úsáideann sé é chun cabhrú le daoine go minic. Sampla de seo is ea nuair a thagann báille chuig teach Mhichíl agus a mháthar ag lorg cíosa. Níl faic le tabhairt acu dó agus tagann Séadna i gcabhair orthu agus tugann sé an t-airgead don bháille ar a son, ach ba “Ar son an tSlánaitheora” é dar le Séadna. (Ua Laoghaire 2011, 53)

Feictear Séadna i bponc nuair a theastaíonn ó bheirt cleamhnas a dhéanamh leis, fé mar a phléigh mé níos luaithe. Déantar tagairt do chreideamh mhuintir na háite nach bpósadh éinne idir comhrá na n-éisteoirí, ag rá go ndearna daoine an cinneadh nach bpósfaidís éinne toisc go raibh siad chun a saolta a thabhairt suas do Dhia. ‘Céile Dé’ an t-ainm a thugtaí orthu, de bharr a ndílseachta do Dhia, ag taispeáint cé chomh naofa is a bhí roinnt seandaoine an cheantair tráth:

Cad é an rud Céile Dé?... D’airíos mo Dhaid mór á rá go raibh daoine ann fadó, agus ná pósfaidís aon bhean, mar go mbídís pósta ag Dia na glóire féin; agus sin é an t-ainm a thug sé orthu, Céile Dé... Deireadh sé gurb amhlaidh a thugaidís an grá céanna do Dhia a thugann an fear dá mhnaoi. (Ua Laoghaire 2011, 87-89)

Thosnaigh daoine ag ceapadh an rud céanna ansin faoi Shéadna toisc nach raibh fonn pósta air. Ar ndóigh, ní raibh Séadna in ann an rún a insint don sagart ach bheadh sé in ann é a insint dó i bhfaoistin. Arís faightear léiriú ar chreideamh na ndaoine ó chomhrá na gcailíní agus ar cé chomh macánta is a bhídís leis an sagart, ag rá: “Níl sé ceangailte ar dhuine rún a choimeád ó shagart nuair a bheadh faoistin aige dá dhéanamh leis an sagart, ach d’fhéadfadh sé bheith ceangailte air gan an rún a thabhairt dó lasmuigh den fhaoistin.” (Ua Laoghaire 2011, 189)

Oíche sula raibh an trí bliana déag istigh, faigheann Séadna comhairle ó spéirbhean a thagann i gcomhlúadar aige go mbeidh an namhaid ag teacht agus go ndéanfadh sé éagóir air. Tagann an ‘Fear Dubh’ nó an diabhal ar ais, fé mar a deir an spéirbhean leis, ach cheap sé go gcuirfeadh an t-airgead Séadna amú. Ní raibh an ceart aige áfach agus éiríonn le Séadna an lámh in uachtar a fháil ar an diabhal. Tógann Séadna an deis chun cumhacht Dé a phlé leis an diabhal, agus is amhlaidh arís go bhfuil Ó Laoghaire ag iarraidh píosa seanmóireachta a thabhairt isteach sa scéal:

Is é an rud é ná umhlaíocht. Tá a fhios agam go maith ná taitheann an rud san leatsa. Nuair a bhís ag breithniú ar na nithibh is fearr chun duine a chur ar a aimhleas is maire dhuit nár dhein machnamh beag ar an ní is fearr a choisceann aimhleas. An áit ina mbíonn umhlaíocht bíonn grásta Dé ann. Is treise go mór grásta Dé chun an duine

a chur ar a leas ná na nithe úd go léir d'áirís-se chun an duine a chur ar a aimhleas.
(Ua Laoghaire 2011, 242)

Socraíonn an bheirt acu air go ndéanfaidís beart eile, go mbeadh trí bliana déag eile ag Séadna, ach ní túisce a bhí an focal as béal an diabhal ná go raibh sé réidh chun beireadh ar Shéadna. Léirítear é anseo mar fhealltóir, mar scéiméir, duine a dhéanfadh aon rud ionas go bhfaigheadh sé an lámh in uachtar. Déanann Séadna Fíor na Croise agus déantar liathróid tine den diabhal dá bharr. Fágтар Séadna gan aithne gan urlabhra tar éis an achrainn agus éiríonn sé as a mheabhair ar feadh cúpla seachtain. Tugtar le fios nach raibh sé ar chumas an tsagairt nó an dochtúra leigheas a chur air ach tá sé ar ais chuige féin faoi dheireadh an scéil. Deir Ó Céirín gurb é atá sa scéal ná: “scéal an duine agus an síorchoimhlint a bhíonn ar siúl aige in aghaidh an oilc, an síor-iarracht chun éalú ó bhraighdeanas an pheaca.” (Ó Céirín 1973, 17)

Níl amhras mar sin ach go raibh baint shuntasach ag an gCaitliceachas in iomaí saothar ó na triúr scríbhneoirí tuaithe seo. Bíodh is go raibh na scéalta féin an-difriúil óna chéile, ní féidir a shéanadh go raibh an aidhm chéanna ag an triúr acu sa deireadh, sé sin chun an Caitliceachas a chur chun cinn. Is léir an creideamh láidir a bhí acu agus caithfear a rá go bhfuil sé seo le feiscint ina gcuid scríbhinní chomh maith. Níl aon rud ró-réabhlóideach nó mímhórála ag baint lena gcuid saothar, ar ndóigh a bhuí le tionchar an teagaisc Caitlicigh, agus is íomhánna dearfacha amháin a nochtar den Chaitliceachas agus de bhail na cléire araon. Is féidir a rá tar éis dom na téacsanna seo a léamh go raibh an Caitliceachas mar chuid ollmhór den Chonradh agus ní haon ionadh é mar sin go n-éireodh sé mar ghluaiseacht fhíorChaitliceach ar deireadh.

Caibidil 6: Suirbhé ar Shaothar Liteartha na Scríbhneoirí

Is í an aidhm atá agam sa chaibidil seo ná cuntas a thabhairt agus suirbhé ginearálta a dhéanamh ar shaothar liteartha Uí Laoghaire, Uí Dhuinnín, Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh. Scríbhneoirí fíor-ildánacha ab ea iad. Úrscéalaithe, gearrscéalaithe, drámadóirí, oideachasóirí, eagarthóirí, agus iriseoirí ab ea iad. Tá réimse leathan aistí scríofa acu chomh maith, agus bhí siad go léir an-ghníomhach mar iriseoirí i nuachtáin agus in irisí a linne cosúil leis *An Claidheamh Soluis* agus *Irisleabhair na Gaedhilge*. Tá aistriúcháin agus athchóiriú déanta acu ar sheanscéalta chomh maith le scéalta agus filíocht curtha in eagar acu. Rinne an tAthair Peadar ach go háirithe a lán aistriúchán ar sheanscéalta agus ar litríocht naofa. Scríobh siad drámaí chomh maith, agus tagraíodh don Athair Peadar i *The Leader* i 1900 mar an chéad drámadóir Gaeilge fiú: “Our first dramatist! How strange it sounds! But it true.” (Leader 1900, 86)

Ar ndóigh, toisc gur Chonraitheoirí iad, bhí an taobh oideachasúil tábhachtach dóibh agus iad i mbun pinn. Tá téacsleabhair scoile scríofa ag an Duinníneach, chomh maith le leabhair ina dtugann sé moltaí maidir le múineadh na staire sna scoileanna. Tá aiste scríofa ag Conán Maol agus ag an nGruagach chomh maith ag trácht ar na scoileanna Gaelacha agus conas is ceart ábhair a mhúineadh iontu, agus scríobh an tAthair Peadar mórán leabhar ar theangeolaíocht is ar ghramadach na Gaeilge.

Ar dtús, déanfar plé ar cheist na canóna i leith a gcuid saothar, agus ar an bhfáth gur bhain cuid acu níos mó stádais agus aitheantais amach ná a chéile i dtéarmaí chanóin liteartha na Gaeilge. Is cinnte go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis an saothar a sholáthair na luathscríbhneoirí seo ag am a bhfoilsithe, ach níor mhair tábhacht nó rath gach aon fhoilseachán go dtí an lá inniu. Cíorfair an fáth nár mhair an tábhacht seo má chuirtear iad i gcomparáid le saothair eile a fuair stádas canónta. Níl aon amhras ach go

bhfuil dearmad déanta ar thromlach díobh anois i measc léirmheastóirí na linne seo le tamall agus is fiú mar sin súil úr a chaitheamh ar chuid den saothar arís. Déanfar suirbhé ansin ar a gcuid saothar. Ní ainmneofar gach rud a scríobh siad sa suirbhé, óir beidh sé seo le fáil i gcláir shaothar na scríbhneoirí.

6.1 Canóin Liteartha na Gaeilge

Mar chuid de mo chuid taighde ar shaothar liteartha na gceathrar, bhí sé mar aidhm agam iniúchadh a dhéanamh ar stádas na scríbhneoirí i dtéarmaí chanóin liteartha na Gaeilge. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis an gcanóin sa Ghaeilge, dar le Nic Eoin, toisc go raibh sé níos deacra don phobal neamhaird a thabhairt don Ghaeilge. (Nic Eoin 2016) Dar le Bloom, agus é ag trácht ar an gcanón i leith na gclasaicí Béarla, deir sé: “One ancient test for the canonical remains fiercely valid: unless it demands rereading, the work does not qualify.” (Bloom 1995, 30) Is é an rud céanna atá fíor i leith na litríochta Gaeilge. Ní thógtar aon saothar a n-éiríonn leis stádas canónta a bhaint amach mar shaothar buan, síoraí, áfach.

Míníonn Bloom go mbíonn tionchar ar leith ag na hinstitiúidí trú leibhéal ar na téacsanna a bhaineann stádas canónta amach. Má ghlactar leo sna hinstitiúidí seo mar ábhair staidéir, is léiriú é ar a luach agus ar a stádas canónta: “Originally the Canon meant the choice of books in our teaching institutions.” (Bloom 1995, 15) Tacaíonn MacCarthy leis seo freisin, agus í ag plé le scríbhneoir Lefevere i gcomhthéacs cheist na canóna i litríocht na hÉireann. Cuireann sí leis sin chomh maith, gur féidir tionchar a bheith ag daoine móra na linne sa chanóin:

Just as syllabuses and texts that Lefevere mentions can influence what a literary system takes for its canon, so I believe literary histories and studies, especially those written by patriots or key figures in the revival movement, will influence the formation of a canon. (MacCarthy 2004, 128)

Rinne Lefevere cur síos ar chúrsaí canóna sa Ghearmáin ó chríochnaigh an Dara Cogadh Domhanda. Is é a mheas faoi ról na n-institiúidí ná: “He also mentions the rôle that the school and university syllabuses, and the anthologies they use of canonical writers, have in the process of what he calls rewriting.” (MacCarthy 2004, 128) Is í feidhm na hathscríbhneoireachta, dar leis, ná “to bring it in line with the new dominant poetics... Institutions enforce, or, at least, try to enforce the dominant poetics of a period by using it as a yardstick against which current production is measured.” (Lefevere 1992, 19)

Mar gheall ar an méid seo, is cinnte go bhfuil cúpla cúis ann lena mbainfeadh téacs stádas canónta amach. Ó thaobh fheidhm na n-ollscoileanna de, áfach, is cinnte nach bhfuil staidéar á dhéanamh ar aon téacs ó na ceathrar scríbhneoirí ag aon mhac léinn i gcúrsa Gaeilge. Dar le MacCarthy “The canon implies value judgements and a hierarchial order.” (MacCarthy 2004, 127) Mar chuid den struchtúr céimlathach seo, tá an mhórscríbhneoireacht agus an mhionscríbhneoireacht. Cuireann sí síos ar thréithe na mórscríbhneoireachta:

It hopes for supremacy, aesthetically speaking and that it deals with universals. It deals with the eternal and cosmopolitan as opposed to the local and heterogeneous... The tradition some writers propose for Gaelic Ireland is heavily influenced by the Romantic revolution... Artificiality and cosmopolitanism are the opposites of the spontaneous and natural qualities so valued by the Romantics. These qualities are to be found in rural settings, in the local, the parochial. In Ireland there was an attempt to venerate the parochial. (MacCarthy 2004, 150)

De ghnáth, saothar réadúil is ea an mhórscríbhneoireacht agus is cinnte go maireann saothar réadúla níos faide ná saothar rómánsúla. Rud níos buaine is ea an réalachas.

Má fhéachtar ar aon litríocht atá saothraithe ag na scríbhneoirí atá i gceist, seachas *Séadna* (1904) leis an Athair Peadar Ó Laoghaire, níl éinne tar éis eagrán nua caighdeánach, nó nualeaganacha dá leabhair a chur amach. *Séadna* (1904) is ea an t-aon saothar uathu a bhfuil eagrán nua curtha ar fáil. Insíonn MacMathúna dúinn go raibh an-

tóir ar an leabhar ó am a fhoilsithe: “Fearadh fáilte roimh Séadna ó thosach.” (MacMathúna 2011, ix) Ba é an leabhar seo an chéad iarracht a rinneadh ar shaothar liteartha nua-aimseartha a chumadh sa Ghaeilge.

Treisióinn léirmheas eile ó léirmheastóir na tréimhse an nuaíocht a bhain leis: “The book cannot be criticised according to any standard, because there is no book to which it can be compared.” (Ó Céirín 1973, 17) Admhaíonn MacMathúna, an fear a chuir eagar ar an eagrán is nuaí den leabhar, go bhfuil laigí ag baint leis:

Ní mór a admháil go dtagann lagú áirithe ar an bhfráma inste de réir a théann an scéal ar aghaidh. Fághtar i leathaobh é i gcaitheamh píosa fhada den insint. Tríd is tríd, tá sé le brath nach dtagann an bláthú air mar uirlis chruthaitheach a mbeifeá ag súil leis ó chaibidlí tosaigh Séadna. (MacMathúna 2011, lix)

Bhain *Séadna* (1904) stádas canónta amach toisc go raibh sé mar an chéad leabhar Gaeilge le caint na ndaoine mar bhunchloch ann, ach ní féidir a rá go bhfuil go leor saibhris ann chun stádas canónta a bhronnadh air. Ar shlí, is é mo thuairimse go bhfuil an iomarca stádais faighte ag *Séadna* (1904). Is féidir locht a fháil ar na carachtair agus ar thitim amach an scéil ann freisin, agus ní féidir é a mhóradh ar son a chruthaitheachta. Is féidir a áiteamh chomh maith nach bhfuil mórán spreagadh samhlaíochta le fáil i *Séadna* (1904) ach oiread. Is de bharr a úsáide de chaint na ndaoine seachas a mhaitheas mar úrscéal a thug stádas dó. Tugann Ó Droighneáin le fios dúinne gur scríobhadh an méid seo sa *Branar*:

An radharc do chídheadh sé féin, bhí sé ar a chumas é chur ós comhair ár súl dúinn le draoidheacht focal, óir pé buadh eile a bhí aige ná ná raibh bhí buadh Gaoluinne aige... Dar ndóigh, níl an leabhar gan locht, níor chuir an t-ughdar deire riamh air mar sgéal. (Ó Droighneáin 1936, 109-110)

Ní ghactar le *Séadna* (1904) mar an chéad úrscéal sa Ghaeilge. Thosnaigh an tAthair Peadar ag scríobh *Séadna* in *Irisleabhair na Gaeilge* go míosúil ó Shamhain 1894 go dtí 1897. Tháinig an dara cuid de amach i bhfoirm leabhair i 1898 agus foilsíodh an trian

deiridh de i 1901 in *The Cork Weekly Examiner*. (MacMathúna 2011, vii) Ábhar conspóide is ea é seo, áfach, toisc go raibh sraitheanna den leabhar á bhfoilsíú ag an Athair Peadar in *Irisleabhair na Gaedhilge* ón mbliain 1894 ar aghaidh. Níor bhain ‘an chéad úrscéal’ eile ón dtréimhse, *Cormac Ua Conaill (1901)* leis an Athair Pádraig Ó Duinnín, an t-aitheantas céanna amach in aon chor. Bhain sé stádas canónta amach nuair a tháinig sé amach den chéad uair ach is úrscéal imeallach é i dtéarmaí an lae inniu. Cuireann Titley síos air mar: “an chéad úrscéal Gaeilge a foilsíodh ina iomláine faoi iamh an aon chlúdaigh amháin riamh é.” (Titley 1991, 333) Cé gur fíor é seo, is úrscéal rómánsúil chomh maith le stairiúil é agus, ar ndóigh, is féidir leis an rómánsachas dul as faisean.

Is amhlaidh go bhfuil Titley (1991), Delap (1993), agus O’Leary (1994) ar aon intinn lena chéile maidir le *Cormac Ua Conaill (1901)*, nár chóir stádas a thabhairt don leabhar. Is suimiúil an rud é chomh maith gur scríobh siad na léirmheasanna seo laistigh d’achar gairid óna chéile. Is féidir cúpla locht a fháil ar an leabhar, lochtanna a d’fhág é gan seasamh ró-mhór, dar le Titley:

Is é an easpa fuála idir eachtraí, an easpa caidrimh idir daoine a léireofaí go coitianta i bhfoirm chomhrá, an easpa sonraí in imeachtaí na gcarachtar is mó a thagann idir sinn agus ár dtoil a aomadh go hiomlán leis. (Titley 1991, 333)

Deir an Duinníneach sa réamhrá den eagrán a chuir sé amach i 1952 go raibh an t-aos óg mar fhócas aige agus é ag scríobh an leabhair, ach b’iarracht é chomh maith droichead a thógáil idir seanscéalta agus nualitríocht. (Ua Duinnín 1952, vii-xi) Is í tuairim Titley gurb amhlaidh go raibh an Duinníneach ag iarraidh freastal ar an iomarca rudaí agus, dá bharr, d’fhulaing saibhreas agus forbairt an scéil, fé mar a deir sé anseo:

Ní hionadh linn, mar sin, idir a bheith ag iarraidh freastal ar dhaoine óga, ar dhroichead a thógáil, ar spiorad na nGael a mhúscailt, ar a pheann féin a phromhadh, ar cháil na Muimhreach a sheasamh agus ar an gcéad úrscéal stairiúil Gaeilge a

scríobh, ní hionadh linn go bhfuil an meascán agus an mhearaí ar fud a chéile tríd síos ann. (Titley 1991, 333)

Dealraíonn sé go bhfuil Titley i gcoinne stádas a thabhairt don leabhar, agus tapaíonn sé gach deis locht a fháil air. Is féidir a áiteamh nach dtugann sé an chreidiúint cheart dá bhfuil tuillte ag leabhar luath mar seo, agus go gcaitheann sé amhras air i gcomhthéacs úrscéalta níos nuaí na Gaeilge. Cáineann Delap an t-úrscéal chomh maith. Creideann sé go bhfuil sé “i bhfad ró-éadomhan ina insint agus róshaonta agus rómánsach mar scéal chun stádas an úrscéil a bhronnadh air. *Novella* eachtrúil gaisciúil is ea é.” (Delap 1993, 36)

Treisiúnn O’Leary na tuairimí a nochtann Titley agus Delap chomh maith. Maíonn Renza: “Every culture or even subculture makes its own canonical choices about the texts, oral or written, that most economically expresses its real situations as well as ideal aspirations at a particular historical moment.” (Renza 1987, 257) Ag cur *Cormac Ua Conaill (1901)* san áireamh i leith an phointe seo, is cinnte nach gcomhlíonann an t-úrscéal na coinníollacha seo dá léifeadh duine é inniu dar le O’Leary. Is é a thuairim gur úrscéal eachtraíochta é agus nach ndéarfá go gcaitheann sé solas fíorúil ar chúrsaí réadúla na tréimhse. Scríobh sé: “it’s more a patriotic adventure story than a perceptive re-creation of the period and its tangled issues.” (O’Leary 1994, 187)

Ar an lámh eile áfach, dar le Brian Ó Conchubhair, tá *Cormac Ua Conaill (1901)* “ar maos le tuiscintí agus inní na linne inar scríobhadh é: meathlú, tábhacht na staire, ionad na mban sa tsochaí agus caomhnú traidisiúin.” (Ó Conchubhair 2009, 251) Déanann Ó Conchubhair anailís ina leabhar *Fin De Siécle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa (2009)* ar an dá chéad úrscéal sa Ghaeilge, *Cormac Ua Conaill (1901)*, agus *Grádh agus Crádh (1901)* le hÚna Ní Fhaircheallaigh. Déanann sé an anailís seo orthu i gcomhthéacs a dtéamaí *fin de siècle* agus conas mar a chuaigh

na téamaí seo i bhfeidhm ar léirmheastóirí agus ar thráchtairí na hAthbheochana. Is é atá i gceist aige le *fin de siècle* ná:

Ba é an *fin de siècle*, agus gach ar bhain léi, a mhúnlaigh meon na hAthbheochana, a chruthaigh dioscúrsa a mbeadh cumhacht agus bá ag an bpobal leis, agus a dhein cinnte de gur chuaigh soiscéal Chonradh na Gaeilge i bhfeidhm ar an bpobal. Is é an *fin de siècle* más ea, an comhthéacs ceart cuí chun conspóidí, argóintí, coimhlintí na hAthbheochana a phlé agus a mheas. (Ó Conchubhair 2009, 6)

Is díol suime é gur thug Ó Conchubhair faoi léirmheas a dhéanamh ar an úrscéal arís, áfach, go háirithe nuair a chuirtear tuairimí Titley, O'Leary agus Delap ina leith san áireamh. Bheadh duine den tuairim nach fiú aitheantas faoi leith a thabhairt dó de bharr a laigí, ach níor ghlac Ó Conchubhair go hiomlán leis seo. Ón dtagairt seo thuas, is léir go bhfuil sé den tuairim gur fiú stádas a thabhairt do *Cormac Ua Conaill (1901)* de bharr an mholta seo a thugann sé don leabhar. Seo léirmheas a rinneadh gairid go leor, agus is léir nach bhfuil sé go huile is go hiomlán ar aon intinn le Titley nó Delap maidir leis an léirmheas a rinne siad níos mó ná sé bliana déag níos luaithe. Cuireann sé a gcuid tuairimí san áireamh mar chuid den phlé a dhéanann sé áfach. Is amhlaidh go dtagann a thagairt thuas, agus tagairt O'Leary salach ar a chéile. Is í a thuairim go dtaispeánann an t-úrscéal léargas ar an tréimhse ina mbunaítear é. Tugann Brian Ó Conchubhair le fios go bhfuil an tsochaí agus na fadhbhanna a bhain léi chun tosaigh sa leabhar:

D'fhéadfaí dul ar aghaidh agus a thaispeáint go bhfuil inní an mheathlaithe mar théama lárnach sna húrscéalta Gaeilge a scríobhadh le linn na hAthbheochana, sa dá úrscéal thuasluaite go sonrach, ach in An Gioblachán le Tomás Ó hAodha agus in Deoraíocht le Pádraic Ó Conaire chomh maith. Is fiú suntas a thabhairt do chríoch míshona na n-úrscéalta seo, go háirithe má léitear iad mar thráchttaireacht ar staid agus ar chás na hÉireann... Ní hamháin gur scríobhadh an dá shaothar seo faoi thionchar an mheathlaithe ach deineadh iad a mheas agus a léamh i sochaí agus i gcomhthéacs a raibh an meathlú mar dhlúthchuid de. Ag deireadh na n-úrscéalta seo, tá an tírdhreach bánaithe. Tá an oidhre dhlíthiúil, an tiarna talún, an tIarla, agus a shliocht, agus dóchas na toadhcháil caillte. Níl fágtha ach na tionóntaithe agus iad sásta géilleadh do pé máistir nua a thiofadh i gcumhacht. (Ó Conchubhair 2009, 256)

Dealraíonn sé go gceapann Ó Conchubhair go bhfuil léirmheastóirí cosúil le Titley agus Delap ag iarraidh an t-úrscéal a léamh ó thaobh dearcadh amháin. Míníonn sé áfach, gur

féidir saothar na hAthbheochana a léamh ar iliomad leibhéil agus gur féidir dearcadh difriúil a ghlacadh tar éis gach aon léamh.

Eoghan Paor (1911) le Conán Maol is ea úrscéal eile nach bhfuair aon stádas canónta amach, agus is beag trácht a dhéantar ar an leabhar sa lá atá inniu ann. Pléann Titley é in *An tÚrscéal Gaeilge (1991)* agus O’Leary é ina leabhar *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921 (1994)*, agus phléigh Shán Ó Cuív agus Muiris Ó Droighneáin é i bhfad níos luaithe ina leabhair *Prós na hAoise seo (1933)* agus *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas (1936)*. Ní théann aon duine acu isteach go mion ina léirmheasanna nó ina moltaí don leabhar áfach. Úrscéal an-saibhir is ea é ach, cosúil le *Cormac Ua Conaill (1901)*, tá an rómánsachas le fáil ann freisin. Deir Fennell:

Not only does *Eoghan Paor* by Pádraig Ó Séaghdha, published by 1911, figure one transmutation of the future-war narrative into something new, but it also contains a rich seam of utopianism. Unfortunately, this utopianism comes wrapped in a reactionary ideology, which gives the text historical significance for rather unsavoury reasons. (Fennell 2014, 90)

Is léir gur cuireadh na múrtha fáilte roimhe tar éis a fhoilsithe, fé mar a thaispeánann an ráiteas seo i léirmheas a scríobhadh air: “a frankly sensational novel.” (In the Gaelic World 1912) Faightear íomhá idéalach ar fhís an údair maidir le saoirse na nGael, ach tá an náisiúnachas go mór le brath uaidh freisin. Chomh maith leis seo, faightear léargas ar shaol na deoraíochta i Londain, léargas atá an-in-aitheanta agus réadúil, ag cur na cathrach in iúl mar áit bhagrach, neamhphearsanta.

Tá an ceart ag Fennell nuair a deir sé gur “future-war narrative” is ea an t-úrscéal, agus mar sin, tá an-tábhacht ag baint leis i gcomhthéacs Éirí Amach na Cásca 1916, cúig bliana i ndiaidh a fhoilsithe. Is amhlaidh gur shamhlaigh Conán Maol réabhlóid ar éigean chun saoirse na nGael a bhaint amach, agus is leabhar an-chumhachtach é dá bharr.

Chomh maith leis seo, cruthaíonn sé íomhá den útóipeachas; na Gaeil go léir ina gcónaí lena chéile i bhfad ó thionchar eachtrannach, ag feidhmiú mar náisiún neamhspleách más maith leat. Seo rud an-chosúil leis an rud a bhí mar aidhm ag lucht 1916 níos déanaí chomh maith, agus is féidir a áiteamh gur chabhraigh an leabhar seo misneach agus spreagadh a sholáthar dá léitheoirí seasamh a ghlacadh maidir le saoirse na tíre. Maidir leis na carachtair is titim amach phlota an scéil áfach, tá easpa cruthaitheachta ag baint leis, agus níl mórán eachtraíochta nó mistéir le fáil ann. Tráchtann Titley ar a locht freisin: “ní éiríonn leis aon léim chruthaitheach a thabhairt a d’ardódh isteach inár samhlaíocht é.” (Titley 1991, 386)

Tá an rud céanna i gceist le gearrscéalta na scríbhneoirí. Is é a deir Aisling Ní Dhonnchadha agus í ag trácht ar an gcéad chnuasach gearrscéalta a chuir Conán Maol amach ná:

Fearadh fáilte mhór roimh *An Buaiceas*, ní nach ionadh. Níl aon bhaol, áfach, go gcuirfeadh na scéalta léitheoir an lae inniu faoi dhraíocht óir de réir chaighdeán léirmheastóireachta na linne seo cháiní leimhe agus leadrántacht, méaldráma agus maoithneas na scéalta. (Ní Dhonnchadha 1981, 30)

É sin ráite, áfach, ba é *An Buaiceas* (1903) an chéad chnuasach gearrscéalta sa Ghaeilge agus tá aitheantas tuillte ag Conán Maol agus an leabhar de bharr an phointe seo amháin fiú. B’iarracht shuntasach í an t-úrscéal a scríobhadh san am freisin, dar le Titley, d’ainneoin a laigí: “Litríocht phollta fhaonlag gan scamhard a bheadh againn sa Nua-Ghaeilge mura mbeadh a bhfuil againn de shaothair fhada shamhlaitheachta phróis a dtugaimid úrscéalta orthu de ghnáth á tacú.” (Titley 1991, 9) Is cinnte go raibh cuid de na scríbhneoirí níos dáiríre ná a chéile agus iad ag scríobh, toisc nach raibh cuid díobh ach ag soláthar siamsaíochta dá léitheoirí, rud a bhí ar cheann de na haidhmeanna a bhí ag na mionscríbhneoirí go háirithe:

Is iomaí sin scríbhneoir Gaeilge nach raibh d’aidhm aige ach faoiseamh beag a thabhairt don léitheoir agus a bhí sásta úrscéalta a scríobh a léifí mar chaitheamh aimsire amháin. Is miste dúinn iad seo a mheas de réir na tuisceana a bhí ag na húdair dóibh san am, agus mar shamplaí d’úrscéalta coitianta ní foláir a rá go bhfuil idir mhaith agus mheasartha agus mhífhóinteach ina measc. (Tittley 1991, 11)

Mionscríbhneoirí is ea Ó Laoghaire, an Duinníneach, Conán Maol agus Gruagach an Tobair i dtéarmaí an lae inniu. Scríbhneoireacht réigiúnach a bhíodh á scríobh acu, go príomha, agus ar an iomlán, níor éirigh leis an litríocht réigiúnach stádas canónta a bhaint amach ró-mhnic, fé mar a deir MacCarthy níos luaithe. Is cinnte nár théamaí uilíocha iad na téamaí a bhíodh mar chuid de scéalta na scríbhneoirí seo. Ar ndóigh, bhí ómós áite mar phríomhaidhm acu, chomh maith le cur chun cinn an náisiúnachais chultúrtha is polaitiúla. Ní raibh an rómánsachas i gceist le gach aon rud a scríobh na scríbhneoirí ach tá áibhéil le sonrú go deimhin. Chomh maith leis seo, is féidir carachtracht agus stíl na scéalta a cháineadh. Toisc go raibh brú orthu ábhair rialta a sholáthar, is cinnte nach raibh an t-am acu chun a lán ama a chaitheamh ar aon ábhar a bhíodh á shaothrú acu.

6.2 Suirbhé ar Chlár Saothar na Scríbhneoirí

6.2.1 Úrscéalaíocht

Séadna (1904) leis an Athair Peadar is ea an saothar próis is clúití ón gceathrar. Is sampla d’úrscéal polaitiúil é *Eoghan Paor* (1911) le Conán Maol. Úrscéal stairiúil is ea *Cormac Ua Conaill* (1901) le Pádraig Ó Duinnín. Úrscéalta stairiúla is ea *Mac Finghín Dubh* (1903) le Conán Maol agus *Niamh* (1907) leis an Athair Peadar Ó Laoghaire chomh maith. Bhí dhá phríomhchuspóir ag na scríbhneoirí agus iad ag scríobh úrscéalta stairiúla. Ar leibhéal amháin, bhí siad ag iarraidh go mbeadh léitheoirí eolach ar a gcuid staire agus ar cé chomh uasal is cróga is a bhí a sinsear. Scríobh Ó Droighneáin i leith shaothar Chonáin Mhaoil: “Do bhí stair na hÉireann le gach ní dár sgríobh sé.” (Ó Droighneáin 1936, 38)

Cuirtear na carachtair i láthair mar dhaoine fíochmhara, daoine nach raibh drogall orthu seasamh in aghaidh na Sasanach. Scríobh O’Leary: “Revivalists have their characters prove their love for Irish through their contempt for English, as does ‘Diarmuid na Bolgaidhe’ in *Mac Fínghín Dubh*.” (O’Leary 1994, 213) Ar an dara dul síos, baintear úsáid as laoch an scéil chun gné eile a nochtadh agus a chur chun cinn, an Caitliceachas mar shampla i *Cormac Ua Conaill* (1901). Is í caint na ndaoine a bhí mar chuspóir ag Ó Laoghaire agus é ag plé Briain Bórainne agus na Lochlannaigh ag dul ó Luimneach go Cath Chluain Tarbh i *Niamh* (1907): “D’fhéach sé go cruá in Niamh le cord cainte a mhuintire a mhúnlú i bhfoirm scéil stairiúil.” (Delap 1993, 18) Tugann Delap le fios nach raibh ach naoi n-úrscéal stairiúla scríofa sa Ghaeilge ag deireadh an naoú haois déag, i gcomparáid le tuairim is dhá chéad úrscéal scríofa i mBéarla. (Delap 1993, 8-9) Mar gheall air seo, is cinnte go raibh bearna ann le líonadh maidir leis an seánra seo.

Tá úrscéal eile scríofa ag Conán Maol dar teideal *Sonnach* (1921) agus tá sé foilsithe sa *Freeman’s Journal*. Níor tháinig sé amach i bhfoirm leabhair riamh.

6.2.2 Gearrscéalaíocht

Cnuasaigh gearrscéalta is ea *An Buiceas* (1903) le Conán Maol. Cuireadh an-fháilte roimh chnuasach Chonáin Mhaoil nuair a foilsíodh é mar leabhar, tar éis dó bheith foilsithe in iris tar éis an Oireachtais ar dtús. Deir Mac Piarais ina léirmheas: “Conán Maol, the most deliberately literary of our writers, has produced the most finished and artistic short stories that have been written in the Irish language.” (Mac Piarais 1905) Dar le Ó Droighneáin, tá Conán Maol “dúchasach i gcúrsaí na cainte sa chnuasach seo agus na smaointe a bhí iontu.” (Ó Droighneáin 1936, 113) Ceithre scéal atá sa chnuasach seo dar teideal ‘Bean an Leasa’, ‘Míol Mara do Leag Cíos’, ‘Eachtra Risteáird’ agus ‘Seaghán agus Mícheál’.

Annála na Tuatha (1905-1907) is ea cnuasaigh gearrscéalta le Gruagach an Tobair. Tá trí chuid sa tsraith de *Annála na Tuatha (1905-1907)*. Thosnaigh an Gruagach amach ag scríobh na scéalta san Oireachtas, agus nuair a d'éirigh go maith leo, chuir sé iad i gcló in *Irisleabhair na Gaedhilge* agus in *An Claidheamh Soluis*. 'Ba Dubha Locha na hEornan', 'An Bob', 'Ar Thórramh Sheana-Sheamuis', 'An Tromluighe', 'Gabhair an Tobac' agus 'An Spioraid' is ea teidil na scéalta. Ní féidir é a mholadh dá charachtracht nó dá mhéaldrámaíocht, ach an rud a d'éirigh leis an nGruagach a dhéanamh ná léiriú a sholáthar ar shaol na tuaithe. Is é a scríobh Mac Piarais faoin gcnuasach seo ná:

In some of Gruagach's more recent work one detects realism, closeness of detail, an admixture of the earthy and the spiritual... But the two stories that make up Part 1 of 'Annála na Tuatha' are entirely different in vein. Like the later work to which we have referred, they paint country life as 'An Gruagach' sees it but the 'Gruagach' on whom the 'Bob' was played had not developed the slightly cynical strain which manifests itself in the 'Gruagach' who has delineated the characters of Tadhg and Máire. Hence the country life described in 'Ba Dubha' and 'An Bob' is more attractive than that described in 'An Tromluighe' and in 'Gabhair an Tobaic'. (Mac Piarais, 1905)

Tá gearrscéalta eile scríofa ag an nGruagach i leabhar dar teideal *An Sgoraidheacht (1921)*. Scéalta breátha tuaithe atá ann ach níl mórán tábhachta ag baint leo ó thaobh a léiriú ar phobal nó ar cheantar an Ghruagaigh. Cuireann O'Leary síos air mar "a compendium of anecdotes, proverbs, superstitions, and customs presented in the form of conversational skits." (O' Leary 1994, 474)

Bhíodh gearrscéalta á scríobh ag na scríbhneoirí i nuachtáin agus in irisí a linne chomh maith. Bhí a n-iris féin ag craobh an Chéitinnigh fiú, dar teideal *Banba* agus tá a lán scéalta uathu le fáil san iris seo. (Mac Aonghusa 1993, 132) 'Peig Ní Luanaigh', *Banba (Bealtaine 1902)* leis an nGruagach is ea sampla de cheann. Scéal faoi bhean darbh ainm Peig agus an bhaint a bhí aici leis na síoga atá ann. Ceann eile a scríobh sé ann is ea 'Ag Imirt Bháire sa Ghleann Gharbh', *Banba (Márta, 1902)*. Tugtar cuntas ar thráthnóna

Domhnaigh sa Ghleann Garbh. Tá grúpa buachaillí bailithe le chéile chun iomáint a imirt.

‘Faitchíos Phádraig’, *Banba (Márta 1903)* le Conán Maol is ea gearrscéal ficseanúil eile dá chuid. Is cinnte go ndeachaigh na scríbhneoirí seo i bhfeidhm ar a chéile freisin, óir pléann Conán Maol cúrsaí ólacháin ina ghearrscéal ‘An Síc Córa’, *Banba (Bealtaine 1902)*, agus déanann sé tagairt don Athair Peadar agus a dhearcadh i leith an óil. Deir an tSíc Córa leis: “Tá an fhírinne gheal ag an Athair Peadar gurab é an fear sprideamhail tige an tábhairne- fear spriúnlaith an teaghlaigh.” (Ó Séaghdha 1902, 66)

6.2.3 Dírbheathaisnéis

Is é *Mo Scéal Féin (1915)* leis an Athair Peadar an t-aon dírbheathaisnéis atá againn uathu. Ba sheánra nua arís é seo do scríbhneoirí na hAthbheochana. Cur síos ar a shaol mar ógánach, mar mhac léinn, mar shagart, mar Chonraitheoir agus mar dhíograiseoir atá sa leabhar, cé go bhfuil an t-eolas a thugtar ann ar a bhlianta luatha féin easnamhach.

6.2.4 Drámaíocht

Thug na scríbhneoirí seo faoi dhrámaí a scríobh, ach ar ndóigh, ní dearfaí go raibh bua na drámaíochta ag éinne acu. D’admhaigh an Duinníneach fiú ina réamhrá de *Creideamh agus Gorta (1901)* go raibh locht ar an saothar: “At present an Irish play to be acted must needs be short, and in a short play development of character and elaboration of plot must suffer.” (Ua Duinnín 1901, 6) É sin ráite, ní raibh aon mhúnla ann gurbh fhéidir leis na scríbhneoirí glacadh leis don drámaíocht, fé mar a mhíníonn O’Leary: “Drama was not, a genre indigenous to Irish, so the search for appropriate models required considerable flexibility.” (O’Leary 2006, 260) D’fhéadfaí taobh drámatúil na ndrámáí a cháineadh, sa mhéid is nach bhfuil siad ró-chorraitheach mar scéalta. É sin ráite, áfach, bhí cuid de na drámáí seo léirithe i mBaile Átha Cliath, rud a rinne na drámáí níos so-

aimsithe do léitheoirí na cathrach, chomh maith le léitheoirí na tuaithe. Is amhlaidh gur chuir an Duinníneach cuid mhaith béime ar an nGorta Mór ina a chuid drámaí, toisc go bhfuil sé mar fhráma a dhrámaí *Creideamh agus Gorta (1901)* agus *Teachtair ó Dhia (1922)*. Chuir na scríbhneoirí béim faoi leith ar an stair go gineáralta, toisc go mbaineann dráma an Duinnínigh *Comhairle Fithil (1909)*, agus drámaí Chónáin, *Aodh Ó Néill (1902)* agus *Mac Cártaigh Mór: dráma ein-gnioma (1908)* le tréimhse stairiúil ar leith. Tá drámaí Chónáin Mhaoil bunaithe timpeall aimsir Aoidh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain agus tá an ceann eile suite in aimsir an Chárthaigh Mhóir. Lonnaítear dráma an Duinnínigh i dTeamhair agus is le linn réim Chormaic Mhic Airt, Ardrí Éireann, atá sé suite.

Baineann *An Tobar Draoidheachta (1902)* agus *Gírle Guairle (1904)*, leis an Duinníneach, níos mó leis an traidisiún béil. Mhol Ó Droighneáin *An Tobar Draoidheachta (1902)*: “Ní raibh an gnáth-locht air- an iomad mír agus radharc, agus bhí simplidheacht ann agus eachtraí dochreidte an bhéaloidis a thaitin le n-a lán an t-am san.” (Ó Droighneáin 1936, 96) Mar aon leis an dráma seo, bhí plé ar na síoga i *Gírle Guairle (1904)* agus don chaoi chéanna a luann Ó Droighneáin, is cosúil gur thaitin an dráma seo leis na daoine mar bhí gné an traidisiúin béil ann arís.

6.2.5 Iriseoireacht

Mar aon leis an litríocht phróis, bhí siad go léir gníomhach mar scríbhneoirí i nuachtáin agus in irisí na linne, cosúil leis *An Claidheamh Soluis* agus *Irisleabhar na Gaedhilge*. Bhí borradh ag teacht faoi iriseoireacht na Gaeilge mar mheán cumarsáide nua. Deir Regina Uí Chollatáin: “Ba í an iriseoireacht an dioscúrsa nua scríbhneoireachta a bhí ag teacht chun cinn ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois.” (Uí Chollatáin 2004, 17) Ar ndóigh, bhí tábhacht faoi leith ag baint le tosnú na

hiriseoireachta Gaeilge, agus míníonn Uí Chollatáin go bhfuil níos mó na meán cumarsáide nua ag baint leo:

Tugann ACS léargas ar leith ar mheon mhuintir na Gaeilge i ré na hAthbheochana. Pléadh an-chuid gnéithe de shaol na hÉireann ag an am agus cé go bhfaightear léargas ar leith ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí litríochta agus ar chúrsaí oideachais, is cáipéis chuimsitheach staire é chomh maith ar an tréimhse inar cuireadh i gcló é. Is fuinneog ar mheon gaelach na linne é, a nochtann tréithe de chuid ré na hAthbheochana, sa dóigh go méadaítear ar ár dtuiscint ar ré bhríomhar, fhuinniúil i stair na Gaeilge. (Uí Chollatáin 2004, 23-24)

Mar gheall air seo, tá suntas faoi leith le tabhairt d'iriseoireacht na scríbhneoirí agus an pháirt a ghlac siadsan i gcur le stair na tréimhse. Bhíodh alt seachtainiúil ag Ó Duinnín, mar shampla, i *The Leader*, ina bhfuil 1,100 alt scríofa aige ann. Faoin mbliain 1901, ba mhó an t-éileamh ar nuachtáin ná ar leabhair. (Kiberd 2016) Mar gheall air seo, bhí soláthar rialta d'ábhair riachtanach chun léitheoirí na Gaeilge a chothú agus a mhéadú. Ar ndóigh, tháinig sé seo le cuspóir Chonradh na Gaeilge, sé sin chun ábhar léitheoireachta a sholáthar do phobal na Gaeilge.

Maidir leis na hábhair a bhíodh á saothrú acu sna hirisí seo, bhíodh plé á dhéanamh ar iliomad gnéithe de chúrsaí reatha. Bhíodh colún seachtainiúil ag Conán Maol in *An Claidheamh Soluis*, mar shampla, dar teideal 'Thar Lear', inar chuireadh sé síos ar chúrsaí le linn Chogaidh na mBórach "i nglan-Ghaeilge bríomhar," dar le Ó Droighneáin. (Ó Droighneáin 1936, 51) Dúirt Ó Droighneáin an méid seo a leanas faoin gcolún:

Do bhí airc ar na sean-Ghaedhilgeoirí chun na nuachta san gach deire seachtaine agus gheibhdís an tuairisc sin ar chúrsaí an lae i mbaile is i gcéin agus é sgríobhte go breá simplí so-thuigte sa Ghaedhilg a labhraidís féin; an saoghal nua agus an tsean-chaint ag gabháil le chéile go héadrom nádúrtha. (Ó Droighneáin 1936, 12-13)

Níorbh ar son na Gaeilge amháin a bhíodh siad ag scríobh, mar is féidir a fheiscint anseo. De bharr seo, bhí pobal na Gaeilge ábalta bheith i dtiúin le cúrsaí taobh amuigh den tír freisin, trí mheán na Gaeilge. Bhí cuid d'aistí na scríbhneoirí polaitiúil go leor freisin,

inar nocht cuid acu a gcuid tuairimí féin. Ní raibh aistí ar neamhspleáchas polaitiúil na tíre i gceist áfach. Tá an cnuasach aistí ‘Scoil Ghaedhealach’, aistí a foilsíodh in *Irisleabhair na Gaeilge* ar dtús, mar shampla d’aistí inar nocht an tAthair Pádraig Ó Duinnín, Conán Maol agus Gruagach an Tobair a gcuid smaointe i leith cúrsaí oideachais. Pléann siad a mianta chun scoileanna Gaeilge a bhunú chun cur le múineadh na Gaeilge sa tír. Deirtear sa réamhrá gur cuireadh na haistí i gcló arís i bhfoirm leabhráin “chun tuilleadh maitheasa a bhaint astu agus chun scoileanna agus oideachas na hÉireann fíor-Ghaelach a bhrostú.” (*Irisleabhair* 1903)

Pléann Conán Maol a chuid smaointe féin i leith na n-ábhar ar chóir a chur san áireamh in oiliúint na gcailíní is na mbuachaillí sna scoileanna seo. Is spéisiúil na hábhair a mholann sé do chailíní: “Caithfear bean-mhúinte do sholáthar do na cailíníbh i dteannta an mháighistir, do mhúinfidh Fuagháil, Cniotáil, Nigheachán, Cócaireacht is gach níd do bhaineann le tigh, is le héanlaithe.” (*Ó Séaghdha* 1903) Tugann sé sin le fios dúinne an saghas todhchaí a bhíodh i ndán do chailíní an phobail sa tréimhse seo, ag léiriú nach raibh mórán fócais á chur ar fhorbairt intleachtúil na gcailíní. Éiríonn aiste an Ghruagaigh, ‘Cuirtear Cosc sa Bhairile Feasta, a Uaisle’, as aiste Chonáin Mhaoil agus a mhian chun scoileanna Gaeilge a bhunú. Úsáideann an Gruagach meafar an bhairille chun stad na Gaeilge a mhíniú: “Do tháinig an fealltóir Sasannaigh, agus do dhein sé poll i dtóin an bhairille.” (*Ó Séaghdha* 1903) Is é a thuairimse ná nach féidir slánú na teanga a shárú gan scoileanna Gaeilge a bhunú, toisc go bhfuil an Béarla sna scoileanna náisiúnta ag dul i bhfeidhm ar an aos is tábhachtaí agus is suntasaí, páistí na tíre:

Tá ár seasamh ar na páistíbh... Caillimis iad, agus tá sé chomh maith again ‘slán beo’ fhágaint ag ár mbairile go deó... Ní féidir an teagasc so thabhairt i n-éan-scoil náisiúnta indiu. Ní’l sa cheann is fearr aca so go fíor acht scoil ghallda. (*Ó Séaghdha* 1903)

Phléigh siad cúrsaí imirce sna nuachtáin chomh maith, rud a bhí go forleathan sa tréimhse. Sampla de seo is ea ‘An Imirce as Éirinn’, *Banba (Márta, 1904)* le Conán Maol, aiste a scríobh sé fad is a bhí sé ina chónaí i Londain. Theastaigh ón nGruagach cabhair a thabhairt d’fhoghlaimoirí na teanga agus don aos óg araon, fé mar a léiríonn an aiste ‘An t-Ospidéal’ (1903) a scríobh sé in *Irisleabhair na Gaedhilge* ina deir sé go bhfuil ‘ospidéal’ uaidh san iris chun cabhair a thabhairt do scríbhneoirí nach raibh bua na teanga ar a dtail acu ionas go bhfeabhsófaí caighdeán na teanga. (Ní Dhonnchadha 1981, 43)

6.2.6 Eagarthóireacht/Aistriúcháin/Athinsintí

Tá iliomad saothair curtha in eagar agus aistrithe acu. Rinne an tAthair Peadar ach go háirithe a lán athscríobh ar sheanscéalta agus athchóiriú orthu. Maidir leis na hábhair a bhíodh á n-aistriú aige, bhí béim faoi leith curtha ar ábhair chráifeacha. Mar shampla, an píosa saothair is mó a rinne sé ó thaobh an aistriúcháin de is ea a leagan Gaeilge den Bhíobla Naofa. Deir Ó Droighneáin: “B’fhéidir gur tábhachtaí ar shlí na haistriúcháin a dhein an tAthair Peadar ná na bun-tsaothair a dhein sé.” (Ó Droighneáin 1936, 15) Samplaí d’ábhair chráifeacha eile a d’aistrigh sé ná *An Soisgéil as Leabhar an Aifrinn (1902)*, *Seanmóin agus Trí Fichid (1909,1910)* agus *An Choróinn Mhuire (1917)*. Tá cúpla dráma aistrithe go Gaeilge aige chomh maith, cosúil leis an nGruagach.²¹ Rinne an Gruagach aistriúchán ó cluichí R.B. Sheridan chomh maith, dar teideal ‘Intinn Leanbh’ (1919) in *An Branar*. Rinne Ó Duinnín aistriúchán ar an leagan Béarla de ‘A Christmas Carol in Prose’ le Charles Dickens dar teideal *Duan na Nollag (1903)*. Scríobh sé sa réamhrá:

The sympathy with the poor and outcast, with which this story abounds, will ensure it a welcome in many an Irish home. If modern Irish is to strike deep literary roots it

²¹ Drámaí aistrithe ag Ó Laoghaire: *An Sprid (1902,1911)* agus *An Bealach Buidhe (1906)*. D’aistrigh an Gruagach cnuasach drámaí ón mBéarla dar teideal *Fastúim (1926)*

must be cultivated in the domain of translation from other modern languages, and a better selection could hardly be made to begin with than Dickens. (Ua Duinnín 1903)

Rinne an tAthair Peadar an-obair ar athinsint ar sheanscéalta freisin.²² Is díol suime é gur luaigh Ní Dhonnchadha go ndearna sé cinsireacht ar chuid de na scéalta seo ar mhaithe le cúrsaí morálta agus a dhílseacht don teagasc Críostaí, mar níor nocht an tAthair Peadar an ghné seo é féin sna saothair seo: “Dealraíonn nár ghoill sé air an greann raibiléiseach a mhaolú nó a dhíbirt, nó babhdlaráil a dhéanamh ar na seanscéalta chun go bhfónfaidís mar ábhar léitheoireachta don náisiún.” (Ní Dhonnchadha 2015, 144)

Thug an Duinníneach faoin eagarthóireacht chomh maith, ach dealraíonn sé gur chuir sé béim ar eagarthóireacht dánta agus amhrán fhilí Shliabh Luachra. D’fhoilsigh sé *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille (1900)*. Chuir Corkery an bhéim chéanna ar na filí seo ina leabhar *The Hidden Ireland: A Study of Gaelic Munster in the Eighteenth Century (1924)*. Tugann sé moladh do Ó Duinnín dá chuid saothair eagarthóireachta ar na scríbhneoirí seo: “He (Eoghan Ruadh) was dead for almost a century and a half when his poems were collected from various sources by Father Dineen and, for the first time, published in book-form.” (Corkery 1967, 204) Scríobh an Duinníneach ina réamhrá de *Amhráin Sheagháin Chláraigh Mhic Dhomhnaill (1902)*:

The unquenchable spirit of song is represented by the great names of Egan O’ Rahilly and Eoghan Ruadh O’Sullivan, whose sweet melodies have already gladdened the hearts of the Irish race throughout the world. Beside these, it is the privilege of the present writer to place the honoured name of John Claragh MacDonnell, on the enduring roll of fame. Whatever figures fade from Irish History, these names-identified with the keenest and most glorious struggle of our motherland- “these must not sleep in darkness and death”. (Dineen 1902, vi)

Níl aon saothar curtha in eagar ag Conán Maol, ach scríobh sé réamhrá an chnuasaigh filíochta *Inghean Mhannannáin, laoi a bhaineas le n-ár n-aimsir féin (1922)*.

²² Féach ar an aiste a scríobh Séan Ua Súilleabháin dar teideal ‘Lúcián, Don Cíochóte agus a Leithéidí: Athinsintí nó Aistruúchán?’ Igh. 80-96 in *Léachtaí Cholm Cille XLV: Saothar an Athar Peadar (2015)*

6.2.7 Cnuasaigh Léachtaí

Bhí feidhm oideachasúil ag baint le hiliomad ábhair a chuir siad ar fáil. Ba mhinic a thug siad léachtaí os comhair bhaill an Chonartha i gcrabhbhacha éagsúla ar fud na tíre chun iad a spreagadh agus chun iad a chur ar an eolas faoi stair agus faoi chás na tíre. Cuireadh cuid mhaith de na sraitheanna léachtaí seo i bhfoirm leabhair níos déanaí. Tá *Lectures on the Irish Language Movement (1904)* agus *Native History in National Schools (1905)* leis an Duinníneach agus *Éire: Léigheachta ar Stair na hÉireann (1907)* le Conán Maol mar shamplaí de léachtaí teagascacha seo.

Foilsíodh tuairiscí de na léachtaí *Lectures on the Irish Language Movement (1904)* sa *Freeman's Journal* ar dtús, ach luaitear sa réamhrá gur cuireadh na léachtaí go léir i gcló mar leabhar chun béim úr a chur ar dhíospóireachtaí timpeall na Gaeilge mar theanga dhúchais. (Ua Duinnín, 1904) Cnuasach aistí a thug sé do bhaill Chonradh na Gaeilge chun iad a chur chun gnímh atá sa leabhar seo.

Ba í aidhm *Native History in National Schools (1905)* ná chun cur le múineadh na staire agus na Gaeilge sna scoileanna. Dar leis, tá sé de dhualgas ar na múinteoirí go múinfeadh stair na tíre do dhaltaí scoile. Míníonn sé nach raibh aon stádas ag stair na hÉireann sna scoileanna agus gur chuir sé sin isteach ar fhorbairt an charachtair náisiúnta. Tá cur chun cinn an náisiúnachais chultúrtha le sonrú sa leabhar freisin, ach tá Ó Duinnín den tuairim go bhfuil ról suntasach ag an oideachas i bhforbairt an choincheapa. Is é a thuairim go bhfuil an córas ag déanamh fáillí ar mhuintir na Gaeltachta agus ar dhaoine a gcónaíonn i gceantair a bhfuil an Ghaeilge labhartha iontu:

It is a system so weighed down by generations of un-Irish traditions and precedents, that the disposition, that has undoubtedly been manifested of late, to make it more in accordance with native ideas, is in danger of becoming ineffectual unless the teachers are made to realize how low the national spirit has already sunk. The system of education that prevailed in the country for generations sinned against the most fundamental principles of education in refusing to recognise the Irish Language,

where still vernacular, as a medium of conveying instruction to the youth... Another serious defect to be laid at the door of this system is its failing to recognise Irish History as a school-subject. Thus it came to pass that the vast majority of Irish boys and girls received a course of Primary instruction of which even rudimentary knowledge of their country's history formed no part. (Ua Duinnín 1905, iv)

Tráchtann Ó Duinnín ar imlitir a bhí tar éis dul timpeall ó Chumann Gaelach na Múinteoirí Náisiúnta, agus is spéisiúil an tagairt a dhéantar do na seandaoine ann. Deir sé go bhfuil an-tábhacht ag baint leo agus nach bhfuil an tábhacht nó an saibhreas céanna le fáil san aos óg toisc go bhfuil siad ina bhfinnéithe ar dhaoine a bhfuair oideachas in institiúid eachtrannach:

Those of us acquainted with the Irish-speaking districts have observed there, -the strange phenomenon of an older unschooled generation possessing quite a literature of their own, a world of prose and poetry, a knowledge and love of nature; while their children, the products of the National and other schools, have no such culture... We have further noticed, in many cases, a tendency in the younger generation to neglect and despise this mental culture. We consider this largely due to the fact that Irish education has been conducted on foreign and un-Irish lines. (Ua Duinnín 1905, iii-iv)

Thosnaigh Conán Maol ag scríobh *Éire: Léigheachta ar Stair na hÉireann* (1907) sa *Claidheamh Soluis* agus chuir Conradh na Gaeilge iad i gcló mar leabhar ansin. Thug sé na léachtaí seo do Ghaeil i Londain i 1903 agus 1904. Cur chun cinn stair na hÉireann a bhí mar aidhm an tsaothair seo toisc gur bhraith sé: “Cheapas fá mar do cheapaim indiu nách raibh scéal na hÉireann curtha le chéile i gceart.” (Ó Séaghdha, 1907, 2) Scríobh an Piarasach faoin gcur amach a bhí aige ar chúrsaí staire i 1905, ag rá: “Tá sé chomh hoilte ar shaoghal agus ar bhéasa na ndaoine do léiriú agus atá sé chun trácht a dhéanamh ar an stair.” (Mac Piarais, 1905)

6.2.8 Aiste ar Litríocht na Gaeilge

Scríobh Ó Duinnín *Prós Gaedhealach* (1902) ar dtús don SPIL chun an géarghá a bhí ann leis an NuaGhaeilge a chur in iúl dá bhaill. Is aiste an-fhada í a foilsíodh i bhfoirm leabhair. Deir sé sa réamhrá:

The following Essay on " Irish Prose " owes its existence to the generosity of Very Rev. Fr. Stephen MacTernan, P.P., who placed a hundred pounds in the hands of the Council of the Society for the Preservation of the Irish Language, with a view to procuring two essays in Irish, dealing with the entire field of Irish literature. (Ua Duinnín 1902, v)

Pléann sé an próis a bhí le fáil suas go dtí a ghlúin féin ann. Tugann sé cur síos ar na seanscéalta comónta cosúil le Toghail Bruíne Dá Dearga agus leabhair a bhain le Cú Chulainn ar dtús, agus ar na tréithe agus na típeanna a bhíodh mar chuid díobh. Críochnaíonn sé ar phlé ar shaothrú an phróis sa naoú haois déag.

6.2.9 Stair Liteartha

Téama athfhillteach atá le sonrú i saothar Uí Dhuinnín ná ómós áite. Mar chuid de seo, dealraíonn sé go gcuirtear tábhacht faoi leith ar fhilí agus ar amhránaithe áitiúla ar chuir fúthú i gceantar Shliabh Luachra agus sna ceantair mhórthimpeall. *Beatha Eoghain Ruadh Uí Shúilleabháin (1902)* agus *Filidhe Móra Chiarraidhe (1929)* is ea samplaí de leabhair ina bhfuil sé seo le sonrú. Tá eolas le fáil faoi na filí agus faoi na hamhránaithe, ag teacht le comóradh agus dul chun cinn an cheantair.

6.2.10 Leabhar Staire

Déanann Delap pointe tábhachtach: “Is mór an difir, áfach, idir úrscéal stairiúil agus úrscéal ina bhfuil stair le fáil ann.” (Delap 1993, 9) Ag cur an pointe seo san áireamh, tá iliomad saothair ina bhfuil stair pléite mar chuid díobh freisin. Sampla de seo is ea *Seaghán an Díomais: blúirín as Stair na hÉireann (1901)* le Conán Maol. Scríobhadh é mar chuid den tsraith ‘The Léighean Éireann Series’. Paimfléad teagascach is ea é. Ba í aidhm an tsaothair seo ná léitheoirí a chur ar an eolas faoi thréimhse ar leith i stair na tíre. Is cuntas é ar Sheaghán an Díomais ón mbliain 1541 go dtí 1567. Léirítear na Gaeil sa scéal seo mar fhíordhaoine, le crógacht, diongbháilteacht agus grá dá dtír á dtaispeáint acu.

6.2.11 Litríocht agus Téacsleabhair don Aos Óg

Ar ndóigh bhí an t-aos óg nó foghlaimeoirí na Gaeilge mar chúram ag na scríbhneoirí agus iad ag scríobh go minic: “Samhlaíodh litríocht Ghaeilge na n-óg mar áis oideachasúil agus theangeolaíoch ón tús, a raibh sé mar phríomhaidhm aici an teanga a chosaint i measc na gcainteoirí dúchais agus na bpáistí dáttheangacha.” (Nic Congáil 2012, 13) Bhí orthu freastal ar an bpobal léitheoireachta a bhí ann cheana, chomh maith le pobal nua léitheoireachta a chruthú agus a ghríosadh. Dúirt Ríona Nic Congáil an méid seo a leanas faoi luach an taighde i litríocht na n-óg:

Tugann litríocht na n-óg a cumadh i dtréimhse na hAthbheochana an-léargas ar thábhacht na bpáistí mar chuid d’idé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha, óir samhlaíodh ag an am go raibh cinniúint na teanga ag brath go hiomlán ar chainteoirí óga dúchais. (Nic Congáil 2012, 13)

De bharr seo, scríobh siad téacsleabhair scoile chomh maith le leabhair a bhain le cúrsaí gramadaí agus a leithéid chun níos mó tacaíochta a chur ar fáil d’fhoghlaimeoirí na teanga. Shaothraigh an tAthair Peadar iliomad leabhair ar ghramadach agus ar úsáid na Gaeilge, leabhair an-chabhracha chomh maith d’fhoghlaimeoirí.²³

Sholáthair an Duinníneach mórán téacsleabhair scoile²⁴, agus bhí an t-aos óg go mór ina cheann aige agus é i mbun pinn. D’fhéadfaí oiriúnacht na leabhar seo don aos óg a áiteamh, sa mhéid is nach bhfuil siad ró-tharraingteach nó dathannach d’aoisghrúpa bheag. Leabhair bheaga do phaistí, lán de ghearrscéalta ar ábhair éagsúla atá iontu. Ní raibh ann uaireanta ach athinsint ar sheanscéalta. Níl aon rangú i gceist agus níl soiléiriú déanta ag Ó Duinnín faoin aoisghrúpa a bhí mar fhócas aige agus é i mbun pinn do

²³ *Suígheamh na Gaedhilge (1895), Mion-Chaint (Cuid I, II, III) (1899-1903), Eólus ar Áireamh (1902), Irish Prose Composition (1902), Irish Numerals and How to Use Them (1922), Papers on Irish Idiom (1922, 1926), Notes on Irish Words and Usages (1926)*

²⁴ *Aistí Miona, I & II, Aistí Gaeilge le haghaidh an aosa óig (1904-05), Litreacha Gaeilge le haghaidh an aosa óig (1905, 1922) Scéalóga le haghaidh na scoileann. Aenéis Virgil (1931). Scéal na hÉireann don aos óg (1933), Príomh-Leabhar. Sraith ‘Éarlamh Éireann’ I (1933), Teamhair. Sraith ‘Éarlamh Éireann’ II (1933), Sabhall. Sraith ‘Éarlamh Éireann’ III (1934), Caiseal. Sraith ‘Éarlamh Éireann’ IV (1934) is ea na téacsleabhair scoile a scríobh Ó Duinnín*

pháistí. Dá gcuirfí na leabhair i gcomparáid le leabhair do pháistí an lae inniu is mór an difríocht a d'fheicfí, go háirithe ó thaobh na haeistéitice de. Tá an chuid is mó de na leabhair gan pictiúir, ach amháin *Caiseal* (1934), ach foilsíodh an ceann seo i bhfad níos déanaí ná na cinn eile.

Tugtar foclóir leis na scéalta beaga seo ar mhaithe le tuiscint an pháiste. Deir sé i réamhrá *Aistí Gaeilge le haghaidh an aosa óig* (1904) go soláthródh an leabhar tuiscint shásúil do pháiste ar phríomheilimintí na teanga dúchais. (Ua Duinnín 1904) Tá téacsleabhair eile dá chuid, *Scéal na hÉireann don aos óg* (1933) lán de dhioscúrsa an náisiúnachais. Is é a deir sé sa réamhrá ná: “Bá chóir an scéal seo a bheith ar eolas ar pháistí scoile chun crógacht, meanman agus dílis a mhúscailt iontu i leith a dtír dhúchais.” (Ua Duinnín 1933, 3) Scríobh Conán Maol téacsleabhair chomh maith, *Stiana* (1930). Téacsleabhair do scoileanna inmheánacha is ea an leabhar seo ach scríobhtar é i bhfoirm úrscéil. “Déarfainn féin gurab’ é sin an leabhar is fearr dár chum sé” a dúirt Ó Cuív faoi. (Ó Cuív 1933, 38)

6.2.12 Foclóireacht

Tá cáil mhór ar an Duinníneach de bharr a fhoclóra, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (1904, 1927, 1934). Is é seo an saothar is clúití uaidh, a thug stádas dó mar mhórfhear i saol na Gaeilge: “Fear eagair an fhoclóra is mó a mbíonn Gaeilgeoirí ag braith air ó tháinig sé amach go dtí inniu.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 12) Bhí an Duinníneach buartha faoin malartú teanga a bhí ag tarlú timpeall air, agus bhí sé mar aidhm aige go gcaomhnódh an foclóir focail Ghaeilge: “He seemed to accept a responsibility to save for Ireland every word of its heritage.” (O’Connell 1984, 4-5) Fuair sé cabhair ó léitheoirí *An Claidheamh Soluis* chomh maith don obair seo:

Chuir a chara Risteard Ó Foghlú, Rúnaí Chraobh an Chéitinnigh, litir go dtí an Claíomh Solais i mí na Nollag 1901 ag iarraidh ar léitheoirí (sa Ghaeltacht go mór

mór) liostaí focal a chur chuige- go háirithe focail nach raibh sna gnáthfhoclóirí ach a bhí le cloisint fós sa chaint. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 144)

Ba mhór an áis í sa tréimhse, agus is iarracht í gach focal dá raibh ar eolas aige a chur faoi aon chlúdach amháin, chomh maith le samplaí praiticiúla ar úsáid na bhfocal, fé mar a mhíníonn O’Connell:

His Dictionary is not merely a compendium of words and their meanings. He gives examples of usage and idiom that have seduced the reader over the years into many fascinating byways. As his was the first modern dictionary he had to wrestle with problems of spelling and standardisation of a language in the doldrums for two centuries and split into three main dialects. (O’Connell 1984, 5)

É sin ráite, tháinig an foclóir faoi dhianscrúdú chomh maith. Is é a deir O’Hickey faoi ná: “The Dictionary represents a great deal of very good work, but it also represents a considerable amount of very slipshod work, and some positively bad work.” (Briody 2005, 15) Bhí Myles na gCopaleen chun teacht níos déanaí, áfach, agus léiriú greannmhar a dhéanamh ar chuid de na samplaí a bhailigh an Duinneach san fhoclóir, fé mar a scríobhadh san *Irish Times* (2001)²⁵.

Mheall an foclóir níos mó daoine i dtreo an Chonartha, le 1,000 duine ina mbaill de laistigh de thréimhse ghearr i ndiaidh a fhoilsithe. Bhí tóir an-mhór ar an bhfoclóir freisin, fé mar a mhaíonn Ó Riain: “Within a few months of its publication, 1,500 copies were sold and very soon the initial run had sold out completely.” (Ó Riain 2005, xiv) Lean sé ar aghaidh chomh maith le foilsíú dhá fhoclóir scoile eile: *A smaller Irish-English Dictionary for the use of Schools (1910)* agus *A concise English-Irish Dictionary for the use of schools (1912)*.

Ar ndóigh, bheadh an-taithí ag an Duinníneach le focail Ghaeilge mar gheall ar an obair foclóireachta a bhí déanta aige. Ba mhór an chabhair í an foclóir dá mbeadh duine ag léamh saothar an Duinnínigh. Is féidir foclóireacht an Duinnínigh a mholadh ina chuid

²⁵ Ar líne: <https://www.irishtimes.com/news/cruiskeen-lawn-january-11th-1941-1.613182>

saothar féin chomh maith, ina leabhar *Cill Áirne* (1902), ach go háirithe, leis an stór focail raon atá aige ar théarmaí eolaíochta agus nádúir, fé mar a thaispeánadh níos luaithe sa tráchtas. Is cinnte go mbeadh fadhb agus dúshlán ag duine a thabharfadh faoin saghas leabhair seo a scríobh sa Ghaeilge, toisc go bhfuil teanga faoi leith ag teastáil chun sheánra mar seo a scríobh. Deir a bheathaisnéisithe, áfach, gur féidir locht a fháil ar a scríbhneoireacht Gaeilge uaireanta chomh maith: “Bhí stór mór focal sa Ghaeilge aige ach iad measctha trí chéile... Bheadh leaganacha a mbeadh dul an Bhéarla go gránna orthu taobh le leaganacha maorga ársa.” (Ó Conluain & Ó Céileachair 1957, 292)

Conclúid

D’fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar litríocht na hAthbheochana ó thaobh iliomad leaganacha amach teoiriciúla de. Tugann Brian Ó Conchubhair le fios go bhfuil i gcónaí ábhar úr don taighdeoir i ngort na hAthbheochana: “Scéal casta iltaobhach, ilghnéitheach agus iltoiseach a bhfuil leaganacha éagsúla le hinsint agus le plé fós.” (Ó Conchubhair 2009, 257) Agus mé ag tosú amach leis an taighde ar na scríbhneoirí tuaithe seo, ba í an phríomhtheoiric a bhí mar fhócas agam ná an réigiúnachas agus conas is féidir na scríbhneoirí seo a chur in iúl mar scríbhneoirí réigiúnacha.

Ba phróiseas suimiúil é bailiú shaothar liteartha na scríbhneoirí a bheadh le cíoradh. Ní raibh cur amach agam ar an saothar go léir a bhí scríofa acu, gan trácht ar an méid a bheadh ag baint leis an léiriú ar phobal is ar áit. Bhí roghnú na dtéacsanna mar chuid den phróiseas agus ba thrí seo a thosnaigh téamaí agus léirithe faoi leith ag teacht chun solais ina gcuid corpais liteartha. Ba ansin a d’aithin mé ilghnéitheacht agus luach an tsaothair. D’éirigh sé soiléir, áfach, go luath, gur scríbhneoirí a thug faoi théamaí agus faoi ábhair a scríobh a bhain lena bpobal agus lena gceantair féin ach go háirithe ab ea iad. Tá grá dá gceantair follasach tríd a gcuid saothar. Níl aon dul as ach go ndeachaigh an rómánsachas lámh le lámh leis seo uaireanta agus iad ag cur chun cinn a gceantar, go háirithe na cur síosanna ar thírdhreach fhisiciúil Chill Airne, agus ar a bpobal. Ní ceart a rá ag an am céanna gur rómánsaithe iad na scríbhneoirí seo ach oiread. Tá an taobh macánta, réadúil, níos réabhlóidí de chuid dá gcuid saothar mar fhianaise air seo, agus d’éirigh leo réalachas an tsaoil a chur in iúl faoi seach.

Ba é an t-eolas a bhí agam roimhe seo ar Chonradh na Gaeilge a spreag mé chun an taighde seo a dhéanamh, agus chun staidéar cuimsitheach go leor a dhéanamh ar ghrúpa scríbhneoirí ar leith. Theastaigh uaim cur le mo chuid eolais agus léargas a fháil ar cad

a bhíodh sa dioscúrsa sa tréimhse sin roimh 1916, chomh maith leis an saghas litríochta a bhíodh á léamh ag muintir na tíre. Ba chóir a aithint go raibh tionchar ar leith ag na scríbhneoirí ar a lucht léitheoireachta. Bhí ról ag na scríbhneoirí tuaithe seo i bhforbairt dhioscúrsa an náisiúnachais chultúrtha, ní hamháin mar scríbhneoirí cruthaitheacha, ach mar thráchtairí a ghlac páirt sna díospóireachtaí a bhí ar bun in irisí na hAthbheochana agus sa saol poiblí ag cruinnithe agus ag comhdhálacha. Caithfear a thabhairt chun cuimhne gur scríobhadh tromlach an tsaothair a pléadh sa tráchtas seo roimh 1916, agus, mar gheall air, seo is cinnte gur fhág an saothar seo rian agus tionchar ar a gcuid léitheoirí maidir lena seasamh i gcúrsaí polaitíochta ach go háirithe.

Ní foláir Pádraig Mac Piarais a lua anseo. Is sampla eile de dhuine de luathscríbhneoirí na hAthbheochana é a shaothraigh an t-uafás saothair le linn na tréimhse. Dá smaoinfeá ar an bpáirt ollmhór a ghlac sé i dtitim amach na n-eachtraí níos déanaí in Éirí Amach na Cásca 1916, is cinnte go mbeadh cuid d'idé-eolaíocht an leasaitheora agus an réabhlóidí le sonrú ina gcuid scríbhinní chomh maith. Ní haon eisceacht iad na scríbhneoirí tuaithe mar sin, agus is cinnte gur úsáid cuid acu a gcuid saothar mar mheán chun teachtaireachtaí polaitiúla a nochtadh chomh maith, fé mar a rinne Conán Maol ina úrscéal *Eoghan Paor (1911)*. Chomh maith leis seo, níl dabht ach gur tháinig na scríbhneoirí tuaithe faoi anáil a chéile, óir tá iliomad léirmheasanna scríofa ag Mac Piarais, mar shampla, ar shaothar na scríbhneoirí tuaithe. Is féidir a rá mar sin go raibh páirt ag na scríbhneoirí tuaithe sa tréimhse roimh 1916, d'fhéadfaí a áiteamh go raibh siad páirteach de go hindíreach, ach bhí siad ag scríobh i dtréimhse an-suntasach i stair na tíre.

Is luachmhar an rud é an cur amach a fhaighimid ar ghnáthphobal ar leith sa tréimhse seo sa tír. An rud atá tar éis teacht chun solais, áfach, ná an easpa eolais atá ar fáil ó na scríbhneoirí ar a saolta agus ar a dteaghlaigh féin. Is cinnte go raibh bearna ann idir an

‘fear poiblí’ agus an ‘fear príobháideach’. Cé go bhfaightear éachtaint ar a bpobal féin sa tréimhse, is beag an trácht a thugtar ar a saolta príobháideacha, má thugtar trácht ar bith orthu, seachas dírbheathaisnéis Pheadair *Mo Scéal Féin* (1915). Cáineadh an leabhar seo áfach freisin de bharr an easpa eolais a sholáthair sé ar a óige agus ar a theaghlach. Fagann sin spás do thuairimíocht maidir le cúis a gcoimeádachais.

Cé gur saothar cruthaitheach atá i dtromlach shaothar na scríbhneoirí, is féidir a rá gur cáipéisí stairiúla an-luachmhara is ea iad chomh maith. Caithfidh mé a admháil gur chabhraigh a gcuid saothar liom cur go mór le mo chur amach féin ar an tréimhse agus ar ghnáthshaolta na ndaoine, gan trácht ar thuiscint níos fearr a fháil ar gnéithe de shaolta na bhfear taobh thiar den pheann. Bheadh an-tairbhe ag baint lena gcuid saothar do staidéar idirdhisciplíneach. Is foinsí oidhreachta, staire, stair litríochta chomh maith le Gaeilge iad. Is minic nach gcuirtear foinsí Gaeilge san áireamh agus duine ag déanamh staidéar stairiúil éigin, agus, dá bharr, tá luach ag baint le saothar na scríbhneoirí tuaithe don staraí Béarla chomh maith.

Ar ndóigh, níl ach céim ar an aistear sa saothar seo maidir leis na féidearthachtaí atá ag baint le corpas liteartha na scríbhneoirí seo. Dhírigh mo chuid taighde féin ar an léargas a sholáthraítear ar phobal, ar thírdhreach fhisiciúil an cheantair, agus ar na scríbhneoirí mar scríbhneoirí Caitliceacha, agus níor chuir mé a gcuid saothar uilig san áireamh sa staidéar. Ar ndóigh, is féidir léamhanna atá go huile is go hiomlán difriúil a dhéanamh ar an saothar atá clúdaithe agam arís agus d’fhéadfaí tráchtas eile a scríobh orthu. Bhí orm cuid mhaith den saothar a léamh níos mó ná uair amháin agus phreab rudaí nua agus gnéithe nua amach orm gach aon uair.

Caithfidh mé a admháil mé féin go raibh an iomarca saothair ann le cur san áireamh agus is de bharr seo a thug mé caibidil ar leith don suirbhé. Bhí mo chuid taighde bunaithe ar

a gcuid saothar próis chruthaithigh go príomha, ach is cinnte go bhféadfaí díriú isteach ar sheánra ar leith dá gcuid saothar, a gcuid iriseoireachta mar shampla, agus sainmhíniú a dhéanamh ar na téamaí agus ar na gnéithe a bhíodh á scríobh acu sna nuachtáin agus sna hirisí araon sa tréimhse. Tá iriseoireacht Bhéarla déanta ag Conán Maol chomh maith, agus cé nár éirigh liom teacht orthu, bheadh sé an-suimiúil scagadh a dhéanamh orthu freisin.

Is mór an trua é go bhfuil tromlach na leabhar as cló agus ligthe i ndearmad ag léitheoirí agus ag criticeoirí na Gaeilge le tamall fada. Ceann de na haidhmeanna is mó a bhí agam leis an tráchtas seo ná na saothair seo a chur os comhair léitheoirí nua-aimseartha arís agus fráma critice a sholáthar chun suim nua a spreagadh sna téacsanna. Tá na leabhair seo sa tseanlitríú stairiúil agus sa chló Gaelach, rud a bheadh mar chonstaic don léitheoir nua-aimseartha toisc go mbeadh scil ar leith ag teastáil uathu chun na téacsanna sin a léamh. Thagair mé do Bhreandán Delap i réamhrá an tráchtais agus don tagairt a rinne sé maidir leis an easpa éilimh a bhí ann chun leagan caighdeánaithe a sholáthar ar na dá úrscéal de chuid an Duinnínigh agus Uí Laoghaire a bhí á bplé aige féin. Tá ceithre bliana is fiche imithe ó scríobh Delap an ráiteas seo, agus is amhlaidh nach bhfuil aon athrú ar an scéal go dtí seo.

Tá cuid dá saothar ar fáil ar líne anois, ar <https://archive.org/>, ach níl ach eagráin scanta de na téacsanna ar fáil ann atá fós sa chló Gaelach. Is cinnte go bhfuil féidearthachtaí ann eagar a chur ar na téacsanna seo agus leaganacha nua-aimseartha a chur i lámh léitheoirí nua-aimseartha arís. Anuas air seo, ba mhór an buntáiste é cóipeanna díobh a chur ar fáil ar líne, chun iad a dhéanamh níos so-aimsithe. Ar ndóigh, tá *An Claidheamh Soluis* á dhigitiú faoi láthair, agus tá *Irisleabhair na Gaedhilge* tar éis bheith curtha ar fáil ar líne ag Acadamh Ríoga na hÉireann. Dá dtabharfaí aghaidh ar an rud céanna a dhéanamh le cuid de shaothar na scríbhneoirí tuaithe seo, níl amhras ach go gcuideodh

sé chun tábhacht na saothar a chur in iúl, chomh maith lena chinntiú go bhfaigheadh na scríbhneoirí agus a gcuid saothar an urraim agus an t-ómós cuí atá tuillte acu.

Níl dabht ach go ndearnadh faillí ar shaothair na scríbhneoirí seo mar fhoinsí staire agus nár tugadh léiriú iomlán ar an spéis a bhaineann leo i gcomhthéacsanna eile. Bhí gá mar sin leis an taighde seo. I dtéarmaí an lae inniu, níl mórán stádais ag saothar na scríbhneoirí, ach amháin ar *Séadna (1904)*, atá fós aitheanta mar leabhar suntasach i saol na Gaeilge. Mionscríbhneoirí is ea iad i meon léitheoirí an lae inniu. Ag am a bhfoilsithe, d'éirigh le cuid acu stádas canónta agus aitheantas a fháil, ach níor mhair an t-aitheantas rófhada. Ní mór an cheist a chur cén fáth a bhfuil an stádas bainte díobh anois, nó cén fáth ar dearmadadh an tábhacht a bhaineann leo. Is cinnte dá luafaí ainmneacha na scríbhneoirí do rang Gaeilge, ní bheadh ainmneacha na ndaoine seo cloiste ag an tromlach. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid saothar próis chruthaithigh, is é mo thuairim gur gá na daoine seo a aithint as méid an tsaothair atá scríofa acu. Don té atá ag foghlaim faoi Athbheochan na Gaeilge, nó don té a bhfuil suim acu i stair chultúrtha agus imeachtaí cultúrtha na tíre, nó fiú don staraí atá ag déanamh staidéir ar pholaitíocht an fichiú haois, bheadh na saothair seo mar áis iontach dóibh leis an léargas cumhachtacha fhaighimid ar chúrsaí an tsaoil trí shúile grúpa ar leith i gceantar ar leith sa tír.

Leabharliosta

Bunfhoinsí

Anon., 1908. *An Claidheamh Soluis*. Eanáir lch. 1.

Anon., 1912. In the Gaelic World. *Weekly Freeman*, 10 Feabhra.

Béaslaí, P., 1941. *The Leader*, 15 Feabhra.

Commons, H. o., 1884-85. *The Fifty-Second Report of the Commissioners of National Education in Ireland for the year 1885 [c-4800-1]*, Londain: House of Commons.

Crowley, 1877. Wars of Words. *Freeman's Journal*, 28 Nollaig, lch. 23.

Dineen, P., 1902. *Amhráin Sheagháin Chláraigh Mhic Dhomhnaill*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Eagarthóirí, 1893. *Irisleabhair na Gaedhilge*, Samhain.

Fleming, J., 1874. Essay on the present state of the Irish Language and Literature of of Munster. *Royal Irish Academy*, MS12 Q 13.

Freeman, W., 1894. *Weekly Freeman*, 21 Aibreán, lch. 6.

Gaedhilge, I. n., 1897. An tOireachtas. *Irisleabhair na Gaedhilge*, Eanáir, lch. 129.

Henebry, R., 1892. A Plea for Prose. *Irisleabhair na Gaedhilge*, Meitheamh.

Irisleabhair, F. a., 1903. Réamhrádh. In: *Scoil Ghaedhealach*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Leader, T., 1900. The Irish Drama. *The Leader*, 6 Deireadh Fómhair, lch. 86.

Mac Piarais, P., 1898. Cuairt Ár Árainn na Naomh. *Fáinne an Lae*, 19 Samhain, lch. 154.

Mac Piaras, P., 1903. Gleó na gCath. *An Claidheamh Soluis*, 18 Iúil.

Mac Piarais, P., 1904. Review. "Séadna" and the Future of Irish Prose. *An Claidheamh Soluis*, 24 Meán Fómhair, lch. 8.

Mac Piarais, P., 1905. *An Claidheamh Soluis*, 7 Deireadh Fómhair.

- Mac Piarais, P., 1906. About Literature. *An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine, lch. 6.
- Náisiúnta, C. G. n. M., 1905. Appendix. In: *Native History in National Schools*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & Son, lgh. i-iv.
- Ní Fhaircheallaigh, Ú., 1902. *An Cneamhaire*. Baile Átha Cliath: An Cló-Chumann agus M.H. Gill & a Mhac.
- Ní Fhaircheallaigh, Ú., 1901. *Grádh agus Crádh*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Cuív, S., 1912. Gouir an Tobac. *Glór na Ly*, Márta.
- O' Growney, E., 1895. Irish Literary Movement. *Irish World and American Industrial Liberator*, Eagrán 1,320.
- Ó hEigceartaigh, P., 1918. Politics and the Language. *Samhain*.
- Ó hÉigceartaigh, P., 1944. *The Bell*, Meitheamh.
- Ó Sé, P., 1895. *Report for 1895*. Baile Átha Cliath: The Society for the Prevention of the Irish Language.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1902. A Imirt Bháire sa Ghleann Gharbh. *Banba*, Márta lgh. 40-43.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1902. Peig Ní Luanaigh. *Banba*, Bealtaine, lgh. 92-95.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1903. Ceist na Talmhan. *Banba*, Feabhra, lgh. 132-133.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1903. Cuirtear Corc sa Bhairile Feasta, a Uaisle. In: *Leabhráin an Irisleabhair III: Scoil Ghaedhealach*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1905. *Annála na Tuatha: Cuid I*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1906. Ar Thorraimh Sheana-Shéamuis. In: *Annála na Tuatha Cuid II*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, lgh. 1-37.

- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1907. An Spioraid. In: *Annála na Tuatha Cuid III*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, lgh. 38-60.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1907. An Tromluighe. In: P. Ó Séaghdha, ed. *Annála na Tuatha Cuid III*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, lgh. 1-13.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1921. *An Sgoraidheacht*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nóláin, Teor.
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1926. *Déanamh an Chleamhnais*. Corcaigh: Oifig "An Lóchrann".
- Ó Séaghdha, P. (Gruagach), 1926. *Fastuím*. Corcaigh: An Lóchrann.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1901. *Seaghán an Díomais: blúirín ar Stair na hÉireann*. Baile Átha Cliath: The Irish Book Company.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1901. Cogar Nodlag. *Banba*, Nollaig, lch. 2.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1902. *Aodh Ó Néill*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1902. An Síc Córa. *Banba*, Bealtaine, lgh. 65-67.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Bean an Leasa. In: S. Laoide, ed. *An Buaiceas*. Baile Átha Cliath: Muinntir Bhrúin & Nualláin, lgh. 3-28.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Cogarnaigh. *An Claidheamh Soluis*, 25 Iúil.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Faithíos Phádraig. *Banba*, Márta, lgh. 140-141.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Indé is Indiu. *Banba*, Bealtaine, lgh. 183-188.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Scoil Ghaedhealach. In: *Leabhráin an Irisleabhair III: Scoil Ghaedhealach*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. *Mac Fínghín Dubh*. Baile Átha Cliath: The Irish Book Company.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Míol Mara do Leag Cíos. In: S. Laoide, ed. *An Buaiceas*. Baile Átha Cliath: Muinntir Bhrúin & Nualláin, lgh. 28-51.

- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1903. Seaghán agus Mícheál. In: S. Laoide, ed. *An Buaiceas*. Baile Átha Cliath: Muinntir Bhrúin agus Nualláin, lgh. 76-97.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1904. An Imirce as Éirinn. *Banba*, Márta, lch. 300.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1906. An Mórshiubhal. *Banba*, Meitheamh, lch. 346.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1907. *Éire: Léigheachta ar Stair na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1908. *Mac Cárthaigh Mór: dráma ein-gnioma*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1911. *Eoghan Paor*. Baile Átha Cliath: M.H Gill agus a Mhac, Teoranta.
- Ó Séaghdha, P. (Conán), 1930. *Stiana*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- O'Farrelly, A., 1904. *Leabhar an Athar Eoghan*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & Son Ltd.
- Sentinel, K., 1881. *Kerry Sentinel*, 3 Samhain.
- Society, H., 1831. *Twenty-Fifth Annual Report of the London Hibernian Society*, Londain: s.n.
- Soluis, C., 1911. Editorial Review. *An Claidheamh Soluis*, 16 Nollaig.
- Ua Duinnín, P., n.d. *Scéalóga le haghaidh na Scoileann Cuid I*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1901. *Cormac Ua Conaill*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Ua Duinnín, P., 1901. *Creideamh agus Gorta*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Ua Duinnín, P., 1901. Filleadh na Féile. *Banba*, Nollaig, lgh. 10-12.
- Ua Duinnín, P., 1902. *An Tobar Draoidheachta*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Ua Duinnín, P., 1902. *Beatha Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

- Ua Duinnín, P., 1902. *Cill Áirne: trácht ar spéar-radharcaibh Locha Léin agus ná tíre 'na thimhcheall*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ua Duinnín, P., 1902. *Prós Gaedhealach*. Baile Átha Cliath: The Society for the Prevention of the Irish Language.
- Ua Duinnín, P., 1902. Literary Criticism in Irish. *An Claidheamh Soluis*, 1 Samhain, lch.5.
- Ua Duinnín, P., 1903. *Duan na Nodlag*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill agus a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1903. *Saoghal i nÉirinn*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill agus a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1904. *Aistidhe Gaedhilge le haghaidh an aosa óig: Cuid I*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1904. *Lectures on the Irish Language Movement*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & Son.
- Ua Duinnín, P., 1904. *Gírle Guairle*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1905. *Muinntear Chiarraidhe roimh an Droch-shaoghal*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1905. *Native History in National Schools*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & Son Ltd.
- Ua Duinnín, P., 1905. *Litreacha Gaedhilge le haghaidh an aosa óig*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1906. *Filidhe na Máighe*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1907. The Gaelic League and Non-Sectarianism. *The Irish Rosary: A Monthly Magazine Conducted by the Dominican Fathers 11, Uimh.1, Eanáir, lgh. 9-10*.
- Ua Duinnín, P., 1909. *Comhairle Fithil*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1915. *Aistidhe Gaedhilge le haghaidh an aosa óig Cuid II*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill & a Mhac.
- Ua Duinnín, P., 1922. *Teachtair ó Dhia*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

Ua Duinnín, P., 1929. *Filidhe Móra Chiarraidhe*. Baile Átha Cliath: MH.H Gill agus a Mhac.

Ua Duinnín, P., 1929. *Aistí ar Litríocht Ghréigise is Laidine*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ua Duinnín, P., 1931. *Aenéis Bhirgil (Leabhar a hAon)*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin.

Ua Duinnín, P., 1933. *Scéal na hÉireann don Aos Óg*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin.

Ua Duinnín, P., 1934. *Dánta Phiaras Feiritéir*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

Ua Duinnín, P., 1934. *Sraith Éarlamh Éireann: Caiseal*. Baile Átha Cliath: Brún & Nualláin, Teor.

Ua Duinnín, P., 1952. *Cormac Ua Conaill*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ua Laoghaire, P., 1900. The Poems of Egan O' Rahilly. *The Irish Ecclesiastical Record* VIII: 444-448.

Ua Laoghaire, P., 1900. *An Claidheamh Soluis*, 16 Meitheamh.

Ua Laoghaire, P., 1903. An Ghalldacht, Éire. *Banba*, Iúil, lgh. 227-230.

Ua Laoghaire, P., 1907. *Niamh*. Baile Átha Cliath: Muintir na Leabhar Gaedhilge.

Ua Laoghaire, P., 1915. *Mo Scéal Féin*. Baile Átha Cliath: Longman Brún agus Ó Nualláin Tta.

Foinsí Tánaisteacha

Adams, G. B., 1973. Language in Ulster, 1820-1850. *Ulster Folklife*, Iml. 19, lgh. 50-55.

Bloom, H., 1995. *The Western Canon*. Londain: Papermac.

- Boulton, J. T., 1987. Editor's Introduction. In: J. T. Boulton, ed. In: J. T. Boulton, ed. *A Philosophical Enquiry into the Origin of our Ideas of the Sublime and the Beautiful*. Oxford: Basil Blackwell Ltd., lgh. 1-177. Oxford: Basil Blackwell Ltd., lgh. vii-xlvi.
- Bourke, A., 1999. *The Burning of Bridget Cleary*. Londain: Pimlico.
- Breathnach, D., 2005. Dineen in The Gaelic League: Trouble and Strife. In: P. Riggs, ed. *Dineen and the Dictionary 1904-2004*. Londain: Irish Texts Society Subsidiary Series 16, lgh. 1-13.
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M., 1986. *Beathaisnéis: 1882-1982; Vol. 1*. Baile Átha Cliath: An Clochómhar.
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M., 1990. *Beathaisnéis 1882-1982 Vol.2*. Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta.
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M., 1992. *Beathaisnéis: 1882-1982; Vol. 3*. Baile Átha Cliath: An Clochómhar.
- Briody, M., 2005. The Lexicographical Contention of Mícheál Ó hIcheadha and Pádraig Ó Duinnín. In: *Dineen and the Dictionary 1904-2004*. Londain: Irish Texts Society, lgh. 14-50.
- Buttimer, N., 2004. Amhlaoibh Ó Súilleabháin's Writings. In: L. P. Ó Murchú ed. *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin: Reassessments*. Londain: Irish Texts Society, lgh. 79-110.
- Burke, E., 1987. A Philosophical Enquiry into the Origin of our Ideas of the Sublime and the Beautiful. In: J. T. Boulton, ed. *A Philosophical Enquiry into the Origin of our Ideas of the Sublime and the Beautiful*. Oxford: Basil Blackwell Ltd., lgh. 1-177.
- Corkery, D., 1967. *The hidden Ireland: a study of Gaelic Munster in the eighteenth century*. Baile Átha Cliath: Gill and MacMillan.
- Crowley, T., 2000. *The Politics of the Irish Language in Ireland 1366-1922*. Londain: Routledge.
- Cullen, L. M., 1988. *The Hidden Ireland: Reassessment of Concept*. An Iarmhí: The Lilliput Press.

- Curtis, L. P., 1971. *Apes and Angels: The Irishman in Victorian Caricature*. Sasana: David & Charles Ltd.
- Cusack, M., 1871. *The History of the Kingdom of Kerry*, Baile Átha Cliath: s.n.
- Daly, M. E., 1986. *The Famine in Ireland*. Dún Dealgan: Dublin Historical Association.
- De Bhaldraithe, T., 1982. *Cín Lae Amhlaoibh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- de Brún, P., 1972. 'Gan Teannta Buid Ná Binse': Scríobhnaithe na Gaeilge, c.1650-1850. *Comhar, Iml. 31, Uimh. 11*, lgh. 15-20.
- De Fréine, S., 1978. *The Great Silence*. Dublin: The Mercier Press.
- Deane, S., 1986. *A Short History of Irish Literature*. Londain: Hutchinson.
- Delap, B., 1993. *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Denvir, G., 1997. Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland. *New Hibernia Review, Iml.1, Uimh.1*, lgh. 44-68.
- Denvir, G., 2006. Literature in Irish, 1800-1890: from the Act of Union to the Gaelic League. In: *The Cambridge History of Irish Literature: Volume 1: To 1890*. Cambridge: Cambridge University Press, lgh. 544-599.
- Denvir, G. & Ní Dhonnchadha, A., 2000. Réamhrá. In: *Gearrscéalta an Chéid*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, lgh. 7-17.
- Donoghue, D., 2015. Why Edmund Burke's sublime and beautiful ideas still resonate. *The Irish Times*, 4 Aibreán.
- Duhallow, I., 2016. *Sliabh Luachra*. [Ar líne] Ar fáil ag: <http://sliabhluachra.com/history/> [Léite 14 Deireadh Fómhair 2016].
- Fennell, J., 2014. *Irish Science Fiction*. Londain: Oxford University Press.
- Fitzgerald, G., 1984. Estimates for Baronies of Minimum Level of Irish-Speaking Amongst Successive Decennial Cohorts: 1771-1781 to 1861-1871. *Proceedings of the Royal Irish Academy, 84 C*, lgh. 117-155.

- FitzGerald, G., 2003. Irish-Speaking in the Pre-Famine Period: A Study Based on the 1911 Census Data for People Born before 1851 and Still Alive in 1911. *Proceedings of the Royal Irish Academy, Cuid C, Iml. 103, Uimh. 5, lgh. 191-283.*
- FitzGerald, G., 2013. *Irish Primary Education in the Early Nineteenth Century: An Analysis of the first and second reports of the Commissioners of Irish Education Inquiry, 1825-6.* Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy.
- Garvin, T., 1986. Priests and Patriots: Irish Separatism and Fear of the Modern, 1890-1914. *Irish Historical Studies*, lgh. 67-81.
- Greene, D., 1972. The Founding of the Gaelic League. In: *The Gaelic League Idea.* Baile Átha Cliath: Mercier Press, lgh. 9-19.
- Guyer, P., 2005. *Values of Beauty: Historical Essays in Aesthetics.* Cambridge: Cambridge University Press.
- Hindley, R., 1990. *The Death of the Irish Language.* Londain: Routledge.
- Hull, E., 1931. *A history of Ireland and her people. Volume 2* ed. Londain: G. G. Harrap & Company Ltd.
- Keenan, D. J., 1983. *The Catholic Church in Nineteenth Century Ireland: A Sociological Study.* Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan.
- Kerr, D. A., 1982. *Peel, Priests and Politics: Sir Robert Peel's Administration and the Roman Catholic Church in Ireland, 1841-1846.* Oxford: Clarendon Press.
- Kiberd, D., 1995. *Inventing Ireland.* London: Jonathan Cape.
- Kiberd, D., 1996. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation.* Londain: Vintage.
- Kiberd, D. & Mathews, P., 2015. *Handbook of the Irish Revival: An Anthology of Irish Cultural and Political Writings 1891-1922.* Baile Átha Cliath: Abbey Theatre Press.
- Kiberd, D., 2016. *A Terrible Beauty.* [Clár]. Baile Átha Cliath: RTÉ 1.
- Larkin, E., 1972. The Devotional Revolution in Ireland, 1850-75. *The American Historical Review, Iml.77, Uimh. 3, lgh. 625-652.*

- Larkin, E., 1980. *The Making of the Roman Catholic Church in Ireland 1850-1860*. Chapel Hill: The University of North Carolina Press.
- Léargas: Sliabh Luachra*. 1997. [Clár]. Baile Átha Cliath: RTÉ.
- Lee, J., 1973. *The Modernisation of Irish Society 1848-1918*. Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan.
- Lee, J. J., 1989. *Ireland 1912-1985: Politics and Society*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Leersen, J., 1996. *Remembrance and Imagination: Patterns in the Historical and Literary Representation of Ireland in the Nineteenth Century*. Corcaigh: Cork University Press.
- Leerssen, J., 2002. *Hidden Ireland, Public Sphere*. Gaillimh: Arlen House.
- Lefevere, A., 1992. *Translation, Rewriting, and the Manipulation of Literary Fame*. Londain; Nua Eabhrac: Routledge.
- Mac Adam, R., 1858. Six Hundred Gaelic Proverbs Collected in Ulster. *Ulster Journal of Archaeology*, 1(6), lgh. 172-183.
- Mac Aodha, B. S., 1993. Was This A Social Revolution? In: *The Gaelic League Idea*. Baile Átha Cliath: Mercier Press, lgh. 20-30.
- Mac Aonghusa, C., 1972. Mar a Chuaigh an Conradh i bhFeidhm ar an nGaeltacht. In: S. Ó. Tuama, ed. *The Gaelic League Idea*. Corcaigh agus Baile Átha Cliath: Mercier Press, lgh. 76-86.
- Mac Aonghusa, P., 1993. *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1993*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Mac Aonghusa, P., 1997. *Oireachtas na Gaeilge 1897-1997*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Mac Lochlainn, A., 1977. Gael and Peasant: A Case of Mistaken Identity? In: *Views of the Irish Peasantry, 1800-1916*. Hamden: Archon Books, lgh. 17-36.

- Mac Mathúna, L., 2004. From manuscripts to the street signs via Séadna: the Gaelic League and the changing role of literacy in Irish, 1875-1915. In: *The Irish Revival Reappraised*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, lgh. 49-62.
- Mac Mathúna, L., 2011. Réamhrá. In: L. Mac Mathúna, ed. *Séadna*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, lgh. vii-lvxi.
- Mac Mathúna, L., 2015. 'Caint na nDaoine' agus Saothar Ilghnéitheach an Athar Peadar. In: E. Ó Raghallaigh, ed. *Léachtaí Cholm Cille XLV: Saothar an Athar Peadar*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 97-128.
- Mac Mathúna, S. & Mac Gabhann, R., 1981. *Conradh na Gaeilge agus an tOideachas Aosach*. Indreabhán, Co. na Gaillimhe: Cló Chois Farraige.
- Mac Piarais, P., 1979. Eoghainín na nÉan. In: C. Ó Háinle, ed. *Gearrscéalta an Phiarsaigh*. Baile Átha Cliath: Cló Thalbóid.
- McBride, L. W., 2003. Young readers and the learning and teaching of Irish history, 1870-1922. In: L.W. McBride, ed. *Reading Irish Histories: texts, contexts and memory in modern Ireland*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, lgh. 80-117.
- MacCarthy, A., 2004. *Identities in Irish Literature*. An Spáinn: Netbiblo; Instituto universitario de estudios irlandeses 'Amergin'.
- MacDonagh, O., 1985. *States of Mind: a study of Anglo-Irish conflict 1780-1980*. Londain: Allen & Unwin.
- Malcolm, E., 1982. The Catholic Church and the Irish Temperance Movement, 1838-1901. *Irish Historical Studies*, 23(89), lgh. 1-16.
- McMahon, T.G., 2008. *Grand Opportunity: The Gaelic Revival and Irish Society, 1893-1910*. Syracuse: Syracuse University Press.
- Miller, K. A., 1985. *Emigrants and Exiles, Ireland and the Irish Exodes to North America*. Oxford; Nua Eabhrac: Oxford University Press.
- Moynihan, D., 2003. *Sliabh Luachra Milestones*. Cill Airne: Crede, Sliabh Luachra Heritage Group.
- Murray, D., 2000. *Romanticism, Nationalism and Irish Antiquarian Societies, 1840-80*. Maigh Nuad: NUI, Maigh Nuad.

- Newman, S., 2016. *An Irish Christmas*. Baile Átha Cliath: The History Press.
- Ngugi, w. T., 1986. *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*. Londain: Currey.
- Ní Chionnaith, A. t. E., 1995. *Pádraic Ó Conaire: Scéal a Bheatha*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.
- Ní Dhonnchadha, A., 1981. *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ní Dhonnchadha, A., 1991. Caoimhghin Ó Cearnaigh: Úrscéal de Chuid na hAthbheochana. In: P. Ó Fiannachta, ed. *An tÚrscéal sa Ghaeilge: Léachtaí Cholm Cille XXI*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 154-174.
- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M., 2008. Réamhrá. In: A. Ní Dhonnchadha & M. Nic Eoin, eds. *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, lgh. 9-20.
- Ní Dhonnchadha, B. & Hayes, R. J., 1938. *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge 1850-1936*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.
- Ní Dhonnchadha, M., 2015. Athbheochan agus Athnuachan: Nualeaganacha de Scéalta Meánaoiseacha Gaeilge. In: E. Ó Raghallaigh, ed. *Léachtaí Cholm Cille XLV: Saothar an Athar Peadar*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 129-149.
- Ní Fhaircheallaigh, Ú., 2010. Smaointe ar Aráinn. In: R. Nic Congáil, ed. *Smaointe ar Aráinn*. Baile Átha Cliath: Arlen Publications Ltd.
- Ní Ghairbhí, R., 2008. A people that did not Exist? Reflections on Some Sources and Contexts for Patrick Pearse's Militant Nationalism. In: R. O'Donnell, ed. *The Impact of the 1916 Rising: Among the Nations*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, lgh. 161-186.
- Ní Mhaonaigh, T., 2015. Oidhreacht an Athar Peadar: Croidhe Cainnte Ciarraighe agus 'Caint na nDaoine'. In: E. Ó Raghallaigh, ed. *Léachtaí Cholm Cille XLV: Saothar an Athar Peadar*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 48-79.
- Ní Mhóráin, B., 1997. *Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn bhreá: Meath na Gaeilge in Uíbh Ráthach*. An Daingean: An Sagart.

- Ní Mhuircheartaigh, E., 2016. *Stáitse Gaelach? An drámaíocht dhúchasach in Aimsir na hAthbheochana*. Gaillimh, Comhdháil na Gaillimhe: Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge.
- Ní Shéaghda, N., 1989. Irish Scholars and Scribes in Eighteenth-Century Dublin. *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr*, Iml 4, lgh. 41-54.
- Nic Congáil, R., 2012. Réamhrá. In: R. Nic Congáil, ed. *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: Leabhair Comhar, lgh. 11-22.
- Nic Congáil, R., 2010. Réamhrá an Eagarthóra. In: *Smaointe ar Árainn: Úna Ní Fhaircheallaigh*. Arlen House, Baile Átha Cliath: Arlen Publications Ltd.
- Nic Congáil, R., 2010. *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útoipeach Ghaelach*. Baile Átha Cliath: Arlen House.
- Nic Craith, M., 1994. *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois Déag*. Bremen: Leabharlann Eorpach Léann na hÉireann 3.
- Nic Eoin, M., 1982. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Nic Eoin, M., 1990. Irish language and literature in County Kilkenny in the nineteenth century. In: *Kilkenny: History and Society*. Baile Átha Cliath: Geography Publications, lgh. 465-79.
- Nic Eoin, M., 2005. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Eoin, M., 2016. *Éire Ghaelach nó Gaeil Dhomhanda? Pointí Féachana Nualitríocht na Gaeilge*. Gaillimh, Comhdháil na Gaillimhe: Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge.
- Ó Breasláin, D. & Dwyer, P., 1996. *A Short History of the Irish Language*. Béal Feirste: Glór na nGael Bhéal Feirste Thiar.
- Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: Na Síobhartaigh agus an tAos Léinn*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Buachalla, B., 2007. *Aogán Ó Rathaille*. Baile Átha Cliath: Field Day Publications.

- Ó Cadhain, M., 1972. Conradh na Gaeilge agus an Litríocht. In: S. Ó Tuama, ed. *The Gaelic League Idea*. Baile Átha Cliath: Mercier Press, lgh. 52-62.
- Ó Cadhla, D., 2014. thefuture Initiative. [Ar líne] Ar fáil ag: <http://www.thefuture.ie/wp-content/uploads/1892/11/1892-11-25-The-Necessity-for-De-Anglicising-Ireland.pdf> [Léite 6 Eanáir 2016].
- Ó Céirín, C., 1973. *An tOilithreach Gaelach; Treoir don leabhar 'Mo Scéal Fein' le Peadar Ó Laoghaire*. Corcaigh & Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Ciosáin, N., 1997. *Print and Popular Culture in Ireland, 1750-1850*. Basingstoke: Palgrave Macmillan.
- Ó Ciosáin, N., 2005. *Gaelic Culture and Language Shift*. In: *A Guide to Recent Research*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, lgh. 136-152.
- Ó Conaire, P., 1956. Nóra Mharcais Bhig. In: *Scothscéalta*. Baile Átha Cliath: Sairséal agus Dill.
- Ó Conaire, P., 1978. Scríbhneoirí agus a gCuid Oibre: An easpa misnigh atá orthu? Old Ireland 28/2/1920. In: G. Denvir, ed. *Aistí Phádraic Uí Chonaire*. Indreabhán: Cló Chois Fharraige.
- Ó Conchubhair, B., 2009. *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, an athbheochan agus smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó Conchúir, B., 1982. *Scríobhaithe Chorcaí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Conluain, P. & Ó Céileachair, D., 1958. *An Duinníneach: A Shaol, a Shaothar agus an Ré inar Mhair sé*. Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill.
- Ó Croidheáin, C., 2006. *Language From Below: the Irish Language, ideology and power in 20th-century Ireland*. Nua Eabhrac: Oxford.
- Ó Cuív, B., 1986. Irish Language and Literature 1691-1845. In: *A New History of Ireland, Volume IV: Eighteenth Century Ireland 1691-1800*. Oxford: Clarendon, lgh. 374-422.
- Ó Cuív, B., 1993. *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts*. Baile Átha Cliath: School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

- Ó Cuív, S., 1933. *Prós na hAoise Seo*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nóláin, Teor.
- Ó Cuív, S., 1954. Materials for a Bibliography of the Very Reverend Peter Canon O'Leary 1839-1920. In: M.A. O'Brien, ed. *Celtica, Iml. II, Cuid II*. Baile Átha Cliath: The Dublin Institute for Advanced Studies, lgh. 1-39.
- Ó Danachair, L., 1947. Memories of My Youth. *Béaloideas, Iml. 17, Uimh 1/2*, lgh. 58-72.
- Ó Donnchadha, T. " M., 1939. *An tAthair Peadar Ó Laoghaire agus a Shaothar*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, Teor.
- Ó Droighneáin, M., 1936. *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.
- Ó Fiaich, T., 1972. *Má Nuad*. Maigh Nuad: An Sagart.
- Ó Fiannachta, P., 1982. *Léas Eile ar ár Litríocht*. Maigh Nuad: An Sagart.
- Ó Foghludha, R., 1949. Preface to Cúirt an Mheadhon Oidhche. In: R. Ó Foghludha, ed. *Cúirt an Mheadhon Oidhche*. Baile Átha Cliath: Hodges & Figgis.
- Ó Foghludha, R., 1949. Preface to Cúirt an Mheadhon Oidhche. In: R. Ó Foghludha, ed. *Cúirt an Mheadhon Oidhche*. Baile Átha Cliath: Hodges & Figgis.
- Ó Giolláin, D., 2005. *An Dúchas agus an Domhan*. Corcaigh: Cork University Press.
- Ó Háinle, C., 1994. Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil. In: *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, lgh. 745-793.
- Ó Háinle, C., 2004. Literary Aspects of Cinnlae Amhlaobh Uí Shúilleabháin. In: L. P. Ó Murchú, ed. *Cinnlae Amhlaobh Uí Shúilleabháin: Reassessments*. Londain: Irish Texts Society, lgh. 41-66.
- O'Leary, P., 1989. Seanchuidhthe, Séadna, Sheehan, and the "Zeitgeist": Folklore and Folklife in Gaelic Fiction of the Early Revival. *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium, Iml. 9*, lgh. 43-99.

- O'Leary, P., 1994. *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921*. University Park, Pennsylvania: Pennsylvania State University.
- O'Leary, P., 2006. The Irish Renaissance, 1880-1940: Literature in Irish. In: M. Kelleher & P. O'Leary, ed. *The Cambridge History of Irish Literature: Volume 2 1890-2000*. Cambridge: Cambridge University Press, lgh. 226-269.
- Ó Madagáin, B., 1974. *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Madagáin, B., 2005. Pádraig Ó Duinnín: Key Witness to the Irish Song Tradition. In: P. Riggs, ed. *Dineen and the Dictionary 1904-2004*. Londain: Irish Texts Society, lgh. 51-61.
- Ó Raghallaigh, E., 2015. Focal ón bhFear Eagair. In: E. Ó Raghallaigh, ed. *Léachtaí Cholm Cille XLV: Saothar an Athar Peadar*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 5-6.
- Ó Riain, P., 2005. Réamhrá: An Duinníneach agus an Cumann. In: *Dineen and The Dictionary 1904-2004*. Londain: Irish Texts Society, lgh. x-xv.
- Ó Ríordáin, T., 2000. *Conradh na Gaeilge i gCorcaigh 1894-1910*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Ó Ruairc, M., 1972. The Decline of the Irish Language: A Possible Explanation. In: P. Ó Fiannachta, ed. *Léachtaí Cholm Cille III: Litríocht an 19ú hAois*. Má Nuad: An Sagart, lgh. 79-89.
- Ó Súilleabháin, A., 1834. Cinnlae. In: M. McGrath, ed. *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin IV*. Londain: Irish Texts Society.
- Ó Súilleabháin, D., 1984. *Scéal an Oireachtais 1897-1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Súilleabháin, S., 1961. *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Tuama, S., 1981. Úrscéalta agus Faisnéisí Beatha na Gaeilge: Na Buaicpointí. In: S. Ó Mórdha, ed. *Scríobh 5*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., lgh. 148-160.

- Ó Tuama, S., 1992. Ómós Áite: a Rian ar scríbhneoirí in Éirinn. *Comhar*, 51(5), lgh. 176-185.
- Ó Tuathaigh, G., 2004. Amhlaoibh Ó Súilleabháin as Historical Witness: an Historiographical Perspective. In: L. P. Ó Murchú, ed. *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shuilleabháin: Reassessments*. Londain: Irish Texts Society, lgh. 1-24.
- Ó Tuathaigh, M., 1986. An Chléir Chaitliceach, an Léann Dúchais agus an Cultúr in Éirinn c.1750-c.1850. In: *Léann na Cléire: Léachtaí Cholm Cille XVI*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 110-139.
- O'Brien, G., 2013. The 1825-6 Commissioners of Irish Education reports: background and context. In: *Irish Primary Education in the Early Nineteenth Century: An analysis of the first and second reports of the Commissioners of Irish Education Inquiry, 1825-6*. Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy, lgh. 1-44.
- O'Brien, W., 1893. *Irish Ideas*. Londain, Nua Eabhrac: Green & Co.
- O'Connell, N., 1984. *Father Dineen- his Dictionary and the Gaelic Revival*. Londain: Irish Texts Society.
- Rafroidi, P., 1980. *Irish Literature in English: The Romantic Period (1789-1850), Iml. I*. Buckinghamshire: Colin Smythe.
- Renza, L. A., 1987. Exploding Canons. *Contemporary Literature*, 28(2), lgh. 257-270.
- Ryan, W., 1912. *The Pope's Green Island*. Londain: James Nisbet & Co. Limited.
- Short, J. R., 1991. *Imagined Country: Environment, Culture and Society*. Londain: Routledge.
- Smyth, G., 2001. *Space and the Irish Cultural Imagination*. Basingstoke: Palgrave.
- Times (2011). The Irish Times. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/cruiskeen-lawn-january-11th-1941-1.613182> [Léite 12 Meán Fomhair 2017]
- Titley, A., 1981. Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature. In: S. Ó. Mórdha, ed. *Scríobh 5*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, lgh. 116-139.
- Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

- Torna, C., 2005. *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922: Samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Ua Laoghaire, P., 2011. Séadna. In: L. Mac Mathúna, ed. *Séadna*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, lgh. 1-257.
- Ua Súilleabháin, S., 2015. Lúcián, Don Cíochóte agus a Leithéidí: Athinsintí nó Aistriúchán? In: E. Ó Raghallaigh, ed. *Léachtaí Cholm Cille XLV*. Maigh Nuad: An Sagart, lgh. 80-96.
- Uí Chollatáin, R., 2004. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Uí Chollatáin, R., 1998. *Eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis*. (Mórthráchtas M.A.). Ar fáil ag:
http://eprints.maynoothuniversity.ie/5187/1/Regina_Ui_Chollatain_Vol%20-1.pdf
- Wall, M., 1969. The Decline of the Irish Language. In: *A View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Stationery Office, lgh. 81-90.
- Walsh, B. M., 1969. *A Perspective on Irish Population Patterns*. Éire-Ireland, lgh. 3-21.
- Williams, J. C. & M. Ní Mhuiríosa., 1979. *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta.
- Wolf, N. M., 2014. *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870*. Wisconsin, USA: The University of Wisconsin Press.
- Wright, D., 1986. Introduction. In: D. Wright, ed. *English Romantic Verse*. Londain: Penguin Books, lgh. xi-xxvii.
- Young, A., 1892. Tour in Ireland. In: J. P. Anderson, ed. *Arthur Young's Tour in Ireland 1776-1779 Vol. I*. Londain: George Bell & Sons, lgh. 1-470.

Foclóirí

Foclóir Gaedhilge agus Béarla (P.S. Dineen). Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1927.

www.foclóir.ie

www.teanglann.ie

www.logainm.ie

www.ainm.ie

Aguisín A: Clár Saothair

Tá clár saothair an-chuimsitheach ar scríbhinní Uí Laoghaire déanta ag Shán Ó Cuív dar teideal ‘Materials for a Bibliography of the Very Reverend Peter Canon O’Leary 1839-1920’. Tá an clár saothair seo mar fhorlíonadh sa leabhar *Celtica, Iml. II, Cuid II (1954)*.

Is é a deir Ó Cuív sa réamhrá de ná:

The following pages contain all the information that I have been able to discover about the published writings of Canon O’Leary. The many obvious lacunae prevent me from giving my work any more ambitious title than “Materials for a Bibliography”. (Ó Cuív 1954, 3)

Roinntear a chuid saothair i dtrí chatagóir ann. Tugtar liosta dá scríbhinní i nuachtáin agus in irisí a linne sa chéad chuid, agus tá siad roinnte suas de réir gach tréimhseachán. Tá 418 alt cláraithe ag Ó Cuív uaidh ar an iomlán. Tá liosta de leabhair Uí Laoghaire sa dara cuid, agus arís roinntear iad sna seánraí éagsúla. Tugtar liosta de leabhair ina bhfuil saothar Uí Laoghaire mar chuid díobh sa triú cuid.

Tá an rud céanna i gceist leis an Duinníneach. Tugann a bheathaisnéisithe, Ó Conluain agus Ó Céileachair, cuid faoi leith dá bheathaisnéis *An Duinníneach: A Shaol, a Shaothar agus an Ré inar Mhair Sé (1958)* dá chuid saothair. Roinntear a shaothar arís de réir na seánraí éagsúla, agus tugtar plé tapaidh ar gach saothar atá luaite. Tugtar naoi n-agusín chomh maith, ina bhfuil liosta ann dá chuid altanna i dtréimhseacháin, chomh maith le liosta d’ábhar eile a bhaineann le saothar an Duinnínigh, agus páipéir phríobháideacha sa Leabharlann Náisiúnta.

Níl aon chlár saothair faoi aon chlúdach amháin déanta ar shaothar Chonáin Mhaoil nó an Ghruagaigh áfach. Bhain mé úsáid as cúpla foinse chun cláir shaothar na scríbhneoirí seo a dhearadh. Tá eolas beathaisnéiseach agus eolas ar a gcuid saothar ar fáil sa leabhar *Beathaisnéis: 1882-1982; Vol 1 (1986)* le Breathnach agus Ní Mhurchú. Pléitear saothar cruthaitheach agus saothar iriseoireachta na beirte araon sa leabhar *Taighde i gComhair*

Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 Anuas (1936), le Muiris Ó Droighneáin, agus tá cur síos ar a saothair chruthaitheacha sa leabhar taighde *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge 1850-1936 (1938)*. Rinne mé cíoradh ar thréimhseacháin agus ar irisí na linne chomh maith chun teacht ar shaothair iriseoireachta dá gcuid. Bhain mé úsáid as innéacs an dlúthdhiosca a théann leis an leabhar *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932* le Regina Uí Chollatáin, chomh maith lena mórthráchtas M.A. *Eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis (1998)* chun cur leis an liosta a bhí agam d'iriseoireacht na beirte. Bhain mé úsáid as na hachmhainní seo a leanas ar líne mar aon leis seo chun teacht ar shaothar eile Chonáin Mhaoil agus an Ghruagaigh: Catalóg na Leabharlainne Náisiúnta, Catalóg Choláiste na Trionóide agus www.worldcat.org. Admhaím gur féidir bearnaí a bheith sna cláir shaothar seo, ach bhain mé an úsáid is mó de gach rud a bhí ar fáil dom chun iad a chur le chéile chomh maith agus ab fhéidir liom.

Pádraig Ó Séaghdha ‘Conán Maol’ (1855-1928): Clár Saothair

Úrscéalaíocht

- *Mac Fínghín Dubh* (1903)
- *Eoghan Paor* (1911)
- *Sonnach* (1921) (Foilsithe sa *Freeman's Journal*)

Gearrscéalaíocht

- *An Buaiceas* (1903)

Cnuasach Léachtaí

- *Éire: Léigheachta ar Stair na hÉireann* (1907)

Leabhar Staire

- *Seaghán an Díomais: blúirín as Stair na hÉireann* (1901)

Drámaíocht

- *Aodh Ó Néill* (1902)
- *Mac Cárthaigh Mór: dráma ein-gnioma* (1908)

Téacsleabhair

- *Stiana* (úrscéal do scoileanna inmheánacha) (1930)

Filíocht

- Liam P. Ó Riain: *Inghean Mhanannáin, laoi a bhaineas le n-ár n-aimsir féin* (1922) (réamhrá scríofa ag Conán Maol)

Aistí/ Scéalta i dTréimhseacháin

- ‘Thar Lear’, *An Claidheamh Soluis* (Colún seachtainiúil sa bhliain 1900)
- ‘Fear na nGiobal’, *Weekly Freeman* (15 Nollaig, 1900)
- ‘Cogar Nodlag’, *Banba*, (Nollaig, 1901)
- ‘An Síc Cora’, *Banba*, (Bealtaine, 1902)
- ‘Scoil Ghaedhealach’, *Scoil Ghaedhealach* (1903)
- ‘Faitchíos Phádraig’, *Banba* (Márta, 1903)
- ‘Indé is Inniu’, *Banba* (Bealtaine, 1903)
- ‘Cogarnaigh’, *An Claidheamh Soluis* (25 Iúil, 1903)
- ‘An Imirce as Éirinn’, *Banba*, (Márta, 1904)
- ‘An Teamhair’, *An Claidheamh Soluis* (5 Samhain, 1904)
- ‘Biadh agus Beatha’, *An Claidheamh Soluis* (12 Samhain, 1904)
- ‘Laochas is Seanchuis’, *An Claidheamh Soluis* (19 Samhain, 1904)
- ‘Sinn Féin’, *An Claidheamh Soluis* (26 Samhain, 1904)
- ‘Dlíge is Nós’ *An Claidheamh Soluis* (3 Nollaig, 1904- 7 Eanáir, 1905)
- ‘Cailín deas Crúidhte na mBó’, *An Claidheamh Soluis* (23 Nollaig, 1905)
- ‘An Mórshiubhal’, *Banba*, (Meitheamh, 1906)
- ‘Sgoil an Chuais’, *An Claidheamh Soluis* (14 Nollaig, 1907)
- ‘Tadhg a ‘tSiúnta’, *An Claidheamh Soluis* (21 Nollaig, 1907)
- ‘Clúid an tSeanchaidhe’, *An Claidheamh Soluis* (4 Eanáir, 1908)
- ‘Maynooth and the Gael’, *An Claidheamh Soluis* (4 Eanáir, 1908)
- ‘An Leabhar Crón’, *An Claidheamh Soluis* (14 Eanáir, 1908)
- ‘Babu’, *An Claidheamh Soluis* (26 Nollaig, 1908)
- ‘An Iolsgoil’, *An Claidheamh Soluis* (3 Iúil, 1909)

- ‘Fáith an Sgéil’, *An Claidheamh Soluis* (10 Bealtaine, 1913)
- ‘Teacht nó Meath’, *An Claidheamh Soluis* (31 Bealtaine, 1913)
- ‘Blaimí an Bhéarla’, *An Claidheamh Soluis*

Pádraig Ó Séaghdha ‘Gruagach an Tobair’ (1864-1955): Clár Saothair

Gearrscéalaíocht

- *Annála na Tuatha Cuid I (1905)*
- *Annála na Tuatha Cuid II (1906)*
- *Annála na Tuatha Cuid III (1907)*
- *An Sgoraidheacht (1921)*

Drámaíocht

- *Fastuím (1926)*

Aistriúchan

- ‘Inntinn Leanbh’ (1919), *An Branar* (Aistriúchán ó chluichí R.B. Sheridan)

Eagarthóireacht

- *Déanamh an Chleamhnais (1926)*

Cluiche Leanaí

- *Cleasa Grinn agus Magaidh (1902)*. (Bhuaigh an Gruagach duais do na cluichí seo in Oireachtas na bliana 1902. Tá trácht orthu in *Irisleabhair na Gaedhilge* (Iúil 1905, lch.822).)

Aistí/ Scéalta i dTréimhseacháin

- ‘Beacha Meala’, *An Claidheamh Soluis (1900)*. (An chéad rud a scríobh sé)
- ‘Ag Imirt Bháire sa Ghleann Gharbh’, *Banba* (Márta, 1902)
- ‘Peig Ní Luanaigh’, *Banba* (Bealtaine, 1902)

- ‘Ceist na Talmhan’, *Banba* (Feabhra, 1903)
- ‘Cuirtear Corc sa Bhairile feasta, a Uaisle’, *Scoil Ghaedhealach* (1903)
- ‘An t-Ospuidéal’, *Irisleabhar na Gaedhilge* (Samhain, 1903)
- ‘Dúnmharbhadh an tSagairt san Innis Fail’, *United Irishman* (14 Bealtaine-16 Iúil, 1904)
- ‘Scríbhnoirí’, *An Claidheamh Soluis* (22-29 Deireadh Fómhair, 1904)
- ‘Sláinte na gCeitinneach’, *An Claidheamh Soluis* (29 Aibreán, 1905)
- ‘The Voyage of Maol Dunne’(aistriúchán), *An Claidheamh Soluis* (22 Iúil, 1905)
- *An Lóchrann* (1916-1920):
 - ‘Feirmeoireacht’
 - ‘Fabhail-sgéalta’
 - ‘Gath Gréine’
 - ‘Uaisle Cearta’
 - ‘Comhrádh idir Dhá Chnoc’
- ‘Sgéal na Sgeiche Gile’, *Óige Uimh. II* (1923)
- ‘Aillte an Mhothair’, *An Claidheamh Soluis*
- ‘Baill Seirce na hÉireann’, *United Irishman*

Aguisín B: Staid na Gaeilge

Is í an aidhm atá agam sa mhír seo ná cuntas a thabhairt ar staid na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh sa naoú haois déag. Chun teacht ar thuiscint chuí, iomlán ar mheon na ndaoine a bhí páirteach san athbheochan, caithfear scagadh a dhéanamh air seo mar aon le í a chomhthéacsú maidir le cúrsaí litríochta, sóisialta, eacnamaíochta, oideachais, creidimh is polaitíochta ó bhlianta tosaigh an naoú haois déag go dtí deireadh an naoú haois déag. Tabharfar cuntas ar mheath na Gaeilge sa naoú haois déag agus cuirfear síos ar an ról a ghlac an stát, an Gorta agus an Eaglais Chaitliceach sa mheath seo. Soláthrófar cuntas ar líon na gcainteoirí Gaeilge le himeacht na mblianta agus conas mar a d'athraigh an líon seo le himeacht ama. Beidh tráchttaireacht na scríbhneoirí ar chúrsaí teanga ina n-áiteanna dúchais mar chuid den phlé seo agus déanfar iniúchadh ar chruinneas na gcuntas a thugann siad. Ansin, déanfar plé ar chúrsaí oideachais agus litearthachta i leith na Gaeilge agus an ról a bhí ag córas na Scoileanna Náisiúnta sa mhalartú teanga. Scagfar saothrú na litríochta ina dhiaidh seo cosúil le traidisiún na lámhscríbhinní agus an traidisiún béil.

B.1 An Naoú hAois Déag

Is féidir suíomh na teanga agus na litríochta a thuiscint ó roinnt tráchtairí ar an dtréimhse. Deir Maureen Wall: “By 1800 Irish had ceased to be the language habitually spoken in the homes of all those who had already achieved success in the world, or who aspired to improve or even maintain their position politically, socially, or economically.” (Wall 1969, 82) Tugann Seamus Deane cur síos ar an suíomh chomh maith, ag rá go raibh cuid den locht ar Chaitlicigh na tíre don mheathlú:

The various forms of artificial respiration on Gaelic culture had no hope of ever reviving it as such. It was well and truly dead by the end of the eighteenth century... Yet its ultimately distinguishing feature, its language, was effectively destroyed as a

living force by the mass of the Catholic people with whom that language had been identified for a millenium. (Deane 1986, 28)²⁶

Cáineann Denvir (2006) agus Ó Ciosáin (2005) araon Deane áfach, maidir leis an gcur síos a thugann sé ar an nGaeilge agus ar a cultúr sa naoú haois déag. Deir Ó Ciosáin nár cheart glacadh lena chuid tuairimí maidir leis an tréimhse, ag rá: “This may have been true of aristocratic culture, but it is unjustifiably elitist to expand the judgement to Gaelic culture as a whole.” (Ó Ciosáin 2005, 139) Deir sé é seo i gcomhthéacs aiste Denvir ‘Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland’. Tá an bheirt acu den tuairim gur phróiseas dosheachanta é an malartú teanga áfach.

Caithfear ráiteas Greene a chur san áireamh agus muid ag labhairt faoi mhalartú na teanga:

When we say that a language is dying, we are, of course, using a metaphor; what we mean is most of the people who speak that language are beyond middle-age and that their children and grand-children speak a different language. (Greene 1972, 9)

Tháinig meath as cuimse ar aos óg na gcainteoirí Gaeilge, a bhuí le tionchar na scoileanna náisiúnta dar le Ravenstein.²⁷ Bhí lucht na Gaeilge ag éirí níos sine agus, dá bharr, bheadh dúshlán ag a leithéid comhrá a bheith acu le héinne eile. Bhí an Ghaeilge ag fáil bháis fé mar a d’éag na daoine seo i ndáiríre. Dar le Ó Ciosáin, bhí Éire go huile is go hiomlán “an intensely bilingual and diglossic society.” (Ó Ciosáin 1997, 6) Deir Ó Ruairc go gcaithfear forbairt a bheith á déanamh ar theanga chun í a choimeád beo agus chun í a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. (Ó Ruairc 1972, 85) Ní raibh aon fhorbairt á déanamh ar an nGaeilge áfach. Míníonn De Fréine gur próiseas roghnúcháin

²⁶ Cuireann Muiris Ó Droighneáin síos ar chúrsaí teanga roimh 1882 ina leabhar *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 Anuas (1936)* lgh. 9-10 agus pléann Joep Leerssen é ina leabhar *Remembrance and Imagination: Patterns in the Historical and Literary Representation of Ireland in the Nineteenth Century (1996)* lch.1

²⁷ Thug sé faoi thaighde bunaithe ar chainteoirí óga an naoú haois déag. Féach ar: E.G. Ravenstein, ‘On the Celtic Languages of the British Isles: A Statistical Survey’, in *Journal of the Statistical Society of London*, Iml. 42, Uimh. 3, (Meán Fómhair 1879)

é malartú teanga agus go gcruthaítear aincheist dar leis: “by their desire for the survival of their national tongue as opposed to their need for a language of wider communication.” (De Fréine 1978, 3) Dealraíonn sé go bhfaigheann De Fréine agus Denvir locht ar mhuintir na tíre mar gheall ar an malartú teanga seo. Maíonn De Fréine: “English could not have gained ground at the expense of Irish unless the people first suppressed their own language.” (De Fréine 1978, 8) Cuireann Denvir leis an toilteanas a bhí ag na hÉireannaigh an malartú a dhéanamh:

Either consciously or subconsciously, they accepted the psychocultural and, indeed, political superiority of the outsider. They took upon themselves the mannerisms, the patriarchal attitude, the worldview, and above all the language, and, religion excepted, much of the cultural value system of the invader. (Denvir 1997, 1)

Ní raibh aon mheas uirthi agus bhí cuid de mhuintir na tíre aineolach ar thábhacht agus ar shaibhreas a dteanga dúchais. Taispeánann an ráiteas seo ó Dháibhí de Barra ar stádas na Gaeilge sa chéad leath den naoú haois déag é seo:

For in my part of the country (and I suppose it is so in other parts) any man who can afford meat to his dinner and deem himself Esq. think it degrading to utter one syllable of such a despicable language, but they affect to understand it not. (Ó Tuathaigh 1986, 128)

Bhí fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta na linne mar dhlúthchuid den mhalartú teanga aimhleasach. Bhí athrú tapaidh ag teacht ar an tsochaí ar leibhéil áirithe:

Growing urbanisation, commercialization and consumerism in the country, improvement in communications through the developing infrastructure of roads and railways, unprecedented increase in literacy in English allied the growth of the newspaper and publishing industries, and the almost totally dominant role of English in the public domain. (Denvir 2006, 549)

B.2 An Stát

Ba chéim fhíordhiúltach í Acht an Aontais a tugadh isteach sa bhliain 1800. D’athraigh creatlach bhunreachtúil an stáit. Ba chuid de Rialtas na Breataine í Éire agus cruthaíodh

struchtúir riarthacha nua sa tír sa chéad leath den chéad. Míníonn Ó Tuathaigh gur mhór an t-athrú é do mhuintir na tíre:

The creation of new administrative structures and a new (largely centralised) State apparatus in Ireland in the first half of the nineteenth century, and notably during the 1830's, changed the climate in which the mass of the population actually 'encountered' the state. (Ó Tuathaigh 2004, 3)

Chuir sé seo go mór le tréigean na teanga mar sin. B'ionann cumhacht, smacht agus an Béarla.²⁸ Cuireann Lee síos ar an malartú seo:

The whole state apparatus was an agency of Anglicisation. When knowledge of English sufficed for all the transactions of public life, Irish became increasingly redundant. Literacy became almost solely equated with English literacy, because it was needed mainly for contact with the state. (Lee 1989, 666)

Cuireann Larkin síos ar mhuintir na tíre mar dhaoine a bhí "West Britonized" (Larkin 1972, 649), téarma a d'úsáid de hÍde chomh maith ina óráid ar dhíGhalldú na tíre níos déanaí sa chéad.

Bhí tionchar polaitiúil agus tionchar síceolaíoch ag an athrú seo. Deir Leerssen: "The abolition of the Dublin Parliament signals the end of the ideology known as Patriotism." (Leerssen 1996, 12) Níorbh aon chabhair í Fuascailt na gCaitliceach sa bhliain 1829 ach oiread don teanga. Ba chosúil le slánaitheoir é Ó Conaill do náisiúnaithe Caitliceacha na tíre, ach, cé gur chainteoir dúchais é Ó Conaill, shocraigh sé ar an mBéarla a úsáid go poiblí. Deir Kiberd agus Mathews: "While the Irish language offered one secure basis for the separatist claim to recognition as a distinct nation, English became the language in which the nationalist case could most effectively be made." (Kiberd & Mathews 2015, 132)

²⁸ Déanann Ó Háinle plé air seo freisin ina aiste 'Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil' in: *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* lch.747

Is soiléir nach raibh an Ghaeilge tábhachtach do lucht tacaíochta Uí Chonaill, nó dó féin ach oiread. Léiríonn Crowley é seo sa ráiteas a scríobh Ó Conaill sa bhliain 1833 nuair a d'aontaigh sé go raibh an Ghaeilge ag dul i léig i measc na dtuathánach:

I am sufficiently utilitarian not to regret its gradual abandonment. A diversity of tongues is no benefit; it was first imposed on mankind as a curse, at the building of Babel. It would be of vast advantage to mankind if all the inhabitants spoke the same language. Therefore, although the Irish language is connected with many recollections that twine around the hearts of Irishmen, yet the superior utility of the English tongue, as the medium of modern communication, is so great, that I can witness without a sigh the gradual disuse of the Irish. (Crowley 2000, 153)

Is léir go raibh dochar leanúnach á dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an tsochaí a bhain léi idir na blianta 1800-1891. Bhí an dátheangachas ag brú isteach ar an tír de réir a chéile. Dar le Denvir, laghdaíodh líon na gcainteoirí Gaeilge ó 3 mhiliún duine ag tús an chéid go dtí 38,121 cainteoir aonteangach i 1891. (Denvir 2006, 547) Is ábhar dothuigthe é seo nuair a smaoinítear air gur mhéadaigh líon na gcainteoirí Gaeilge sa chéad leath den chéad go dtí an líon ba mhó a bhí ann riamh go dtí Oíche an Ghorta Mhóir. Tugann Ó Danachair cuntas an-suimiúil ar chuariteoir a tháinig go Ráth Caola i Luimneach agus a thug cuntas dó ar mheath na teanga san áit:

This old John Moylan, who lived from 1800 to about 1890, thought that the decay of Irish really began in 1840 or so. He said, and the other people agreed with him, that the influence of Daniel O'Connell worked silently against the speaking of Irish. Upto 1830, or so, the entire Rathkeale countryside spoke Irish. Then the new schools, the pro-English clergy, the influence of the landlords and agents, as well as the political leaders, the use of English in the law-courts, at gatherings and public meetings, in sermons and religious functions, the growing public feeling that Irish was a dying language, a mark of degraded people who were not "decent"- all this combined to produce a new people who from youth were pledged to speak no Irish. (Ó Danachair 1947, 60)

Thug Ngugi "the cultural bomb" air seo: "The affect of a cultural bomb is to annihilate a people's belief in their names, in their languages, in their environment, in their heritage of struggle, in their unity, in their capacities and ultimately in themselves." (Ngugi 1986,

3) Tagraíonn Denvir do seo mar an dara céim de phróiseas an choilíní, sé sin:

“subjugation of the mind and spirit after the subjugation of the body.” (Denvir 1997, 2)

Ag cur ráiteas Ngugi san áireamh, agus ag smaoineamh ar thionchar an choilíní, d’fhéadfaí aontú le tuairim De Fréine agus an fhonnmhaireacht a deir sé a bhí ag daoine fáil réidh lena dteanga dhúchais go huile is go hiomlán. An cheist nach mór dúinn a chur ná cén fáth nár fhan an tír dátheangach? Déanann Lee plé air seo freisin, agus aontaíonn Ó Ciosáin leis:

The most frequent argument is that the language had to be abandoned to ensure Irish participation in the economic progress of the modern world, because “Irish doesn’t sell the cow.” Only a knowledge of English could bring Ireland into the mainstream of material progress by facilitating intercourse with the more advanced British economy... This explains the acquisition of English, but not the loss of Irish, unless it be assumed that Irish brains were too small to accommodate two languages, or that the Irish were simply too lazy, or too utilitarian, to be bothered with the less materially useful one. (Lee 1989, 662-663) ²⁹

B.3 An Gorta Mór

B’ócáid mhillteanach i stair na tíre is na teanga é an Gorta Mór, a tharla idir na blianta 1845-1849, ar iliomad leibhéil. Cailleadh timpeall milliún duine ó ghalar is ó ghorta. (Deane 1986, 72) Chuir a lánchleithiúnas ar an bpráta mar fhoinsé bia go mór le líon na mbásanna. Fágadh muintir na tíre i gcruachás, go fisiciúil, go hintleachtach, agus go sícea-chultúrtha mar thoradh air seo, de réir mar a chuireann Petrie síos ar an “Great Silence” a leanadh ina dhiaidh:

The ‘land of song’ was no longer tuneful; or, if a human sound met the traveller’s ear, it was only that of the feeble and despairing wail for the dead. This awful, unwonted silence, which, during the famine and subsequent years, almost everywhere prevailed, struck more fearfully upon their imaginations, as many Irish gentlemen informed me, and gave them a deeper feeling of the desolation with which the country had been visited. (Deane 1986, 79)

²⁹ Féach ar Lee *Ireland 1919-1985: Politics and Society* (1989) agus an chomparáid a dhéanann sé idir muintir na Danmhairge agus na Fionlainne agus muintir na hÉireann. Pléann sé an tslí nár thug na tíortha seo droim láimhe lena dteanga dhúchais, fé mar a rinne na hÉireannaigh, cé go raibh Béarla uathu trádáil a dhéanamh leis an mBreatain chomh maith.

Chuir sé iallach ar a lán daoine dul i dtreo na heisimirce, go háirithe i measc na gcainteoirí dúchais a chónaigh i gceantair iargúlta in Iarthar na tíre. Míníonn Walsh gur cuireadh tús leis an imirce roimh an nGorta ach ar líon níos lú: “emigration from Ireland was a well-established phenomenon before the end of the eighteenth-century, but the numbers involved were rather small.” (Walsh 1969, 5) D’éirigh sé mar ghné de shaol na hÉireann áfach diaidh ar ndiaidh. Roimh an nGorta, míníonn Nic Craith go raibh caighdeán maireachtála níos airde á lorg ag na daoine a d’imigh ar imirce ó Éire. (Nic Craith 1994, 11) D’athraigh é seo leis an nGorta áfach, agus ba dhaoine beo bochta iad formhór na ndaoine a d’fhág ina dhiaidh.³⁰ Bhí siad: “ag teitheadh ón ní a bhí i ndán dóibh dá bhfanfaidís ina gceantair dhúchais.” (Nic Craith 1994, 11) Déanann De Fréine tagairt do mhéadú na himirce chomh maith sna blianta i ndiaidh an Ghorta:

After the Famine, English cultural influence increased, particularly on those with money or substance. This diminished their interest in Irish affairs, and this resulted in the lack of entrepreneurial activity in Ireland. Further emigration by the lower classes followed. (De Fréine 1978, 82)

Idir na blianta 1740 agus 1922, chuaigh 7 milliún duine ar imirce go Meiriceá, ach as an líon sin, d’imigh 1.5 milliún díobh idir 1841-1851.

Dá mbeadh sé ar intinn ar dhaoine dul sa tóir ar obair agus ar shaolta níos fearr thar sáile, ba bheag buntáiste agus luach a thabharfadh an Ghaeilge dóibh. Dar le Máirtín Ó Murchú: “It was only natural that language change would follow social advancement.” (Ó Ciosáin 2005, 140) Dar le Ó Tuathaigh, d’fhéach Amhlaoibh Ó Súilleabháin agus tráchtairí eile na linne ar an nGorta mar: “the crucial catalyst in socio-cultural change.” (Ó Tuathaigh 2004, 6) Ar ndóigh, bhí an Béarla riachtanach do na daoine a bhí fágtha sa tír tar éis an Ghorta chomh maith ar an dóchas go dtiocfaidís slán, fé mar a mhíníonn

³⁰ Deir Larkin go raibh na hÉireannaigh mar “cultural emigrants” roimh an nGorta ina aiste ‘The Devotional Revolution in Ireland, 1850-75’ in *The American Historical Review*, *Iml.77, Uimh. 3*, lgh. 625-652.

Crowley go lom: “For those left behind the imperative was simply to get English. As the saying went, the Irish may love their language, but they love their children more.” (Crowley 2000, 135) Caithfear cuimhneamh go raibh brú airgeadais ollmhóir ar na daoine a bhí fós ar marthain chun an cíos a íoc. Lean an díshealbhú é seo, rud eile a chuir le riachtanas an Bhéarla agus le líon na mbásanna. Solathraíonn Daly staitisticí ar líon na ndíshealbhuithe a tharla i mblianta luatha an Ghorta: “I 1849 díshealbhaíodh 16,686 líonta tí sa tír ar fad, i 1850, 91,949 an t-uaslíon d’aon bhliain amháin. I 1849 agus 1850, ba i gCúige Mumhan a díshealbhaíodh daichead a trí fen gcéad den mheán náisiúnta don dá bhliain.” (Daly 1986, 110)

B.4 An Eaglais Chaitliceach

Tharla Réabhlóid Dheabhóideach an-suntasach sa naoú haois déag. Bhí an Eaglais Chaitliceach ag streachailt i lár na haoise agus tuigeadh dóibh go raibh orthu rud éigin a dhéanamh faoi chun líon na gCaitliceach sa tír a chothú agus a mhéadú. Idir 1800-1840, bhí 6,500,000 Éireannach ina gCaitlicigh ach faoi 1850, de bharr an Ghorta agus a thoraidh, laghdaigh an figiúr seo le dhá mhilliún duine. (Larkin 1972, 626) Ina theannta seo, luann Keenan gur thuairiscigh David Miller nach raibh ach 20-40% de phobal Chaitliceach na tuaithe ag freastal ar aifreann sa bhliain 1834 agus go raibh na cainteoirí Béarla ó cheantair thuaithe is chathracha i bhfad níos fearr chun freastal air, ó 30-100% in áiteanna. (Keenan 1983, 98) Míníonn Larkin go raibh an réabhlóid seo Eaglaislárnach agus creideamhlárnach:

In extending their increasing zeal and piety to the laity the clergy centered their attention on the sacraments, and especially on the sacraments of penance and Holy Eucharist... To encourage the laity, missions were held in nearly every parish in Ireland in the decade of the fifties. Pastoral gains thus made were consolidated by the introduction of a whole series of devotional exercises designed not only to encourage more frequent participation in the sacraments but to instill veneration by an appreciation of their ritual beauty and intrinsic mystery... The new devotions were mainly of Roman origin and included the rosary, forty hours, perpetual adoration,

novenas, blessed altars, Via Crucis, benediction, vespers, devotion to the Sacred Heart and to the Immaculate Conception, jubilees, triduums, pilgrimages, shrines, processions, and retreats... These public exercises were also reinforced by the use of devotional tools and aids: beads, scapulars, medals, missals, prayer books, catechisms, holy pictures, and Agnus Dei, all blessed by priests who had recently acquired that privilege. (Larkin 1972, 644-45)

Chun an aidhm sin a bhaint amach, d'fhéach siad ar chleachtadh morálta agus ar ghalántacht mar phríomhchuid de mhúineadh na hEaglaise.

Cuireadh diansmacht ar an bpobal Caitliceach ainrianta a bhí ann dar leis an Eaglais féin. Bhíodh idir phiseogaíocht agus easpa disciplín i gcleachtais creidimh is sóisialta ar bun acu. Déanann Denvir cur síos tipiciúil orthu: “Centralising churches, and a gradually modernising, urbanising society was still ‘regulated by seasonal and calender rituals; its cosmology was deeply local and supernatural, emphasising the powers inherent in places, objects and people’.” (Denvir, 2006, 547) Déanann Éireannach, Mac Lochlainn, trácht ar na tuathánaigh mar “a self-contained community of pre-industrial proletarians in a vast rural congested slum.” (Mac Lochlainn 1977, 32)

Bhíodh na sagairt ag soiscéal i gcoinne ólacháin, foréigin, spíde agus a leithéid ina gcuid seanmóirí chomh maith. Dar le dialann Amhlaoibh Uí Shúilleabháin, *Cín Lae (1827-35)*, chuir an Eaglais mórán meicníochtaí i bhfeidhm d'fhonn smacht a chur ar an bpobal. Luann sé gur chuir siad laghdú ar imeachtaí ar nós líon na laethanta oibleagáideacha agus líon na laethanta patrúin toisc gur baineadh iad le hólachán agus le gníomhaíochtaí mímhóralta. Scríobh sé i 1834 ar Lá Fhéile Eoin Baiste: “Bhí an lá so ina shaoire riamh gus an lá inniu ach gearradh amach é leis an Eaglais, óir ba mhór an lá óil é d'éis oíche an tine chnámh.” (De Bhaldraithe 1982, 113)

Bhí an Eaglais go mór i gcoinne Lá Fhéile Stiofáin chomh maith agus ní raibh aon ghlacadh acu le leanúint lucht an dreoilín, agus dealraíonn sé go bhfuil Amhlaoibh in aontú leo: “Grathain an bhaile ag imeacht ó dhoras go doras, le dreoilín i gcrann cuilinn,

ag iarraidh airgid chum bheith ar meisce um dheireadh lae. Is olc an nós a thabhairt dóibh é.” (De Bhaldraithe 1982, 52) Baineadh sochraidí le holáchán freisin agus bhunaigh an Eaglais smacht chun iompar ainrialta a sheachaint iontu. Maíonn Keenan gur faoi 1865, bhí reifirméisean na moráltachta curtha i bhfeidhm acu, i gceantair thuaithe ar a laghad:

The gatherings and the merrymakings which led to drunkenness and immorality were discouraged. The idleness, parent of vice, in which the holidays of the Church used to be passed has been changed into close attendance at chapel, and from this change visible advance in the orderly and decorous habits of the people has resulted. (Keenan 1983, 75)

Leanadh é seo leis An Ghluaiseacht in aghaidh an Ólacháin, ag cur chun cinn staonadh ón ólachán agus leanúint ar aghaidh le rannphairtíocht sna sacraimintí. Ar ndóigh, níor rud riachtanach é an geall a thógaint agus níor theastaigh ón Eaglais é a dhéanamh riachtanach. In ionad é seo, chuir siad an staonadh agus an geall chun cinn mar rud a thaispeánfadh dílseacht agus suáilce, fé mar a mhíníonn Malcolm:

The total-abstinence pledge could thus be taken as an act of charity, for the sake of others who might be encouraged by the example of so generous a sacrifice to imitate that devotion. While temperance was therefore expected of all Catholics, total abstinence in this context became an especially pious act, the sacrifice made by a truly ardent believer. The emphasis was being shifted from total abstinence as a sign of weakness or immaturity to total abstinence as a sign of spiritual devotion. (Malcolm 1982, 11)

Dúirt Ó Ciosáin faoi dheireadh an ochtú haois déag: “The Catholic Church in most places was functioning primarily in English.” (Ó Ciosáin 1997, 167) Maíonn Keenan gur théarmaí inmhalartaithe iad ‘Éireannach’ agus ‘Caitliceach’ agus gur mhinic a maíodh “I am not an Englishman, because I am a Catholic” nó “Oh; he is an Irishman, he is a Catholic.” (Keenan 1983, 28) Ag smaoineamh ar cé chomh cumhachtach is a bhí an Eaglais ag an am, bhraith dul chun cinn nó meathlú na Gaeilge i gceantair le dearcadh an tsagairt pharóiste ina leith go minic.

Cé go ndeirtear go raibh ceangal an-láidir idir í agus an Ghaeilge, ní i bhfad ó locht í an Eaglais sa mhalartú teanga. Caitlicigh mhéanaicmeacha ab ea formhór na sagart sa naoú haois déag, nó mar a dtagraíonn Donal Kerr dóibh, tháinig siad as teaghlaigh: “who can afford meat to dinner.” (Kerr 1982) Luann Keenan go raibh £200 ag teastáil chun oideachas a thabhairt do bhuachaill a bhí ag iarraidh dul le sagartóireacht. (Keenan 1983, 61) Ba chainteoirí Gaeilge ó bhreith iad formhór na gCaitliceach. Mar gheall air sin, is ábhar conspóide é an easpa ama a chaití ar an nGaeilge, chomh maith lena stádas íseal, i Maigh Nuad, áit a bhfreastalaíodh tromlach na sagart air chun a gcuid oiliúna a bhaint amach.³¹ Tugann cuntas Thómais Uí Fhiaich ar an Athair Séamus Ó Maoltaile, Ollamh le Gaeilge ó 1828 go dtí 1876, tacaíocht do seo:

Bhíodh an Ghaeilge á múineadh sa dara bliain Diagachta, ach bhí sé de nós ag cuid de na heaspaig a gcuid mac léinn a shaoradh ó bheith ag freastal ar an rang, agus níor fágadh aige ach timpeall caoga mac léinn gach bliain. (Ó Fiaich 1972, 63)

Tugann Ó Cuív líon na mac léinn le Gaeilge i Maigh Nuad i leith dhaonáireamh na bliana 1851: “The remarkable fact is that at most only 45% of the students and staff of the College (Maynooth) can have registered themselves as Irish speakers.” (Ó Cuív 1993, 23) Níor cuireadh tábhacht an chultúir Ghaelaigh in iúl ann ach oiread.³²

Tugann an tuairisc *The Twenty-Fifth Annual Report of the London Hibernian Society* sa bhliain 1831 léargas ar an dtionchar cumhachtach a bhí ag an gcléir ar dhaoine:

If schools for instruction in the Irish Language were opened in those districts, where the population, for the most part, speak only that language, I do not think that they would be well attended; as persons are, so far as I know entirely Roman Catholics; and from the remoteness of their situation, and very gross ignorance, are completely

³¹ Soláthraíonn Maureen Wall an fáth nár caitheadh a lán ama ar an nGaeilge ann: “Maynooth College, which was founded in 1795, went with the tide of English. As a government-aided institution it could hardly have done otherwise, and from it English-speaking priests often went to minister in Irish-speaking districts.” (Wall 1969, 85)

³² Féach ar aiste Uí Thuathaigh ‘An Chléir Chaitliceach, an Léann Dúchais agus an Cultúr in Éirinn c.1750-c.1850’ i *Léann na Cléire: Léachtaí Cholm Cille XVI, lch. 127* agus an plé a dhéanann sé ar an gcruicéad i Maigh Nuad.

under the dominion of their Priests, who would oppose such schools by every means in their power. The peasantry would not send their children to such schools publicly, in opposition to the Priest. (Society 1831, 37-38)

Chuir Oliver MacDonagh síos ar dhearcadh na sagart ina leith: “conversely, Gaelic had become associated with ignorance, indigence, struggle and distress... The bulk of the clergy probably shared the peasant attitude that Gaelic was the badge of poverty and failure.” (MacDonagh 1985, 104-107) Bhí tionchar acu dá bharr i bhforleathnú na litearthachta sa Bhéarla. Tugann De Fréine le fios dúinn cé chomh láidir is a bhí cuid de dhearcthaí na sagart in áiteanna: “children admitted to speaking Irish as a sin in the confessional.” (De Fréine 1978, 73)

Ní raibh tionchar na cléire go léir diúltach áfach. Tuigeadh do chuid acu go raibh nasc idir caomhnú na Gaeilge agus caomhnú an Chaitliceachais. Ba í an Ghaeilge an t-aon slí a bhí acu uaireanta cumarsáid a dhéanamh lena bparóistigh. Míníonn Ó Tuathaigh: “bhí an Ghaeilge- nó eolas éigin uirthi- ag teastáil má bhí an sagart nó an t-easpag ag iarraidh dul i gcion ar phobal arbh í an Ghaeilge an t-aon teanga a thuigeadar.” (Ó Tuathaigh 1986) Deir Ó Conchúir chomh maith gur thuig cuid acu “gurbh í an Ghaeilge an chosaint ab fhearr ar an bProtastúnachas.” (Ó Conchúir 1982, 226). D’oibrigh Dónall Ó Súilleabháin mar shagart in Iarthar Chorcaí agus is sampla é de shagart a raibh cion aige ar an nGaeilge. Soláthraíonn Ó Conchúir cuntas uaidh ó 1834:

To the study of the Irish language I have devoted much of my time from my boyhood, as well as a respect for that venerable and elegant language, as with the view *to make myself useful to the people*, to whom religious instruction can be communicated through no other medium with slender means, and very little encouragement, my Irish library could not be very extensive. (Ó Conchúir 1982, 180)

Caithfear a rá gur ghrúpa mionlach ab ea sagairt cosúil leis seo áfach. Bhí an tEaspag Ó Murchú, a bhí ina chónaí i gCorcaigh sa chéad leath den naoú haois déag, ar dhuine a sholáthair pátrúnacht do shaothrú na Gaeilge agus bailitheoir leabhar ab ea é chomh maith. Dar le Ó Tuathaigh, ba í an chléir Chaitliceach na patrúin ba líonmhaire agus ba

thábhachtaí ó thaobh chaomhnú an léinn dúchais de. (Ó Tuathaigh 1986, 111) Níor chainteoir ó dhúchas é ach d'fhoghlaim sé an Ghaeilge de bharr a phoist:

You will think it odd, that until the age of forty years, I was totally unacquainted with the Irish language. But upon my being consecrated Bishop of Cork, I felt it a duty of conscience to learn that language, and thereby to be able to examine, in the Irish Catechism, such persons as should be presented to me for confirmation. (Ó Conchúir 1982, 223)

Rinne na sagairt a raibh cion ar an nGaeilge acu iarracht a seanmóirí a thabhairt i nGaeilge, nó sa dá theanga fiú. Chomh maith leis sin, mar chuid den réabhlóid dheabhóideach, bhí an Eaglais ag soláthar litríochta deabhóidí Gaeilge chun daoine a mhealladh i dtreo nósanna morálta a bhí ag teacht leis an gCaitliceachas, fad is a bhí siad ag freastal ar an teanga ag an am céanna. Ba mhar thoradh air seo a d'fhorbair cuid dá spéis in obair na lámhscríbhinní agus i bhfoilsíú leabhar.³³

B.5 Líon na gCainteoirí sa Naoú hAois Déag

Chun cuntas a chur le chéile ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gceantracha na scríbhneoirí tuaithe bhain mé úsáid as an taighde mór a rinne Garret FitzGerald ar chainteoirí Gaeilge sna barúntachtaí éagsúla timpeall na tíre idir na blianta 1771-1871 dar teideal *Estimates for Baronies Minimum Level of Irish-Speaking Amongst Successive Decennial Cohorts: 1771-1781 to 1861-1871* (1984). Chomh maith leis seo, d'úsáid mé an leabhar *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois Déag* (1994) le Mairéad Nic Craith, a bhfuil cuntas ann ar an nGaeilge i gCorcaigh sa naoú haois déag. Díríonn Nic Craith ar bharúntachtaí ar leith chomh maith ina staidéar. D'fhéach mé ar an leabhar *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900* le Breandán Ó Madagáin chomh maith. Pléann sé Co. Luimnigh mar Ghaeltacht agus mar Bhreac-Ghaeltacht ó 1700 anuas go dtí 1900. Bhí

³³ Féach ar aiste Uí Thuathaigh 'An Chléir Chaitliceach, an Léann Dúchais agus an Cultúr in Éirinn c.1750-c.1850' in *Léann na Cléire: Léachtaí Cholm Cille XVI* (1986) lgh. 110-139 agus an plé a dhéanann sé ar na hábhair nach raibh baint ag an gcléir leo.

Maigh Chromtha mar chuid de bharúntacht Iarmhúscraí, An Gleann Garbh mar chuid de bharúntacht Bhéarra, An Ráth Mhór mar chuid de bharúntacht Mhaigh gCoinchinn agus An Gort Breac mar chuid den bharúntacht Dhún Ciaráin Theas. Thabharfadh figiúirí ó na barúntachtaí seo an pictiúr is fearr maidir le líon na gcainteoirí i gceantair dhúchais na scríbhneoirí.

Is mór an luach a bhaineann leis an taighde a rinne na daoine seo, ach, ar ndóigh, ní féidir na figiúirí go léir atá mar chuid den taighde a thógaint mar fhigiúirí cruinne ach oiread. Ní thugtar sa taighde seo ach líon na gcainteoirí sna barúntachtaí éagsúla, agus, mar sin, ní féidir teacht ar fhigiúirí maidir le bailte faoi leith in aon chor. Áitíonn Nic Craith nár chóras sásúil é na barúntachtaí, agus mar sin ní féidir comparáid chruinn a dhéanamh idir na barúntachtaí éagsúla idir na tréimhsí éagsúla:

Ar an gcéad dul síos, ceantair mhóra ab ea roinnt de na barúntachtaí seo agus na mílte daoine ag cur fúthu iontu... Níl amhras ach gur aonad rómhór í an bharúntacht, go háirithe nuair nach fios dúinn cén áit go cruinn ba mhó a raibh cónaí ar na Gaeilgeoirí. D'fhéadfaidís uile a bheag nó a mhór a bheith ag cur fúthu i gcuid amháin den bharúntacht, abair, agus Béarlóirí scartha amach uathu i gceantair eile. (Nic Craith 1994, 74)

Chomh maith leis seo, ceaptar gur ábhar conspóide é líon na gcainteoirí toisc go n-áitítear gur chuir leagan amach na foirme don daonáireamh isteach ar na torthaí. Mar aon leis seo, scriosadh formhór na bhfoirmeacha a líonadh isteach sa naoú haois déag fé mar a léiríonn ráiteas Adams:

The original papers of the 1851 census were destroyed in the Four Courts fire in 1922, except for some portions which at the time were out on loan. The original census papers from 1861 to 1891 were pulped down for wastepaper in 1918. (Adams 1973, 55)

Idir na blianta 1851 agus 1871, níor tugadh aon spás ar leith do cheist na Gaeilge ar an bhfoirm. Míníonn Nic Craith nach raibh ach fo-nóta amháin ar an bhfoirm, áit ina mbreacadh an duine “Gaeilge” nó “Gaeilge agus Béarla” síos. (Nic Craith 1994, 96) Dá

bharr, tharlódh sé nach bhfaca daoine an cheist nó nár bhac siad léi toisc nár tugadh spás ar leith don fhreagra.

Gné eile a chuir isteach ar na torthaí ab ea meon na ndaoine- sé sin an drochmheas a bhí ag mórán daoine ar an nGaeilge. Ní raibh fonn ar chuid acu a admháil go raibh cumas Gaeilge acu mar níor bhain sí le stádas nó le dul chun cinn. Déanann FitzGerald cur síos air seo:

The prevailing attitude of hostility towards the language on the part of the public authorities and the desire of many parents to ensure that their children were English-speaking would, if anything, have tended to encourage understatement of the capacity to speak Irish by members of the family of a householder answering census questions, and there was then no countervailing inducement to overstatement. (FitzGerald 1984, 121)

Deir Mac Adam an rud céanna i leith dhaonáireamh na bliana 1851, mar shampla, sa mhéid is gur cheil muintir Chúige Uladh a gcumas sa Ghaeilge, agus dá bharr, níor chóir dúinn glacadh leis gurbh fhigiúirí cruinne iad seo:

It is well known that in various districts where the two languages co-exist, but where the English now largely predominates, numbers of individuals returned themselves as ignorant of the language, either from a sort of false shame, or from a secret dread that the Government, in making this enquiry had some concealed motive, which could not be for their good. Their native shrewdness, therefore, dictated to them that their safest policy was to appear ignorant of the unfashionable language. For this reason, we may add very considerably to the number given by the Census. (Mac Adam 1858, 172)

Mar aon leis seo, bhí daoine den taobh eile ann a bhí ag insint bréige faoina gcumas Gaeilge toisc nár mionsonraíodh aon leibhéal Gaeilge ar an bhfoirm. Rinneadh athrú air seo sa bhliain 1881, agus tugadh colún ar leith do cheist na Gaeilge. Deir Nic Craith go gceaptar go bhfuil ceatadáin na bliana seo níos cruinne ná na cinn a tógadh sna daonáirimh roimhe seo dá bharr. (Nic Craith 1994, 96)

Ó 1831 go 1841, chonacthas meathlú géar i measc na n-óg i gcuid mhaith de cheantair na tíre, ceantair ina raibh meathlú mall tuairiscithe iontu roimhe sin. (FitzGerald 1984,

128) Leagtar milleán ar chóras na scoileanna náisiúnta don laghdú suntasach seo. Deir

FitzGerald:

The general picture for the period 1801-1811 to 1831-1841 is thus one of Irish maintaining itself only in areas upto about thirty miles inland from the south and west coasts, with inroads beginning to be made even in these regions, in South Cork and hinterlands of the Shannon estuary, Galway, Westport and Ballina. (FitzGerald 1984, 128)

Chomh maith leis seo, míníonn FitzGerald go raibh meathlú le sonrú timpeall an cheantair gar don phort i gCorcaigh agus do phoirt eile, de bharr riachtanas an Bhéarla chun gnó a dhéanamh. (FitzGerald 2003, 201)

De réir na bhfigiúirí atá ag Nic Craith ar Chorcaigh, is léir go raibh difríocht mhór idir ceantair éagsúla i leith labhairt na Gaeilge. Deir sí:

Tuigtear dúinn ón méid sin gur scéal casta é meath na Gaeilge tríd síos. Bíodh is go raibh an teanga ag dul in éag ar chuma éigin sna barúntachtaí uile i gContae Chorcaí i gcaitheamh na naoú haoise déag, is cinnte nárbh ionann an cur amach ar Ghaeilge i measc an phobail in aon dá cheantar. Ina theannta sin, tuigtear dúinn nach de réir an phátrúin chéanna ná ar comhlúas a bhí an meath ar siúl sna barúntachtaí difriúla. (Nic Craith 1994, 78)

Dá dtógfaí barúntacht Uí Laoghaire, Iarmhúscraí mar shampla, de réir na bhfigiúirí, bhí Gaeilge ag 89.69% de mhuintir na barúntachta idir na blianta 1781-1791, 88.30% idir 1791-1801, 89.78% idir 1801-1811, 88.54% idir 1811-1821 agus laghdaigh an figiúr seo go dtí 61.42% idir na blianta 1841-1851 de réir dhaonáireamh na bliana 1851. Dá gcuirfí an bharúntacht seo i gcomparáid le Béarra, barúntacht an Ghruagaigh, ba mhór an difríocht a d'fheicfí. Idir na blianta 1781-1791, bhí Gaeilge ag 69.14% de mhuintir na barúntachta, 71.62% idir 1791-1801, 68.61% idir 1801-1811, 68.06% idir 1811-1821 agus 44.63% idir 1841-1851. (Nic Craith 1994, 76) Soláthraíonn FitzGerald staitisticí ar íosleibhéal labhairt na Gaeilge i mbarúntachtaí éagsúla freisin. Idir na blianta 1821-1831 mar shampla, bhí an figiúr seo ag 98% i mbarúntacht Chonáin Mhaoil, Dún Ciaráin Theas, ach laghdaigh sé go dtí 72% idir na blianta 1861-1871. Tá an rud céanna le

feiscint i mbarúntacht Uí Dhuinnín. Idir 1821-1831 bhí an figiúr seo ag 90% ach laghdaigh sé go dtí 27% idir na blianta 1861-1871. (FitzGerald 1984, 133)

Idir an tréimhse 1831-1841 agus 1861-1871, maíonn FitzGerald gur líon beag ceantair a bhí ann nár chaill cainteoirí óga: “These unaffected areas comprised of the Aran Islands, north-west Galway and parts of Galway immediately east and north of the city itself, as well as the barony of Erris in north-west Mayo.” (FitzGerald 1984, 129) Ní raibh ach an Ghaeilge amháin fós labhartha ag roinnt daoine óga i gCúige Mumhan áfach: “the only areas of Munster in which Irish was spoken by 60% or more of the young were the Decies in Waterford, the Bear peninsula in Cork, west Kerry and north-west Clare.” (FitzGerald 1984, 129)

Cuireann FitzGerald tionchar an Ghorta ar líon na gcainteoirí ar an iomlán in iúl dúinn: “In this 1851 census almost 5% of the total population, and 21% of the Irish-speaking population, were recorded as monoglot Irish-speakers.” (FitzGerald 1984, 151) Má thógtar Luimneach mar shampla, maíonn Ó Madagáin gur laghdú 73,000 ar dhaonra iomlán an chontae agus meathlú 72,000 ar líon na nGaeilgeoirí a tharla idir na blianta 1841-1851. (Ó Madagáin 1974, 14) Ba ó 1851 ar aghaidh a tugadh an dátheangachas faoi deara sa tír le líon na ndaoine a bhí ag dearbhú go raibh cumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla acu.

Is féidir é sin a thacú leis an tábla a sholáthair FitzGerald ina thuairisc. I 1851, as daonra de 6,552,385, ní raibh ach Gaeilge amháin ag 319,602 díobh agus Gaeilge agus Béarla ag 1,204,684 díobh. Chuaigh an líon seo i léig le himeacht na mblianta. Sa bhliain 1881, ní raibh ach 64,167 cainteoirí Gaeilge fágtha agus 885,765 le cumas Gaeilge agus Béarla as 5,174,836 duine. (FitzGerald 1984, 140) Cé gur laghdú mór leanúnach atá le sonrú

idir na blianta seo, tá sé ríshoiléir chomh maith go raibh an lámh in uachtar go huile is go hiomlán ag an mBéarla faoin am seo.

Anuas air seo, feictear difríocht mhór idir líon na gcainteoirí sna ceantair thuaithe agus sna cathracha. Soláthraíonn Ó Madagáin staitisticí ar Luimneach, mar shampla, ó 1851 ag léiriú é seo: bhí 77,982, nó 37.4% den daonra, ina nGaeilgeoirí i gCo. Luimnigh, ach sa chathair ní raibh ach 4,204, nó 7.9% de phobal na cathrach, le cumas Gaeilge. (Ó Madagáin 1974, 13) Tuairiscíonn Nic Craith an rud céanna maidir le Co. Chorcaí: “Bhíodh leibhéal na Gaeilge sna bailte níos ísle ná mar a bhí sna barúntachtaí.” (Nic Craith 1994, 86) Téann sí ar aghaidh, ag rá gur líon beag daoine a bhí ann nach raibh cur amach acu ar an mBéarla:

I gcás seacht gcinn déag de na barúntachtaí i gContae Chorcaí, bhí cur amach éigin ar Bhéarla ag 80% nó breis de na Gaeilgeoirí de réir dhaonáireamh na bliana 1851. Dhealródh sé ón daonáireamh a ritheadh deich mbliana ina dhiaidh sin go raibh eolas éigin ar Bhéarla ag 80% nó níos mó de na Gaeilgeoirí i bhfiche barúntacht sa Chontae. (Nic Craith 1994, 87)

É sin ráite, áfach, tugann Ó Cuív le fios dúinn: “County Cork, with 306,415 Irish speakers, had more than one-fifth of the total Irish-speaking population of Ireland” agus é ag labhairt faoi dhaonáireamh na bliana 1851. (Ó Cuív 1993, 26)

Tá anailís déanta ag FitzGerald ar líon na gcainteoirí Gaeilge i mbailte móra na mbarúntachtaí agus déantar comparáid idir líon na gcainteoirí Gaeilge sna bailte móra agus an líon sa bharúntacht ina hiomlán. Cuirtear Cill Airne i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn, agus Maigh Chromtha i mbarúntacht Iarmhuscraí san áireamh. Thabharfadh na figiúirí seo pictiúr maith de líon na gcainteoirí Gaeilge i gceantar Uí Dhuinnín agus Uí Laoghaire. Déanann sé comparáid idir líon na gcainteoirí Gaeilge ó 1851-1861. Má thógtar Cill Airne ar dtús, bhí 43% de dhaonra an bhaile idir 10-29 ag labhairt Gaeilge ann, i gcomparáid le 79% den aoisghrúpa céanna sa bharúntacht i 1851.

Bhí an Ghaeilge á labhairt ag 79% de dhaonra an bhaile idir 60-79 áfach, agus bhí an Ghaeilge á labhairt ag 90% de dhaonra na barúntachta ina hiomlán don aoisghrúpa céanna. Is féidir difríocht i bhfad níos suntasaí a fheiscint i ndaonáireamh na bliana 1861 idir an dá aoisghrúpa seo áfach. I 1861, laghdaigh an figiúr seo go dtí 13% i measc an aoisghrúpa 10-29 i gCill Airne, i gcomparáid le 67% de dhaonra na barúntachta. Bhí 28% den aoisghrúpa 60-79 fós ag labhairt na Gaeilge i gCill Airne, agus 81% den bharúntacht don aoisghrúpa céanna. (FitzGerald 1984, 146)

Feictear an laghdú céanna i Maigh Chromtha. I 1851, bhí labhairt na Gaeilge ann i measc 48% de dhaonra Mhaigh Chromtha idir 10-29, ach bhí 83% den daonra sa bharúntacht ag labhairt na Gaeilge. Bhí 70% de dhaonra an bhaile idir 60-79 ag labhairt na Gaeilge, agus 89% de dhaonra na barúntachta don aoisghrúpa céanna. I 1861, taifeadh 25% mar líon na gcainteoirí Gaeilge idir 10-29 i Maigh Chromtha, agus 62% mar líon na gcainteoirí sa bharúntacht, i gcomparáid le 57% don aoisghrúpa idir 60-79 sa bhaile, agus 76% de dhaonra na barúntachta. (FitzGerald 1984, 146) Taispeánann sé seo go raibh laghdú mór tar éis teacht ar líon na gcainteoirí i measc an aosa óig agus go raibh bearna shuntasach ann idir an aoisghrúpa seo agus an ghlúin níos sine.

Tugann FitzGerald cuntas ar líon agus laghdú na gcainteoirí Gaeilge le himeacht aimsire in áiteanna áirithe. Má thógtar Cúige Mumhan mar shampla, tá an laghdú seo le sonrú le 80% den daonra ina gcainteoirí Gaeilge i 1771-81, 57% i 1831-41 agus 21% i 1861-71. (FitzGerald 1984, 127) Tuairiscíonn sé líon na gcainteoirí aontheangacha i 1851 chomh maith: 1% i gCathair Chorcaí agus 15% i Múscraí Thiar, 0% i ngach cearn de Bhaile Átha Cliath seachas ceantar amháin agus 24% i gCathair na Gaillimhe agus 60% ar Árann. (FitzGerald, 1984) Ar an iomlán, bhí malartú marfach le sonrú faoi dheireadh na haoise. Deir Nic Craith ó 1891 ar aghaidh gur líon beag daoine a bhí ann nach raibh Béarla.

Míníonn FitzGerald gur chuir an imirce intíre isteach ar leibhéal Gaeilge na ndaoine sna ceantair éagsúla. Ba sna ceantair bhochta iargúlta ba mhó a raibh an Ghaeilge go forleathan iontu sa naoú haois déag agus thosnaigh sí ag dul i ndísc sna ceantair sin de réir a chéile fiú. Ba bheag an t-aistriú a tharla go ceantair iargúlta, agus dá bharr ba chainteoirí dúchais ó bhreith iad na daoine ar chónaigh iontu. (FitzGerald, 2003, 192)

Ba mhinic a bhog muintir na tuaithe go dtí na cathracha áfach chun post a lorg. Cainteoirí dúchais ab ea iad den chuid ba mhó agus bheadh athfhéachaint ag an imirce inmheánach seo ar líon na gcainteoirí i mbarúntachtaí éagsúla. Bhí cuid den aistriú ar bhonn buan agus cuid eile de mar chéim de phróiseas na himirce go dtí tíortha eile. (FitzGerald, 1984, 121)

Chuirfeadh rátaí mortlaíochta isteach ar líon na gcainteoirí freisin. Is é tuairim FitzGerald ná go raibh na rátaí seo i measc na mbochtán ón tuath, na daoine a raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu, ní ba mhó ná muintir na gcathracha, ar labhair an Béarla go príomha: “a consequent higher mortality rate amongst Irish-speakers would’ve tended to reduce rather than increase the numbers of Irish speakers relative to English-speakers especially in the higher age-groups.” (FitzGerald, 1984, 123)

Is cinnte go raibh na scríbhneoirí tuaithe mar fhinnéithe i dtréimhse thábhachtach na tíre. Maidir le Ó Laoghaire, Ó Duinnín, Conán Maol agus Gruagach an Tobair, bhí siad ag iarraidh pictiúr níos dearfaí de staid na teanga ina n-áiteanna dúchais a léiriú, chomh maith le háibhéil a dhéanamh faoi shaibhreas an chultúir a bhíodh le fáil iontu. Is cinnte gur ráitis impreisiúnacha a bhí mar chuid den saothar seo, rud a chuirfeadh isteach ar chruinneas na gcuntas teangeolaíochta atá le fáil uathu ina gcuid saothar. Uaireanta eile, áfach, faightear cuntais níos macánta agus níos cruinne ar chúrsaí teanga na háite, ach is minic a thagann a gcuid saothar salach ar a chéile. Mar sin is deacair glacadh le cén

ceann atá fíor. Bhí an malartú teanga ar siúl sa tsochaí seo, le hidir Ghaeilge agus Bhéarla á n-úsáid. Tráchtann beathaisnéisithe an Duinnínigh air seo:

An Ghaeilge an teanga dhúchais a bhí ag an athair agus ag an máthair agus is í a bhí ina gnáth-theanga ag an gcuid ba shine de na páistí. Ach bhí beagán Béarla acu ó thosach agus is Béarla ar fad a bhí ag an gcuid ab óige den chlann. (Ó Conluain & Ó Céileachair 1958, 62)

Cuireann Briody leis seo, ag rá go raibh Ó Duinnín déanach i sealbhú na Gaeilge:

Although Dineen heard a lot of Irish spoken around him when he was growing up in Sliabh Luachra, he did not acquire a native-speaking facility in that language... Also note that when he first became active in the Gaelic League, around the age of 40, his spoken Irish was quite weak. (Briody 2005, 23)

Pé slí ina bhféachtar air, is cinnte go raibh mórchuid de phobal Shliabh Luachra tar éis ligean don Bhéarla an lámh in uachtar a fháil ar an nGaeilge. Tugann Moynihan figiúr maidir le barúntacht Uí Dhuinnín i Sliabh Luachra a léiríonn an laghdú ollmhór a tháinig ar chainteoirí Gaeilge ann: “In 1851 in the barony of Magunihy, the eastern section of which was in Sliabh Luachra, there were over 25,000 Irish speakers. By 1891, this had reduced to just over 7,000.” (Moynihan 2003, 99) Ba chúis náire í seo don Duinníneach. Níl aon cheist faoi ach go raibh sé den tuairim gur thréig a mhuintir féin a dteanga agus a gcultúr, nó go raibh siad ar tí fáil réidh leo, agus tá sé seo le brath ina shaothar liteartha. Sampla de seo is ea *Beatha Eoghain Uí Shúilleabháin (1902)*.

Is ionann an Béarla agus aicíd intinne eachtrannaí de réir an Duinnínigh, agus de réir chuid de scríbhneoirí a linne, fé mar a deir sé ina chnuasach léachtaí *Lectures on the Irish Language Movement (1904)*: “The countryman, whose father and grandfather revelled in the Irish language, composed extempore verses, and flashed off sprightly repartees in that language, now speaks only English, and has lost his vigour of mind.” (Ua Duinnín 1904, 27) Chuir Úna Ní Fhaircheallaigh síos ar an mBéarla sa tslí chéanna; “an inward cancer that is eating away the heart and soul of Ireland” is ea an cuntas a

thug sí air. (O'Farrelly 1901, 3) Cuireann Ó Duinnín tionchar an Bhéarla agus cailliúint na Gaeilge i láthair mar fhadhb shíceolaíoch, agus go mbaintear buairt intinne lena thionchar: “Is inmheasta gur b’ é cailliúint ár dteanga dílse fá deara dúinn bheith chomh dúr, daoithiúil sin. Níl an teanga Ghallda- san chuma ina bhfuil sí againn ar aon shlí-oiriúnach chun greann, ná scléip, ná filíocht d’fháscadh aisti.” (Ua Duinnín 1904, 19)

Is beag an trácht a fhaighimid ar a mhuintir féin, agus in ionad chás na Gaeilge sa cheantar a phlé, bíonn sé de nós aige díriú isteach ar an dream Gaelach a mhair rompu. Is é a thuairim gur chúis bróid ab ea iad, a bhí go mór i bhfábhar na Gaeilge agus a léirigh fíordhílseacht dá gcultúr: “D’ aithneoidís dán dea-chumtha tar a mhalairt. Bhí a gcuid comhrá lán do ghliceas is do thagracht. Is beo blasta beo-abaidh an úrlabhra do scéitheadh as a mbéal.” (Ua Duinnín 1902, 18) É sin ráite áfach, ní cuntas cruinn teangeolaíoch é seo ar an tréimhse seo ach oiread, óir is cinnte go bhfuil sé ag iarraidh a bheith impréisiúnach lena chur síos ar an dream seo freisin.

Is féidir an rud céanna a rá maidir le dírbheathaisnéis Uí Laoghaire, *Mo Scéal Fein* (1915). Ní dhéantar an iomarca tráchta ar chúrsaí teanga sa leabhar. Mar gheall air seo, is deacair teacht ar thuairim faoi chúrsaí cultúrtha is teanga na háite agus é ina bhuachaill óg. Tugtar le fios dúinn go raibh Béarla agus Gaeilge ón gliabhán aige: “Má bhí caoi mhaith agam ar an nGaeilge bheith agam ar áilleacht ón gcéad nóiméad ar thosaigh caint ar theacht dom, bhí caoi mhaith agam, leis, ar Bhéarla bheith agam ar an áilleacht chéanna díreach, ón gcéad nóiméad céanna.” (Ua Laoghaire 1915, 29) Bhí Gaeilge líofa ag a mháthair, agus is mar gheall air seo a bhí greim faoi leith aige ar an dá theanga: “Má bhí Béarla maith ag mo mháthair agus tabhairt suas maith uirthi, bhí an Ghaeilge aici ar áilleacht, leis.” (Ua Laoghaire 1915, 31) Gaeilge amháin a bhí ag cuid mhaith de mhuintir an cheantair seo agus Peadar ag fás aníos, fé mar a léirítear i gcuntas a thugann sé ar chomharsa, Peig, a raibh cónaí uirthi gar dóibh sa bhaile: “Seanbhean dheas

ghrámhar ba ea í...Ní raibh aon fhocal Béarla aici, ach bhí Gaeilge an-bhreá, an-bhlasta aici.” (Ó Laoghaire 1915, 17) Luann sé, áfach: “Bhí an Ghaeilge ag na daoine bochta go léir. Ní raibh sí ag na huachtaráin, nó ní raibh sí acu ach go holc.” (Ó Laoghaire 1915, 38) Cosúil le Ó Duinnín, is amhlaidh gur fhéach sé ar chailliúint na teanga mar rud fíordhiúltach sa tagairt seo agus go mbeadh tionchar aige ar fhéiniúlacht na nGael dá bharr:

Níor thuig aon duine an uair sin an díobháil bhunaidh a dhéanfadh sé do chine Gael an Ghaeilge a imeacht uathu; gur mhar a chéile dóibh é agus a nádúr féin a imeacht astu amach. Níor thuig aon duine an léirscrios marfach a bheadh ar an aigne Ghaelach nuair a bheadh an Ghaeilge imithe. (Ó Laoghaire 1915, 183)

Déanann sé ráiteas amhrasach i leith Ghaeilge a bparóisteach i gCill Sheanaigh, Co. Chorcaí agus é ina shagart ann sa bhliain 1867. Deir sé go raibh Gaeilge mar theanga na ndaoine ann, ach dar le staitisticí Nic Craith, ní fíor é seo in aon chor. Dar le daonáireamh na mblianta 1851-1861 in IarMhuscraí, ní raibh ach 1,519 duine le Gaeilge ann, nó 23.42% den daonra. (Nic Craith 1994, 77) Mar gheall air seo, is cinnte go bhfuil áibhéil i gceist anseo. Tá an figiúr seo níos airde ná áiteanna eile i gCorcaigh sa tréimhse chéanna, ach ní fíor go raibh sí chomh forleathan is a mhaíonn sé a bhí sí ann. Deir Máirín Ní Dhonnchadha chomh maith: “Ní thugann sé puinn sonraí ar chómhthéacs náisiúnta Ghluaiseacht na Gaeilge ach an oiread, agus tá cuma an dithnis ar na caibidlí gearra i ndeireadh an leabhair a bhaineann leis an nGluaiseacht.” (Ní Dhonnchadha 2015, 131)

Tá éachtaint ar chúrsaí teanga na háite pléite i scéal dar teideal ‘Seaghán agus Mícheál’ sa chnuasach gearrscéalta *An Buaiceas* (1903) le Conán Maol ón gcumarsáid idir máthair Sheagháin agus an múinteoir Mícheál agus í ag tabhairt Seaghán ar scoil dá chéad lá. Ní fios, ach is cosúil go bhfuil an scéal lonnaithe i gceantar dúchais Chonáin Mhaoil. Tá bac teanga an-soiléir ó thús an imchomhraic, leis an múinteoir ag ligean air

féin nach bhfuil Gaeilge aige cé nach bhfuil ach cumas Gaeilge amháin ag máthair Sheagháin. Cuireann sé seo náire ar Sheaghán toisc nach féidir lena mháthair an múinteoir a thuiscint, agus soláthraítear sampla de seo nuair nach dtagann freagra na máthar le ceist an mhúinteora: ““Cad is ainm do’n spriósán so agat?” ar an máighistir i mBéarla. “Teach deas cluthmhar is eadh é!” ar sí.” (Ó Séaghdha 1903, 78) Tosnaíonn páistí ag gáire de bharr a heaspa tuisceana, ag tabhairt le fios dúinne gur cosúil go raibh cumas sa dá theanga acu. Léiríonn sé seo an meon comónta a bhí ann freisin i leith daoine a bhí aineolach ar an mBéarla, go háirithe i measc an aosa óig.

Ní thugtar aon eolas ar chúrsaí teanga i saothar an Ghruagaigh in aon chor agus mar gheall air seo is deacair teacht ar thuairim faoi cé chomh beo is a bhí sí ann. Cabhraíonn tuairisc a scríobh múinteoir sa Ghleann Garbh do The Society for the Prevention for the Irish Language i 1895 le léargas a fháil air áfach:

Every grown person in this neighbourhood speaks Irish quite well; and with many of them it is their only language. A large influx of tourists every summer helps to turn the people away from it, and all other things purely Irish. (Ó Sé 1895, 24)

B.6 Oideachas agus Litearthacht

Ba ghné dhíobhálach é an córas oideachais ó thaobh na Gaeilge de sa naoú haois déag. Bhunaigh an stát Córas na Scoileanna Náisiúnta sa bhliain 1831. Bhí a fhios ag Rialtas na Breataine go raibh orthu rud a dhéanamh chun dul i ngleic leis na scoileanna scairte a bhí go forleathan sa tír. Deir Ó Háinle go raibh idir trí agus ceithre chéad míle dalta ag freastal ar na scoileanna scairte timpeall 1824-5, agus bhí siad fós i bhfeidhm nuair a cuireadh Córas na Scoileanna Náisiúnta ar bun. Thóg sé timpeall triocha bliain chun deireadh iomlán a chur leo. Chomh maith leis seo, deir sé nach raibh aon Bhéarla ag tromlach na múinteoirí san ochtú haois déag, agus bhí siad fós ag caomhnú na Gaeilge mar sin, ach bhí múineadh an Bhéarla in uachtar sa chuid ba mhó acu sa chéad leath den naoú haois déag. (Ó Háinle 1994, 747) Le Córas na Scoileanna Náisiúnta, bhí páistí

Caitliceacha agus Protastúnacha araon ag fáil oideachais san ionad céanna. Dar le Lee, bhí 4,500 scoil agus 500,000 dalta faoina gcúram i 1848. (Lee 1973, 27)

Ní raibh gach duine sa tír ina choinne, áfach, óir bhí tromlach na sagart agus na n-easpag go mór i bhfábhar an chórais toisc gur faoi smacht na hEaglaise a bheadh cuid mhaith de na scoileanna. Faoi seach, bheadh múineadh an Chaitliceachais de chaighdeán níos airde le fáil iontu. Bhí teanga na ndaoine ag dul ar ceal agus d'fhéach siad air seo mar dheis chun an “identity crisis,” fé mar a dtagraíonn Larkin dó, a réiteach faoi athbheochan de shaghas éigin a bhaint amach trí chreideamh. (Larkin 1972, 650)

Cuireadh cosc ar an nGaeilge mar ábhar sna scoileanna. Níos aimhleasaí arís, cuireadh iallach ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí Béarla a úsáid mar mheán cumarsáide agus treoraigh sa seomra ranga, gníomh a d'fhág páistí ag fáil oideachais trí theanga nár thuig siad. Deir Denvir:

Although the beginning of the intense language shift predates the founding of the National Schools in 1831 by some thirty to fifty years, and although the hedge schools so beloved of the nationalist version of Irish history also functioned mainly through English, the state-established national school system was a strong active agent in the colonization process and was a major factor in cultivating cultural assimilation and political loyalty. (Denvir 1997, 47)

Tráchtann Crowley air seo freisin, ag déanamh an pointe go raibh laghdú na Gaeilge le sonrú roimhe chomh maith:

Faced by a political and clerical leadership which took little or no interest in Irish, and a system of education which used English as its medium, it seems hardly surprising that the Irish-speaking population should renounce its language. In fact, however, this was a process which had started many years before. (Crowley 2000, 134)

Bhí smacht curtha i bhfeidhm sna scoileanna ar pháistí chun cosc a chur orthu an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin agus iad a ghríosadh chun an Béarla a úsáid ina háit. An báta scóir an t-ainm a tugadh air, nó “The Murder Machine” de réir mar a dtagraíonn an Píarsach don chóras seo. (Ó Breasláin & Dwyer 1996, 19) Chrochtaí an bata seo

timpeall mhuineál an pháiste agus chuirí céim air gach uair a labhraíodh an páiste Gaeilge. Seo mar a chuimhnigh páiste a d'fhreastail ar scoil i nGaillimh air: “for every time he attempted to do so a new nick was put in his tally, and, when these amounted to a certain number, summary punishment was inflicted on him by the schoolmaster.” (Kiberd 1995, 143) Níorbh iad na múinteoirí amháin a bhí ag cur é seo i bhfeidhm, óir ba mhínic a bhí na tuismitheoirí ag obair as lámh a chéile. Tugann Greene sampla de seo, ag soláthar tuairisce ó William Wilde agus é ag tabhairt cuairte ar theach i gConamara:

The children gathered round to have a look at the stranger, and one of them, a little boy about 8 years of age, addressed a short sentence in Irish to his little sister, but, meeting the father's eye, he immediately cowered back, having, to all appearance, committed some heinous fault. The man called the child to him, said nothing, but drawing forth from its dress a little stick... put an additional notch in it with his penknife. (Greene 1972, 10)

Soláthraíonn Ó Danachair cuntas eile den sórt pionóis seo a cuireadh i bhfeidhm, cuntas bunaithe ar an méid ar chuimhnigh a sheanmháthair air le linn a laethanta scoile: “... on the finger-tips bunched together they slapped the little girls with a heavy piece of leather strap.” (Ó Danachair 1947, 60) Anuas air seo, tugann Denvir le fios dúinn an dearcadh a bhí ann i leith éadairbhe na Gaeilge agus gur maíodh i 1830: “...many parents who themselves usually speak Irish discourage their children from learning to read that tongue.” (Denvir 1997, 50) Tacaíonn cuntas eile ó Fleming i gCarraig na Siúire i 1874 le naimhdeas na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge: “Irish teaching in schools- especially in national schools- is almost an impossibility. The parents have no wish that their children should learn Irish.” (Fleming 1874, 3-4) Léirigh cigire scoile, an tUasal Betty i mBeantraí, go raibh tuismitheoirí i gcoinne na Gaeilge ann freisin:

To the last the parents, I believe, are generally opposed. Their rough common sense has taught them that however interesting and instructive the study may be to leisured philologists, historians and antiquarians, it would be a doubtful boon to children

whose hard-earned pittance in America or Ireland may frequently depend on a knowledge of English. (Commons 1884-85, 216)

Ar ndóigh, níor múineadh stair na tíre iontu ach oiread, agus ba rudaí bunaithe ar Shasana amháin a bhíodh á múineadh: “The schools were now under rigorous inspection of the central educational authority, and their aim was to produce good law-abiding British subjects.” (Wall 1969, 87) Eiseamláir is ea an líne seo a tógadh as cóipleabhar páiste ar an tslí a cuireadh gach rud a bhí ag baint le Sasana chun cinn: “Our own group of Islands forms a very small part of the British Empire. In lands in every part of the world the Union Jack floats to the breeze and tells of the authority of Queen Victoria.” (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981, 5) Tá an rud céanna fíor sa sliocht mórchúiseach seo a bhí á úsáid mar ábhar léitheoireachta sna bunranganna: “I thank the goodness and the grace/ That on my birth has smiled/ And made me in these Christian days/ A happy English child.” (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981, 5)

Ó thaobh na litearthachta de, bhí buntáistí ag baint leis an gcóras, ach ar mhaithe leis an mBéarla a bhí sé. Tháinig fás ar litearthacht sa Bhéarla toisc gurbh é an t-aon slí chun litearthacht d’aon sórt a fháil. Mhaígh cigire scoile, Patrick Keenan, i 1851, gur trí na scoileanna seo: “We are quietly but certainly destroying the national legend, the national music and the national language of the country.” (Denvir 2006, 549) Leanadh é seo le forbairt an chathraithe agus ardról an Bhéarla i saol na polaitíochta agus na heacnamaíochta. Le forbairt an chathraithe, d’athraigh an tsochaí agus d’ardaigh dúil na ndaoine i rudaí saolta is airgead, an caipitleachas ag brú isteach, dar le Ó Giolláin, rud nach raibh sa tsochaí thraidisiúnta:

Ní raibh dúil san airgead ag an duine sa tsochaí thraidisiúnta. Ba leor dó an bheatha a thuilleamh mar ba ghnáth leis. Bhí ar an gcaipitleachas troid i gcoinne na haigne sin chun torthúlacht na hoibre a mhéadú. Comharthaí sóirt sochaithe nua-aoiseacha ab ea an t-atheagrú ar an tairgíocht ar bhonn réasúnach agus cruthú maorlaithis stáit a rialaigh cuid mhór den saol sóisialta. Mar gheall ar réasúnachas an tsaoil nua-aoisigh agus ar mheath na sochaí traidisiúnta, chaill daoine an tuiscint traidisiúnta ar an saol

a thugadh saibhreas mothaitheach dóibh, rud a d'fhág easnamh mór dá uireasa. (Ó Giolláin 2005, 7)

Toisc nach raibh Gaeilge á múineadh sna scoileanna, ní raibh ach fíorbheagán ann a raibh litearthacht sa Ghaeilge acu. Tugann Greene sampla den líon íseal a bhí in ann an Ghaeilge a léamh i nDún na nGall i 1874:

In Donegal, for example, where Gallagher's *Sermons* had long been a popular devotional book, it was estimated in 1874 that only about a thousand people, out of an Irish-speaking population of well over seventy thousand, could read Irish and everywhere the few available books had to be read aloud if they were to reach the people. (Greene 1972, 14)

Tá an rud céanna á rá ag Lee nuair a mhaíonn sé go raibh 35% de mhuintir Chiarraí neamhliteartha i 1881. (Lee 1973, 82)

Tugann Ó Cuív le fios dúinn ó chuntas Whitley Stokes nach raibh ach timpeall 20,000 duine i 1806 in ann an Ghaeilge a léamh, as daonra de 1.5 milliún teaghlach Gaeilge. (Ó Cuív 1986, 381) Ba rud dosheachanta é, dá mbeadh laghdú i labhairt na Gaeilge, thioctadh laghdú ar litearthacht na teanga chomh maith. Admhaíonn Ó Ciosáin go raibh formhór na litearthachta sa Bhéarla, ach nach raibh cainteoirí Gaeilge go huile is go hiomlán neamhliteartha toisc go raibh ábhar Gaeilge fós le fáil sna lámhscríbhinní. (Ó Ciosáin 2005, 144)

Mar sin, is ríléir gur éirigh leis na Sasanaigh easpa measa a mhúscailt i muintir na tíre ar a dteanga is ar a gcultúr féin. Bhí an tionchar agus an dearcadh seo chomh forleathan is gur fhág scoláirí Gaeilge a gcuid paistí gan fhocal Gaeilge fiú, Seán Ó Donnabháin agus Eoghain Ó Comhraí ina measc:

O'Curry and O'Donovan established the basis for much of modern Irish-language scholarship... Moreover, although both were native speakers of Irish, and obviously emotionally and ideologically attached to the language as a scholarly discourse, neither O'Donovan nor O'Curry felt any attachment to the language as a medium of day-to-day communication. They always spoke English to one another and none of their children were able to speak Irish. (Denvir 2006, 559)

Cé nár fhreastail ach líon beag daoine ar an meánscoil sa tréimhse, rinneadh dochar don Ghaeilge ann freisin. Ba Chaitlicigh mhéanaicmeacha iad na daoine a d’fhreastail orthu den chuid is mó. Dá bharr, fágadh na tuathánaigh ina ndiaidh, gan aon deis acu litearthacht nó oideachas a fhorbairt. Dar le Lee: “The existing educational system was devoted to the defence of the social structure. Secondary schools and universities charged fees which placed them beyond the pockets of most citizens. Entry was effectively restricted to the socially comfortable classes.” (Lee 1989, 132) Tugann FitzGerald le fios dúinn chomh maith gur tugadh isteach riail i 1892 go raibh ar phaistí idir 6 bliana agus 14 bliana d’aois freastal ar scoil ar feadh 75 lá sa bhliain ar a laghad. Níor cuireadh an riail chéanna i bhfeidhm sna ceantair thuaithe go dtí 1898, ag taispeáint deighilt na n-aicmí sóisialta agus an tosaíocht den oideachas i measc na meánaicme uirbí. (O’Brien 2013, 40)

Ar an iomlán, ba bheag luach a tugadh don Ghaeilge i gcúrsaí oideachais, ag treisiú an tionchair a bhí ag teanga an choilíní ar dhul chun cinn sóisialta. Is féidir an ráiteas seo ó Ngugi a nascadh le cás na Gaeilge in Éirinn freisin: “English became the measure of intelligence and ability in the arts, the sciences, and all other branches of learning. English became the main determinant of a child’s progress up the ladder of formal education.” (Ngugi 1986, 11)

B.7 An Traidisiún Liteartha sa Naoú hAois Déag

Is cinnte go raibh bearna ann ó thaobh chúrsaí litríochta na Gaeilge de ach go háirithe san ochtú haois déag. Bhí seantéacsanna Gaeilge á seachadadh sna lámhscríbhinní go príomha in ionad litríocht nuachumtha agus ábhár úr nua a shaothrú agus a chur ar fáil do mhuintir na tíre- “a ‘rescue activity’ of scholars and translators”, is ea an cur síos a

thugann Denvir air. (Denvir 2006)³⁴ Is fíor go raibh an cultúr liteartha beo sa naoú haois déag, ach ba hiad na lámhscríbhinní ba mhó a bhí á saothrú, le níos mó díobh soláthraithe san aois seo ná aon aois eile: “the first half of the nineteenth century saw a quantitatively greater production of manuscripts and printed books in Irish than any other period, and a greater readership.” (Ó Ciosáin 2005, 138) Bhí siad ag fáil an lámh in uachtar ar an gcumadóireacht. Cuireann de Brún leis seo, go bhfuil timpeall 4,250 lámhscríbhinn a dtáinig slán go dtí inniu agus níor scríobhadh ach 400 díobh roimh lár an seachtú haois déag. (de Brún 1972, 16) Is fiú smaoineamh ar an méid a deir Denvir áfach i leith traidisiún na lámhscríbhinní:

The nineteenth century was a period of intense scribal activity in Irish... While accepting that many manuscripts of this late period were but loose collections of leaves, and that as the nineteenth century progressed so too did the amount of English material in the manuscripts... at the same time, there is unquestionably a vitality and a contemporary world-view in the scribal activity of the period that has not yet been sufficiently recognised or commented upon. (Denvir 2006, 560)

Luann Ó Conchúir gur deacair pictiúr cruinn a thabhairt den ochtú agus den naoú haois déag ó thaobh na scríobhaithe de mar: “Tá cuid mhaith saothar ó scríobhaithe nár tháinig slán agus an scrios a deineadh ar shaothar daoine eile agus díothú na lámhscríbhinní i gcoitinne san ochtú haois déag agus go háirithe sa naoú haois déag.” (Ó Conchúir 1982, 225). Is díol suime é an rud a deir Denvir chomh maith i leith na scríobhaithe agus conas a chuaigh an malartú teanga i bhfeidhm orthu: “This diglossia extended also to the literary and cultural world where most of the scribes and scholars and many of the poets were equally at home in both languages.” (Denvir 2006, 548)

³⁴ Cuireann na scríbhneoirí seo a leanas síos ar chúrsaí litríochta sa naoú haois déag chomh maith: Ó Ciosáin: ‘Gaelic Culture and Language Shift’ in: *A Guide to Recent Research* (2005) lch. 138, Ó Droighneáin: *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas (1936)* lch.8, Ó Tuathaigh: ‘An Chléir Chaitliceach, an Léann Dúchais agus an Cultúr in Éirinn c.1750-c.1850’. In: *Léann na Cléire: Léachtaí Cholm Cille XVI (1986)*

Toisc go mbíodh cúpla post ag scríobhaithe faoin am seo, cosúil leis an múinteoireacht, theorannódh é seo an méid ama a d'fhéadfaidís a chaitheamh ar shaothrú na litríochta, ag ligean dó dul i léig diaidh ar ndiaidh. Tógann Denvir muintir Uí Longáin mar shampla de seo:

The Ó Longáin family also illustrate another notable feature of the manuscript culture of the nineteenth century, which was the mobility of the schoolmasters and scribes who moved around the country as employment became available, whether it be teaching, labouring or transcribing for patrons, and this mobility facilitated the circulation and transmission of learning. (Denvir 2006, 563)

Tugann de Brún cur síos ar na hábhair a bhíodh le fáil sna lámhscríbhinní ag an am:

Sid é an sórt ábhair is gnáthaí iontu, ar iad a thógaint le chéile: téacsanna cráifeacha mar bheathaí naomh, seanmóirí, leabhair urnaithe agus tráchtas eile, ar aistriúcháin ó theangacha iasachta a bhformhór, dánta diaga etc.; cnuasaigh de ghinealaigh, cuid acu tabhartha anuas go dtí aimsir an scríobhaí féin, agus de scéalta staire mar Chuath Chluana Tarbh no Tóraíocht Cheallacháin Chaisil; laoithe agus scéalta Fiannaíochta, Rúraíochta agus rómánsaíochta; dánta, amhráin, burdúin agus ranna fáin, idir shean agus nua, roinnt acu neamhchoitianta go maith. (de Brún 1972, 19)

Bhí gá ollmhór ann do rud a dhéanamh chun dul i ngleic leis an easpa litríochta a bhí ann, rud a chuirfeadh isteach ar scríbhneoirí na hAthbheochana a bhí le teacht níos déanaí freisin. Ní raibh aon ábhar nua á shaothrú ag tús an naoú haois déag. Dúirt Ó

Háinle:

Ainneoin na tubaiste sa seachtú céad déag ar thug Dáibhí Ó Bruadair ‘tonnbhriseadh an tseanaghnáthaimh’ uirthi agus ainneoin thosca mífhábhra an ochtú céad déag, leanadh go rábach de shaothrú na litríochta Gaeilge le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, bhí easpa folláine ag baint léi, mar nach raibh múnlaí nua ag teacht chun cinn a bheadh ag réiteach le meon na linne... Faoi thús an naoú céad déag bhí seal na litríochta traidisiúnta Gaeilge tugtha agus níor chuir sí aon bhláth eile amach. Fág saothar Dháibhí de Barra, *Cín Lae* Amhlaoibh Uí Shúilleabháin, *Fealsúnacht* Aodha Mhic Dhomhnaill, agus fíorchorrdhán atá ar fónamh, páipéar bán is ea an naoú céad déag i dtaca le litríocht Ghaeilge de. (Ó Háinle 1994, 749)

Chuir sé isteach ar na tuathánaigh den chuid is mó toisc gur fágadh iad le beag saothair agus acmhainní Gaeilge chun aon léann nó féintheagasc a dhéanamh, cé nach raibh léamh nó scríobh na Gaeilge ag an tromlach ar aon nós. Ní raibh ach an Ghaeilge i mbéal

na dtuathánach go príomha. Míníonn píosa ó Davis a scríobhadh in *The Nation* an toradh a bhí ag easpa litearthachta ar na daoine:

The poorer are left to the newspaper, and the meeting, and an occasional serial of very moderate merits. That class, now beoming the rulers of Ireland, who have taste for higher studies, but whose means are small, have only a few scattered works within their reach, and some of them, not content to use these exclusively, are driven to foreign studies and exposed to alien influence. (Deane 1986, 76)

Bheadh an gníomh seo an-tubaisteach ó thaobh íonacht a dteanga agus a n-oidhreacht de. Tugtar cuntas ó Leerssen ar thábhacht an chainteora dúchais: “The symbolic importance of the Native Speaker is not so much that he should speak Irish, but rather that he speaks no English. The ignorance of English is idealised as a lost state of pristine purity, virgin, unsullied authenticity.” (Leerssen 1996, 197)

Thosnaigh daoine ag cur suime i litríocht na Gaeilge sa chéad, ach míníonn Nic Eoin an t-athrú seo agus í ag tógaint Cill Chainnigh mar shampla, ag rá gurbh amhlaidh gur scoláirí amháin a bhí ag cur na suime seo inti:

A shift from the status of Irish as a living language among the general population to that of a symbolic code to be collected, studied, and treated as a subject of antiquarian interest by a growing body of well-to-do scholars. (Nic Eoin 1990, 465)

Ní ceart a rá ag an am céanna go raibh an Ghaeilge agus a litríocht go huile is go hiomlán marbh, de réir mar a fhéachtar ar an tréimhse seo go minic, áfach, óir bhí sí fós beo i gcuid de bhéil na ndaoine agus sa traidisiún béil a bhí mar dhlúthchuid di. Míníonn Burke gur sna Gaeltachtaí ba mhó a bhí sé seo le sonrú: “Where Irish was still the language of daily life... Singing and storytelling were still major outlets for cultural expression, as well as important vehicles of education.” (Bourke 1999, 59)

Tugann Ó Giolláin le fios dúinn gurbh ócáid shóisialta mhór é an traidisiún béil, agus bhí tithe airneáin go forleathan sna ceantair Ghaeltachta, inar tháinig an pobal le chéile chun scéalta, amhráin agus seanchas a chlos. (Ó Giolláin 2005, 94) Déanann Denvir cur

síos ar litríocht mar “explanation of life and nature,” (Denvir 1997, 58) agus sin go díreach a bhí mar bhunábhair acu sa traidisiún seo, scéalta laochra leis an dinnseanchas mar thréithe láidre iontu, seanchas, orthaí, seanamhráin ina measc:

Ní raibh léamh ná scríobh ag muintir na háite sin san am, ach bhí saíocht fhiúntach dá gcuid féin acu. Ní raibh rud b’fhearr leo ná teacht le chéile oíche i ndiaidh oíche sa gheimhreadh chun éisteacht le seanscéalta á n-insint agus seanamhráin á gcanadh. (Williams & Ní Mhuiríosa 1979, 356)

Áitítear go raibh níos mó saoirse ann ó thaobh na filíochta de don fhéinléiriú. Dar le Ó Giolláin: “Is ‘gairbhe’ an béaloideas ná an litríocht mar níl gníomhairí, eagarthóirí, foilsitheoirí, duaiseanna, cúrsaí scríbhneoireachta cruthaithí ollscoile, Aos Dána, An Chomhairle Ealaíon ná Roinn Chultúir ag cothú ‘caighdeán’ ann.” (Ó Giolláin 2005, 90) Bhí dearcadh na teanga agus an saol inar bhain léi san fhilíocht ní ba radacaí. Bhí níos mó de dhearcadh na hathbheochana le fáil sa dara leath den chéad inti dar le Denvir. (Denvir 2006) Tugann Ó Tuathaigh cur síos ar ábhar samplach de seo: “An chaint lom, dhíreach faoi chúrsaí grá is gnéis, an nóta Raibiléiseach, an meascán den ghreann is den ghairsiúlacht, go bhfuil cuid d’fhilíocht na Gaeilge ar maos leis.” (Ó Tuathaigh 1986, 134) Phléigh mé níos luaithe an teagasc a bhí á sholáthar ag an Eaglais do dhaoine, agus is cinnte nach ndeachaigh an neamhspleáchas aigne seo lena teagasc: “Is féidir go raibh amhras agus inní na sagart faoi thraidisiún na Gaeilge bunaithe ar a leithéid chéanna den mhí-shuaimhneas faoin ngairsiúlacht agus na caighdeáin ‘mhórálta’ atá le fáil i gcuid den dtraidisiún sin.” (Ó Tuathaigh 1986, 134)

Is soiléir mar seo gur chuir cúpla gné leis an malartú teanga a tharla sa tír. Níorbh é aon rud amháin a bhí mar chúis leis, ach bhí ról coiteann ag gach gné atá pléite, ní hamháin sa mhalartú teanga, ach ar dhearcadh mhuintir na tíre ar a dteanga dhúchais. Is follasach go raibh laghdú ar leith ar líon na gcainteoirí Gaeilge le sonrú i gceantair na scríbhneoirí tuaithe seo, agus go raibh bearna ghlan ollmhór ag forbairt idir cumas Ghaeilge na

seandaoine agus cumas Ghaeilge na n-óg. Is féidir a thuiscint go raibh fáillí á déanamh ar litríocht chruthaitheach na Gaeilge, agus nach raibh ábhar léitheoireachta á sholáthar do phobal na Gaeilge chun cabhrú le staid na teanga. Is de bharr seo a thosnaigh suim i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na teanga agus a cultúir, agus a chuir tús le bunú ghluaiseachtaí teanga is cultúrtha ag druidim le deireadh an naoú haois déag, Conradh na Gaeilge an ceann is tábhachtaí agus is iomráití ar ndóigh.